CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

| | |
|---|---|
| Title | Mícheál Coimín agus a shaothar |
| Authors | Newman, Stephen Patrick |
| Publication date | 2013 |
| Original Citation | Newman, S. P. 2013. Mícheál Coimín agus a shaothar. PhD Thesis, University College Cork. |
| Type of publication | Doctoral thesis |
| Rights | © 2013, Stephen P. Newman - http://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/3.0/ |
| Download date | 2026-10-26 16:38:05 |
| Item downloaded from | https://hdl.handle.net/10468/1461 |

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# Mícheál Coimín agus a Shaothar

Stephen Newman

Tráchtas PhD

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Roinn na Nua-Ghaeilge

Iúil 2013

Ceann Roinne: An tOllamh Pádraig Ó Macháin

Stiúrthóir Inmheánach: Liam P. Ó Murchú MA

## Clár


| | |
|---|---|
| Buíochas | 4 |
| Réamhrá | 5 |
| 1 Beatha an Choimínigh | 7 |
| 2 Saothrú an Phróis san Ochtú hAois Déag | 23 |
| 3 Eachtra Thoroilbh Mhic Stairn (ETS): Foinsí agus Traidisiún | 31 |
| 4 Eachtra a Thriúr Mac (ETM) agus Béaloideas an Chláir | 57 |
| 5 ETS agus ETM: Traidisiún na Lámhscríbhinní | 79 |
| Modh Eagarthóireachta | 101 |
| Nótaí ar an Teanga | 104 |
| ETS agus ETM: Téacs Normálaithe | 110 |
| 6 Forbhreathnú ar Chorpas Filíochta an Choimínigh | 180 |
| 7 Filíocht an Choimínigh: Anailís Théamúil agus Stíle | 200 |
| Modh Eagarthóireachta | 212 |
| ‘A Ainnir mhiochair bhláith’ | 214 |
| ‘Sealad dá rabhas a’ taisteal chois abhann’ | 216 |
| ‘Idir Sráid Inse is Cluain Ineach’ | 218 |
| ‘Dob aisling dom tríom néalta go bhfaca mise an spéirbhean’ | 220 |
| ‘Araic gan chrith tugas ar Bhrighid go Boireann ó Chinn Leime’ | 222 |
| ‘Bhí bruinneall tséimh is mé i ngrádh’ | 226 |
| ‘Aréir tríom néalta is tríom aisling bhréagach’ | 228 |
| ‘Cá bhfuil siúd an t-ughdar glic’ | 231 |
| ‘Mo chumha is mo chreachsa fear na seanaoise’ | 234 |
| Foinsí | 236 |

## Dearbhú:

Dearbhaím gur liom féin an saothar seo agus go bhfuil tagairt cheart chuí déanta agam d'ábhar ar bith a d'úsáid mé as foinsí eile. Níor úsáideas aon chuid den saothar seo chun céim a bhaint amach in aon institiúid eile.

Stephen Newman

_____

## Buíochas

Ba mhaith liom, ar dtúis, buíochas a ghabháil le Liam P. Ó Murchú a stiúraigh an taighde agus a thug tacaíocht iomlán dom ó thús go deireadh. Bhí sé foighneach agus bhí a dhoras ar leathadh dom i gcónaí. Roinn sé a stór eolais ar léann agus litríocht na Gaeilge go fial liom. Táim go mór faoi chomaoin aige. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas chomh maith: An tOllamh Seán Ó Coileáin a chuir foinsí luachmhara ar mo shúilibh dom ag an tús; An Dr. Eilís Ní Dheá a thug an-chabhair dom agus a chuir mé i dtreo foinsí fíorthábhachtacha; An Dr. Úna Nic Éinrí; An Dr. Liam Mac Peaircín, Breandán Ó Cróinín MA.; a roinn a gcuid eolais ar litríocht an ochtú haois déag agus ar thraidisiún na lámhscríbhinní liom; An Dr. Áinéad Ní Mhuirthile agus Máire Ní Neachtain MA a thug cabhair agus tacaíocht dom fad is a bhíos i mbun taighde; Brian Ó Dálaigh a bhí an-fhlaithiúil go deo lena chuid eolais ar an gCoimíneach agus ar litríocht, shaíocht is stair an Chláir. Eoghan Ó hAnluain (ná maireann) agus Muiris Ó Rocháin (ná maireann) a thug spreagadh dom agus a léirigh dom an tábhacht a bhaineann leis an saghas seo taighde. Dar ndóigh, ní ar éinne de na daoine seo thuas atá locht aon earráide atá sa tráchtas. Táim go mór faoi chomaoin ag foirne na leabharlann sna hinstitiúidí seo a leanas: Coláiste Mhuire Gan Smál – Ollscoil Luimnigh; Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, An Leabharlann Náisiúnta, Leabharlann an Chontae, Inis, Co. an Chláir. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Eileen Madden sa seomra priontála i gColáiste Mhuire Gan Smál. Táim buíoch de Cumann Merriman agus Brian Ó Dálaigh, a thug cuireadh dom labhairt ag an Scoil Samhraidh in Inis sa bhliain 2008; agus do Cumann Éire san Ochtú Céad Déag a thug deis dom páipéar a léamh ag an gcomhdháil bhliantúil i mBéal Feirste sa bhliain 2007. Ní mór dom buíochas ar leith a ghabháil do mo bhean chéile June agus do thuismitheoirí as an tacaíocht a thug siad dom fad is a bhí an obair seo ar siúl.

# Réamhrá

Is é a chuirim romham a dhéanamh sa tráchtas seo ná eagar a chur ar shaothar liteartha Mhíchíl Coimín; file agus údar próis a bhí ag saothrú na litríochta i gCill Chorcoráin, Contae an Chláir san ochtú haois déag. D'éag sé sa bhliain 1760 nuair a bhí sé ag tarrac ar 90 bliain d'aois. Is féidir a rá go bhfuil an Coimíneach, ó thaobh chanóin litríocht na Gaeilge de, i measc na mionscríbhneoirí agus níl aon dabht faoi ach go bhfuil an-chuid de léitheoirí na Gaeilge sa lá atá inniu ann dall ar a chuid scríbhneoireachta. Ag scríobh dó ar oidhreacht liteartha an Chláir tá an méid seo a leanas le rá ag Pádraig Ó Fiannachta:

> Tá na treoirlínte simplí: is féidir an dá mhórghné a fheiceáil go soiléir: tá an ghné chaomhach, an traidisiún ársa a bhí le cóipeáil, le hathinsint, agus le seachadadh; ina theannta san tá an ghné chruthaitheach as a dtagann an féinix ar nós *Laoi Oisín i dTír na nÓg*, nó an t-úrnua ar nós na *Cúirte*. Ansin arís tá an dá roinn shimplí bhunúsacha: an prós agus an fhilíocht, *Beannú doimhin duit a Dhoinn na Daibhche*, agus *Eachtra Thoirilbh Mhic Stairn*. Níl aon amhras ná gur tréimhse shuaithinseach i léann agus i litríocht phobail an Chláir an t-ochtú haois déag.[1]

D'fhéadfaí a rá gur bhain an Coimíneach leis na catagóirí sin ar fad, ach, i gcás *Laoi Oisín i dTír na n-Óg*, tá gach cuma ar an scéal nárbh é a chum í in aon chor, mar a léireoidh mé sa tráchtas seo. Tá againn anois óna pheann dornán beag dánta agus dhá scéal rómánsaíochta a scríobh sé nuair a bhí an traidisiún sin próis ar an dé deiridh. Níl aon chuid dá shaothar ar fáil in eagráin a shásódh léitheoirí an lae inniu ná na critéir scolártha atá i bhfeidhm anois.

Níor tháinig aon lámhscríbhinn, i lámh an Choimínigh, anuas chugainn agus dá bhrí sin bhí dúshlán áirithe ag baint leis an bpróiseas eagarthóireachta. Sa tráchtas rinne mé an suirbhé is iomláine go dtí seo ar a shaothar i dtraidisiún na lámhscríbhinní agus ar na scríobhaithe a rinne é a sheachadadh. Bhí sé mar aidhm agam teacht ar na lámhscríbhinní is údarásaí sa traidisiún d'fhonn eagráin a réiteach a bheadh dílis dá bhunshaothar. Is ceart aitheantas a thabhairt do bhuíon áirithe daoine bhí ag obair air agus a chuir é os comhair an tsaoil arís le

[1] Pádraig Ó Fiannachta, 'Litríocht an Chláir san Ochtú hAois Déag', in *Léas Eile ar ár Litríocht* (Maigh Nuad: An Sagart, 1982) lch. 229.

daichead bliain anuas: Pádraig Ó Fiannachta, Eoghan Ó hAnluain, Muiris Ó Rocháin, Máirtín Ó Briain, Cathal Ó Háinle agus Brian Ó Dálaigh. Murach obair na ndaoine sin bheadh sé an-dhian tabhairt faoi staidéar ar an gCoimíneach. Bhí siad ag tógáil ar obair glúinte eile a chuir eolas ar fáil agus a chaomhnaigh a bhfuil againn dá shaothar. Luaim cuid den bhuíon sin: Mícheál Ó Raghallaigh, Séamus Mac Cruitín, Brian Ó Luanaigh, Pádraig Ó Briain, Eoghan Ó Neachtain, T.F. Ó Rathile, Dónall Ó Corcora, Seán Ó hÓgáin. Beidh trácht ar na daoine sin arís agus na scríobhaithe go léir a bhí i mbun a chuid scríbhneoireachta a seachadadh i gcaitheamh na mblianta.

Chomh maith leis an obair eagarthóireachta tabharfar cuntas ar a bheatha agus déanfar iniúchadh léirmheastúil ar a shaothar. Tá an t-ádh linn go bhfuil eolas maith againn ar imeachtaí a shaoil i gcomparáid le scríbhneoirí eile de chuid an ochtú haois déag. Maidir leis an tráchtaireacht chriticiúil ní mór dom a admháil nach bhfuil ach bunstaidéar anseo. Níl mórán oibre déanta ar na téacsanna go dtí seo agus, toisc go rabhas ag treabhadh i ngort cuíosach úr, tá béim sa tráchtas ar fhoinsí liteartha an údair. Caitheann an modh oibre a bhí agam, i gcás an phróis, abair, solas ar ailtireacht na scéalta agus ar phróiseas na ceapadóireachta agus tá súil agam gur thugas léargas breise ar nádúr na rómánsaíochta mar sheánra próis. Tabharfar cuntas sa tráchtas seo ar chorpas fileata an Choimínigh agus cuirfear eagar ar naoi gcinn de dhánta.

# Caibidil I

# Beatha an Choimínigh

## 1.1 Réamhrá

Tá dúshlán ar leith ag baint le cuntas beathaisnéiseach cruinn, cuimsitheach a chur le chéile ar scríbhneoirí Gaeilge a bhí i mbun pinn san ochtú haois déag. Bíonn, ar an mórgóir, an t-armlón eolais is dual don bheathaisnéisí go mór in easnamh. I go leor cásanna ní bhíonn teacht ar cháipéisíocht oifigiúil stáit na eaglasta; mar shampla: teastais bhreithe, bhaiste ná bháis; uachtanna, gníomhais theidil, daonáirimh agus araile. Anuas ar an méid sin, ní bhíonn teacht rómhór ar fhoinsí pearsanta a chaithfeadh solas níos doimhne ar nádúr an duine agus ar imeachtaí a shaoil: dialanna; comhfhreagras pearsanta agus tráchtaireacht óna lucht aitheantais. Ní raibh, cuirim i gcás, an dialann agus an nochtadh pearsanta a bhaineann lena leithéid mar chuid de dhioscúrsa liteartha na Gaeilge sa tréimhse atá faoi chaibidil. Tá an méid seo a leanas le rá ag Tomás De Bhaldraithe sa réamhrá a chuir sé lena eagrán de *Cín Lae Amhlaoibh*:

> Bhí Amhlaoibh ar an mbeagán Gaeilgeoirí a scríobh dialann riamh, agus ba é an t-aon duine amháin go bhfios dom a scríobh dialann phearsanta den chineál seo. Níor nós riamh ag na Gaeil, fiú ag na filí féin, mórán eolais a thabhairt fúthu féin ina gcuid scríbhneoireachta.[2]

Bíonn ar an taighdeoir dul i dtreo dhá bhunfhoinse sa chuardach aige: traidisiún na lámhscríbhinní agus an traidisiún béil. Sna lámhscríbhinní faightear an saothar liteartha féin ina mbíonn, uaireanta, méid áirithe eolais faoin údar maidir le *locus*, cúlra agus aicme shóisialta, dearcadh polaitiúil, cúrsaí creidimh, cúrsaí clainne agus grá. I bhfilíocht de chuid an ochtú aois déag bíonn, uaireanta, teacht ar eolas den chineál sin sa saothar. Ní

[2] Tomás De Bhaldraithe, *Cín Lae Amhlaoibh* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1982) lch. xxix

mór don taighdeoir, áfach, bheith cúramach sula dtéann sé i muinín na bhfoinsí sin. Bhíodh scríbhneoirí ag cloí go minic le coinbhinsiúin áirithe liteartha a bhí fréamhaithe go domhain sa traidisiún. Bhíodh an file ag freastal ar riachtanais chruthaitheacha a cheirde agus, mar thoradh air seo, bhíodh an 'fhirinne stairiúil' as a riocht i gcásanna áirithe. Sa réamhrá nua do chuir Breandán Ó Buachalla le *Dánta Aogáin Uí Rathaille* déanann sé plé ar úsáid na filíochta mar fhoinse bheathaisnéiseach i gcás Uí Rathaille:

> Because of the dearth of contemporaneous records, commentators have endeavoured to fill the void by having recourse to Ó Rathaille's poetry. His lyrics in particular, being written in a first person narrative voice, have been interpreted in autobiographical terms, as a primary source of information depicting the poet's life and circumstances. The biographical pattern that emerged was depicted thus by Dinneen: 'There is reason to believe that he was at first in good circumstances; but his poverty at the end of life was extreme' (p. Xxviii). That pattern was subsequently applied by Corkery to all eighteenth-century poets and accepted unquestioningly by later commentators. Accordingly, his 'death poem' (XXI), a common eighteenth-century theme, is taken literally to be his last poem, written as he bade farewell to the world; his address to the wave (VII), a typical pastoral elegy, is read as a depiction of the poet in extreme poverty. Although Dinneen was undoubtedly the originator of this impressionistic model, it was reinforced and developed by later commentators, particularly Corkery (1925) and Ó Tuama (1978). Such literal readings of personal lyrics written modes ignore the creative element in the poems and confine their interpretive potential to a unidimensional biographical reading. Ó Rathaille's poetry is not a realistic reflex of his life; but rather a textual delineation of the poetic world he created.[3]

Is féidir a lua, mar shampla eile, Brian Merriman, duine de mhórfhilí an ochtú haois déag, ach tá an t-eolas beathaisnéiseach fíorghann. Mar atá ráite ag Liam P. Ó Murchú is 'beag eolas cruinn atá againn ar bheatha Bhriain Merriman.'[4] Tá cás an Choimínigh eisceachtúil sa mhéid is go bhfuil teacht againn ar réimse leathan foinsí ina leith: nótaí beathaisnéise

[3] Rev. Patrick S. Dinneen, Tadhg O'Donoghue, ed., *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille* (Irish Texts Society: London, 1911/2004) lgh 28/9. Féach, leis: Breandán Ó Buachalla 'Canóin na Creille: An File ar Leaba a Bháis', in *Nua-Léamha: Gnéithe de Chultúr, Stair agus Polaitíocht na hÉireann c. 1600-c.1900*, eag., Máirín Ní Dhonnchadha (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1996) lgh 149-169. Breandán Ó Buachalla (eag.) *Aogán Ó Rathaille* (Field Day Publications: Baile Átha Cliath, 2007)

[4] Liam P. Ó Murchú eag., *Cúirt an Mheon-Oíche* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1982) lch. 11. Féach leis, Seán Ó Tuama, 'Brian Merriman and his Court' in *Repossessions: Selected Essays on the Irish Literary Heritage* (Cork: Cork University Press, 1995) lgh 63-77.

agus ginealach sna lámhscríbhinní;[5] seanchas a tháinig anuas chugainn sa traidisiún béil;[6] agus prófíleanna fileata air ó fhilí a bhí suas lena linn.[7] Chomh maith leis sin tá teacht againn ar cháipéisí oifigiúla a thugann eolas dúinn ar chúrsaí talún, gnó agus airgeadais.[8] Tá cuntas ar a bheatha i roinnt mhaith foinsí clóite, leis.[9]

### 1.2 Sinsir an Choimínigh

Is é an cuntas is luaithe dá bhfuil againn ar mhuintir Choimín ná an ginealach thuasluaite a cuireadh le chéile thart ar 1756 do Mhícheál óg, a bhí ina dhochtúir sa bhFrainc. Bhí cónaí air i Saint Quentin, Picardy. Sa chóip den ghinealach atá i G 1,132, lámhscríbhinn de chuid Sheáin Uí Fhionnúcháin, tá an nóta seo a leanas ag bun an ghinealaigh: 'The above pedigree was sent to France in the year 1756 and a title of nobility there given to Michael Comyn by the King of France'[10]. De réir an ghinealaigh seo is féidir a shinsearacht a rianú siar go dtí clann Iarla Buchanan a mhair in Albain le linn réimeas Alastair, Rí na hAlban sa bhliain 1249. Deir an ginealach: 'None remain in the right line of that Earl but the family settled in Ireland of which this is the Chief as may more largely appear'. Ba é an chéad duine den sliocht a chuir fé in Éirinn ná: 'Richard Comyn of Kilconnell in the County of

---

[5] Tá cóipeanna de ghinealach an Choimínigh i LNÉ G1,132, lámhscríbhinn de chuid Sheáin Uí Fhionnúcháin; in RIA 24 B 11, lámhscríbhinn de chuid Bhrian Uí Luanaigh, agus i Genealogical Office MS 162. Féach, leis David Comyn, 'Notes on the Comyn Pedrigree', *Journal of the North Munster Archaeological Society* 3 (1913), 26-31. Do scríobh an scríobhaí Mícheál Ó Raghallaigh nóta beathaisnéise air atá i MN R 69. Do scríobh cara leis an Raghallach, Séamus Mac Cruitín, roinnt 'Biographical Sketches' ar fhilí an Chláir, an Coimíneach ina measc. Tá an bunleagan i MN SF 2 agus tá cóip den saothar sin in RIA 24 B 11 agus i LNÉ G 774..

[6] Feic Seosamh Mac Mathúna, *Kilfarboy: A West Clare Parish* (Mac Mathúna:1991); Seán Ó hÓgáin (eag.) 'Amhráin Tuanach', *Clare Champion*, 27 Samhain 1948, lch. 6.

[7] Ta dhá dhán againn ó lucht a chomhaimsire, Uilliam Buinneán agus Seon O hUaithnín, a cheiliúrann an Coimíneach. Tá 'A ghéag gan mheath d'fhuil Rex' le Uilliam Buinneán in RIA 23 K 10, lch. 101 agus i BL add. 31874 lch. 110.

[8] Féach Brian Ó Dálaigh, 'Mícheál Coimín: Jacobite, Protestant and Gaelic Poet 1676-1760', *Studia Hibernica* 34 (2008) lgh 123-152

[9] T. F. O'Rahilly, 'Notes on the poets of Clare', *An Claidheamh Soluis*, Márta 1917; Daniel Corkery, *The Hidden Ireland: A Study of Gaelic Munster in the Eighteenth Century* (Dublin: Gill and MacMillan, 1996) lgh 270-277. Eoghan Ó hAnluain 'Mícheál Coimín: Stracfhéachaint ar Ghnéithe dá Shaol, *Comhar*, Meán Fómhair 1977, 11-13; Muiris Ó Rocháin 'Mícheál Coimín: Gaelic Poet of Miltown Malbay c. 1688-1760(sic) *Dál gCais, 10* (1991) 59-69. Vincent Morley, 'Mícheál Coimín' in *Dictionary of Irish Biography* ( Cambridge/Dublin: Cambridge University Press/Royal Irish Academy, 2009) http://dib.cambridge.org/viewReadPage.do?articleId=a1909&next=next# [osclaíodh é 21 Meitheamh 2012] Maire Ní Mhurchú & Diarmuid Breathnach, *Beathaisnéis 1560-1781* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 2001) lgh 27-29.

[10] LNÉ G 1132

Kilkenny, and was perpetual sheriff in that part of the country, that office being abundantly of greater power and extent than it is at this present time'.[11] Sa taighde a rinne Brian Ó Dálaigh ar shliocht Choimín faighimid pictiúr níos leithne dá mhuintir ag dul siar go 1181:

> The Comyn family came to Ireland in the wake of the Anglo–Norman invasion of the late twelfth century. John Cumin was the first Englishman to be elected archbishop of Dublin in 1181. The several nephews and relations of the long-lived archbishop settled in many parts of Ireland. One branch of the family established itself in Tullamaine in south Tipperary. The Tipperary Comyns allied themselves with their Gaelic neighbours in Thomond. During the wars that convulsed Thomond in the early fourteenth century, the Comyns, among other fighting men, were employed by King Muircheartach Ó Briain in the deadly struggle against the Norman baron Richard de Clare. Subsequent descendents moved to the city of Limerick. Beginning with a Thomas Comyn in 1402 successive generations of Comyns filled the offices of mayors and bailiffs of Limerick until 1661 when the last Comyn mayor of the city is recorded. Mícheál Coimín traced his own ancestry to a William Comyn, a soldier of Limerick in 1440.[12]

Sa ghinealach tá trácht ar Andrew Comyn, a chuir faoi i mbarúntacht Chorca Modhruadh; áit inar cheannaigh sé eastát cuíosach mór. Do phós sé Margery O'Connor 'daughter of the O'Connor Dynast and Prince of that Barony'[13] sa bhliain 1550. Do phós a mhac, Andrew eile, Maura O'Dea, iníon O'Dea, Prionsa i mbarúntacht Inse Uí Chuinn. Ina dhiaidh sin bhí an t-eastát i seilbh a mhic, Nicholas, a phós Sarah MacGillorue sa bhliain 1615. Bhí a hathair siúd mar 'Dynast and Prince in the territory of Cragbrien in the County of Clare at the time of the invasion of Ireland by King Henry the second of England'.[14] Bhí mac aige, Patrick, a phós Marianna Fitzpatrick sa bhliain 1640. Do throid Patrick leis na fórsaí Caitliceacha in aghaidh Chromail agus mar thoradh air seo do chaill sé a chuid talún. Sa bhliain 1674 do phós a mhac, Patrick eile, Johanna Fitzgerald 'of the House of

---

[11] *Ibid.,*

[12] Brian Ó Dálaigh, 'Mícheál Coimín: Jacobite, Protestant and Gaelic Poet 1676-1760' lch. 124. Tá an cuntas seo a leanas ar an easpag, John Comyn, in Samuel A. Ossory Fitzpatrick, *Dublin: A Historical and Topographical Account of the City* (Cork: Tower Books, 1977) lch. 56 (an chéad eagrán 1907): 'In 1190 Archbishop Comyn founded the Church of St. Patrick, as a collegiate or prebendal church, adopting the site, outside the city walls, of the early Celtic church of St. Patrick's in Insula (i.e. in the holm or strath of the Coombe, the valley through which the now subterranean Poddle flows).'

[13] G 1,132

[14] *Ibid.,*

Desmond'.[15] Sa bhliain 1675 do bhronn Henry, Iarla Thuamhan 'a good handsome farm called Kilcorcoran on lease of lives and renewable forever'. Sa bhliain 1676 saolaíodh mac dóibh, Mícheál Coimín. Faoin am gur rugadh Mícheál bhí a mhuintir iompaithe ina bProtastúnaigh, ach is cosúil gur fhan siad dílis don chúis chaitliceach agus don náisiún Seacaibíteach. Sa bhliain 1690, iarradh ar a athair capaill a sholáthar d'Arm Rí Shéamuis agus mar thoradh air seo d'éirigh leis seilbh a ghlacadh ar thalamh arís, ach chailleadar an chuid sin arís tar éis Chath Eachroime. Bhí an t-ádh leo an méid a bhí acu a choimeád tar éis Chonradh Luimnigh. Scríobh Brian Ó Dálaigh:

> At the Dublin court of claims in July of 1699 'Micheal Cumyn of Kilcorcorane' was adjudged to be within the articles of the treaty of Limerick and consequently he was not subject to sanction. This is the earliest documented reference to our poet and it would appear that by 1699 Mícheál Coimín had charge of the family lands. [16]

Cé go dtugann cuid den tráchtaireacht atá againn ar *mhilieu* sóisialta an Choimínigh le fios go raibh a leithéid eisceachtúil go maith sa náisiún Gaelach, níorbh amhlaidh a bhí. Tá an méid seo a leanas le rá ag Louis M. Cullen:

> Sampla an-oiriúnach is ea an file Mícheál Coimín. Bhí léas so-athnuachana saoil ag a mhuintir; níor thug a iompú creidimh air cúl a thabhairt leis an Seacaibíteachas, bíodh go léiríonn an fuadach a rinne sé ar bhean óg i lár an chéid, eachtra a raibh an-chaint uirthi, gur leis an phobal Angla-Éireannach a bhí luí aige nuair a tháinig sé go dtí cúrsaí pósta. Bhí an saghas seo feirmeoirí a raibh tionachtaí ar théarmaí maithe acu an-líonmhar ar fad i gContae an Chláir. Ba mháistrí scoile iad ceathrar den seisear filí is mó clú inniu – Aodh Buí agus Aindrias Mac Cruitín, Seon Ó hUaithnín, Seon Lúid, Micheál Coimín agus Brian Merriman – agus bhain an bheirt eile leis na mion-uaisle. Mícheál Coimín an tsolaoid is fearr aithne díobh seo, ach ba mhac le 'Esquire' é Seon Ó hUaithnín, agus bíodh nach léiriú é ar uaillmhian nó ionannú sóisialta, tugann an saol-ré ag Aodh Buí Mac Cruitín le fios freisin go mb'fhéidir gur bhain sé le cúlra níos gustalaí ná mar a shamhlaímid de ghnáth le máistrí scoile agus le scríobhaithe: b'fhear léinn é go pointe áirithe. Bíodh nach raibh in athair Thaidhg Uí Fhlannagáin ach file, máistir scoile agus scríobhaí, bhí an acmhainn aige chun a mhac a chur go dtí Coláiste na Tríonóide sa bhliain 1784, áit ar rinne sé a chúrsa go lánoscailte mar Chaitliceach, i bhfad sular ceadaíodh a

[15] *Ibid.*,
[16] Ó Dálaigh, lch. 126.

> leithéid faoin dlí sa bhliain 1793. Ba chiorcal gustalach é, ciorcal a bhí sofaisticiúil, fiú, de dhaoine a rinne saol ársa scoláireachta na Mumhan a thaithí fós in aimsir Sheoin Uí Uaithnín agus Mhíchíl Choimín, agus a d'oscail a n-aigne roimh thuairimí úrnua sna blianta ina dhiaidh sin.[17]

Is fiú, leis, an sliocht seo a leanas as aiste de chuid Bhreandáin Uí Bhuachalla a thabhairt ina ndéanann sé athbhreithniú ar théis Uí Chorcora agus ar scoláirí eile a bhí ag feidhmiú de réir na dtéarmaí tagartha céanna:

> Tá dhá mhíthuiscint acusan fós buanmharthanach: bochtanas uilí na haoise agus ainnise éaguimseach na bhfilí trí chéile agus iad ag titim in umar na haimléise ag dul ó bhreith go bás dóibh. Níl ach aon fhoinse amháin ag na tuiscintí comhlántacha sin: léamh beathaisnéiseach a rinne Ó Corcora ar fhilíocht eiligiach na tréimhse. Maidir le dálaí sóch-chultúrtha na haoise, bhí, gan amhras, boicht agus bochtanas in Éirinn – mar a bhí ar fud na hEorpa- ach ní leis an aicme sin a bhain filí aitheantúla na Gaeilge. Níorbh aon bhochtáin iad Aodh Buí Mac Cruitín, Seán Clárach Mac Domhnaill, Tadhg Ó Neachtain, Seán na Ráithíneach, Piaras Mac Gearailt, Seán Ó Coileáin; agus chomh fada le 'peasant society, without distinction of class' an Bhreatnaigh – ráiteas a léiríonn an daille chéanna i dtaobh na Gaeltachta a léiríonn i dtaobh an ochtú haois déag – má bhí a leithéid de shochaí i gceist, ní hí a léirítear i bhfilíocht chomhaimseartha na Gaeilge.[18]

### 1.3 Óige agus Oideachas an Choimínigh.

Mar atá ráite thuas duine léannta dob ea an Coimíneach. Níl eolas cruinn againn, áfach, mar gheall ar a óige ná ar an oideachas a cuireadh air agus é ag fás aníos. Níl aon fhianaise ann gur cuireadh chun na Fraince é ná gur fhreastail sé ar scoil Phrotastúnach, ná go raibh teagascóirí príobháideacha aige. Bhí léamh agus scríobh an Bhéarla aige chomh maith le léamh agus scríobh na Gaeilge. Is léir óna chuid filíochta, ach go háirithe, go raibh cur amach aige ar an litríocht na Laidine, nar a bhí ag na filí ar fad. Ní fios an raibh léamh na Laidine aige nó an raibh sé ag brath ar aistriúcháin Bhéarla. Nuair a dhéanfar iniúchadh iomlán ar na foinsí liteartha atá le sonrú ina chuid scríbhneoireachta, feicfimid go raibh an-chur amach aige ar thraidisiún ársa na Gaeilge. Tá a fhios againn go raibh aithne mhaith

[17] Louis M. Cullen, 'Filíocht, Cultúr agus Polaitíocht', in *Nua-Léamha: Gnéithe de Chultúr, Stair agus Polaitíocht na hÉireann c.1600-c.1900*, eag., Máirín Ní Dhonnchadha (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1996), lch. 187

[18] Breandán Ó Buachalla 'Canóin na Creille: An File ar Leaba a Bháis,' lch. 160.

aige ar Aindrias Mac Cruitín agus gur rinne Aindrias cóip de *An Leabhar Muimhneach* dó sa bhliain 1726.[19] Duine tábhachtach dob ea an Cruitíneach i ngréasán léinn an Chláir mar fhile, mar scríobhaí agus mar mháistir scoile. Deir Pádraig Ó Fiannachta go raibh pátrúin fhilíochta aige go luath ina shaol: 'Brianaigh, Conchúraigh, muintir Mhic Lochlainn agus muintir Mhic Dhónaill agus a lán eile'.[20] Scríobh Liam P. Ó Murchú an méid seo a leanas faoi:

> Filí traidisiúnta ar an sean-nós ba ea na Cruitínigh sa méid go raibh ábhar d'oiliúint na scol orthu agus go raibh siad ag brath ar agus ag súil le pátrúnacht na n-uasal chun an oiliúint sin a chur chun tairbhe. Mhair Aindrias go dtí an bhliain 1738 agus ba é an baile Maghlas b'ionad oibre dó mar a raibh scoil á coimeád aige. Idir na blianta 1703-36 is ea scríobh sé na cúig lámhscríbhinn déag is féidir a chur ina leith go deimhnitheach agus iontu sin tá samplaí de gach gné de léann na Gaeilge faoi mar a bhí á shaothrú le linn an fhile féin agus roimhe sin: saothair dheabhóideach ón seachtú céad déag, saothair staire ar nós *Foras Feasa Ar Éirinn*, saothair fhileata, mar shampla *Iomarbhágh na bhFileadh* agus an-chuid scéalta rómánsaíochta.[21]

Maidir leis an scoil a bhí aige deirtear gur sa scoil sin a cuireadh oideachas ar a ghaol gairid, an file is staraí iomráiteach, Aodh Buí Mac Cruitín. Tá an méid seo a leanas le rá ag Vincent Morley: 'Tá sé ráite ag údair romham go raibh Aindrias mar mhúinteoir aige, agus cé nach féidir an teoiric sin a chruthú tá fianaise ann a thacaíonn leis. Más amhlaidh a bhí mhíneodh sé conas a tháinig beirt fhile ghaolmhar chun cinn sa tréimhse chéanna'.[22] Bhí breis agus fiche bliain idir Mícheál agus Aindrias agus toisc go raibh an scoil lonnaithe i gceantar dúchais an Choimínigh tá, ar a laghad, seans an-láidir ann gur chaith sé seal sa scoil sin. Maidir le sealbhú an Bhéarla is ceart a aithint go mbeadh ról an-mhór ag an

---

[19] I MN SF1 tá an colafon seo a leanas ag Seán Ó Fionnúcháin ag bun 'Cath Muighe Mucraimhe': 'Air na sgríobh le Seán Ua Fionnughcainn chum a n-úsáide féin amhail do fuair sgríobheamh roimhe insa Leabhar Muimhneach ro sgríobh le Aindrias Mac Cruitín an aois an tighearna 1726', lch. 29. Ar lch. 4 scríobh sé: 'An leabhar Muimhneach do sgriobh le hAindrias Mac Cruitín do Mhitheal Coimín.'

[20] Pádraig Ó Fiannachta, 'Litríocht an Chláir san Ochtú hAois Déag', in *Léas Eile ar ár Litríocht* (Maigh Nuad: An Sagart, 1982) lch. 237 Feic, leis: Pádraig Ó Fiannachta, 'The Irish Tradition of Clare', in *Mount Saint Joseph: Ennistymon*, eag., Fr. Martin McNamara (Ennistymon: Mount St. Joseph, 1974) lgh 49-56.

[21] Liam P. Ó Murchú, 'Contae an Chláir- An Traidisiún Liteartha', *Comhar*, Meán Fómhair 1977, lch. 6.

[22] Vincent Morley, *An Crann Os Coill: Aodh Buí mac Cruitín c.1680-1755* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1995)

léitheoireacht agus nach mbeadh a leithéid ag brath ar an bhfocal labhartha amháin i bhfoghlaim na teanga. Má bhí sé ag freastal ar scoil scairte is féidir a bheith cinnte go maith go raibh an Béarla mar ábhar. Is dócha go mbeadh sé d'acmhainn ag a mhuintir leabhair a cheannach. Tá fianaise ann go raibh litearthacht sa Bhéarla á leathnú ar fud na tíre ó dheireadh na seachtú haoise déag ar aghaidh. Scríobh Breandán Ó Doibhlin:

> Tá a fhios againn go raibh an dúil déanach seo sa rómáns le brath in Éirinn i ndeireadh an 17ú haois, mura mbeadh ann ach an fógra ó dhíoltóirí leabhar i mBaile Átha Cliath in 1686 go raibh ar díol acu: "*Parismos and Patrismenos, Don Bellianis of Greece, Montelion, Knight of the Oracle*". Ábhar spéise é go raibh siad in úsáid i scoileanna scairte an 18ú haois d'fhonn léamha an Bhéarla a chleachtadh. Leabhríní beaga *duodecimo* ab ea na heagráin seo a bhíodh á reic ar fud na tíre ag mangairí de réir mar a d'fhás eolas ar an Bhéarla.[23]

Tá méid áirithe eolais againn ar chaighdeán Béarla an Choimínigh. Dúirt Theophilius O'Flanagan gur oibrigh an Coimíneach ar aistriúchán de *Foras Feasa ar Éirinn.*[24] Tá againn dhá véarsa (aistrithe go Béarla) as ginealach mhuintir Uí Bhriain mar a fuair sé iad in *Foras Feasa ar Éirinn*. Chomh maith leis sin, tá an t-aistriúchán Béarla, ina bhfuil 66 líne, de mharbhna Murrough Ó Briain. Dúirt an file William Buinneán gur chum sé filíocht i mBéarla a bhí chomh maith le véarsaíocht John Dryden, agus molann sé, leis, an t-aistriúchán de *Foras Feasa ar Éirinn*: 'Féuch cé aco a nÉirinn Airt/ thug Céitinn stair ar ccríche/Ó Ghaodhailge shean go Béarla ceart/ mar n-éan an fear Coimíneach'. [25] Seo a leanas véarsa as an nginealach:

> Two Royal sons to eternise the name
> To crown the joy of royal Turlough came
> Murtough the elder the name of great acquired
> The younger Dermot was no less admired.
> This is the stock we trace the O'Briens from

[23] Breandán Ó Doibhlin, *Manuail de Litríocht na Gaeilge Faisicil IV 1641-1704: Díshealbhú* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2008) lch. 156.
[24] Theophilius O'Flanagan, 'An Account of an ancient inscription in Ogham character on the sepulchral monument of an Irish chief', *Transactions of the Royal Irish Academy 1* (1787), 3-16.
[25] RIA 23 K 10, lch. 101.

And the elder the brave McMahons come.

Seo a leanas sliocht as marbhna Murrough Uí Bhriain:

Deserving the honour always to command,
Britannia's warlike troops in every land.
Liscarrol roll in heap of hostile spoils,
Are lasting trophies of his martial toils
Ikerrin and Mountgarret knew his might,
That day they hardly saved themselves by flight.
Defeated, routed, broke and beaten blind,
Their baggage, arms and cannon left behind.

**1.4 An Coimíneach agus Polaitíocht na Linne.**

Mhair an Coimíneach trí ré an-chorraitheach i stair na tíre agus, mar a chonaiceamar, bhí a mhuintir féin sáite i gcoimhlintí na tíre ag amanta éagsúla. Bhí sé féin pragmatach go maith agus d'éirigh leis feidhmiú laistigh den *status quo*. Sa chuntas ar shaol Sheoin Uí Uaithnín sna 'Biographical Sketches', a chuir Séamus Mac Cruitín le chéile, tá píosa seanchais faoin am a tháinig sé i gcabhair ar Ó hUaithnín, a bhí os comhair na cúirte in Inis agus tréas curtha ina leith. Do chum Ó hUaithnín an dán 'Ar Imirt na gCártaí' ina gcáineann sé réimeas an Rí Uilliam go fíochmhar. Do chuir an chúirt fios ar an gCoimíneach chun na véarsaí tréasacha a aistriú go Béarla. Seo a leanas dhá véarsa ón dán céanna:

Eolach ámh mo dhainid dhubhach
Gangaid ghnáth na gcearrbhach
An dearbhú éithigh is ag ceilt cirt
Is ag bradú aonta in imirt.

In imirt is léan éagmais na gcártaí gcóir
Is go gcuirtear as réim réxa le dráití dearóil
Misde mé Caesar á bhá síos leo
Is bun ag an deich daol spéireat ón samhrí mór.[26]

Seo a leanas an cur síos ata tagtha anuas chugainn ar an ócáid seo:

In the year 1748 one of his national ditties was construed into downright treason, for which he was apprehended in the Courthouse of Ennis, and compelled to stand

[26] Eoghan Ó hAnluain, *Seon Ó hUaithnín* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1973) lch. 37

> his trial before the going Judge of Assize. The 'treason' song was laid before the grand jury, but none of them being able to read the Irish language (in which it was written) it became expedient to send for a translator and Michael Comyn was specially chosen on the occasion. This gentleman made his grave appearance muffled in a large frieze top-coat which elicited a jeering remark from the judge: 'How full of frieze you are Mr. Comyn'. 'It's the wool of my own sheep I wear my Lord', retorted the spirited bard. During the interpretation of the song in question Ó hUaithnín was heard to cry out in Irish: 'Oh Michael, though I be hanged for it, do not spoil the song!' The translator however tempered the spirit of the original so well that the author was acquitted.[27]

Deir Brian Ó Dálaigh go raibh an píosa seanchais seo i mbéal daoine anuas go dtí na 1850í. Má tharla an eachtra seo in aon chor is cosúil gur tharla sé am éigin roimh an mbliain 1721 sarar fhág Ó hUaithnín chun dul le fórsaí na Spáinne.[28] I ndiaidh na heachtra seo do chum Ó hUaithnín an dán 'Tigim le fonn go toghadh na bhfear fionn' in ómós don Choimíneach. Seo an chéad véarsa mar a fuair Brian Ó Luanaigh é:

> Tigim le fonn go toghadh na bhfear fionn
> Seabhac na ceathramhán caoile
> Faraire cabharthach brónntach maiseamhuil
> Toghamhuil flathamhuil fionnmhar
> Gach a maireann san domhain air droim na talmhan
> A bhfoghluim ceartughadh dlíghe air bith
> Ba tusa mo roghadh chum labhairt am chneasúghadh
> 's am thabhairt o'n gcroch úd Innse.[29]

Sa díolaim filíochta, *Dánfhocail*, do chuir T.F O'Rahilly eagar ar véarsa filíochta a chum an Coimíneach sa chéad leath den ochtú haois déag mar fhreagra ar aiste filíochta le Toréalach Mac Mathghamhna:

> Some time in the first half of the eighteenth century Toréalach Mac Mathghamhna, of Co. Clare, wrote a poem in which he deplored the tyranny from which Ireland was suffering and invited Mícheál Coimín to reply with a poem on the same theme. But the only reply the latter made was the present quatrain, which he did not send to Toréalach direct, but left in a shop in Ennis for him. It would seem that, just then at least, Mícheál Cuimín was inclined to be very circumspect, if not timid, in his relations towards the

[27] MN SF 2 lch. 162; RIA 24 B 11; LNÉ G 774. Féach: Eoghan Ó hAnluain, *Seon Ó hUaithnín*, lgh 12-13.
[28] Ó hAnluain, lch. 13.
[29] RIA 24 B 11 lch. 371. Níor chuir Ó hAnluain an dán seo in eagar ina chnuasach de dhánta Uí Uaithnín.

English authorities. and did not relish a "seditious document," like the poem in question being addressed to him.[30]

Cé nach bhfuil dáta ag Ó Rathile, is cosúil gur chum Mac Mathghamhna a dhán am éigin i ndiaidh na bliana 1746 tar éis cath Culloden, an áit inar scriosadh arm Charles Stuart, a bhí tar éis teacht i dtír in Albain tamall roimhe sin. Chuir sé sin deireadh, geall leis, le pé dóchas a bhí in Éirinn go mbeadh dea-thoradh ar an gcúis Stíobhartach. Seo a leanas sliocht beag as an dán (ina bhfuil naoi véarsa ar fad) a chum Mac Mathghamhna.

A Mhíchil ó chím sínte i gcré gach fear
Ba bhinn linn, is gur sinn fuíoll na Féinn ar fad,
Ó díscíodh le fiorchaoi go léir mo lacht,
An bhuíon chroí sin, fiorchaoinse, a dtréithe can.

Ós díthreabhach mé i dtír choimhtheach d'éis gach cath
is gur fioraoibhinn, síorrbhínn tú, tréitheach ceart
I do chríchdhileas, faoi chraoibhghlais le taobh na sreabh
Is díot a dhlitear laoi scríbhinn ar éag na bhfear…

Is é seo an freagra air a fuair sé ón gCoimíneach:

'Nár sost go fóill is fearr sinn,
's an tórmach so 'nár n-intinn,
a ua na dtriath ba tréine i dtreas,
ar eagla céim dár n-aimhleas.

Do chuir Mac Mathghamhna a mhíshástacht in iúl:

Iar dteacht aniar ba thrua géar
Ar chlársiopa (nach saor dáil)
Ag droing dhuairc dá dhíotáil

Fuar faonlag na fir is feas
Dom ráidh grinn nach dtug himhneas
Ar bheoibh ná ar mhairbh thiar na thoir
Focal uaim chugat ní chloisfir.

[30] Thomas F. O'Rahilly (eag.,) *Dánfhocail: Irish Epigrams in Verse* (Dublin: The Talbot Press, 1921) lch. 97 Féach Eoghan Ó hAnluain, 'Comhdfhreagras Fileata Ó Chontae an Chláir' in Seosamh Watson (eag.) *Féilscríbhinn Thomáis de Bhladraithe* (Baile Átha Cliath: Dundalgan Press, 1986) lgh 130-3. Faightear na trí dhán le chéile sna lámhscríbhinní: LNÉ G 207; RIA 23 B 35.

Tá dhá dhán eile againn a chum an Coimíneach san 1740í ina bhfaighimid léargas réasúnta soiléir ar leagan amach polaitiúil an Choimínigh: 'Cá bhfuil siúd an t-ughdar glic', agus 'Mo dheacair do chás, a sháirfhir cheannasaigh shuairc'. Tabharfar cuntas míos iomláine orthu sa chuntas ar a chuid filíochta níos déanaí sa tráchtas.

**1.5 Cúrsaí Grá agus Pósadh**

Sa dán a chum Uilliam Buinneán ar an an gCoimíneach ceiliúrann sé a cháil mar mhealltóir ban: 'Tá tréithibh aige bhreágfach ainnir mhéarlag mhaisioch mhíonla.'[31]

Sa chuntas atá ag Corkery ar an gCoimíneach leagann sé béim ar cháil an Choimínigh mar fhuadaitheoir ban. Ba léiriú é sin don Chorcorach ar ghalldachas an fhile:

> Mícheál Coimín shared, it seemed, in some of the flashy doings of the squireens; and hearing of these incidents, we would be perplexed if we did not know of his different station in life: though a Gael, he could afford to have his fling, even to the breaking of the law. We are told that he abducted a young lady, Harriet Stackpoole, from her father's house (it was a favourite recreation with the bloods of the time); we learn also that of the very small harvest of songs, eight or nine all told, that remain to us from his hand, three of them deal with this escapade of his.[32]

Ní fios le cinnteacht an raibh fuadach i gceist i gcás Harriet Stackpoole nó an ndearna siad iarracht éalú lena chéile. Is fiú, pé scéal é, cuntas gairid a thabhairt ar an gcleachtas seo, a bhí mar ghné den chultúr i bhfad roimh theacht chun cinn na nAngla-Éireannach mar aicme shóisialta. Tá méid áirithe taighde déanta sa ghort seo ó bhí Corkery i mbun pinn. Is fíor gur bhain fuadaigh leis na hAngla-Éireannaigh, ach bhí Caitlicigh luaite i roinnt cásanna a chuaigh chomh fada leis na cúirteanna san ochtú haois déag; agus is cosúil go dtéann an cleachtas seo siar go dtí an cúigiú céad in Éirinn. Sa seachtú haois déag bhí idir Ghaeil agus Shean-Ghaill chun tosaigh i bhfuadach ban. In aiste Kelly insíonn sé dúinn go raibh Patrick Sarsfield ina fhuadaitheoir tráth:

> The practice of abducting women of fortune was given impetus in the late seventeenth century by the continuing decline in the social status of the Irish and

[31] RIA 23 K 10 lch. 101.
[32] Daniel Corkery, *The Hidden Ireland*, lch. 272.

> Old English elites. This increased pressure on precariously circumstanced young men to conclude financially advantageous marriages to avoid social oblivion, and some, as the career of Patrick Sarsfield illustrates, perceived the abduction of a woman of fortune as a way out of their difficulty.
> Sarsfield's first recorded involvement in an abduction incident took place in May 1682 when he, Captain Robert Clifford and James Purcell abducted Ann Siderlin, a recently bereaved widow whose property Clifford coveted. Sarsfield was fortunate to escape prosecution for his role in this incident, but it did not persuade him to mend his raffish ways. Less than a year later, he abducted Elizabeth Herbert the widowed second daughter of Lord Chandos (to whom he had paid court) when their relationship cooled. [33]

Níl an chuma ar an scéal gurbh ionann cás an Choimínigh agus an ghnáthfhuadach atá léirithe sa sampla thuas. Níl againn mar insint ar an scéal ón bhfile féin ach na dánta grá do chum sé do Harriet.[34] Mar a bheifí ag súil tá coinbhinsiún an tseánra go mór le sonrú, mar shampla an léiriú ar an ngrá mar ghalar: 'mo leigheas níl ar mhuir nó ar thrá/mo leigheas níl ag luibh no leagha/mo leigheas níl ach ag bláth na hóige'. Tá sé spéisiúil go séanann an file go bhfuil maoin shaolta mar spreagadh is é i mbun í a mhealladh: 'is grádh é gan bhaois, gan bhréaga/grádh gan tnúth le tréad/grádh gan súil le céad'. Tá sé le tuiscint gur éalú a bhí i gceist nuair a luann sé gur mhaith leis go mbeadh 'tusa is mise in Árainn thoir i gcéin ód chairde.' Seo a leanas tuairimí Bhriain Uí Dhálaigh i dtaobh na heachtra seo, ach tá easpa fianaise aige a fhágann nach féidir bheith iomlán cinnte faoi cad go díreach a thit amach:

> Occasionally both man and woman colluded in an abduction as a way of forcing the consent of reluctant parents to a marriage. The alleged abduction of Harriet Stackpoole conforms to this pattern. Mícheál Coimín evidently possessed true feelings for the lady. Furthermore, Harriet did not possess independent wealth. Although she came from a well to do family, she was one of twelve children and each of her siblings would have a share of the family fortune. It is justifiable for this reason to conclude that the carrying off of Harriet was more of an elopement than an abduction. In any event, it was resolutely opposed by her father who insisted on the return of his daughter. With a force of men, Stacpoole physically

[33] James Kelly, 'The Abduction of women of fortune in eighteenth-century Ireland', *Eighteenth-Century Ireland,9* (1994) (lgh7-43) Féach, leis: Toby Barnard, *The Abduction of a Limerick Heiress: Social and Political Relations in Mid-Eighteenth-Century Ireland* (Dublin: Irish Academic Press, 1998).
[34] Féach 'A Ainnir mhiochair bhláith', 'Idir Sráid Inse agus Cluain Ineach'

> took his daughter from Mícheál Coimín and returned her to Ballymulcashel house. Mícheál wrote bitter words of recrimination comparing himself to a hunted lion with a plover as his prey, until he was surrounded by a flock of old plovers who deprived him of his love and left him in pain to lament his loss…..We unfortunately have no date for Mícheál Coimín's encounter with Harriet Stacpoole, but it is like that it occurred before his marriage to Elizabeth Creagh in 1702. The name of Harriet is not recorded in her father's will and neither is it attested in any surviving Stacpoole genealogies. It is possible that she died young and never married.[35]

Mar chuid den eagrán den dán 'A Ainnir Mhiochair Bhláith' a chuir Seán Ó hÓgain i gcló sa *Clare Champion* tugann sé píosa seanchais a bhí beo i mbéalaibh daoine sa Chontae anuas go dtí an fichiú haois:

> Acht i n-aghaidh an ghrádh do bhí ag an gCoimíneach do Harriot Stacaból agus aice dó-san leis, is dócha go thuit se amach nár phós iad; cé go ndearna siad tréan-iarracht chum é do dhéanamh nuair a d'éaluigheadar le chéile. Do leanadh orthu, áfach, agus do baineadh uaidh í. Do phós an Coimineach 'n a dhiaidh sin, bean de mhuintir Creagh agus do bhi clann acu; agus do phós Harriot dligheadar a bhí n-a chomhnaidhe i n-Inis; acht ní raibh aon chlann aca súd.
>
> D'imthigh na bliadhanta agus lá n-aon nuair do bhí Harriot agus a fear-chéile in-a suidhe os comhair fuinneoga 'n-a dtigh féin agus iad ag féachaint amach tháinic fear láidir, meádhon-aosta aníos an tsráid agus é ag siubhal go beó. D'iompuigh Harriot a ceann i dtreo a fir-chéile agus arsa sí, "Cé hé an fear sin? Nach bhfuil aithne agat air?" d'fhreagar seisean. "Níl" ar sise "Sin é an Coimíneach, an fear d'fhuadaidh thú fadó."
>
> Smid níor labhair Harriot nuair chualadh sí an méid sin. In a áit do chuir sí láimh le n-a brollaigh. Thuit a ceann siar, léig sí osna ó chléibh, agus ar chrapadh na súl, do bhí a hanam san tsíoruigheacht.
>
> Is amhlaidh sin an béaloideas 'n-a taobh, pe scéal é, más fíor bréag an béaloideas céadna.[36]

Sa bhliain 1702 do phós sé Elizabeth Creagh[37] agus saolaíodh triúr mac dóibh. Is cinnte go raibh a bhean ina Caitliceach agus tógadh na buachaillí mar Chaitlicigh. Bhí dearcadh

---

[35] 'Mícheál Coimín: Jacobite, Protestant and Gaelic Poet 1676-1760'

[36] Seán Ó hÓgáin, 'Amhráin Tuanach', *Clare Champion*, 27 Samhain 1948, lch. 6

[37] Bhí a huncail, Michael Creagh ina Ard-Mhéara ar Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1688 nuair a thug Séamus II cuairt ar an gcathair. Tá an cuntas seo a leanas in John T. Gilbert (ed.) *A Jacobite Narrative of the War in Ireland 1688-169*1 (Shannon: Irish University Press, 1971) lch. 47 (an chéad eagrán 1892): 'The King made his entry into Dublin on the 24th of March, being Palm-Sunday that year. He was received by the lord mayor, Sir Michael Creagh, and aldermen, in their formalities by the principals of the city, and by the garrison under arms, while the bells rang, the cannons roared, and the music on stages erected in the streets harmoniously played. And in this manner his majesty was lodged in the royal castle, where the court of the kingdom is usually kept.'

pragmatach ag a mhic i leith cúrsaí creidimh, leis, agus d'iompaigh beirt ina bProtastúnaigh. D'iompaigh an mac ba shine, James, ag searmanas i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1734 agus an dara mac Edmund sa bhliain 1740. Do chuaigh an tríú mac, Mícheál, chun na Fraince agus fuair sé oiliúint mar dhochtúir. Níor ghá dhó iompú agus d'fhan sé ina Chaitliceach. Mar a dúradh níos túisce d'iarr se ar Edmond an ginealach a sholáthar dó mar faoin *ancient regime* bhí ar na Gaeil sa Fhrainc a chruthú gur shíolraigh siad ó shliocht uasal. Tá nóta ag Brian Ó Dálaigh faoina mhac: 'Dr. Michael Comyn had a son called Jean François, who became secretary to the Duc de Breteuil, one of the chief ministers in the French government. Jean François failed to leave Paris during the French revolution and was guillotined'. [38]

Ag filleadh ar James, bhí sé ábalta vóta a chaitheamh i dtoghchán Parlaiminteach na bliana 1745, de réir na fianaise a d'aimsigh Brian Ó Dálaigh:

> At the Clare elections of 1745 James Comyn voted for the losing candidate Francis Gore. Dublin was recorded as his place of abode and Kildimo in the parish of Kilfarboy the freehold which permitted him to vote in County Clare. Mícheál Coimín did not cast a vote at the 1745 election, most likely because he did not qualify. Under a statute of 1734 any Protestant who married a Catholic, and who had not converted to the Protestant church within one year of marriage, could not vote.[39]

Sa bhliain 1746 do phós James bean darbh ainm Isabella Anderson as Baile Átha Cliath. Cailleadh James go tobann sa bhliain 1748 agus ghlac Isabella seilbh ar an eastát i gCill Chorcoráin. Bhí ar Mhícheál agus Elizabeth an teach a fhágáil agus do chuir siad fúthu san gCeathrú Chaol. Go gairid tar éis dó pósadh do thóg an dara mac, Edmund, teach lámh lena athair. Milford House a bhí mar ainm air. Bhí teach aige, leis, in Inis. Sa bhliain 1756 ceapadh é mar ghiúistís síochána sa Chontae agus bhí sé gníomhach i mbaile na hInse mar fhear gnó agus i mbardas an bhaile. I measc na nGael aithníodh é mar Eamon Coimín agus

[38] Ó Dálaigh, lch. 141
[39] *Ibid.*, lch. 139

mar thoradh ar dhán de chuid Sheáin de hÓra do bhí aithne air mar 'Seabhac na Ceathrún Caoile':

> What is apparent, however, is that he kept a house of hospitality at Milford and that some of the songs and poems, either composed by or dedicated to his father, became associated with him. His father's poem of recrimination against Philip Stackpoole, for example, was rewritten, extra verses added and Eamon's name inserted in one of the later editions...The poem 'Ag Moladh Eamoinn Coimín' circulated orally among the people of west Clare for many decades. Even in the early twentieth century it was still being sung. Tomás Ó hAodha, the Gaelic playwright from Miltown Malbay, wrote a drama based on the poem called *Seabhac na Ceathrún Caoile*. The play was first performed to much acclaim at the *Oireachtas* in Dublin in 1906.[40]

Mar chuid den seanchas a bhaineann le hÉamon dúradh gurbh é a dhóigh a raibh fágtha de leabhair agus lámhscríbhinní a athar i ndiaidh a bháis. Pléifear an scéal seo sa chuntas againn ar thraidisiún na lámhscríbhinní.

Sa bhliain 1760 agus 84 bliain slánaithe aige do fuair Mícheál Coimín bás. Tá dán amháin againn ó bhlianta deiridh a shaoil ina gcaoineann sé, le méid áirithe grinn, imeacht na hóige agus meath a chuid fearúlachta. Seo véarsa amháin ón dán:

> Mo chumhadh is mo chreachsa fear na seanaoise,
> Sínte caite i bhfail a bhainbhín duibh,
> Dá mba liomsa teacht isteach na Paraíse,
> Dar mo chúis, níl maith ó mheath mo phreabaire aoibhinn

Ón eolas atá againn is féidir teacht ar roinnt conclúidí faoin bhfear. Bhí sé dílis agus ina chomharsa mhaith dá chairde. Is sampla spéisiúil é de dhuine a bhí ag feidhmiú laistigh de dhá chultúr, é pragmatach agus saor go maith ó laincisí idé-eolaíochta. Mar fhear léinn is litríochta bhí se i measc na máistrí agus is ar an ngné sin de a bheidh an chuid eile den tráchtas seo dírithe.

[40] *Ibid*

# Caibidil 2

## Saothrú an Phróis san Ochtú hAois Déag.

### 2.1 Imeallú an Phróis

Sa chaibidil seo tabharfar cuntas ginearálta ar shaothrú an phróis san ochtú haois déag. I dtéarmaí stair litríocht na Gaeilge, is é seo an ré iarchlasaiceach. In aon suirbhé ar litríocht na linne is léir go raibh an aiste fhilíochta chun tosaigh mar mheán cruthaitheach i measc mhórscríbhneoirí na Gaeilge, agus is ar an bhfilíocht chéanna is mó a bhíonn aird lucht critice dírithe.[41] Ní haon ionadh é sin toisc gur mhair, den chuid is mó, dioscúrsa polaitiúil an náisiúin Sheacaibítigh san fhilíocht. Creidtear gur san fhilíocht a fhaightear an éachtaint is fearr ar chruinneshamhail na nGael. Feicimid, áfach, go raibh an prós á shaothrú go forleathan i slite éagsúla. Mar a scríobh Neil Buttimer:

> Its situation is paradoxical, because extant prose writings may surpass their verse counterparts in quantity and range, if on no other grounds. These comprise copies of early medieval sagas, including material from all the major indigenous branches like the mythology, Ulster, King and fiannaíocht cycles, as well as hagiography. Adaptations of overseas classical and romance works, the latter dating from post-Norman times, are represented as well. The abundant output of the 1600s reappears in full during the next century.[42]

Ní hamháin sin ach bhí athshaothrú á dhéanamh ar chuid de na na téacsanna sin ag scríobhaithe áirithe. Chomh maith leis sin bhí an prós nuascríofa á chothú ag scríbhneoirí áirithe, an Coimíneach ina measc. I gCúige Mumhan, áfach, bhí an Coimíneach eisceachtúil go maith sa mhéid is nach raibh an prós á chleachtadh ar bhonn cruthaitheach ag an mbuíon a aithnímid mar mhórscríbhneoirí na linne.[43] Sa tréimhse i ndiaidh

---

[41] Féach: R.A. Breatnach, 'The End of A Tradition: A Survey of Eighteenth-Century Gaelic Literature', *Studia Hibernica* 1 (1960) lgh 128-150. Breandán Ó Buachalla, *Aisling Ghéar: Na Stíobhartaigh agus an t-Aos Léinn* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1996); Éamon Ó Ciardha, *Ireland and the Jacobite Cause, 1685-1786* (Dublin: Four Courts Press, 2002)

[42] Neil Buttimer, 'Literature in Irish, 1690-1800: from the Williamite wars to the Act of Union', in *The Cambridge History of Irish Literature Volume I: To 1890*. eds., Margaret Kelleher & Philip O'Leary (Cambridge: Cambridge University Press, 2006) lch. 360

[43] Is gá a aithint gur chum Aogán Ó Rathaille saothar amháin próis, an aoir, 'Eachtra Thaidhg Dhuibh Uí Chróinín' am éigin c.1713. Féach Seán Ó Tuama, *Filí Faoi Sceimhle: Seán Ó Ríordáin agus Aogán Ó*

‘tonnbhriseadh na nGael’, ní hamháin go raibh an córas polaitiúil ina chíor thuathail ach cuireadh deireadh, geall leis, leis an aos léinn agus litríochta:

> An event of major significance at the beginning of the seventeenth century was the collapse of the earlier aristocratic order. This marked a watershed not only in terms of politics but also in terms of Gaelic literature. Of crucial importance to the literary profession in the pre-seventeenth-century period was the system of patronage then obtaining. The *literati* were patronized by the nobility, both Gaelic and Anglo-Irish. The virtual collapse of this noble order naturally led to the gradual demise of the earlier system of patronage and the practitioners of the literary profession.[44]

Sa tréimhse chlasaiceach (1200-1600) bhí tacaíocht institiúideach ag aos liteartha na Gaeilge i bhfoirm Scoileanna na mBard agus na bpátrún. Bhí baint an-mhór ag an gcomhthéacs institiúideach agus polaitiúil le próiseas na cumadóireachta. Scríobh Caoimhín Breatnach:

> Its practitioners composed both for Gaelic and Anglo-Irish members of the aristocracy. When writing for the latter, due account was taken of the political outlook and background of this particular class of patrons. Again, it was the requirements of the individual patrons which were of paramount importance to the poets.[45]

Ní mór dúinn, dar leis, an méid sin thuas a chur san áireamh agus prós an ré sin á mheas. Déanann sé athbhreithniú ar an dtuiscint nach raibh sa scéalaíocht ach ábhar siamsaíochta do na huaisle:

> In particular, questions must be raised about the assumption that such tales were written for the entertainment of the nobility as this would imply that prose compositions, in marked contrast to the contemporary poetry, were aimed at a general audience as opposed to individual patrons. It has never been adequately explained, however, why this should be so. Why should members of the literary profession write poetic compositions for individual patrons but choose to do otherwise in the case of prose tales? It would seem to be the case that an assumption has been made that the appeal of early modern Irish prose lay purely in

---

*Rathaille* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1978) lgh 98-103 ina ndeir sé: ‘Bíodh is go bhfuil Eachtra Thaidhg Dhuibh lán d’eolas sóisialta is de chainteanna suaithinseacha, ní saothar ealaíonta in aon slí é. Tá rian Pharlaimint Chlainne Tomáis róthrom air, níl aon ord ceart air, ná aon scéal leanúnach á insint a ghreamódh suim an ghnáthléitheora.’(lch. 98)

[44] Caoimhín Breatnach, *Patronage, Politics and Prose* (Má Nuad: An Sagart, 1996) lch. 4

[45] *Ibid.*, lch. 5

> its literary merits. This, however, overlooks the fact that other concerns may have been uppermost in the minds of those who wrote the tales.[46]

Tá téis an Bhreatnaigh spéisiúil sa mhéid is go bhfuil sé le tuiscint go raibh seasamh níos mó ag an bprós ná mar a ceapadh agus go raibh an comhthéacs institiúideach fite fuaite le saothrú an phróis. Sa ré iarchlasaiceach bhí deireadh leis an tacaíocht institiúideach don litríocht: 'the native institutions which had hitherto supported Gaelic poetry – the whole education, legal, religious and economic continuum – virtually disappeared.'[47] Ní mór dúinn cuimhneamh, áfach, go raibh tacaíocht ar fáil do scríbhneoirí Gaeilge i bhfoirm na gcúirteanna éigse agus go raibh feidhm institiúideach acu i gcaomhnú agus i gcothú na filíochta, ach go háirithe. An cheist atá le freagairt ná: an raibh baint ag teacht chun cinn na gcúirteanna le himeallú an phróis, go háirithe an prós nuascríofa, san ochtú haois déag? Is cinnte, bunaithe ar a bhfuil ar eolas faoi na cúirteanna, nach raibh saothrú an phróis i measc na bpríomhchúraimí.

Cuireadh tús leis na cúirteanna éigse i gCúige Mumhan am éigin i lár na seachtú haoise déag. Bhí siad faoi bhláth le linn an ochtú haois déag agus 'mhair iarsma éigin díobh in áiteanna isteach sa 19ú haois'.[48] Bhí feidhm shóisialta ag na cúirteanna seo; ba iontu a bhí teacht ag filí ar chomhluadar liteartha. Ar leibhéal amháin bhain an greann, an spraoi agus easpa dáiríreachta leis na tionóil seo. I mbarántas amháin de chuid Sheáin Uí Thuama an Ghrinn deir sé: 'chum cuidiughadh go cáirdeamhail ria aroile le greann agus le glé-mhian do chothughadh agus do shíor-choimeád diaidh i ndiaidh fá chomhair ár lucht leanamhna féin.'[49] Anuas ar an méid sin scríobh Ó Conchúir gurbh:

> ag aithris ar na cúirteanna dlí agus a gcuid oifigeach a bhíothas chomh fada leis an dtéarmaíocht a d'úsáidtí agus le cuid den ngnó a rinnetí sa chúirt féin, sa mhéid go dtugtaí 'an t-Uachtarán'(agus uaireanta 'an giúistís', nó 'an breitheamh', nó 'an

[46] *Ibid.,* lch. 5
[47] *Ibid.,*
[48] Breandán Ó Conchúir, 'Na cúirteanna éigse i gCúige Mumhan', in *Saoi na hÉigse: Aistí in ómós do Sheán Ó Tuama* eag., Pádraigín Riggs, Breandán Ó Conchúir, Seán Ó Coileáin (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 2000) (lgh 55-82) lch. 72
[49] *Ibid.,* lch 62

> tArdsirriam') ar an gceannfhile, go n-úsáidtí aiste filíochta i bhfoirm barántais mar ghairm scoile chun na cúirte, agus go mbíodh 'coiste' i láthair chun an bhreith a thabhairt agus an pionós a mholadh don té a mbeadh rialacha na cúirte sáraithe aige.[50]

Ó thaobh chothú na litríochta de bhí cuspóirí áirithe ag an gcúirt. San fhianaise atá tagtha anuas chugainn níl aon trácht ar shaothrú an phróis ar bhonn cruthaitheach ná ar léamh scéalta os comhair lucht na héigse. Fiú, má bhí baill den lucht éigse ag feidhmiú mar scríobhaithe, níl aon fhianaise againn a thugann le fios go raibh baint ag an gcúirt féin le seachadadh an phróis. Tugann Ó Conchúir achoimre mhaith ar chuspóirí na cúirte agus conas a d'oibríodar chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach:

> Oiliúint a chur ar fhilí agus feabhas a chur ar a gcuid saothair; tástáil a dhéanamh ar fhilí óga, chun go mb'fhéidir leo teastas ('paitin(t)' nó 'pas') ar tharrac a dheimhneodh dóibh údarás na cúirte a bheith feasta acu; cosc a chur ar dhaoine neamhoilte a bheadh ag cleachtadh na filíochta gan chead na cúirte nó go mbeidís sásta géilleadh do reachtaibh na cúirte, agus cosaint na cúirte a bheith acu; an teanga a chur chun cinn; saothrú a dhéanamh ar an seanchas agus ar na ginealaigh, agus go háirithe ar an bhfilíocht féin. [51]

Sa taighde atá againn ar na cúirteanna is léir go raibh cothú na bhfilí agus na filíochta ag croílár na gcúirteanna. Is gá tuilleadh taighde a dhéanamh más maith linn a rá le cinnteacht go raibh ról, indíreach fiú, ag na cúirteanna in imeallú an phróis mar mheán cruthaitheach.

### 2.2 Scríobhaithe agus Athshaothrú an Phróis

Sa phlé ag Buttimer ar athscríobh na seanscéalta, deir sé nach athinsint lom, dhílis a bhí ar siúl ag na scríobhaithe a ghlac seilbh ar an ábhar próis ach, i gcásanna áirithe, athchruthú téacs: 'The taking on board of pre-existing prose matter is not a passive exercise.'[52] Rinne sé féin staidéar cuimsitheach ar scéal amháin de chuid na Rúraíochta, *Longes Mac nUislen*,

---

[50] *Ibid.*, lgh 72-3
[51] *Ibid.*, lch. 73. Féach, leis, Brian Ó Cuív, 'Rialacha do chúirt Éigse i gCúige Mumhan', *Éigse 11* (1965-6)216-18; Brian Ó Dálaigh, 'Tomás Ó Míocháin and the Ennis School of Gaelic Poetry c. 1730-1804', *Dál gCais* XI (1993) 55-73.
[52] Neil Buttimer, 'Literature in Irish, 1690-1800: from the Williamite wars to the Act of Union', lch. 360.

scéal: 'given its centrality, went on to be reformulated down through the centuries.'[53] Faoin dtráth gur shroich sé scríobhaithe an ochtú haois déag, bhí na scríobhaithe in ann feidhmiú mar sheachadóirí gníomhacha traidisiúin:

> Scribes interested in the Deirdre saga during the 1700s would therefore have had a spread of models at their disposal when coming to it. These could comprise either the integral earlier redactions or précis of them, or various combinations thereof, all with their own emphases. Copyists' own best guesses as to character or motivation would often have featured in their retellings, with the possibility of these end-products all entering into folk narrative as manuscript renditions were in turn read out. The Deirdre story is to date, probably the only Irish tale whose trajectory throughout the tradition and into Anglo-Irish writing has been traced, even in the most summary terms. Hundreds of its prose counterparts, and particularly those associated with the 1700s, await similar rudimentary treatment.[54]

Do rinne Meidhbhín Ní Úrdail staidéar ar sheachadadh *Cath Cluana Tarbh* sa traidisiún anuas go dtí an naoú haois déag. Fuair sí amach go raibh lucht scríofa na lámhscríbhinní fíorchruthaitheach mar sheachadóirí:

> The manuscript tradition of the aforenamed CCT also bears eloquent testimony to the scribal creation and re-creation on the part of its compilers. Almost ninety transcripts, dating from the period between 1701/2 and 1890, have survived; yet within this remarkable number of sources we can observe their compilers' active involvement in modifying and supplementing their texts. That this should be so evident attests to the role of the eighteenth-and nineteenth-century scribe as a dynamic transmitter of narrative.[55]

### 2.3 An Prós NuaScríofa

Sa chuid seo den chaibidil tabharfar cuntas ginearálta ar shaothrú an phróis nuascríofa sa tréimhse iarchlasaiceach. Sa seachtú haois déag agus isteach san ochtú haois déag bhí an rómánsaíocht fós mar phríomhsheánra i measc na n-údar próis. Aithnítear Oirialla i

---

[53] *Ibid.,* lch. 361. Féach: Cornelius G. Buttimer, 'Longes mac nUislenn Reconsidered', *Éigse 28* (1994-5), lgh 1-41.
[54] *Ibid.,*
[55] Meidhbhín Ní Úrdail, 'The Literary legacy of Keating's Foras Feasa ar Éirinn' *in Geoffrey Keating's Foras Feasa ar Éirinn: Reassessment*s, ed., Pádraig Ó Riain (London: Irish Texts Society, 2008), lgh 52-67 (lch. 53) Féach: Meidhbhín Ní Úrdail, 'Seachadadh agus Seachadóirí Téacsaí san Ochtú agus sa Naoú Céad Déag', *Studia Hibernica 32* (2002-2003) 75-98; Meidhbhín Ní Úrdail ed., *Cath Cluana Tarbh*, 'The Battle of Clontarf', (London: Irish Texts Society, 2011)

ndeisceart Uladh mar cheantar fíorthábhachtach i saothrú an phróis sa dara leath den seachtú haois déag agus sa chéad leath den ochtú haois déag. Do scríobh Breandán Ó Doibhlin:

> Ar ndóigh, ba cheantar mór léinn agus chóipeáil lámhscríbhinní agus chumadh filíochta an Oirialla chéanna, ach tá tábhacht ar leith leis mar le saothrú an phróis san aois sin nuair a bhí acmhainní cultúrtha na Gaeilge faoi bhrú marfach ag dlíthe agus ag córas eacnamaíochta agus sóisialta na coilíneachta. Is ansin a rinneadh an t-athshaothrú déanach ar an Rúraíocht a d'fhág againn *Tóraíocht Ghrua Ghriansholas*, mar aon le *Eachtra na gCuradh*, *Coimheascar na gCuradh*, chomh maith le déantúis is giorra ná sin de chineál mná scéalta rómánsaíochta *Tóraíocht na hEilite*, *Eachtra Foirbe* nó *Eachtra Thailc mac Thréan*.[56]

Má bhí coinbhinsiúin na rómánsaíochta á gcleachtadh sna scéalta seo, bhí comharthaí ann, dar le Cathal Ó Háinle 'go raibh athrú ag teacht ar scéalta rómánsaíochta na tíre seo i gcúrsaí stíle agus foirme agus go rabhthas ar tí droim láimhe a thabhairt don mhíréalachas.'[57]

Bhí, go luath sa chéad, cúpla sraith eile ag teacht chun cinn sa traidisiún. Ar an gcéad dul síos bhí 'toighis daoine ag imeacht ó mhórchúis na rómánsaíochta agus ag claonadh i dtreo na scigeipiciúlachta.'[58] Arís, bhí Oirialla ina lárionad forbartha don scéalaíocht seo. Sa bhliain 1725 do chum Brian Dubh Ó Raghallaigh, file ó Chontae an Chabháin, *Siabhradh Mhic na Míchomhairle* 'i bprós agus i ndán inar ríomh sé na heachtraí áiféiseacha a bhain do Mhac na Míchomhairle i rath sí.'[59] Dob fhéidir roinnt scéalta eile a rangú mar scigscéalta: *Eachtra Aodh Gaoireachtuighe* 'ina dtráchtar ar ar bhain d'Aodh Mac Gaoireachtuighe, feirmeoir ó Chnoc Sion gairid do Dhún Dealgan, le linn dó bheith ag faire toirc.'[60] D'fhéadfaí *Eachtra Buic Bhaile Bionnabhuidhe* le Art Mac Cumhaigh a lua sa liosta céanna. Tá scéal eile, áfach, a cumadh ag tús na haoise, a léiríonn casadh níos

---

[56] Breandán Ó Doibhlin, *Manuail de Litríocht na Gaeilge Faisicil V 1704-1750: An Dubhaois* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2009) lch. 121.
[57] Cathal Ó Háinle 'An tÚrscéal Nár Tháinig', in *Promhadh Pinn* (Má Nuad: An Sagart, 1978) lgh 74-98 (lch. 83)
[58] Ó Doibhlin, *Manuail de Litríocht na Gaeilge Faisicil V*, lch. 121.
[59] Ó Háinle, 'An tÚrscéal Nár Tháinig', lch. 84.
[60] *Ibid.*

suntasaí sa traidisiún, casadh a bhí, go pointe áirithe, mar chéim i dtreo na húrscéalaíochta: ba é sin *Stair Éamoinn Uí Chléirigh*, 'a comical moral allegory on the ill-effects of alcohol.'[61] Deir Ó Háinle gur scéal é atá 'cliste go leor mar fháthscéal agus tá sé sách greannmhar in áiteanna. Chomh maith leis sin tá léiriú réasúnta maith le fáil ann ar charachtar Éamoinn féin.'[62] Do chum Seán Ó Neachtain an chéad chuid den scéal sa bhliain 1710 agus an dara cuid sa bhliain 1714. Más fianaise í líon na gcóipeanna atá sna lámhscríbhinní, is cosúil nach ndeachaigh an scéal i bhfeidhm ró-mhór ar na grafnóirí. Míníonn William Mahon go raibh an t-údar ag tarraingt as foinsí éagsúla liteartha: 'Its narrative is a blend of two genres, the romance (treated parodically) and the episodic rogue-tale, both of which were exceedingly popular throughout Europe, Britain and Ireland in the century before Ó Neachtain took up his pen.'[63] Anuas ar na tréithe so-aitheanta sin sa téacs tá an ghné dhírbheathaisnéiseach le sonrú san insint: 'the moral tale underlying the allegory surely parallels what we know of Ó Neachtain's life: an intelligent but bibulous gentleman turns away from drink, is restored to decency, and opens a school. Furthermore, the geographical locations in the story are those in which Ó Neachtain lived and travelled.'[64] D'fhéadfaí an scéal *Eachtra Thómáis Mhic Chaiside*[65] a lua mar scéal ina bhfuil fráma dírbheathaisnéiseach mar chuid den insint. Sna hiarrachtaí seo feicimid údair ag saothrú laistigh de thraidisiún scéalaíochta ach ní raibh siad i gcónaí teoranta ag laincisí na gcoinbhinsiún liteartha. Mar a scríobh Neil Buttimer: 'While eighteenth-century Irish prose remained weighted towards its earlier narrative forebears, modernity was in prospect.

[61] William Mahon, eag., *The History of Éamonn O'Clery /Stair Éamoinn Uí Chléirigh* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2000) lch. 3. I gcló cheana ag Eoghan Ó Neachtain, eag. *Stair Éamuinn Uí Chéire* (Baile Átha Cliath: Mac an Ghuill, 1918)
[62] Ó Háinle, lch. 93.
[63] William Mahon, *The History of Éamonn O'Clery*, lch. 3.
[64] *Ibid.*,
[65] Mairghréad Nic Philibín, eag. *Na Caisidigh agus a gCuid Filidheachta* (Baile Átha Cliath:Oifig an tSoláthair, 1938)

The nucleus of a Gaelic novel, realist or other, is present in these more creative undertakings.'[66]

[66] Buttimer, 'Literature in Irish, 1690-1800' lch. 363.

# Caibidil 3

## Eachtra Thoroilbh Mhic Stairn (ETS): Foinsí agus Traidisiún

### 3.1 Réamhrá:

Sa chaibidil seo agus sa cheann ina diaidh tabharfar cuntas ar na foinsí liteartha a bhí mar chuid d'armlón an Choimínigh is é ag dul i mbun pinn. Déanfar iarracht anseo gnéithe d'ailtireacht ETS a thabhairt chun solais, rud a thabharfaidh tuiscint níos doimhne dúinn ar phróiseas na ceapadóireachta féin. Chomh maith leis sin déanfar iniúchadh téamúil is stíle ar ETS mar scéal de chuid na rómánsaíochta. Sa staidéar seo ar an gCoimíneach mar rómánsaí feicfimid an tsolúbthacht a léiríonn sé i sealbhú agus i láimhseáil an tseánra, an tslí go mbaineann sé leas as a shaibhreas cultúrtha féin, agus tabharfar faoi deara go bhfuil rian dá thuiscint féin ar an saol le sonrú ann.

Ar an gcéad dul síos déanfar iarracht na foinsí liteartha agus léinn a aithint i gcorp an téacs. Tá fianaise in ETS gur bhain sé úsáid áirithe as mórthéacsanna staire ar nós: *An Leabhar Gabhála,*[67] *Cogadh Gaedhal re Gallaibh,*[68] agus *Foras Feasa ar Éirinn.*[69] Bhí sé sáite i dtraidisiún na Fiannaíochta agus mar scríbhneoir bhí sé ag tarraingt as, agus ag cur leis an traidisiún sin. Is léir go raibh cur amach aige ar an tsraith mhiotaseolaíochta agus spéis ar leith aige i dTuatha Dé Danann. Tá sé spéisiúil i gcás na Fiannaíochta agus Thuatha Dé Danann go raibh sé ag cur le traidisiún beo scéalaíochta agus le *pantheon* na gcarachtar sa chorpas seo.

---

[67] *Lebor Gabála Érenn: The Book of the Taking of Ireland*, Part 1,2,3,4,5, ed., R.A.S. Macalister (London: Irish Texts Society, 1938,1939, 1940, 1941, 1956)
[68] *Cogadh Gaedhal re Gallaibh*, ed., John Henthorn Todd (London: Longmans, Green, Reader and Dyer, 1867)
[69] *Foras Feasa ar Éirinn: The History of Ireland by Geoffrey Keating D.D*., 4 volumes (London: Irish Texts Society 4, 8, 9, 15, 1902-14)

### 3.2 ETS agus An Taispeántas Léinn

Gné spéisiúil den insint is ea an taispeántas léinn atá le sonrú tríd an téacs. Is é atá i gceist leis seo ná tagairtí d'fhoinsí nach bhfuil riachtanach iontu féin i dtógáil an phlota. An amhlaidh a theastaigh ón gCoimíneach aird a tharraingt ar a sheasamh mar fhear léinn? Tá sampla den chleachtas seo sa sliocht seo a leanas:

> *agus do* che*a*p sé dó *féin* cuairt na hÉirea*nn* iathghlas oil*eá*naighe *do* thabh*air*t, *agus* m*ur*a bhfaghadh annsin tu*air*isc na mná, nách raibh sí le f*áil* sa*n* Roi*nn* Eorpa, *agus go* gcu*ar*dfadh *féin* na trí ranna *oile don* domhan dhá lorgadh, *agus go* bhfaghadh sé í, nó é *féin do thuitim* insa turas. *Do* réir na comh*air*le si*n do* thóg a sheolta d'io*nnsaigh*e na hÉireann, *agus* ní haithrist*ear* a imthea*cht gur* ghabh cuan *agus* caladhphort in Inbhear Cholpa *mar ar* bádh*adh* Colpa *mac* Míl*eadh* Easpáin ag t*eacht go hÉirinn* ag buain cea*nn*as na crích*e don* Tuatha Dé Danann. (ETS 69-75)

Sa tagairt sin aige do Cholpa is léir go bhfuil an Coimíneach ag tarraingt as *Foras Feasa ar Éirinn*:

> Gabhais Éireamhón go gcuid don luingeas mar aon ris, lámh chlé ré hÉirinn go rainig bun Innbheir Cholpa ré ráidhtear Droichead Átha. Ias uime trá ghairthear Innbhear Chopla don abhainn sin, do bhrígh gurab innte do báthadh Colpa cloidheamh mac Mileadh ag teacht i dtír ann mar hÉireamhón mac Míleadh. Is follus as sin gur bathadh cúigear do chloinn Mhileadh sul do bheanadar sealbh Éireann do Thuathaibh Dé Danann; gonadh uime sin do rinne file éigin an rann-so:
>
> Do báthadh cóigear díobh sin
> Do chlannach measa Mílidh;
> I gcuantaibh Éireann na rann
> Lé draoidheacht Thuatha Dé Danann
>
> Mar atá Donnis Ír, Airioch Feabhruadh, Arannan is Colpa an cloidhimh. IOnnus nach raibh beo don chloinnn chéadna ré linn na hÉireann do bhuain Thuataibh Dé Danann acht triúr, mar atá Éibhear, Éireamhón is Aimhirgin.[70]

Níos déanaí san insint nuair atá Torolbh agus Fionnabhartach ag ullmhú don turas mara faigheann siad long ó Thuatha Dé Danann, an Mhurúch. Sa sampla seo a leanas léiríonn sé an cur amach a bhí aige ar an traidisiún seo:

[70] *Foras Feasa ar Éirinn Vol. II*, lch. 88. Féach *Lebor Gabála Érenn Vol. V*. lch. 40

> *agus do* bhí annsin long Mhanannáin mhic Lir, *do* sheol in aghaidh mar*a agus* gaoithe *agus* ná rachfadh caithea*mh* choidhche insa lón *do* chu*ir*fidhe *innte, agus* n*á*ch biadh faicsin uirth*e féin* ná ar a foireann an f*eadh do* bhiadaois i gcuan ná *ar* mu*ir, agus* tug Manannán cuaird an *do*m*hain* fó thrí i*nn*te. (ETS 173-77)

Nuair a théann Torolbh i mbun catha san Afraic tarraingíonn sé amach a chlaíomh:

> *Do* thug Torolbh a chl*aidhea*mh amach *agus* an tsleagh *do* bhronn *mac* an Daghdha dhó, *agus* dob í sin sleagh Lugha lámhfhada *mhic* Cáin *mhic* Cainnte, mac *inghine* Bhalair Bhéimionn, *agus* is í sin sleagh *do* mharbh Balar *féin* i gcath Maigh Mochruama Thuaidh, *agus* is léith rinne Lugh gach gníomh iongantach dá nd*ea*rn*adh óir* is iomdha buadh *do* bhí aice. (ETS 231-35)[71]

Sa scéal ETS tá mír amháin sa téacs a tharraing aird léitheoirí i gcaitheamh na mblianta agus is é sin an cur síos ar mhná na hAfraice (is iad bantracht Rígh na hIorruaidhe sa scéal seo iad). Scríobh Cathal Ó Háinle go bhfuil 'rian láidir an réalachais ar an gcuntas seo in *Eachtra Thoroilbh* ar mhná na hAfraice.'[72] Seo an leanas an sliocht atá i gceist:

> Tángad*ar* ann *agus do* bhí bantr*acht* an rígh ann, .i. *lucht ba*n búidhe la*cht*na dubh *agus go*rm, *agus* iad uile lomno*cht*uighthe a*cht* stráic síoda nó chadáis cast*a* fá gheanasáin a gcoirp, ag falach an áit *ba* có*ir* bheith fuillighthe *go* hiomlán. Ní raibh orlach *ar* fad insa bhfionn*adh* cas ciardhubh *do* bhí *mar* ghruaig ortha, ná *mar* olann uain duibh i gceann a mhíosa d'aois. *Do* bhí ceithr*e* chur *don* tslabhradh c*éadn*a fána mbrághaid *agus* fáinne f*air*sing óir *ar* crochadh as sróin gach mná acabh *go* sroitheadh a smeigín, *agus* ag si*n* an t-iorradh *agus* an t-éadach *do* bhí ar bhant*racht* Rígh na hIorua an tráth si*n*. (ETS 324-31)

Is léir ón méid sin go raibh cur amach áirithe ag an údar ar litríocht thaistil faoin Afraic ón ochtú haois déag. Is fiú leabhar amháin a lua, a scríobhadh go luath san ochtú haois déag, cé nach féidir bheith cinnte go raibh aon chur amach ag an gCoimíneach air: *A New and Accurate Description of the Coast of Guinea, Divided into the Gold, the Slave and the Ivory Coasts* le William Bosman.[73] Do chuir sé an bunleagan Ollainnise i gcló sa bhliain 1703 (coilíneacht de chuid hOllainne dob é an réigiún seo idir na blianta 1598-1872), agus tháinig an t-aistriúchán Béarla ar an bhfód sa bhliain 1705. In ETM, tá sé spéisiúil gur

[71] Féach *Cath Maige Mucrama: The Battle of Mag Mucrama*, ed., Máirín O'Daly (London: Irish Texts Society, 1975)
[72] Cathal Ó Háinle 'An t-Úrscéal Nár Tháinig', lch. 90.
[73] William Bosman, *A New an Accurate Description of the Coast of Guinea, Divided into the Gold, the Slave and the Ivory Coast* (London: James Knapton & Dan Midwinter, 1705)

bhain a thriúr mac 'Cuan an Óir' (Gold Coast) san Afraic amach sa scéal: '*Do* thógbhadar as seolta ag filleadh na fairrge fíordhoimhne, *agus* ní haithrist*ear* a n-imth*eachta go* rángad*ar* Cuan an Ó*ir* sa taobh ua dh*ea*s *don* Afraic, an ceathramhadh rann *do* rannaibh an *do*mhain *agus do*-chuad*ar* i dtír chum tu*ir*se na fairrge *do* chur dhíobh, san tír aoibhinn álainn sin (ETM 1370-73) Anuas ar an dtagairt do 'Chuan an Óir' ní fada in aon chor an cur síos sa leabhar seo ar mhná na hAfraice ó chur síos thuas an Choimínigh in ETS:

> Ladies platt their hair very artfully, and place their fetiche's, coral and ivory, with a judicious air, and go much finer than the men. About their necks they wear gold chains and strings of coral, besides ten or twelve small white strings of Conte de Terra, and gold; about their arms and legs also they are plentifully stored therewith; and they wear them so thick about their waist, that their nakedness would be sufficiently covered thereby, if the wore no cloaths...on the upper-part of their body they cast a veil of silk or some other fine sort of stuff; whilst their arms are beautiful with rings of gold, silver and ivory.[74]

### 3.3 Foinsí na gCarachtar

Maidir leis na carachtair sa scéal ETS tá cuid mhaith ainmneacha inaitheanta ón traidisiún luaite sa scéal ach gan aon ról substainteach acu san insint féin, mar shampla Fionn Mac Cumhaill, Cormac Mac Airt, agus Mac an Dagha. Is fiú an sliocht seo a leanas le Seán Ó Coileáin a thabhairt mar go dtugann sé léargas dúinn ar chúrsaí logainmneacha agus carachtrachta sa traidisiún seo scéalaíochta:

> In general looseness of composition and treatment, personal names frequently suggest a similar factitious process and give the appearance of being equally unlocated in respect of established pedigrees; the similarity is not surprising for the personal name is to the pedigree as the placename is to the topography. In the dissolving world of *Fianaigheacht*, names of places and persons are reabsorbed by the poetics that created them and from which they had never really escaped to begin with.[75]

Ar an gcéad dul síos féachfar ar an bpríomhcharachtar, Torolbh, chun teacht ar chúlra éigin liteartha dó. Sa nóta ar an scéal a bhreac Robin Flower i gcatalóg Mhúsaem na

[74] *Ibid.*, lch. 121.
[75] Seán Ó Coileáin, 'Place and Placename in *Fianaigheac*ht', *Studia Hibernica 27* (1993), lgh 45-60 (lch. 52)

Breataine,[76] deir sé go bhfuil an carachtar bunaithe ar Thorolbh eile atá luaite in *Cogadh Gaedheal re Gallaibh*.[77] Níl aon mhíniú ag Flower ar conas a tháinig sé ar an tuairim sin; i dtéacs an *Cogaidh* féin níl againn ach cuntas ar bhás an duine seo agus táimid go huile is go hiomlán dall ar a chúlra is ar imeachtaí a shaoil. Go bhfios dom, is é sin an t-aon uair go bhfaightear an leagan sin 'Torolbh' in aon téacs Gaeilge eile. Tá againn an leagan Gaelach den ainm, is é sin 'Toirdhealbhach' (leagan a roghnaíonn cuid de na scríobhaithe níos déanaí) agus is é sin ainm an laoich 'stairiúil' sa téacs *Caithréim Thoirdhealbhaigh*.[78]

San aiste aige ar 'Laoi Oisín ar Thír na nÓg' rinne Máirtín Ó Briain trácht ar an ainm, go háirithe ar an tsloinne Mac Stairn. Ní luann Ó Briain tuairim Flower san aiste seo. Is fiú an sliocht seo a thabhairt:

> Torolbh Mac Stairn is, according to the romance, a brother of Suarán Mac Stairn, King of Lochlainn, who invaded Ireland during the minority of Cormac Mac Airt. This Suarán Mac Stairn is otherwise unknown to Irish tradition, but he is identical with Swaran, son of Starno, King of Lochlin, whose invasion of Ireland during the minority of King Cormac is described in Book One of James McPherson's Fingal, first published in 1762. Swaran, in fact, replaces an earlier Garve who features in McPherson's *Fragments of Ancient Poetry* published in 1760. This Garve, and this episode, in which he features, are based ultimately on the Gaelic ballad of Garbh Mac Stairn (Duan a'Ghairbh) and the name Swaran is to be dated from 1762. If the reference to Suarán in the printed editions of ET were genuine it would have serious chronological implications since 1749 is generally mentioned as the date of composition of Comyn's romances. It could lead one to surmise that ET was prompted by MacPherson's Ossianic endeavours and could even be made to lend weight to the ascription to Comyn of LO, the lay that rounds off, so to say, the genuine Ossianic cycle. However, I believe the reference to Suarán in ET to be an interpolation since there is no reference to him in any of the manuscript versions of the tale that I have examined.[79]

---

[76] Robin Flower, *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum* vol ii (London: Printed for the Trustees, 1926-53) lch. 425

[77] *Cogadh Gaedheal re Gallaibh*, lch. 80.

[78] *Caithréim Thoirdhealbhaigh Vol I/II*, ed., Standish Hayes O'Grady (London: Irish Texts Society, 1929)

[79] Máirtín Ó Briain, 'Some Material on Oisín in the Land of Youth', in *Sages, Saints and Storytellers: Celtic Studies in Honour of Professor James Carney*, ed., Donnchadh Ó Corráin, Liam Breatnach, Kim McCone (Maynooth: An Sagart, 1989) lgh 181-199 (lch. 183) Is iad na lámhscríbhinní a chonaic Ó Briain: 'London, Bristish Library Add. 18,945; Dublin, National Library of Ireland G 93; 161; 185; 193; 211; 322; 426; 1007; Dublin, Royal Irish Academy, 23 C 24; 23 L 20; 23 Q 18; Galway, University College, Hyde 16.' (n. 23, lch. 195) Sa suirbhé a rinne mé féin tháinig mé ar os cionn 50.

Maidir leis an Suarán atá luaite sna heagráin chlóite táim ag teacht le tuairim an Bhrianaigh gur '*interpolation*' atá ann. Sa tráchtas seo tá an suirbhé is mó go dtí seo ar thraidisiún na lámhscríbhinní agus níor aimsigh mé oiread is tagairt amháin don Suarán sin iontu. D'fhéadfaí a mhaíomh, mar sin, gurbh é Pádraig Ó Briain a chuir an t-ainm isteach ina eagrán féin nó go bhfuair sé an t-ainm i lámhscríbhinn nach bhfuil anois ar marthain, nó i gceann nach bhfuil feicthe agam. Luaigh sé, in a réamhrá go raibh 'ocht cóipe dhe i láimhsgríbhinibh eugsamhla i leabharlann Ardscoile Ríoghamhala na hÉireann agus tuilleadh díobh ag daoinibh i d-tuaith agus i mbaile'[80] Fiú mura bhfuil aon bhaint ag Suarán le bunleagan an Choimínigh, tá fós ceist le freagairt; mar a scríobhann Máirtín Ó Briain:

> The question remains, however, of the identical natue of the patronymics of Comyn's main character, Torolbh, and MacPherson's Swaran. It may be that both derive from the same lay of Garbh Mac Stairn. Although this lay common in Scottish ballad collections, is rare in an Irish context, Thadaeus Connellan published a 'Laoidh an Ghairbh' in 1829. The name also occurs in the Leabhar Gabhála tradition and Tuan Mac Cairill was believed to be the reincarnation of Tuam Mac Stairn.[81]

Tá an dá ainm luaite, go neamhspleách ar a chéile in *Foras Feasa ar Éirinn*, agus gan aon bhaint acu le Garbh Mac Stairn na hAlban. I gcás Stairn tá an tagairt seo ann: 'Starn, Iarbhoineal, Faidh, Ainninn agus Fearghus Leithdhearg anmanna ceithre mac Neimheadh.'[82]

Féachfaimid anois ar an ainm Fionnabhartach, leannán Thoroilbh sa scéal. In ETS nuair a cheistíonn Torolbh í sa choill deir Fionnabharthach gur '*do* Thuatha dealbhchaoin dreachálainn Dé Danann í *féin agus gur* deoraidhe san tír sin í,' (ETS 11-12) agus ina dhiaidh sin deir an bheirt bhan atá ina teannta '*gur* Clann iad d'Aongus Óg mac an Daghdha ó Bhruidhean Charcair na Gréine *do* bhí i bhfogas *don* áit sin.' (ETS 13-14) Ní

[80] *Bláithfhleasg de Mhílseánaibh na Gaoidheilge*, eag., Pádraig Ó Briain (Baile Átha Cliath: Pádraig Ó Briain, 1893).
[81] *Ibid.*, n.23 lch. 195
[82] *Foras Feasa ar Éirinn*,

heol dom aon bhean den ainm sin sa chorpas scéalta a bhaineann le Tuatha Dé Danann. D'fhéadfaí a mhaíomh go raibh 'Finnabair' ón *Táin Bó Cuailgne*[83] ina cheann agus é i mbun na cumadóireachta. Sa nóta atá ag Thomas Kinsella ar a hainm deir sé: 'The name Finnabair is cognate with 'Guinevere'. It should not be confused with the place-name Finnabair in Cuailgne.'[84] In *An Leabhar Gabhála* tá tagairt do bhean leis an ainm Findabar agus baineann sí le hEmhain: 'Áit i mbai in rígan ruanaid Cheltchair chúanaig, cauir chéilig; Findabar, find a glé-gen, sech ba femen ba féinnid (A place wherein was the queen of a mighty man, of Cetchair of wolf-packs, a prudent champion, Findabar, white was her bright smile, besides being a woman she was a warrior.)[85] Tá a fhios againn go raibh tionchar ag *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* ar scéalaíocht an Choiminígh, rud a phléifear níos déanaí sa tráchtas, agus tá seans ann go bhfuair sé spreagadh ón logainm 'Fionnabhair' mar atá sé i *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*.[86]

Tá sampla eile de charachtar in ETS atá spéisiúil ó thaobh na bhfoinsí de agus is é sin Cíocal. Mar charachtar sa bhunphlota níl aon tábhacht leis, ach amháin gurbh é teachtaire Mac an Dagha é agus nuair a bhí tuairisc Fhionnabhartaí agus Thoroilbh ag teastáil uaidh do chuir sé fios ar Chíocal chun dul sa tóir orthu. Déanann Cíocal amhlaidh, agus is é a thugann an drochscéal faoi bhás Fhionnabhartaí do Thorolbh. Cé nach bhfuil ról an-lárnach aige sa phríomhscéal, tá inscéal cuíosach fada sa téacs ina bhfuil cuntas ar imeachtaí a bheatha. Theip orm an Cíocal mar atá sé san inscéal seo a aimsiú in aon áit eile go dtí seo, ach tá an seans ann go raibh an Coimíneach ag tarraingt as an mbéaloideas áitiúil, mar a rinne sé i gcás carachtar agus imeachtaí eile, nó b'fhéidir gur cumadóireacht ó bhonn atá

---

[83] *Táin Bó Cuailgne: Recension I* eag, Cecile O'Rahilly (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1976)
[84] *The Táin: From the Irish epic Táin Bó Cuailgne*, translated by Thomas Kinsella (Oxford: Oxford University Press, 2002) lch. 262
[85] *Lebor Gabhála Érenn Vol. V* lch. 438
[86] *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*, eag, Nessa Ní Shé (Baile Átha Cliath: Longman, Brún agus Ó Nualláin, 1971) lch. 35.

ann agus gur thóg sé an t-ainm Cíocal as *Foras Feasa ar Éirinn* nó *An Leabhar Gabhála*, an dá théacs ina bhfuil an t-ainm sin, ach ní hionann an Cíocal sa dá théacs sin agus an Cíocal in ETS. Seo a leanas an sliocht as ETS:

> *agus* is amhlaidh *do* bhí an Cíocal soin: Ní raibh ar dhroim talmh*an* f*ea*r *ba* gráinne *agus ba* dodhealbhtha ná é. Bean *do* Fhearaibh Bholg *do* rug é *agus* deamhan éigin *don* athair dó, ionnas *go* raibh páirt *agus* caidreamh *agus* comhluadar id*ir féin agus* a raibh *do* dheamhnaibh idir a*eir agus* talamh. Ní raibh ann a*cht* cnámha *agus* féitheacha *agus* croiceann dá gcoingeabháil i bhfoch*air* a *chéile, agus* ní rugadh ar thalamh gein *ba* súgaighe subháilcighe soilbhre ná é. Sult *agus* greann *agus* cleasa an domhain *do* bhí ann, i*onnas go* mbuainf*eadh* gáire as na clocha glasa. *Do* bhí lúthmhair*eacht agus* éadrom*ach*t ann ná béarfadh an ghaoth *do* bhiadh ina dhiaidh air, *agus* níor luaithe a rith ar thalamh ná ar chlár na f*airr*ge *agus gan* bonn a chos *do* fhliuchadh. *Do* bhí ar a chum*as gan* aon dá fheiscint, a*cht* an ua*ir ba* toil leis *féin* é. Ní raibh ar f*eadh* an *do*mhain idir a cheithr*e* rannaibh aiste ná scéal ná luathrá ná bíodh ar leag*adh* na súl aige ó na deamhnaibh oile. *Do* bhí dá leabhar déag na filidhea*cht*a *do* ghlanmheabhair aige, *agus* ní raibh ceárd ná ealadhain ná eolas i ndiabhlaidh*eacht* ná i ngeintlidh*eacht* nách raibh aige *agus* is amhlaidh tharla dó chum *mac* an Daghdha iar mbiadh *do* Chíocal ráithe d'aois. D'fhág a mháthair lá fóghmhair tar a héis é insa scailp *do* bhí aice ar mhullach Cnoic na mBárc, air a dtugthar Cnoc na Réithe anois, *agus mar do* shiubhladh an aithid insan aois sin, ní bhéarfadh f*ea*r deich mbliana fichead air. *Do*-chuaidh *do* thoradh a reatha sin as an scailp *go* mullach an chnoic dá ghrian*adh féin, go* bhfacaidh iol*ar* liath na Sionna é, *agus gur* shaoil *gur* bhanbh muice bhí ann, io*nnas gur* bhuail an crobh cam ingneach insa bhfear gránda, *agus gur* thóg leis insan aer é, ná dearna oireasamh ná cómhnaidhe *gur* thuirling ar Chnoc an tSodair i gCruacha Chuailgne .i. ó laoch d'fh*ea*raibh bolg atá curtha a*nn* ar a dtugth*ar* anois Damhach na gClochán, *agus* c*é gur* maith faobh*ar* camghuib chruaidh choirghear an iol*air agus* a ingne g*earr*a gonta goinideacha, níorbh fhéidir leis díoghbháil ar bith *do* dhéanamh dó, le righne a chroicinn, *agus gan* aon ghreim feola id*ir* é *agus* na cnámha, *agus do* thug aodhaire dá aire iad *agus do*-chuaidh dá io*nnsaighe agus* d'imth*igh* an t-iol*ar go* haiféalach ag d*éa*na*mh* a ádhbh*air féin, agus* d'éir*igh* an aithid ina sheasamh *agus ba* luaithe chu*m* arás an aodh*air*e é ná é *féin, agus* ní raibh scéal nár fhiafruigh de ná tug uaidh, *agus* seacht scéal lena chois *agus do*-chuaidh a thásc *agus* a thuarscbháil ar f*eadh Éireann uile* io*nn*as *go mba* éigean *do mhac* an Daghdha fhagháil *dó féin, agus go* raibh ina theacht*air*e aige *féin, agus* tug Cíocal *mar* ainm air *agus* is é an chéad smísteoir*eacht do*-rinn*e* Cíocal: lá dá dtáin*ig* le t*eachtaireacht go* hIath na Muc, ris a ráitear Inis Caorach, ina raibh an u*air* si*n* scoil a' teagasc ógaibh Thuatha Dé Danann, *agus* ag gabháil *do* Chíocal aniar le hais Chruach*a* Chualaigne *do* ghabh mian é Cnoc an tSodair d'fhaicsint *agus do*-chuaidh ina mhullach *agus do* shuigh ann *gur* thit a chodladh air *agus* ag múscladh dó *do* ghabh tart adhbhalmhór é le t*eacht* a*n* lae, *agus do*-chuaidh *go* nuige cailleach an bholláin, ag iarraidh deoch uirth*e, agus* is amhlaidh *do* bhí an

chailleach sin: *do* bhí gabháltas fearainn ar an dtaobh thoir *do* na cruacha *agus* ní raibh san domh*an* an oir*ead* talm*han ba* saidhbhre, *agus ba* torthamhl*a* ná é ó*ir* d'fhág draoi d'Fh*ear*aibh Bholg *do* bhuaidh aice an *uile* tortha na riachtanach *do* chuirfidhe ann *do* thabh*air*t, io*nnas go* mbí mil *agus* fíon *agus* cruithn*eacht* ann *agus* an uile thortha *ba* riachtanach chum beatha an duine ag teacht as an talamh dá leointe *féin*. *Do* bhí, *mar*an gc*éadn*a ann, bollán criadh *agus* a leath faoi thalamh, *agus* an leath oile ós a chionn, *agus do*-bhéarfadh an bollán soin uisce d'fhearaibh Éireann, *agus* dá dtreabha, *agus* ní thugadh an chailleach an braon *don* uisce sin uaithe, *gan* díol a fhagháil *do* láthair. Táin*ig* Cíocal, *mar* adubhramair, ag iarraidh dighe *don* uisce, *agus mar* nách raibh díol aige, adubhairt an chailleach an aithid imth*eacht* dá chrochadh. Leis sin *do* bhuail Cíocal preab *do* chois chaoil chruaidh ar an mbollán *agus do*-rinne spruad*ar* dá raibh ó thalamh suas de, *agus* ar leagadh na súl *do* bhrú*cht* loch uisce t*ar* an áit *agus do* báthadh an chailleach ar an láth*air*, *agus* d'fhan an loch ar an áit sin ó shoin i leith, *agus* ní *bhfuil ba*ise *do* thalamh aoibhinn sin le faicsint acht ionad comhnaidhe na caillighe atá in oileán beag ar lár an locha. (ETS 454-503)

Is é seo a leanas an cuntas ar Chíocal in *Foras Feasa ar Éirinn*, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil trácht ar locha á mbrúchtadh san insint seo, leis:

Áirmhid cuid do na húghdaraibh gabháil eile ar Éirinn roimhe Partholón, mar atá gabháil Chíocail mic Nil mic Gairbh mic Ughmhóir a Sliabh Ughmhóir, agus Lot Luaimhneach a mháthair. Dá chéad bliadhan dóibh ar iasgach agus ar eunlaith go teacht Phartholóín i n-Éirinn, gur fearadh cath Mhaighe hIotha eatorra; i n-ar' thuit Cíocal, agus i n-ar' díothuigheadh Fomhóraigh le Partholón. I n-Innbhear Domhann do ghabh Cíocal go n-a mhuinntir cuan i n-Éirinn: sé longa a líon; caoga fear agus caoga ban líon gacha loinge dhíobh. Is dóibh ro ráidhtear:-

Seachtmhadh gabháil ro dus gabh
Airior Éireann na n-árd-mhágh,
Le Cíocal gcríonchosach gann
Uas fhaitchibh Innbhir Domhnann:
Trí chéad fear líon an tslóigh
Táinig a hiataibh Ughmhóir,
Nó gur scaradh iad iar soin,
Ar n-a sleachtadh re seachtmhain.

Seacht locha do chrúcht i n-Éirinn i n-aimsir Phartholóin, eadhon, Loch Measg i gConnachtaibh, tar Máigh Leargna do mhoidh: i gcionn trí mbliadhan d'éis catha do thabhairt do Chíocal, do bhrúcht Loch Con fa thír, agus Mágh Cró ainm an

> mháighe tar a dtáinig: Loch Deicheat i gcionn dá bhliadhan deug iar dteacht do Phartholón i n-Éirinn.[87]

### 3.4 Foirm, Teanga, agus Stíl.

Mar scéal de chuid thraidisiún liteartha na Gaeilge, baineann ETS go dlúth leis an rómánsaíocht. Do tháinig scéalta rómánsaíochta chun cinn i dtraidisiún liteartha na Gaeilge mar thoradh ar ghabháltas na Normannach ón mbliain 1169 ar aghaidh. Mar a scríobh Kaarina Hollo: 'The introduction of Norman, French and English and their associated literatures into the Irish cultural milieu and the hybridisation of culture that followed, has a significant impact upon Irish prose literature.'[88] D'fhéadfaí ETS agus ETM a rangú faoin dteideal *Roman d'aventure*, an fhoirm phróis is mó a bhí mar chuid den lón léitheoireachta agus aithrise ar an Mór-Roinn agus sa Bhreatain sna meánaoiseanna. Míníonn Cathal Ó Háinle go n-eascraíonn na scéalta seo as cur síosanna na ridirí a tháinig abhaile ó na corsáidí i ndomhan an Oirthir:

> I scéalta den chineál seo, fágann an ridire an baile (toisc go dteastaíonn uaidh a cheird a fhoghlaim, nó toisc gur iarr rí éigin nó bean álainn cabhair air, nó toisc nach bhfuil a fhios aige cér díobh é agus go dteastaíonn uaidh é sin a fháil amach, etc.), taistealaíonn sé trí thíortha i bhfad i gcéin, feiceann sé iontais agus déanann sé éachtaí ar muir is ar tír, cabhraíonn sé le ríthe a naimhde a bhualadh, scaoileann sé banphrionsaí as géibheann agus titeann sé i ngrá leo, filleann sé abhaile arís faoi chaithréim, pósann sé agus maireann go sona, sámh uaidh sin amach agus é i gceannas ar ríocht a ghnóthaigh sé dó féin.[89]

I sainmhíniú thuas Uí Áinle tá cur síos aige ar an múnla clasaiceach a shíolraigh téacsanna eile i dtíortha áirithe. Le himeacht aimsire tháinig forbairt ar an seánra agus do rinne scríbhneoirí a gcuid féin den ábhar ó thír go tír agus ó aois go haois.

---

[87] *Foras Feasa ar Éirinn Vol I*, lch. 162. Féach *Lebor Gabhála Érenn Vol. III*, lch. 14

[88] Kaarina Hollo, 'The literature of later medieval Ireland, 1200-1600: from the Normans to the Tudors (part II: Prose literature)' in *The Cambridge History of Irish Literature Volume I: To 1890*. eds. Margaret Kelleher & Philip O'Leary (Cambridge: Cambridge University Press, 2006) ( lgh 110-139) lch. 110.

[89] Ó Háinle, 'An tÚrscéal Nár Tháinig', lch. 74. Féach, leis: Alan Bruford, *Gaelic Folk-Tales and Mediæval Romances* (Dublin: The Folklore of Ireland Society, 1969); Gerard Murphy, *The Ossianic Lore and Romantic Tales of Medieval Ireland* (Dublin: Three Candles, 1955); Gerard Murphy, 'Irish storytelling after the coming of the Normans', in *Seven Centuries of Irish Learning 1000-1700*, ed., Brian Ó Cuív (Cork: Mercier, 1971)

Tá tuiscint againn ar an rómánsaíocht mar mhodh liteartha nach mbaineann le raon na hardlitríochta, mar a scríobh Northrop Frye: 'any serious study of romance has to take into account its curiously proletarian status as a form generally disapproved of, in most ages, by the guardians of taste and learning…The close connection of the romantic and the popular runs all through literature.'[90] Ag tagairt do théis Frye deir Seán Ó Coileáin: 'Not being of the same significance to those in authority, the romance will also lack the complex erudition and controlled frame of reference we expect to find in what he calls 'elite' literature.'[91]

Sa tráchtaireacht ghairid atá ag Ó Hainle ar an scéal aithníonn sé 'gur bhain Ó Coimín (sic) casadh as an traidisiún rómánsúil' ach, d'fhéadfaí a rá go ndíluachálann sé an scéal ábhairín, nuair a chuireann sé an téacs i gcomparáid leis an úrscéal nua-aimseartha: 'ní féidir úrscéal a thabhairt ar cheachtar den da scéal sin mar a rinne Bruford ('Coimín's two romances are virtually sentimental novels on the English pattern'-lch 50), mar nach bhfuil aon iarracht iontu ar scagadh a dhéanamh ar charachtar na bpearsana.'[92] Dar liomsa, caithfear glacadh leis an rómánsaíocht mar ealaíon inti féin; *'Romancing'* is ea an rud a bhíonn ar siúl ag an saghas seo scríbhneora agus ní hionann in aon chor na spriocanna ná an cur chuige a bhíonn ag an rómánsaí is a bhíonn ag an úrscéalaí.

Tá foirm agus stíl an Choimínigh coinbhinsiúnta go maith i gcomhthéacs na rómánsaíochta agus d'fhéadfaí a rá go bhfuilid múnlaithe cuid mhaith ar a bhfuair sé roimhe sa traidisiún. Deir Alan Bruford an méid seo a leanas faoi theanga na scéalta rómánsaíochta: 'The normal language of the Romantic tales is literary Early Modern Irish, with occasional archaic forms.'[93] Tá an ráiteas seo fíor, cuid mhaith, i gcás an Choimínigh, leis. Sa chuntas seo ar fhoirm agus ar stíl na scéalta ba mhaith liom ETS a phlé i gcomhar

[90] Northrop Frye, *The Secular Scripture: A Study of the Structure of Romance* (Harvard: Harvard University Press, 1976) lch. 37
[91] Seán Ó Coileáin, 'Place and Placename in Fianaigheacht', *Studia Hibernica 27* (1993) 45-60.
[92] Ó Háinle, 'An tÚrséal Nár Tháinig', lch. 92.
[93] *Gaelic Folk-Tales and Mediæval Romances*, lch. 33

le ceann de mhórscéalta an traidisiúin seo, *Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe* (ECRI),[94] scéal a cumadh am éigin ag tús an tseachtú haois déag. Ag trácht ar oidhreacht an scéil sin do scríobh Máire Ní Mhaonaigh: 'It is in the tradition of the romantic tales that the author of ECRI is most firmly rooted.' Roghnaím an scéal seo toisc gur clasaic é, ach anuas air sin tá seans láidir ann go raibh cur amach ag an gCoimíneach ar an scéal áirithe seo. Dúirt an scríobhaí Mícheál Rua Mac Diarmada, go raibh an scéal i Leabhar an Choimínigh ('Leabhar na Fáistine') nuair a bhí ETS agus ETM á mbreacadh aige.[95]

Tá stádas an scéil mar chlasaic bunaithe ar líon mór na gcóipeanna sna lámhscríbhinní, agus toisc go raibh tionchar ag an scéal ar údair eile. Luaitear an scéal i dteannta dhá cheann eile in áiteanna: *Eachtra Chonaill Ghulban* agus *Eachtra Iolainn Airmdheirg.* Deir Bruford gurbh iad: 'the three leading stories of the 'Romantic Cycle. These seem to have established the pattern for later romances of foreign adventure.'[96] Tá tionchar an scéil aitheanta ag Máire Ní Mhaonaigh, leis:

> The popularity of these tales also makes it likely that they influenced other romantic tales in turn. In the ECRI, its influence is seen most clearly on *Tóruigheacht Gruaidhe Ghriansholuis*. As the editor of the latter tale notes, both tales open in a similar fashion and the episode recounting how Cod rescues Feithleann's step-sister from the hideous giant is in effect the story of Gruadh Ghrian-sholais. Furthermore, the story of Grian Ghnúis-Sholais as recounted in ECRI is paralleled exactly by an episode featuring the King of Africa's daughter in *Tóruigheacht Gruaidhe Ghriansholuis.* The motif of the 'City of the Red Stream' is also prominent in both tales...As one of the most popular of all the later romantic tales, ECRI is pivotal in our understanding of the material belonging to this genre.[97]

Is í an chóip is sine den scéal atá ar marthain ná ls A 25 atá i leabharlann na bProinsiasach i gCill Iníon Léinín, Co. Áth Cliath. D'aithin Hyde gur lámhscríbhinn Ultach a bhí ann ach níor thuig sé gur bhain an lámhscríbhinn le blianta luatha an tseachtú haois déag: 'the

---

[94] *Giolla an Fhiugha/Eachtra Cloinne Rígh na hIoruaidhe*, ed., Douglas Hyde (with a new introduction (1998) by Máire Ní Mhaonaigh) (London: Irish Texts Society, 1899/1998)
[95] JRUL LS 45
[96] *Gaelic Folk-Tales and Mediæval Romances*, lch.
[97] Ní Mhaonaigh, 'Introduction to the 1998 edition', lgh 22-3

manuscript has been dated more precisely to the second or third decade of the seventeenth century on the evidence of a poem which describes "O'Neill returning from exile in martial array to win back Ireland."'[98] Ba é Brian Mc Niallais an scríobhaí. Níorbh í an LS sin, áfach, a bhí mar bhunleagan dá eagrán féin ach an leagan a fuair sé i lámhscríbhinn de chuid Aodha Mhic Dhomhnaill, as Contae an Dúin, a scríobhadh sa bhliain 1714. Cé go mbaineann na leaganacha is sine le Cúige Uladh bhí an scéal á sheachadadh go forleathan ar fud Chúige Mumhan san ochtú agus sa naoú haois déag. Tá sé spéisiúil sa ré iarchlasaiceach seo go bhfaightear leanúnachas ó thaobh stíle agus teanga de idir scéalta a cumadh ag amanna agus in áiteanna éagsúla. Maidir le ceist na hiasachta, ní léir go raibh an Coimíneach ag tarraingt go díreach as an dtéacs ar mhaithe lena chuid ceapadóireachta féin.

Tá dhá scéal an Choimínigh scríofa i bhfoirm eipeasóideach. In ETS is féidir an scéal a roinnt i seacht gcinn d'eipeasóidí: 'Buaileann Torolbh le Fionnabhartach; 'Cuardach Fhionnabhartaí'; 'Turas chun na hAfraice'; Bás Fhionnabhartaí'; Torolbh i dTír an tSneachta'; 'Torolbh sa Tír Tairngire'; 'Coill na Marbh.' Sa scéal ETM is féidir na heipeasóidí a roinnt mar seo: 'An Triúr ar scoil ar Inis na Muc'; 'Eachtraí ar Shliabh Challáin'; 'Cuardach a nAthar'; 'Tír na mBan gCíoch Loiscthe'; 'An Aonbhean i measc Thuatha Dé Danann agus na Féinne'; 'Diarmuid sa tóir ar an Aonbhean'; 'Bás an Triúir.'

Tá struchtúr eipeasóideach i gceist le ECRI chomh maith ach tá sé níos casta agus níl an plota féin chomh aontaithe is atá sé in ETS agus ETM. Ag trácht ar nádúr eipeasóideach ECRI scríobh Ní Mhaonaigh:

> This makes the tale more difficult to summarise since it appears as no more than a series of quests culminating in battles propelled by an all-pervading spirit of adventure. Unifying these episodes is the presence of the main character, Cod Mac Ioruaidhe, who along with his two brothers, Cead and Míchead, travels the world in pursuit of all manner of wondrous things and beings, becoming Rí an Domhain, 'King of the World', at the end of it...Despite its episodic nature and complex plot,

[98] *Ibid.*, lch. 24

> a well-thought out structure can in fact be shown to underlie ECRI; the tale was certainly designed by its author to function as a coherent entity.[99]

Tá idir phrós agus fhilíocht in insint ETS agus ETM, meascán a bhí coitianta go maith sa traidisiún. San anailís a rinne Ní Mhaonaigh ar ról na ndánta in ECRI, ní fhaca sí aon phátrún ar leith:

> In all, ten poems are scattered throughout the text in *ae freislighe* metre. However, no strict pattern is observable in the author's use of verse. Two of the poems are sea songs put into the mouths of the three brothers either directly before setting out to sail or when on the sea. Another two are spoken by Cod: one bemoaning his wounds, having slain the giant who captured Féithleann's step-sister, the other showing him in despondent mood after the treachery of the men of Inis Orc. Iollann likewise laments his foster-brothers in verse and in a dialogue with Cod reflects on what awaits them in Greece. Féithleann and Bethuine similarly resort to verse on occasion. In general, however, these poems cannot be said to add anything new. In the case of the final and longest poem of the tale, for example, where Buinne borb-thréan recounts his quest for the stone, the verse provides a synopsis of what has already been related in prose. As is the case with many other romantic tales, the poems in ECRI are to be seen primarily as a stylistic device.[100]

In ETS tá laoithe sa téacs agus ról ar leith acu san insint. Is féidir a thabhairt faoi deara go gcuireann an laoi deireadh le heipeasóid amháin nó tús leis an gcéad cheann eile. Den chuid is mó léirítear athrú suntasach ar shaol na bpearsan iontu, agus is sna laoithe a fhaightear na mothúcháin is láidre. Sa sampla seo a leanas tá Torolbh ar tí Críocha Lochlann a fhágaint de bharr an easaontais idir é agus an Rí: 'A Chríoch Lochla*nn*, l*ea*tsa slán/ ó inniu *go* brách, ní fhaicf*ead* thú/'s sc*aradh* leat, is cruaidh an cás /'s cas*adh* id dháil, *gan* agam súil.' (ETS 43-46) Sa chéad laoi eile tá Torolbh agus Fionnabhartach ar tí dul ar muir agus léirítear brón na hócáide inti: 'Slán libh a Thuatha shéimh Dé Danainn/ fhéil na gcéard nglan /A bhuíon sho-chroích, shéimh, shuairc / n*ár* thuill gruaim na m*ba*n.' (ETS 182-85) Am cinniúnach don laoch dob ea é nuair a fuair an laoch amach go raibh Fionnabhartach ar shlí na fírinne agus is leis an laoi a chuireann sé a bhriseadh croí in iúl:

[99] *Ibid.*, lch. 11.
[100] *Ibid.*, lgh 15-6

Dob uras aithn*e* dhamsa a bás / an u*air* d'fhágbhas slán ag s*ea*rc *mo* ch*roi*dhe / As *mo* shróin *do* thit braoin / d'fhuil mo chroidhe *mar* chomhartha léin.'(ETS 555-58)

Maidir le stíl, agus cúrsaí teanga, tá an-chuid samplaí sna téacsanna d'fhocail agus de fhrásaí a bhfuil feidhm reitriciúil ag baint leo, agus atá coitianta go maith sa rómánsaíocht. Is minic 'dála' ag tús abairtí: 'Dála Thorolbh, d'éir*igh go* moch arna mháireach *agus* d'ollmhuigh *féin* ch*um* taistil *agus* chum turais ar lorg na hógmhná' (ETS 37-8)/ 'Dála Cloinne Rígh na hIoruaidhe innistear sin seal eile (ECRI 58 ) Tá 'A haithle' coitianta go maith, go háirithe tar éis aithris na laoithe: 'A haithle na laoi, tug a thosach *do* mhuir *agus* a dheir*eadh do* thír *go* deorach *dob*rónach'(ETS 58) /'A haithle na laoi sin do chuaidh Cod fó'n bhfíodh coille ba chomh-neasa dó…'(ECRI 102) Nuair a bhíonn athrú suímh i gceist san insint úsáidtear frásaí den chineál seo a leanas: 'Ciodh t*rách*t ní haithristear a sc*éal*a a*cht gur* ghlan sí as radharc na hEorp*a agus gur* iompuigh soir *go* díreach *agus* d'fhág an treas rann *do* rannaibh *an do*m*hain* dá dtugthar an Afraic uirthe ar a lái*mh* chlí, *agus go* nd*ea*chad*ar* i dtír san dtaoibh theas *do* Ríoghacht na hIorua *agus do* shocruigh an long í *féin ar* feiste sa gcuan'(ETS 217-20)/'Ní haithristear sgéala imtheachta air, go ráinig Cathair Bhethuine..'(ECRI 142).

Féachfar anois ar an stíl a chleacht údair na scéalta rómansaíochta seo sa chur síos ar charachtair agus ar chathanna. I gcás na dtuairiscí ar mhná baintear úsáid as raon mór aidiachtaí a leagann béim ar a dtréithe fisiciúla. Nuair a bhuaileann Torolbh le Fionnabhartach den chéad uair sa choill, tá cur síos ar a háilleacht: '*Do* thug dá air*e* bean *don* triúr nách facaidh ar feadh a bheatha riamh roimhe a samhail, ar fheabhas a deilbhe *agus* a d*éa*namh, a hi*nn*eall *agus* a héagcosc.'(ETS 7-9) Nuair a bhaineann sé amach Fionnabhartach arís i dTeamhair deirtear linn gur '*do* chi*nn* ar a raibh a*nn* i ndeilbh, i scéimh, i ndreach *agus* i nd*éa*na*mh*, *agus* ar fhaicsin *dó* níor fhan lúth ná tap*a* ná urlabhr*a* ann a*cht mar* chloich le crann.' (ETS 124-26) San Afraic déanann bantracht an Rígh

iontais d'áilleacht Fhionnabhartaí: 'Ní mór d'fheithea*mh* ná *do* fhriotháilea*mh do*-rinn*e* an bhant*racht* míscéimheach sin a*cht* d*éa*na*mh* ion*gan*tais *agus* uathbhás *don* mhnaoi si*n do* bhí 'na suidhe, ná facad*ar* riamh roimhe. *Dob* uathbhásach leo an ghile *do* bhí ina corp *agus* an deirge *do* bhí ina gruadh, *agus* an fhad *agus* an fhille bhí ina folt.' (ETS 333-36)

Ní fada in aon chor an méid sin ón gcur síos seo a leanas ar bhean na loinge in ECRI:

> Ní tháinig aisti acht aon bhean, ba áilne cruth, dealbh agus déanamh, ineall agus éagcosg, de mhnáibh an domhain go hiomlán. Is amhlaidh do bhí an inghean sin agus calladh d'ór áluinn Aifrice fa n-a ceann agus é ar n-eagradh go ceardamhail de chlochaibh buadha Phárthais Adhaimh, agus folt fada, for-órdha for a ceann, anuas tar ghuallaibh na h-óg-ríoghna sin. Ba dheirge nó bláth na partuinge a béal, agus amhail ba fras de neamhanaibh a dead ina ceann agus rosg gorm gaireachtach aici, agus í ciúin miocaire deagh-chómhráidhteach milis-bhriathrach, agus brat den tsról na timchioll, agus dealg dearg-óir ar loscadh i mbrollach an bhrait fhír-bheannaigh sin. (ECRI 52)

Tá cuntais ar na laochra agus na cathanna mar dhlúthchuid den insint sna scéalta rómánsaíochta. Is é an cath a chuireann an plota chun cinn agus is de bharr imeachtaí an chatha a thagann claochló ar charachtair agus ar an saol. Ó thaobh na stíle de leanann na cathanna cuid de na pátrúin chéanna. Deir Ní Mhaonaigh: 'Battle accounts often begin with some mention of the weapons involved on both sides, followed by a detailed, alliterative account of the encounter itself.'[101] I measc na samplaí is fearr in ETS tá cath deireanach Thoroilbh ina bhfuil sé ag seasamh le Rí Thíre Thairngire in aghaidh an ghaiscígh ón Domhan Thuaidh. Cath cinniúnach dob ea é 'ina raibh ríogha*cht* comhachtach le cailleamhain nó ríogha*cht agus* inghean rígh le buadhchain.'(ETS 748-49) Sa sliocht seo as ETS tá cur síos ar an laoch roimh dhul sa chath, sampla maith den stíl a fhaightear sa chur síos ar chathanna:

> *agus* is é cuma *do* bhí an lá sin air: lúireach maiseach mínlúbach órchiumhsach gealchruaidh ós cionn iorradh *agus* éide air. Éide éasca éadrom bhaillsceach cuanbholgach grabhálta *don* ghealchruadh c*éadn*a air, *agus* clogad cruinnchluthmhar cathbhuadhach crosach craobhach ciomhrac caomhdhathach *don*

[101] *Ibid.*, lch. 17

> chruadh ch*éadn*a, *agus* gríobhingneacha, i bhfíormhullach an chlogaid si*n*, ag déana*mh* scáith *agus* foscadh dó. (ETS 755-60)

Ina dhiaidh sin gluaiseann an scéal i dtreo an toirmisc ar láthair an chatha go dtí go dtugann na naimhde faoina chéile:

> Lena linn sin tugad*ar* an dís lánláid*ir* sin ón dá chuid *ba* sia *don* domh*an* ó chéile rian urchair dá sleaghaibh sleamhna slinnghearra fá choirp *agus* fá cholla a chéile io*nnas nár* mhó blaidhm toirnighe ná an torann *do*-rinneadar ag bris*eadh agus* ag raobadh an aeir reompa. (ETS 776-79)

Sa mhéid sin thuas bhí an Coimíneach ag cumadh de réir an traidisiúin, mar a léireoidh an sliocht seo a leanas as ECRI:

> Agus níor aithin iad, óir do chlaochlaigh dath dealbh agus déanamh na bhfear dob fhearr deilbh inneall agus éagosg d'fhearaibh an domhain go hiomlán, óir do mhear-lasadar a súile 'na gceannaibh, agus do choim-éirgheadar a bhfuilt 'na gcolgsheasamh, ionnús go bhfanfadh mion-úbhall mó mór-áirne ar bharr gach aon roinne d'á bhfoltaibh craobh-sgaoilte. Acht atá ní cheana do chreathnadar a gcuirp 'na gcath-éidibh agus do choim-dheargadar a ngruadha donn-bhreaca....Is ansin do thug Cod borb-ruathar riogh-laoich agus príomhghaisgighidh tríd na cathaibh sin, nó go rainig fá chomhair an chatha a raibh Rígh na Sorcha, agus níor chonailbheach ná cáirdeamhail fáilte na deise deagh-laoch sin d'á chéile, agus thugadar achu san garbh-ghéar an-iarmhartach d'á sean-armaibh d'á chéile. (ECRI 88-90)

### 3.5 Téama an Laochais

Má bhí an Coimíneach ag saothrú laistigh de theorainneacha an traidisiúin, tá sé le sonrú go ndearna sé a chuid féin den ábhar agus gur fhág sé a rian sainiúil féin ar an insint. Ba mhaith liom sa chuid seo anailís a dhéanamh ar théama an laochais in ETS. Léireofar anseo nach ag teacht go hiomlán le traidisiún na scéalaíochta dúchais a bhí an Coimíneach agus an téama seo á fhorbairt aige ina chuid scéalta. Ina staidéar ar rómánsaíocht na Gaeilge deir Bruford nach bhfuil na laochra mar a fhaightear iad sa rómánsaíocht Ghaeilge ar aon dul leis na ridirí tipiciúla a tháinig chun cinn i scéalta na hEorpa sna meánaoiseanna. Déanann sé tagairt do Henry Chaytor a scríobh:

> All this imaginative literature which was read or heard from one end of Europe to the other is marked by two essential characteristics; it is based upon religious sentiment and beliefs, and the ideal upheld is that of the knightly virtues. The knight is the vassal of God, as of his earthly overlord, and earthly love, in its highest manifestation, is a reflection of love divine.'[102]

Sa sliocht seo a leanas ag Bruford léiríonn sé nach raibh an cineál seo Críostaíochta ina fhráma morálta sa scéalaíocht dhúchais:

> The hero of CRI (*Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe*) is quite ready to rob a corpse which he comes on by chance. Defeated enemies often have their heads cut off when they are down, and in the late *Sgéalta Rómánsaíochta* women and even men kill bound enemies in vengeance long after their capture. Women are treated just like men if they take up arms or magic against the heroes – except that, as in EBD (Bruidhean Eochaidh Bhig Dheirg), they may also be raped. Loyalty – to a group like the Fenians, or after an oath to a chosen leader or a conqueror – is a normal feature, but it hardly follows the feudal ideal of fealty. Much of the interest of the fenian cycle depends on the strained relations between Goll and his captain Fionn, and Fionn and his King Cormac. Cod and his brothers in CRI attack their overlord, the King of the world, not because of any just grievance but simply because he is an obstacle to their further conquests: and their attitude of confidence in nothing but their own strength is typical of the heroes of most Romantic tales. [103]

Nuair a chuirtear an méid sin thuas san áireamh i gcás ETS tabharfar faoi deara go bhfuil athshamhlú á dhéanamh ag an údar ar nádúr an laochais. Má fhéachtar ar an bpríomhcharachtar, Torolbh, is féidir a rá go bhfuil sé ina thíp mhorálta, ach feicfear go bhfuil éabhlóid agus claochlú i gceist ó thús deireadh na hinsinte, agus go bhfuil leagan éigin den Chríostaíocht mar bhunchloch san éabhlóid mhorálta seo. Sa scéal seo téann an Coimíneach i ngleic le paradacs a bhaineann leis an laochas: cé gur duine morálta, eiticiúil é Torolbh, is saighdiúir fíochmhar é ag an am céanna agus tagann an choimhlint inmheánach seo chun buaicphointe i dtreo dheireadh an scéil.

Go luath sa scéal cuirimid aithne ar Thorolbh mar dhuine a bhfuil prionsabail láidre mar dhlúthchuid dá dhéantús. Nuair a fhaigheann an rí amach go bhfuil galar an ghrá dá chéasadh, deir sé leis, go neamhbhalbh, go gcaithfidh sé a chuid seafóide a chaitheamh

[102] Bruford, lch. 25
[103] *Ibid.*, lch. 26.

uaidh agus glacadh leis an gcleamhnas a dhéanfar dó. Leanann Torolbh, áfach, mianta a chroí, agus tá sé sásta maoin an tsaoil a fhágaint ina dhiaidh. Nuair a thagann sé go hÉirinn sa tóir ar Fhionnabhartach tagann sé os comhair maithe agus móruaisle na hÉireann atá bailithe le chéile i dTeamhair. Léiríonn sé umhlaíocht ina láthair agus is fonn síochána seachas troda atá air. [104]

Tar éis dó Fionnabhartach a phósadh agus seal a chaitheamh in Éirinn, deir Torolbh '*go* rachfadh *féin* a' glacadh tuilleamh *agus* tuarastal *mar* gheall ar a ghoil *agus* ar a ghaisce *go* tír eigin *oile do* rannaibh an *do*m*hain,* ó bhí a thír *féin* .i. Críocha Lochlann ina fásach air'(ETS 167-69). Cé gur fear síochánta é tá mianta an tsaighdiúra go smior ann. Imíonn siad chun na hAfraice, áit a léiríonn sé, ar leibhéal amháin, saintréithe an laoich sa mhéid is go bhfuil fíochmhaireacht an tsaighdiúra á nochtadh sa troid a dhéanann sé ar son Rí na hIorrua. Ní fada, áfach, go dtagann a chód morálta is eitice chun cinn san insint. Tá sé, ag an bpointe seo, ina laoch caithréimeach agus tá síocháin idir é agus an rí. Tar éis dóibh seal a chaitheamh i bhfochair a chéile i mbun ceiliúrtha, iarrann an rí ar Thorolbh Fionnabhartach a thabhairt dó mar leannán, agus mar chomhartha buíochais do Thorolbh bronnfaidh an rí caoga bean dá bhantracht féin air. Filleann Torolbh ar a bhean chéile agus insíonn sé a scéala di. Déanann sé deimhin de go bhfuil sí curtha ó bhaol agus ansin filleann sé ar an rí chun é a mharú. Is mar thoradh ar an éagóir nó ar an bhfeall atá déanta air a théann se i mbun an fhoréigin. Níl aon shampla againn den laoch ag dul i mbun foréigin gan chúis. Tar éis dó ceannas a fháil ar an tír cuireann sé cuid mhór den éadáil agus den saibhreas chuig Mac an Dagha in Éirinn. Is é seo an dara huair sa scéal a léiríonn sé easpa spéise i maoin an tsaoil. Chomh maith leis sin is díol suntais é nach léiríonn sé aon suim i gcumhacht pholaitiúil ná mhíleata.

[104] I gcomhthéacs na Lochlannach mar charachtair i scéalaíocht na hÉireann is casadh é seo, mar, den chuid is mó, is ionann iad agus an t-olc agus mí-ord sóisialta. Féach Reidar Th. Christiansen, *The Vikings and the Viking Wars in Irish and Gaelic Tradition* (Oslo: I Kommisjon hos J. Dybwad, 1931)

Tar éis dó a fháil amach go bhfuil Fionnabhartach ar shlí na fírinne tagann claochló ar Thorolbh agus tá sé go mór faoi scamall bróin is duaircis. Mar thoradh ar a bhriseadh croí tógann sé cinneadh scaoileadh faoi dhomhan an oirthir chun a shaol a chaitheamh i mbun na saighdiúireachta gairmiúla. Tá an chuma air, ag an bpointe seo, nach mbeidh ann ach marfóir gan phrionsabail ag siúl bhóithre an domhain. Tar éis dó turas mara a chur de baineann sé amach Tír an Óir; áit ina bhfuil an rí 'i ngabhadh *agus* i gcruadhdháil ag Ard-Fhlaith na hIndia.'(ETS 611-12) Tá Torolbh lánsásta teacht i gcabhair ar an rí agus dul sa chath ar a shon. Tar éis an bhua a fháil ar Rí na hIndia deir an rí leis 'a thuarastal *do* cheapadh, *agus* dá bhfanfadh aige *féin go* dtiobhr*adh* leath a ríogha*cht*a dó ar f*eadh* a bheath*a féin agus* an leath *oile* dó tar éis a bháis.'(ETS 688-90) Arís, léiríonn sé easpa suime sa saibhreas agus is amhlaidh nach bhfuil aon leigheas ar an gcrá croí a lean bás Fhionnabhartaí. Ag deireadh na heipeasóide tagann Torolbh ar chinneadh 'tuill*eadh don* domh*an do* shiubhail dá fhéachaint cé an áit is mó *do*-gheabhadh suaimhneas ón mbuaireamh aigne *do* bhí *air*.' (ETS 701-03) Ag an bpointe seo san insint tá fuascailt aigne nó spioradálta ón laoch agus tá sé le tuiscint go bhfuil sé anois ar oilithreacht chun an sprioc a seo a bhaint amach, seachas ar chamchuairt fhánach gan bhrí.

Sa chéad eachtra tagann Torolbh i gcuan i dtír 'taitneamhach taobh áláinn, tairngir*e*' (ETS 705), ach más álainn í an tír 'tug fó deara smúit dhorcha dhólásach in aghaidh gach nduine *don* teaghlach *agus* in agh*aidh* an rígh *féin*.'(ETS 708-09) Faigheann Torolbh amach go bhfuil easaontas an-mhór idir an rí sin agus Rí Thíre an tSneachta. Arís tá Torolbh ina shlánaitheoir ar mhuintir na tíre, ach ní ar son na héadála a throid sé. Ag deireadh an chatha seo agus an namhaid sínte marbh, buaileann splanc léargais é. Is gné den oilithreacht go dtagann an t-oilithreach ar thuiscint nua air féin agus go ndéanann sé athbhreithniú iomlán ar imeachtaí a shaoil. Féachann Torolbh ar an gcorp marbh agus é 'ina chonablach ar lár an mhach*air*e chum bheith ina bhia *agus* ina bh*ea*thadh ag éanl*aithe*

an aeir *agus* beithidhigh éigciall*ta* na talmhan, *agus gur mar* sin *do* bhiadh i ndán dó *féin* bh*eadh* lá éigin oile.' (ETS 796-98). Ag an nóiméad sin gheall sé dó féin 'ná doirtfeadh ní *ba* mó d'fhuil daoine. (ETS 800) San athrú meoin seo tá againn pointe éabhlóide i dtraidisiún na rómánsaíochta féin, rud a d'aithin Breandán Ó Doibhlin sa chuntas gairid aige ar an scéal: 'B'fhéidir, áfach, gurb é an ghné is nuálaí ann an diúltú do chultas an fhoréigin agus an phléadáil ar mhaithe le síocháin agus le carthanacht.'[105] Tá, i gcomhthéacs an chúlra scéalaíochta, frithlaoch cruthaithe ag an gCoimíneach sa tslí go ndí-thógálann sé roinnt de sheanthréithe an laoich dúchais.

Ar an oíche sin tagann Fionnabhartach chuige i mbrionglóid agus iarrann sí air éirí as saol an tsaighdiúra agus tabhairt faoi Choill na Marbh, áit a bhfaighidh sé 'fortacht ann' (ETS 821). Déanann sé amhlaidh, agus '*agus* ní dhearn*aidh* cómhnaidhe leis *do* shiubhal lae ná oidhche *go* ráin*ig* Coill na Marbh. *Ba* dochrach anróit*ea*ch aimhréidh an áit sin.' (ETS 832-34) Le linn an chéad oíche ann d'fhan sé 'fá scailp carraige *go* tuirseach suaite tar éis a thurais.' (ETS 838-39) Nuair a d'éirigh sé an mhaidin dar gcionn chuaigh sé isteach sa choill agus bhuail sé le fear eile agus chuir siad iad féin in aithne dá chéile. Giúdach ab ea an fear eile. Thug an fear seo faoi deara nach don chreideamh cóir é Torolbh. Tháinig aingeal i láthair na beirte agus do chuir sí comhairle ar Thorolbh. Ina dhiaidh sin feicimid an t-iompú creidimh nuair '*do* theagasc é in urnaighthe *agus* in airteagail an chreidimh chó*ir* é, i*onnas gur* bhinne ná ceol síoth iad *ar*aon ag sinni*m* psalma *do* Dhia *uile*chomha*cht*ach' (ETS 855-57). Tá, sa chuid seo den scéal, macallaí láidre ón mBíobla. Tagann iompú Phóil ar bhóthar Damascus chun cuimhne; cuireann an iargúltacht agus an chabhair ó aingeal an daichead lá a chaith Íosa Críost sa bhfásach in iúl. Ag an deireadh ar fad agus é ag ullmhú don bhás tá gairdín Getsemene le brath san insint. Agus é ina uaigh clúdaíonn aingeal é le leac chloiche, radharc nach bhfuil rófhada ón gcur síos ar

[105] Breandán Ó Doibhlin, *Manuail de Litríocht na Gaeilge Faisicil V 1704-1750*, lch. 123.

Íosa Críost agus é á chur, rud a thug Ó Doibhlin faoi deara: 'Maidir le Críostaíocht, ina dhiaidh sin, tá macallaí soiléire d'adhlacadh Chríost le brath ar an adhlacadh sollúnta a thugtar don laoch Torolbh, tuama á ghearradh sa charraig, agus aingeal ag rolladh liag ollmhór chloiche le béal na huaighe.'[106] Tá sé spéisiúil nach luann an t-údar cad é go díreach an creideamh ceart. Giúdach is ea an fear eile ach ní deirtear go nglacann Torolbh leis an nGiúdachas mar chreideamh. Tugann an cur síos ar an mbeirt 'ag seinm psalmach do Dhia' le fios go mb'fhéidir go raibh Protastúnachas an Choimínigh ag teacht chun solais san insint. Is fiú cuimhneamh go raibh an Coimíneach ag dul san aos nuair an chum sé an scéal, agus d'fhéadfaí a cheapadh go raibh cúrsaí creidimh agus smaointe ar an saol eile chun tosaigh ina aigne. Scríobh Ó Doibhlin:

> Ba dheacair a rá an bhfuil aon choibhneas idir an méid sin agus dearcadh pearsanta creidimh Mhicheál Coimín, Protastúnach más fíor don traidisiún. Ach is cinnte gur léiriú é ar oscailteacht aigne a ba mhó a shamhlófaí le lucht intleachta Ré na Léargas (lasmuigh d'Éirinn ar aon nós) ná leis an chinnteacht agus leis an bhfainiceacht a ba chomharthaí sóirt d'iarsmaí chogaí an reiligiúin san 17ú haois.[107]

### 3.6 Téama an Ghrá

Mar is léir ón méid sin thuas tá an scéal grá idir Torolbh agus Fionnabhartach ag croílár na hinsinte. Sa chuid seo déanfar anailís ar an téama in ETS agus ar an tslí a dhéanann an Coimíneach an téama seo a ionramháil san insint. Tá na dánta grá agus na hamhráin ghrá ina ndlúthchuid de thraidisiún liteartha na Gaeilge agus mar fhile bhí an Coimíneach sáite sa traidisiún sin. Más mórthéama de chuid na filíochta é an grá, is féidir an rud céanna a rá i dtaobh an phróis. Níl aon staidéar cuimsitheach déanta ar fhorás agus éabhlóid an ghrá laistigh de thraidisiún an phróis agus an tslí go ndeachaigh an léiriú ar an ngrá sa phrós agus san fhilíocht i bhfeidhm ar a chéile. Scríobh Cathal Ó Háinle go raibh ról níos lárnaí,

[106] *Ibid.*, lch. 124.
[107] *Ibid.*

ná mar a measadh, ag na scéalta rómánsaíochta a tháinig ar an bhfód sa 15ú haois i mbláthú thraidisiún na ndánta grá:

> Bheadh fonn ormsa a cheapadh gur sa 15ú céad a tháinig filíocht na hÉireann faoi anáil an chórais choillte sin. Is san aois sin a tosaíodh ar scéalta eachtraíochta agus rómánsaíochta na hEorpa a aistriú go Gaeilge, ar leaganacha Gaeilge díobh a cheapadh agus ar bhunscéalta Gaeilge a bhí ar aon dul leo a chumadh. Agus ní bheadh lá iontais orm dá mba ag an am céanna sin a tháinig córas léannta na filíochta grá i dtír i gceart in Éirinn, agus fiú gur in éineacht leis na scéalta rómánsaíochta agus tríothu a tháinig sé.
>
> Sampla spéisiúil is ea an scéal rómánsaíochta *Eachtra Uilliam*. Cumadh an scéal sin i dtosach i véarsaíocht Fraincise (bunaithe ar leagan Laidine éigin) faoi dheireadh an 12ú céad agus rinneadh leagan próis Fraincise de faoi thús an 16ú céad. Thart ar 1350 rinneadh leagan véarsaíochta i mBéarla den scéal agus thart ar 1520-1535 bhí leagan próis Béarla ann. Is dóigh le Cecile O'Rahilly go bhféadfadh an leagan Gaeilge dul siar go dtí an 16ú céad agus go bhfuil sé bunaithe ar leagan éigin próis Béarla. Ós rud é go bhfuil idir phrós agus fhilíocht sa ghnáthscéal Gaeilge, chuir údar an leagain Ghaeilge den scéal seo dánta mar chomaoin ar an leagan a rinne sé de. Níl sna dánta ach athfhriotal ar na paistí comhrá a thagann rompu sa scéal. Trí cinn de na dánta grá a d'fhoilsigh Tomás Ó Rathaile (DG 15, 56 agus 64) is dánta as an scéal sin iad (agus is as an scéal sin freisin dán 11 in *Measgra Dánta I*.) Mar a tharla i gcás go leor dánta eile, scaoileadh na dánta sin ón scéal agus tá siad le fáil go neamhspleách sna lámhscríbhinní. Tharlódh sé gur ar an gcaoi sin a cumadh go leor de na dánta grá.[108]

San ochtú haois déag is eisceacht é an Coimíneach sa mhéid is gur chum sé amhráin ghrá mar fhile agus go raibh an grá mar théama aige sa phrós. Tá aitheanta ag Bruford mar gheall ar rómánsaíocht an Choimínigh: 'Coimín's two romances are virtually sentimental novels on the English pattern.' Is cinnte go bhfuil maoithineachas le sonrú, go háirithe in ETS, sa léiriú ar an ngrá idir Torolbh agus Fionnabhartach. Sa nóta atá ag Ó Doibhlin ar ETS scríobhann sé go bhfuil 'éabhlóid ar an traidisiún le brath ann' agus go 'dtugtar tábhacht áirithe do chomhghreim na gcarachtar lena chéile agus don choibhneas eatarthu, agus is íogaire a chaitear lena gcéadfaíocht inmheánach na an gnáthrómáns traidisiúnta.'[109]

[108] Cathal Ó Háinle, 'Na Dánta Grá', in *Promhadh Pinn*, lgh 10-36 (lch. 18)
[109] Ó Doibhlin, lch. 123.

Sa mhéid sin thuas tá sé léirithe go raibh ról lárnach go maith ag Fionnabhartach sa scéal seachas mar a bhíonn ag mná, de ghnáth, i dtraidisiún na rómánsaíochta. Go ginearálta, ní bhíonn aon ról róghníomhach ag an mbean ach mar chleas liteartha chun tús a chur leis an eachtra. Bíonn sí tríd an insint mar bhé agus mar chrann taca don laoch is é i mbun na gaiscíochta. Tá cuid de sin fíor i gcás Fhionnabhartaí ach de réir mar a théann an insint ar aghaidh tagann forbairt uirthi agus ar an ról atá aici sa phlota.

Ag oscailt an scéil tá sé sin i gceist nuair a leagann an laoch súil ar an mbean den chéad uair. Is fiú an chomparáid a dhéanamh le ECRI arís, rud a chaithfidh solas ar thraidisiúnachas an Choimínigh ag an bpointe sin den scéal. Chomh maith leis sin aithneofar tréithe a shamhlaítear leis na dánta agus leis na hamhráin ghrá.

In ECRI tá 'na fir óirdhearca-sa do sheilg ar oileán na n-éan, de'n taobh ba thuaidh de'n Ioruaidh: Is amhlaidh atá an t-oileán sin agus fiodh cluthar glan coille de thaobh dé, agus muir de'n taobh eile dhé' (50). In ETS tá Torolbh '*ar* bhruach Chuan na Beirbe Lochlannaighe, ag féachaint ar na to*nn*a taibhseacha torannmhóra ag bris*eadh* re sleasaibh an chalaidhthe *agus* ar ainmhinntí uathbhásacha na fairrge; ag imirt *agus* ag súg*radh* le chéile ar dhruim na dtonn gcorracha gcubharbhána soin' (ETS 2-5). In ECRI feiceann an triúr an bhean 'ba áilne cruth dealbh agus déanamh, ineall agus éagcosg de mhnáibh an domhain go hiomlán.' Tagann triúr ban i dtreo Thoroilbh ach '*Do* thug dá air*e* bean *don* triúr nách facaidh ar feadh a bheatha riamh roimhe a samhail, ar fheabhas a deilbhe *agus* a d*éa*namh, a hi*nn*eall *agus* a héagcosc' (ETS 7-9). Sa dá scéal imíonn an bhean as radharc uatha agus filleann siad abhaile 'go dubhach, dobhrónach.' I gcás Thoroilbh, áfach, tá sé i mbaol báis, téama atá coitianta i bhfilíocht an ghrá. Sa dá scéal déanann Rí na hIorruaidhe iarracht a fháil amach cad é atá orthu. Is é galar an ghrá atá ar Thorolbh ach in ECRI tá an triúr faoi gheasa. Tá an difríocht sin spéisiúil inti féin sa mhéid is go mbíonn galar an ghrá sa bhfilíocht agus tá an geasa níos coitianta sa scéalaíocht, luaim *Tóraíocht Dhirmada agus*

*Ghráinne*, mar shampla. In ETS iarrann an rí ar Thorolbh teacht chuige féin agus dearmad a dhéanamh ar an mbean. Ní ghlacann Torolbh leis an gcomhairle agus bailíonn sé leis ar thuras farraige i ndiaidh na mná, rud a chuireann tús leis an eachtraíocht. I gcás an triúir tá an rí sásta scaoileadh leo chun na farraige: 'A Chlann,' ar sé 'na bíodh na geasa sin de cheist oraibh-se,' ar sé, 'óir cuirfeadsa loingeas lán-mhór libh, chosanas ceannas gach a críche go coitcheann agus rígheacht gacha h-oileáin gan imreasan no go siúbhlaidh sibh an domhan'(ECRI 54). Nuair a thagann Torolbh faoi dheireadh go dtí Teamhair, tá againn an cur síos coinbhinsiúnta ar a háilleacht i measc na bantrachta a bhí bailithe ar an láthair sin. Tar éis dóibh bualadh lena chéile athraíonn a híomhá ó spéirbhean chiúin, álainn go dtí bean atá gníomhach mar charachtar, atá in ann cinneadh nó rogha a dhéanamh. Nuair a deir Torolbh go rachaidh sé ar thuras mara chun dul i mbun na gaiscíochta, tugann an insint le fios gurbh í Fionnabhartach féin a chinn go raghadh sí leis. Ní léir go raibh aon iachall ná ceangail uirthi imeacht. Mar a chonaiceamar chuaigh Torolbh i gcomhairle léi nuair a rinne an rí iarracht í a thógáil uaidh. Léiríonn an sliocht seo a leanas go raibh sé lárnach in ullmhú an phlean:

> *Do* aithris *do* Fhionnabhartach na sc*éa*la bhí aige *agus* d'iarr co*mh*airle uirth*e* insa gcás sin, cr*éad ba* maith *do* dhéanamh. Ar gclos an scéil sin *don* ríoghan is beag nár éag sí ar an láth*air* sin *agus* an ua*ir* d'éir*igh* sí as a néalta *agus* tháin*ig* sí chúich*e* *féin*, adubh*air*t: "a Thoroilbh," ar sí, "ní *bhfuil* a*cht* dá nídh le d*éa*na*mh* againn sa*n* gcás so, a*cht mar* atá, sinn *féin* d'imth*eacht* as an tír seo, *go* háirighthe mise d'imth*eacht*, ó*ir* caillfios thusa *gan* aimhreas *mar* gheall o*r*msa, *agus* sin mise marbh, *agus* ó mise d'imth*eacht* as *do* radharcsa *gan* aimhreas ní bhiadsa beo, Gidh*eadh* biadh tus*a gan* ainíochain *mar* gheall ar mise d'imth*eacht*, *agus* ar an ádhbhar sin, racha t*ar* n-ais *go* Éir*inn* arís ar choingheall *go* leanf*a* tusa mé f*é* chionn lá *agus* bl*ia*na." "Beir buadh leat, *agus* beann*acht*," ar *Torolbh*, "ó*ir* si*n* an nídh *do* bhí im aigne *féin* a*cht* scáth mór a luadh leat, *agus do* bhiadhainn anois in éinfh*eacht* leat, a*cht* tar ór na cru*inn*e, nách fágfainn an tír seo nó *go* scoiltfidh mé a chroidhe ina chliabh *don* rígh claon-ch*ea*lg*a*ch *do* mheas tusa *do* bhuain díom, *gur* mé *do* shocruigh ina ríogh*acht* é. (ETS 352-64)

Tá mír san insint ina dhiaidh sin ina bhfuil Fionnabhartach ag filleadh ar Éirinn ach ar an mbealach di abhaile 'ghlac taom tinnis Fionnabhartach ó bheith taobh trom torrach di.' Sa

chás seo tógann sí féin cinneadh dul i dtír in áit éigin. Go gairid ina dhiaidh sin baineann sí amach Tír na mBan gCíoch Loiscthe, áit inar saolaíodh a hiníon, an Aonbhean, ach faigheann Fionnabhartach bás gan choinne ar an oileán mara seo. Mar atá léirithe cheana, tá ról aici ag deireadh an scéil, bíodh is go bhfuil sí marbh, mar chomhairleoir agus mar fhoinse inspioráide do Thorolbh is é ag saothrú an bháis.

# Caibidil 4

# Eachtra a Thriúr Mac (ETM) agus Béaloideas Chontae an Chláir.

## 4.1 An tAircitíop.

Sa chaibidil seo ar ETM díreofar ar chuid de na foinsí a bhí ag an gCoimíneach is é ag dul i mbun na ceapadóireachta. Tabharfar faoi deara go bhfuil an Fhiannaíocht agus béaloideas an Chláir le sonrú go láidir sa scéal seo. Caithfidh an anailís seo solas, ní hamháin ar ailtireacht an scéil ach ar léann an Choimínigh agus ar a phróiseas ceapadóireachta. Ar an gcéad dul síos tabharfar cuntas ar chuid den fhianaise sa bhéaloideas a thugann le fios go bhfuil an scéal bunaithe ar scéal aircitíopúil a fuair sé roimhe sa traidisiún. Sa suirbhé a rinne Bruford ar na scéalta rómánsaíochta do thug sé catalóg fhíorluachmhar dúinn ar na leaganacha scríofa agus ar na leaganacha a bailíodh ó bhéal de na scéalta rómánsaíochta. San anailís aige labhrann sé faoi na 'Romantic tales and their folk derivatives', agus i gcás an-chuid de na scéalta a bhí mar chuid dá staidéar féin deir sé gur shíolraigh na leaganacha béil ó bhunfhoinsí scríofa:

> In hope I have shown that in the case of many of the most popular Romantic tales there is no reason to doubt that extant manuscripts represent the archetype of both written and oral versions of the story with substantial accuracy. It is therefore possible to the take the form of the archetype, not to mention its approximate date and place, for granted, and concentrate on the ways in which oral transmission has changed it.[110]

I gcás an Choimínigh níor aimsigh sé aon leagan béil den dá eachtra, agus is cosúil nár fhág siad rian an-mhór ar an traidisiún béil. Ní féidir, áfach, a bheith cinnte nach raibh na scéalta á n-aithris ó bhéal am éigin sular cuireadh tús le bailiú an bhéaloidis i gContae an Chláir.

[110] Bruford, *Gaelic Folk-Tales and Mediæval Romances*, lch. 167.

Is cosúil gur mhair leagan aircitíopúil sa traidisiún go neamhspleách ar insint an Choimínigh, aircitíop, is cosúil, a bhí mar bhunchloch nuair a chuaigh Coimín i mbun pinn. Bhí leaganacha den aircitíop ar marthain go dtí lár an fichiú haois agus bhí sé ar eolas ag cuid de na caointeoirí deireanacha Gaeilge i gContae an Chláir. In Imleabhar a dó de *The Dialects of Co. Clare*[111] do bhailigh Nils M. Holmer roinnt leaganacha de scéal an triúir agus a ndeirféar, an Aonbhean. Sna leaganacha seo, ó bhéal, níl aon trácht ar an triúr mar bhaill de shliocht Thuatha Dé Danann; níl Torolbh, Fionnabhartach Diarmuid ná na Fianna luaite agus níl aon trácht ar na heachtraí eile ar fad atá in ETM. Sin é an fáth go gceapaim nach raibh an scéal, mar a bhí sé ag an gCoimíneach, mar fhoinse sa traidisiún a bhí ar eolas ag na cainteoirí seo. Níl ann ach bunailtireacht an scéil: cosaint na mná ó chaidreamh fir; an fuadach; agus bás tragóideach na ndeartháireacha nuair a chuaigh siad le haill ag an deireadh. Tá scéal an triúir mar chuid de dhinnseanchas an Chláir, rud a thugann le fios gurbh é an Coimíneach a bhí ag tarrac as foinsí ársa. Is iad Cruachán, Sal agus Daithlionn na hainmneacha a bhí ar thrí chathair gar do Cheann Léime, agus is féidir a bheith cinnte go maith go bhfuil na hainmneacha níos sine ná scéalta an Choimínigh. Is é seo a leanas cuntas O'Donovan ar na háitainmneacha seo:

> At about the distance of a mile within the Point of Leap-Head are three ancient forts, that on the north or Atlantic side built of stones and called Cahir-Crochan; the middle one, also built of stones, is called Cathir-Sall, immediately behind which - that is, between it and the head (cape) - is the foundation of a small Cahir called Cathair-na-h-aon-mhná; the one on the south or Shannon side is built of earth and called Dun Daithlionn. The origin of these Cahirs and Dun has been attempted to be explained by Michael Comyn of this County, who wrote a romantic tale, about the year 1760, entitled the Adventures of Turrolbh-Mac-Starain and of his three

[111] Nils M. Holmer, *The Dialects of Co. Clare, Part II* (Dublin: Royal Irish Academy, 1965) Ní mór dom a rá go bhfuil suirbhé níos leithne le déanamh ar bhéaloideas an Chláir chun a cuntas iomlán a thabhairt ar an scéal seo sa traidisiún. Mar a scríobh Gearóid Ó Crualaoich sa réamhrá a chuir sé le leabhar Westropp: 'From the Collector Index of the Commission Archive we learn that something in excess of 14,500 manuscript pages of Co. Clare folklore was assembled in the mid-20th century by a total of approximately 126 contributors and collectors of various degree.' Go dtí seo tá suirbhé déanta agamsa ar chuid den ábhar a bhailigh Seán Mac Craith in iar-dheisceart an Chláir (1954-5). Do bhailigh Tadhg Ó Murchú agus Séamus Ó Duilearga ábhar sa taobh sin den Chontae, leis. Féach: Patricia Lysaght, 'Documenting the Tradition: The Work of the Folklore Commission and Some of its Collectors in Co. Clare', eds., Matthew Lynch and Patrick Nugent, *Clare: History and Society* (Dublin: Geography Publications, 2008) lgh 541-588.

> sons, Crochan, Sall and Daithlionn, who, he says erected the above Cahirs and Fort (Dun) in a direct line across the neck of land within Loop Head for the purpose of protecting, or rather preventing, their only sister, who was called An Aon-Bhean, i.e., the Lone (only) Woman, from becoming the wife of any man, because it was prophesied at her birth, by Cathfa, the Druid of Conor Mc Nessa, that the lives of her brothers should terminate with the period of her espousal.[112]

Tugaim anseo thíos na leaganacha den scéal a bhailigh Nils Holmer. Baineann na leaganacha seo le hiardheisceart an Chontae:

> Triúr dritheáir agus drifiúr sin é mar d'airigheas é, ach ní'l a fhios agam an bhfuil sé ceart agam nó nach bhfuil, ach neosfad-se mar a d'airigh mé é.
> Dubhradh bhíodar na gcomhnaidhe i gcathair Cruacháin. Bhí buachaill i gCiarraighe ag éileamh an t-Aon-Bhean, ach ní bhfuigheadh sé í, bhí siad ag iarraidhe í a ghoid. Do chuir sé iarraidhe go minic teacht faoi na déin. Lá dhe sna laethanta bhí na dritheáireacha imthighthe aice. Anois, do bhí piast mhór mór thimcheall a …(?). Bhíodar saoite nár féadfadh aeinne teacht a thabharfadh chun siubhail í. Do nis an bhean feasa dhó (do'n bhuachaill i gCiarraighe) go raibh sé an m(h)aith indiu aige, go rabhadar imthighthe. Do thug sí blúire (de) choinneal dó agus ubhal. Dúirt sí leis an choinneal a lasadh agus a leagadh ar sheas na coraighe.
> "Má mhúchann an choinneal, tá tú réidh, ach mur múchfaidh, tá an lá agat." Tháinigh sé an allt treasna na h-Aill na gCroth. Do thug leis an t-Aon-Bhean san choraigh. Bhí an phiast na chodladh. Ní raibh sé i bhfad amachb san bhfairrge nuair a dhúisigh an phiast. Dúirt sí leis, " Dá ndúisigheadh an phiast, an t-ubhalll a chaitheamh agus má théigheann an t-ubhall i gcroidhe an phiast, tiocfaidh sé ar n-ais arís do bhais." Nuair a d'fhosacail sé a bhéal, do chaith sé an t-ubhal agus tháinigh an t-ubhal ar n-ais. Níor mhúch an choinneal. Do bhí an phiast ag caitheamh fuil a chroidhe agus do chuaidh sé go Ciarraighe leis an Aon-Bhean slán sabháilte. Do tháinigh na dritheáireacha a bhaile agus ní raibh sí rompa. Do bhí an fhairrge dearg le fuil. Bhí a fhios aca gu raibh sí imthighte aige. Do chaitheadar iad féin amach le h-Aill na gCroth ar nós ná beadh sé le casadh ag aeinne leotha gur fuadaigheadh an drifiúr uatha. Sin é mo scéal faoi mar a d'airigh mé é. Ní'l a fhios an bhfuil sé fíor nó bréag, (oir?) ní mise chúm é.[113]

> Bhí triúr dritheáir. Bhíodar na bhfearaibh ábalta agus bhí drifiúr aca. Chuadar ag troid le daoine móra, fiadhaine mar iad féineach. Air a tháineadar ar n-ais, bhí an drifiúr goitighthe uatha. Níor dhineadar ao'rud ach breith ar láimh a chéile agus chaitheadar iad féin amach leis an aill. Cruachán, Sál, Dailthean.[114]

---

[112] John O'Donovan & Eugene O'Curry, *The Antiquities of County Clare: letters containing information relative to the antiquities of the County of Clare collected during the progress of the Ordnance survey in 1839; and letters and extracts relative to ancient territories in Thomond* ( Ennis: Clasp Press, 1997)
[113] Holmer, *The Dialects of Co.Clare vol ii*, lgh. 7-9
[114] *Ibid.*, lch. 9

Dúirt Pádraig Ó Deá liom go raibh creathrar dritheáireacha ag maireachtáil i gCeann Léime anns an tsean shaoghal. Sé b'ainm dóbh Cruachán, Sál, agus Dailthin, agus fathach piast na fochair-se. Do bhí aon drifiúr amháin aca an raibh mar ainm dhí an t-Aon-Bhean. Bhí bitheamhnach gadaidhe fear i gCiarraighe agus bhí uaidh le pósadh (well, fuadughadh). Ní thabharfadh na dritheáireacha a ndrifiúr dó. Chuaidh sé go dtí bean feasa (agus d'iarr sé dí dé nós a bhféadfadh sé an t-Aon-Bhean a thoirt leis. Do nis sí dhó gu raibh tóir éicint ag teach tar ghaol dóibh agus do chuir sé fios ortha le h-ú conguamh a thoirt dó. D'imthigh siad ó Cheann Léime). Dúirt sí leis gu raibh tóir éicint ag teach tar ghaol dóibh agus nis sí dó ná beadh aeinne cimeád an t-Aon-Bhean ach piast. Fhuair bád agus dúirt sí leis, "Téir treasna na fairrge agus nuair a d'éireóidh an phiast le h-ú an bád a s(h)lugadh. Chaith sé an t-ubhal agus chuir sé isteach in a bhéal é. Agus scoilt sé na dhá leath. Bhí sé go maith annsin. Tháinigh sé ar tír agus thóg sé leis an t-Aon-Bhean. Nuair a bhí na dritheáireacha chúig mhíle, d'fhéach duine aca siar agus chonnaic sé béal na ribhéire craorac dearg. Níor bhac siad dol níos sia. D'ionntuigh siad ar n-ais. Agus nuair a tháinigh siad go dtí Caithrín na h-Aon-Bhean, "Tá míd creachta," arsa duine aca. Chuaidh siad síos go dtí an aill. Ghreamuigh siad ar láimh a chéile agus léim siad amach san bhfairrge. Sé an ainm a thá ar an áit sin ó chuin Aill na gCreach.

Ní raibh a fhios ag an bhfear ó Inis céard a bhain dóibh nuair nár tháiníodar le h-ú cómhnaidhe a thoirt dó. Well, chuaidh an fear aca go dtí bean feasa. Dúirt sí leis gur fuaduigheadh an t-Aon-Bhean uatha go dtí Ciarraighe. D'iarr sé dí, "Cé an nós a thabharfainn liom?" "Nior mhór duit bhieith i't bhuachaill maith," ar sí sin. Tá dritheáir agam-sa," ar sé sin, " agus tá creathrar mac aige." "An bhfuil siad go maith chun rith?" "Tá," ar sé sin. "Cad athá siad ábalta ar dhéanamh?" "An buachaill is críonna aca sé rud é gabha." "An bhfuil sé sin go maith ag rith?" ar sí sin. "Chuirfeadh sé set faoi chapall cosa i n-áirde ag dol thar ceárdchain." "Tá sé sin go maith," ar sí sin, "ach ní dhéanfadh sé an gnó." "Tá buachaill eile ann," ar sé sin. "Cad a thá sé sin ábalta ar dhéanamh?" ar sí sin. Tá sé comh tapa agus dá(?) dtabhairfeá tocht clúimh go dtí barr an chnuic is aoirde agus iad ag scaoileadh la gaoithe agus an clúimh ag scaoileadh leis an ghaoth, do bhaileodh sé gach aon ceann aca sul a mbeidís san ísleán." "Ní dhéanfaidh se sin an gnó," ar sí sin leithe, "ní'l aon mhaith ann," ar sí sin, "aach cad a thá an triomhadh dritheáir á bálta ar dhéanamh?" "Tá sé ábalta ar gearrfhiadh a choinneáilt istigh i bpáirc an mbeadh naoi n-acraí innte agus naoi mbearna innte." Thainigh se go dtí an bean feasa agus nis sé an scéal dí. "Ni dhéanfadh sin an gnó," ar sí sin. "Cad mar gheall ar an ceathramhadh dritheáir?" "Tá sé óg," ar sé sin. "Ná bac sin," ar si sin "b'fheidir go bhfuil sé tapa go maith. Téir," ar sí sin, "agus iarr de cad a thá se ábalta ar dhéanamh agus an bhfuil sé tapa." "Tá mé comh tapa," ar sé sin, "agus a shiúnnsáilfeadh bean ruadh a h-aigne. Nuair a dúirt se é sin leis an mbean feasa, dhín sí scartá gaire. "Sin é an buachaill a dhéanfaidh an gnó." Do chuaidh sé, an buachaill óg, go Ciarraighe, do'n áit an raibh an t-Aon-Bhean as. Nuair a chuaidh se isteach anns an lios, do scaoil sé tarbh amach ina choinne. Cheap an tarbh e bhualadh. Do léim sé amach balla mór árd agus léim an tarbh na dhiaidh. Leim sé isteach arís agus bhí sé ag léim isteach agus amach go leag sé an tarbh síos marbh.

(Níor mhór dó bheith tapaidh.) Scaoil sé na cuite na dhiaidh amach de dhruim an bhalla agus nuair a bhí an cú ag teacht ar an mballa, bhuail sé an cú le na chlaidheamh. Mharbh sé í agus dhín sé an rud céadna leis an da chú eile. "Bhí go maith agus ni raibh go h-olc," ar sé sin. Chuaidh sé isteach anns an lios agus thug se leis an t-Aon-Bhean do Chuntae an Chlair go dtí na muintir agus sin e mo scéal agat anois agus beannacht dílis Dé le anam na marbh.[115]

Bhí triúr dritheáir ag maireachtáil ann i gCathair Cruachá(i)n, Ba é b'ainm dóibh, Cruachán, Sál, agus Dailthean (bhí ar an dtriúr). Agus bhí drifiúr, bhí si ag maireachtáil le na n-ais i n-aite dtugann siad Cathaoir na Chuaille (?) air. Bhí gaiscidheadh i gCiarraighe d'iarraighe an t-Aon-Bhean a thabhairt leis. Bhi piast mhór mór thicheall Cheann Léime. Ni raibh aon aithghearr ag ao'rud teacht isteach ar an dtalamh. Well, bhí triúr gaiscidheach a bhí i gCiarraighe, nuair a fuair sé mithid, thainigh siad anall i mbád. Bhi úbhal mór aige agus bhuail se an phiast sin leis sin agus mharbh se í. Chuaidh sé isteach ann sin. Thug sé an t-Aon-Bhean leis. Well, lá ar na mhaireach ann sin nuair a bhíodar teacht a bhaile, chonnacuíodar an bhfairrge dearg le fuil agus dúbhradar siad go raibh an drifiúr imthighthe. Ghreamuíodar isteach a chéile agus chuadar go dtí an aill agus chaitheadar amach iad féin. Agus sé an ainm a thá ar an aill sin, Aill na gCreach.[116]

## 4.2 Topagrafaíocht agus Dinnseanchas in ETM

Sa chuid seo díreofar níos mó ar an tslí go mbaineann an t-údar leas as dinnseanchas an Chláir mar bhunchloch cheapadóireachta. Thug Proinsias Mac Cana míniú beacht ar an ngné seo den dúchais: 'The *dindshenchas* is, then, a corpus of traditions about single places, or, as Marie-Louise Sjoestedt has aptly described it: 'a mythological geography of the country.'[117] Maidir le seachadadh an dinnseanchais rud suimiúil dob ea: 'the propensity of the composers or redactors of the Dindshenchas to furnish side by side two or more quite different legendary explanations of a given place name without betraying any trace of unease or embarrassment at the evident conflict of verities.'[118]

[115] *Ibid.*, lgh 9-13
[116] *Ibid.*, lch 15
[117] Proinsias Mac Cana,' Placenames and Mythology in Irish Tradition: Places, Pilgrimages and Things' in Gordon W. MacLennan, ed., *Proceedings of the First North American Congress of Celtic Studies* (Ottwa 1982), lgh 319-41 (333) Féach, leis: Seán Ó Coileáin, 'Place and Placename in Fiannaigheacht'.
[118] *Ibid.*, lch. 334.

Do chuir Thomas Westropp suim sa scéal seo nuair a bhí béaloideas á bhailiú aige go luath sa bhfichiú haois. D'aithin sé, áfach, nach mar bhailitheoir a bhí an Coimíneach ag feidhmiú, ach mar scéalaí cruthaitheach: 'How far those of Comyn's stories without local attestation are genuine folklore is doubtful.'[119] Mar a chonaiceamar do chuaigh John O'Donovan i muinín ETM cúpla uair ina chuid litreacha don suirbhé ordanáis. Sa tráchtaireacht aige tagann rud éigin suimiúil chun cinn: an chodarsnacht idir meon an eolaí, atá sa tóir ar an tsanasaíocht stairiúil, agus aigne an scéalaí atá ag feidhmiú go cruthaitheach laistigh de thraidisiún nach bhfuil socair, buan ná teoranta. Sa sliocht seo a leanas ta léiriú ar mheon O'Donovan i leith ábhar seanchais i scéalaíocht an Choimínigh:

> The celebrated Cliffs of Mohar bound this Parish on the north west, and are so called from an old caher commonly called Mohar-Ui-Ruaidhin, i.e., the Ruined Rath, Lios or Caher of O'Ruaidhin. This Mohar or Ruin stood formerly on the northern cliff near the point of land called Hag's Head and was broken up some thirty years ago to supply materials for building the telegraph at the Head. I believe the present form of this name to be no older than about the year 1760, when Michael Comyn, a native Seanchaidhe, founded a wild Irish Romance on three remarkable localities in this neighbourhood, namely Mohar-Ui-Ruaidhin, Liscannor and Killstuitheen, a well-known reef of rocks that runs across the mouth of the bay here. In this romance Mr. Comyn attempted to derive these topographical names from three pagan brothers called Ruaidhin, Ceannir and Stuiffeen, the two former occupying Moher and Liscannor, and the latter an enchanted palace in the mouth of the bay, over which he had power to draw a watery veil whenever he wished or occasion required. On a certain time, these brothers made a plundering excursion into the extreme west of the Co. of Clare and carried away a large prey from three brothers who lived at Loop Head who, on discovering their loss, gave chase (pursued) to the plunderers and overtook them not until they arrived at the mouth of the River Eidhneach, just as they were stepping in on their own Territory. The pursued immediately turned their prey in upon a little island which stood to the north of the river (now vanished, but the place still retaining the name of Creach-Oileán or the Island of Plunder - Prey) and turning about on their pursuers, a bloody conflict ensued in which the plunderers with all their adherents were killed, and their dwellings in return, plundered and demolished, Stuiffeen's excepted, who, on his leaving home took the precaution to draw the sea over his mansion and not leaving the secret of removing with any of his people in the town, there it and they remain ever since, with the waves eternally breaking over them, and seen from the land and by some of the fishermen once in the seven years. It is strange that Comyn did not see the inconsistency of mixing up the name of a Pagan man with a Christian ecclesiastical term, as Kilstuiffeen must surely mean the Church of

[119] Thomas J. Westropp, *Folklore of Clare: A Folklore Survey of County Clare and County Clare Folk-Tales and Myths* (With an introduction by Gearóid Ó Crualaoich) (Ennis: Clasp Press, 2000)

> Stuiffeen and clash as a cotemporaneous pagan term with Lios and Mohar. But we have better evidence for the derivation of the names of Mohar and Kilstuiffeen than anything that could be produced on the subject by Mr Comyn, or I believe any of his contemporaries.[120]

Sa chéad chuid de ETM tá an triúr mac ag tarraingt ar aois fir agus iad fós 'fá chúram' an Ghruagaigh. Go luath sa scéal iarrann an Gruagach ar Mhac an Dagha, athair críonna na mbuachaillí, cead a thabhairt dóibh freastail ar scoil de chuid Thuatha Dé Danann atá ar 'in Inis na Muc, ar a dtugth*ar* anois Inis Caorach .i. oileán beag aoibhinn aerach atá san bhfairrge trian slighe id*ir* Ceann Caillighe *agus* Léim Chon gCuillionn, as los an oileáin bhig sin bh*eadh* uaigneach in iomall na tíre i bhfad ó ghleo daoine.' (ETM 909-12). Ag an bpointe seo san insint imíonn an t-údar ón bplota chun píosa dinnseanchais a thabhairt ina bhfuil cuntas ar Inis na Caorach agus ar an oileán taobh leis, Oileán an Mhatail:

> Iar ndíb*ir*t Fhearaibh Bolg le Tuatha Dé Danann *do* bhí an tír líonta *do* mhucaibh tar a ndéis, ionnas *gur* mheillidís an dúiche *do* ló *agus* d'oidhche le foghail, *agus gur*ab é an t-oileán úd *dob* ionad leapan dóibh chum suaimhnis tar éis na díoghbhála *agus* an oilc *do*-ghnídís, *go* dtarla fó dheireadh *go* ráin*ig* le Tuatha Dé Danann a scrios *agus* a ndíb*ir*t *acht* collach breac *ba* mó *agus ba* meilltighe dá mb'fhéidir d'fhaicsint *agus* is é áit ina gcolladh sé in oileán beag atá thiar ó dheas d'Inis na Muc. Matal *dob* ainm *don* choll*a*ch sin *agus do* curthaí seilg air *agus do* curthaí in aghaidh roimhe ar an gcuan *agus do* chaithidís c*éad* sleagh in éinfhea*cht* leis *agus* ní dhéinfidís fuilingthe ná foirdheargadh air.
>
> Dá mbeadh c*éad* cú *agus* gadhar ina dhiaidh, ní chasfadh aon ch*eann* díobh abhaile beo tráthnóna *gan* marbh*adh* leis an gcollach i*onnas go* m*ba* éigean *do* Thuath Dé Danann cruinniugh*adh do* chur ar a ndraoithe *gur* thógbhadar stoirm *agus* anfadh gaoith*e agus* toirnighe cómh huathbhásach soin *go* luasctaí na cairgeacha in ío*chtar* na fairrge *agus gur* fuilligheadh *go* hiomshlán an t-oileán sin an to*ir*c, *agus gur* caitheadh é *féin* san bhfairrge le huathbhásighe an anfa, *agus* le tuargain na dtonn*a do* leigeadar a inchi*nn* amach i measc na gcairge, *agus* atá Oileán an Mhatail *mar* ainm ar an oileán beag sin ó shoin i leith. (ETM 913-27).

[120] John O'Donovan & Eugene O'Curry, *The Antiquities of County Clare*. Féach: Stiofán Ó Cadhla, *Civilizing Ireland, Ordnance Survey 1824-1842:Ethnography, Cartography, Translation* (Dublin: Irish Academic Press, 2007)

Tá an tíreolaíocht as a riocht ag an gCoimíneach mar tá Inis na Muc taobh le Inis Cathaigh i mbéal na Sionna seachas, san Atlantach ar an taobh eile den leithinis, mar atá Oileán Caorach.

Ní bhfuair mé féin, go dtí seo, leagan eile den insint mar atá sé thuas ag an gCoimíneach in aon áit ach amháin an trácht aige ar 'stoirm agus anfa gaoithe'. I litir de chuid John O'Donovan ón mbliain 1839 déanann sé trácht ar Oileán an Mhatail: 'In the Atlantic Ocean opposite this Parish and belonging to the Townland Caherrush is situated the Island of Oileán an Mhatail'. Sa tráchtaireacht aige ar an Oileán seo déanann sé míléamh ar insint an Choimínigh: 'In his Romantic story entitled Adventures of Turill, the son of Starno and his three sons he says that Matal was the name of a wild boar which infested the Callan Mountain, and which was killed by the sons of Turill on the Island.[121] Sa scéal is torc eile atá ar Shliabh Challáin a mharaíonn siad agus mar is léir ón sliocht thuas ba iad na draoithe a chuir deireadh le Matal tar éis do Thuatha Dé Danann fios a chur orthu. Fuair O'Donovan, áfach, eolas ar stoirm mhór agus crith talún in *Annálacha na gCeithre Máistrí* a bhain le hInis na Caorach:

> The following passage in the Annals of the Four Masters at the year 799, is believed to have references to this island and two others in its vicinity, A.D. 799: *Tárla gaéth anbhfoill, tóirneach, agus teindteach, is in ló ria (ante) Feil Pádraice na bliadhna so go ro-marbhadh deichnebhar ar mhíle ri gCrích Chorca Bhaiscind, agus co ro rand an mhuir Oileán Fíthae i tríbh randaibh A.D. 799.*
> A great storm of wind, thunder and lightning happened this day before St. Patrick's festival this year, and it killed ten and one thousand persons in the Territory of Corca-Baskin, and the sea divided the island of Inis Fithae into three parts.
> The more intelligent of the natives are acquainted with this passage, and believe that it could have reference to no other place than Mutton Island. If I am not mistaken, Connell Mageoghegan in his translation of the *Annals of Clonmacnoise* points out the very situation of this island which was divided into three parts by an earthquake.[122]

[121] O'Donovan, *The Antiquities of County Clare*.
[122] *Ibid.*, Féach, leis: Samuel Lewis *County Clare: A History and Topography* (Ennis: Clasp Press, 1995)

Bhí leaganacha de scéal na stoirme móire caomhnaithe sa bhéaloideas anuas go dtí, ar a laghad, lár an fichiú haois. San ábhar béaloidis a bhailigh Seán Mac Craith idir mí Deireadh Fómhair 1954 agus Meán Fómhair 1955 tá insint aige ar an scéal a bhaineann le traidisiún Naomh Senan. Sa chuntas seo tá an dá oileán, Inis Cathaigh agus Inis na Muc, i gceist. Tugann an méid seo le fios go mb'fhéidir go raibh leaganacha éagsúla den scéal céanna ag baint le hOileán Caorach agus Oileán an Mhatail agus le Inis Cathaigh agus Inis na Muc.

> It was the eve of Lá Pádraig in the year 804 and there was terrible thunder and lightning and the sea from the Fergus to the Loop was churning, like it had Hell's fire beneath. The land roared and the sky near touched the sea, and mountains beyond (Kerry) were levelled. One thousand and ten (thousand) were all laid dead after the terrible thing had passed. And Hog Island (1/2 mile from Cathaigh) was swept with fire. St. Aiden was bishop of Inis Cathaigh, and he gathered all the monks and people together, over beyond in the field that's called Angel's Hill. He fed them there, from his cloak, and tis said he fed over six score of people three times, with what food he brought in his cloak. After the storm passing, terrible rumbling they heard again, but looking up they saw St. Senan and told them to thank God for being spared, and to reserve this field, for God's visit to Cathaigh on the last judgement day.

Sa chéad eipeasóid eile aistríonn an triúr go Sliabh Challáin, ceann de na sléibhte is mó a tharraing aird lucht ársaíochta agus scoláirí san ochtú agus sa naoú haois déag. Sa tráchtaireacht atá againn ar Shliabh Challáin tá ainm an Choimínigh agus ETM luaite go minic. Tá an sliabh suite in iardheisceart an Chontae ag pointe lárnach atá gar go maith do Shráid na Cathrach, Eidhneach agus Rinn na Spáinneach:

> Its situation is a commanding one, giving it wide prospects all round, framed by the hills of Burren, Slieve Aughty, Slieve Bernagh, the Shannon estuary and the sea. Its immediate neighbourhood is rough and boggy for the most part – *bréan-tír*, the sour land, lies north from it – but only seven miles to the east is the more fertile tract in which Ennis stands and to the west are the coastal districts.[123]

[123] Máire MacNeill, *The Festival of Lughnasa: A Study of the Survival of the Celtic Festival of the Beginning of Harvest* (Oxford: Oxford University Press, 1962) lch. 193.

In ETM tagann tréimhse an triúir sa scoil ar Inis na Muc chun deiridh agus 'Ní raibh uath*a* *acht* ócáid chum a gcumais *agus* a nirt *do* theasbán*adh*.'(ETM 944-45) Níorbh fhada go bhfuaireadar deis chun dul i mbun na gaiscíochta:

> *do* bhí torc draoidheachta *do* mhuclaigh bhfear mbolg d'fhágbhadar tar a ndéis in Éirinn. An uair *do ba* éigean dóibh a fágbháil ag *Tuatha Dé Danann*, *agus* is é cómhnaidhe *do* bhí aige, ard chnoc Sléibhe Calláin, *agus* is é áit a raibh fáil aige *agus* a gcodladh sé, i ngleann doimhin diamh*air* dorcha atá ar a dtaobh thuaidh *don* chnoc ar a dtugth*ar* Poll Gormla. (ETM 945-49)

Bhí an sliabh agus an ceantar máguaird faoi chois ag an muc uafásach seo 'cé *gur* mhinic *do* chuireadh fiadhach air, ní raibh dul ag duine ná ag áirnéis uaidh *gan* marbh*adh* an ua*ir* *do* chasfaidhe air iad, io*nnas go* raibh an tír ina fásach ó Shliabh Challáin *go* Bréintír thoir, *agus* ón dtaobh thiar *go* fairrge.' (ETM 956-58). Nuair a bhaineann an triúr an sliabh amach tagann siad ar thionól daoine agus iad i mbun 'íobairte don ghréin':

> *Go* dtarla cruinniughadh mór *agus* comhthionól iongantach a*mhail ba* gnáth leo uair insa trí bliana i mBuaile na Gréine, ar an dtaobh theas *do* cnoc Challáin, ag d*éa*namh íodhbartha *don* ghréin. Ar altó*ir* atá déanta *do* líogaibh geal insan áit sin *agus* iomarca tarbh, reithí, *agus* pocán dá marbh*adh agus* dá rós*tadh* timcheall na líoga soin, *agus* fuil *agus* ionath*ar* na mbeithidheach soin dá ndort*adh*, *agus* dá smear*adh* ar an altó*ir* sin Domhnach Cingcíse, *agus do* bhí an tír *agus* an talamh id*ir* fhir *agus* mhná *agus* leanbh cruinn i mBuaile na Gréine an lá sin. (ETM 959-65)

Do chuir an mhír sin tús le cur is cúiteamh i measc scoláirí mar gheall ar fhírinne stairiúil na ndeasghnátha seo ar an sliabh sa ré phágánta. Tá an scoláire Máire MacNeill sásta go raibh an cnoc ina ionad oilithreachta fadó nuair a bhíodh Féile Lughnasa á ceiliúradh agus gur fhan an áit mar ionad spioradálta do Chríostaithe anuas go dtí an naoú haois déag. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil Domhnach Cincíse, ó fhéilire na Críostaíochta, ag an gCoimíneach sa scéal mar dháta don tionól. Ní fios, ach an oiread, cén bunús a bhí leis an ainm 'Altóir na Gréine'. Scríobh Máire MacNeill:

> Here there was until the middle years of the last century a monument which from O'Looney's description appears to have been a megalithic sepulchre partly embedded in an earth mound. It was called *Altóir na Gréine* (the Altar of the Sun)

> and directly across the lake from it was *Crag na Sean-Éan* (the Rock of the Old Birds) O'Looney suggested that the name *Altóir na Gréine* was no older than a romance written by a Clare gentleman, Michael Comyn, in 1748 and that it might have been taken from Alt na Gréine, the Sunny Steep or, literally, the Steep of the Sun), 'one of the older names of this peak,' and applied by Comyn to the stone monument. His explanation is the reasonable one: it is curious, indeed, that in his time the people had apparently adopted the name Altóir na Gréine and forgotten any other name. [124]

Sa scéal, le linn don tionól sin bheith ar siúl, tagann an torc i dtreo an tslua; é meallta ag boladh na feola agus na tine. Cuireann radharc an toirc sceon ar a bhfuil i láthair ach seasann an triúr an fód ina aghaidh: 'Dála an triúr laoch, ar an gc*éad* amh*ar*c tugad*ar* air, *do* phreab a gcroidhthe ina gcliabh*a* lena fheabh*as* leo ócáid dá shórt d'fhagháil chum a gcródha*cht*a, a neirt, *agus* a meisnigh *féin do* thástáil. *Agus* leigid iad *féin* 'na dtora*dh* reath*a go* dtángad*ar* roi*mh* an dtorc *gan* aon *oile don* tsluagh dá leanamhain.'(ETM 975-78) Éiríonn leo an torc a chur chun báis agus tuilleann siad ómós agus mórghradam ón bpobal atá bailithe timpeall an ainmhí uafásaigh sin. Ina dhiaidh sin thógadar an torc 'chum altó*ir* na gréine dá íodhb*air*t, *agus* tug sé a mhórshásamh luighe dá raibh *do* dhaoine san gcruinniughadh mór aidhbhseach sin ar f*eadh* na haimsire *do* bhíod*ar* ann.'(ETS 997-99) Dar le Mac Néill ní haon rud as an gcoitianta é marú toirc mar eipeasóíd i scéalaíocht na Gaeilge, ach feiceann sí, anuas ar an méid sin, macallaí ón *Odyssey* agus ón *Iliad*. Mar chonclúid scríobhann sí: 'The only relevant facts we can accept from Comyn's narrative are those for which there is evidence from other sources. These are that there was a traditional assembly on Slieve Callan and a monument at the assembly-place known as Altóir na Gréine.'[125]

Bhí leacht eile ar Shliabh Challáin a bhí ina ábhar mór díospóireachta is conspóide i measc an lucht ársaíochta ar feadh breis is céad bliain; ba í sin an chloch oghaim a tháinig

---

[124] Máire MacNeill, *The Festival of Lughnasa*, , lch. 194. Féach Brian O'Looney, 'An Early Account of Garland Sunday'
[125] *Ibid.*,

chun solais i dtreo dheireadh an ochtú haois déag. Tarraingíodh ainm an Choimínigh agus ETM isteach sa díospóireacht agus ar an mbonn sin is fiú spléachadh a thabhairt ar an scéal anseo. Tá an cuntas is cuimsithí ar an gcloch oghaim seo ag Siobhán de hÓir:

> The Mount Callan, Co. Clare, ogham stone is now a mere curiosity, largely forgotten, but in its time it was perhaps the most influential, and certainly the most controversial, of all field-monuments in Ireland. It bears an ogham inscription supposedly marking the grave of Cónán, one of Fionn Mac Cumhaill's warriors who was thought to have died in the third century A.D….The Mount Callan stone was the first ogham stone to be transcribed, translated and published. Until this time antiquarians had read descriptions of ogham stones in literature, but no example had been recognised. The controversy concerning its genuineness prompted further research and caused scholars to go out into the countryside in search of further examples. Research on oghams has by now progressed to the point when it can be said that there is no question but that the Mount Callan stone is a late, scholastic ogham and has no connection with the three hundred or so genuine, classic oghams in Ireland.[126]

Ba é John Lloyd, ina leabhar taistil *A Short Tour or an Impartial Description of the County Clare*, an chéad duine a scríobh cuntas ar an gcloch sa bhliain 1780.[127] Sa bhliain 1785 do scríobh Charles Vallency tuairisc iomlán ar an gcloch agus chuir sé léaráid ar fáil.[128] D'aistrigh Theophilus O'Flanagan an inscríbhinn dó: 'FAN LICSI TA CONAN-COLGAC COS-FADA.' Sa bhliain chéanna do thug O'Flanagan caint ar an gcloch ag Acadamh Ríoga na hÉireann agus do chuir sé a chuntas féin i gcló sa bhliain 1787.[129] Luaigh Vallencey dán a d'aimsigh sé 'in an ancient Irish MS' ina bhfuair sé trácht ar bhás Chonáin

---

[126] Siobhán de hÓir, 'The Mount Callan Ogham Stone and its Context', in *North Munster Antiquarian Journal*, XXV (1983) 43-57 (lch. 43)

[127] John Lloyd, *A Short Tour of County Clare* (Ennis: Clasp Press, 2004). Is seo a leanas an cuntas atá i leabhar Lloyd: 'Contiguous to this Coast of Malbay, is the high Mount Callan, which commands an inviting prospect of the whole country, it's fruitful environs are Inhabited by the descendants of Northern or Ultonian emigrants to this Country, during the late Wars in this Kingdom; they are an honest endeavouring sort of people.
On this remarkable high Mountain, is a large, flat, Stone, under which CONANUS (one of the Celebrated Irish Militia) is buried; this Stone hath an Irish, Celtic, Inscription on it, which implies in English, under this Stone lies the furious and long-legg'd CONANUS—probably this Mountain takes, its name from this monumental stone, as Callan is one of the Irish Appellations for a Rock, or Stone. According to Irish Romance, the above Gentleman, was a very Uncouth Officer, and a Voracious Eater'. lch. 9

[128] Charles Vallencey, 'Obsevations on the Alphabet of the Pagan Irish and of the Age in which Finn and Ossin lived,' *Archaeologia*, 7 (1785) 276-285.

[129] Theophilus O'Flanagan, 'An Account of an Ancient Inscription in Ogham Character on the Sepulchral Monument of an Irish Chief', *Transactions of the Royal Irish Academy* 1(1787) 3-16.

bliain roimh Chath Gabhra, agus inar luadh gur cuireadh é 'i sliab comh dúb Calláin'. Dar le O'Flanagan bhí an dán mar chuid den scéal *Cath Gabhra*. Glactar leis anois, áfach, nach bhfuil aon údarás stairiúil ag na línte sin: 'Scholars do not believe that the lines quoted belong to the original poem as older copies of the poem do not include these lines and when they do occur in later manuscripts, it is thought they are interpolations.'[130] I gcuntas O'Flanagan tá trácht ar fhear darbh ainm William Burton, a bhí ina theannta ar an sliabh, agus a dúirt leis gur chuala sé ó fhear darbh ainm Barclay go raibh cuntas ar an gcloch i measc pháipéir an Choimínigh. Níor éirigh leis na scoláirí san ochtú haois déag teacht ar chonclúid dheifnídeach faoin gcloch, agus leanadh leis an díospóireacht isteach sa naoú haois déag:

> The next generation was equally divided in their opinions about the stone. John O'Donovan, Eugene O'Curry and George Petrie believed that the Mount Callan stone was and both O'Curry and O'Donovan denounced Lloyd and O'Flanagan in their writings… John Windele, Fr. Matthew Horgan and Abraham Abell, all leading of the so-called Munster school of Archaeology, believed that the Mount Callan stone was genuine.'[131]

Ba é an duine deireanach a chreid go raibh fíorchloch oghaim i gceist ná Samuel Ferguson.[132] Ba é a dhírigh aird Bhriain Uí Luanaigh ar Shliabh Challáin. San alt aici déanann de hÓir cíoradh an-mhaith ar na daoine a ainmníodh mar fhalsaitheoirí i gcaitheamh na mblianta, agus i measc na mball den bhuíon seo faightear ainm an Choimínigh. Bhí cúpla cúis leis seo, is cosúil: an tuairim go raibh trácht ar an gcloch ina chuid páipéar agus, anuas air sin, dúirt O'Curry go raibh an véarsa sin faoi Chonán mar chuid den insint in ETM; míléamh ar an dtéacs a bhí ansin de réir dealraimh:

> There is no mention of the ogham stone or Conan's grave in the story. What is mentioned is the 'Altóir na Gréine' or the Altar of the Sun, which was probably a genuine wedge-tomb, but in Comyn's tale, as in many other Irish tales, a meagalith

[130] Siobhán de hÓir,'The Mount Callan Ogham Stone and its Context,' lch. 46.
[131] *Ibid.*, lgh. 47-8.
[132] Samuel Ferguson, 'On the Evidences of Sun-Worship at Mount Callan, County Clare', 265-272; 'On the Alleged Literary Forgery respecting Sun-Worship on Mount Callan', 315-322 in *Proceedings of the Royal Irish Academy*, 15(1879)

> has been converted into a druid's altar, and there is no mention of any ogham. Perhaps Barclay also confused Comyn's 'Druid's Altar' with Conan's Grave. In any case, the idea of Michael Comyn forging the stone is completely out of character. He used local topography as a base for his stories, but he had no need to forge anything to prove a point. The two most probable suspects are Seán Lloyd and Tadhg O'Flanagan. There is no firm evidence to support this suspicion, but it would not have been out of character for either man.[133]

I mbéaloideas an Chláir do mhair, i measc na ndaoine, creideamh in oileán nó cathair dhiamhair faoi mhuir; ní tír i gcéin í ach áit amach ón gcósta. I leaganacha áirithe bíonn sé le feiscint ó am go chéile, ach is minic a deirtear nach mbíonn sé le feiscint ach uair sna seacht mbliana.[134] Do bhain an Coimíneach leas as an traidisiún in ETM:

> I*ar* na gclos sin *do* chl*ann* Thoroilbh an ruath*ar* sin *do* thabh*air*t dóibh. *Do* leanad*ar* an chr*ea*ch le trí chaogad laoch le d*ear*gruath*ar* cuthaigh. Ar u*air* an mheodhan lae *do* rugad*ar* ortha ag Cnoc an tSíoth-ghaoithe, ris a ráitear inniu, L*eacht* Uí *Chonchubhair, agus* tosach na creiche ag dul san abhainn atá dul san mu*ir* siar ar an dtaoibh thuaidh do na Dobhacha, atá *do* shíor san áit ch*éadn*a sin. Is annsin *do* f*earadh* cath gáibhtheach id*ir* na f*ear*aibh fíochmh*ar*a soin *go* dul *don* ghréin ina cathair órloiscithe, *agus* is é críoch *do*-ch*uaidh* ar an ngleo sin: Ruadhaoin *do* thuitim le Crochán, Ceannúr le Sal *agus* Stuifin le Daithlionn. Ní dheach*aidh* f*ear* insint scéil as *don* trí chaogad laoch *gan* marbhadh ar an dtráigh gheal ghainimhighe atá id*ir* an *dá* mu*ir agus* na Dabhacha, *agus* olc oile *ba* mó ná sin *do* tharl*a do* mharbhadh an lae sin: Dún Stuifin, an t-oil*eán agus* a raibh d'ollmhaitheas na gcríoch i dtaisce ann, *gur* cailleadh *go* brách iad, óir ag imtheacht *don* iarthar *do* Stuifin lena dhís dearbhráthar *do* chu*ir* an t-oileán *agus* an dún fá n*ear*t na mara lena dhraoidh*eacht*. *Agus* ó cailleadh é *féin* ní raibh a bhfuascailt le fagháil *agus* atá fó fhairrge ón lá sin gus an lá inniu. (ETM 1623-37)

Mar a chonaiceamar níos túisce sa chaibidil seo, do cháin John O'Donovan easpa cruinnis an Choimínigh:

> It is strange that Comyn did not see the inconsistency of mixing up the name of a Pagan man with a Christian ecclesiastical term, as Kilstuiffeen must surely mean the Church of Stuiffeen and clash as a cotemporaneous pagan term with Lios and

[133] Siobhan de hÓir, lch. 55.

[134] Tá na hoileáin dhraíochta seo coitianta go maith i mbéaloideas chósta an iarthair. Féach P. A. Ó Síocháin, *Ireland – A Journey into Lost Time* (Dubhlinn: Foilsiúcháin Éireann, 1967,) ina bhfuil cuntas aige ar 'the lost land of Hy-Brasil'. Bhí scéalta faoi oileáin dhraíochta ag muintir an Bhlascaoid. Féach Peig Sayers, 'An t-Oileáinín Druíochta' in Kenneth Jackson, eag., *Scéalta ón mBlascaod* (Baile Átha Cliath: An Cumann le Béaloideas Éireann, 1998). Tá scéal neamhfhoilsithe ag Muiris Ó Súilleabháin, 'Oileán-Innse' sa lámhscríbhinn de *Fiche Blian Ag Fás*, LNÉ G 1309/1-6.

> Mohar. But we have better evidence for the derivation of the names of Mohar and Kilstuiffeen than anything that could be produced on the subject by Mr. Comyn, or I believe any of his contemporaries.[135]

I *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire* tá an méid seo a leanas ag an scéalaí iomráiteach: 'Tá sé ráite nach raibh aon fháil fhuascailt ar Chill Stuithín choíint nú go bhfaightí an eochair athá insa loch athá i mbárr Sliabh Chollán, agus ní fheictear an loch ach uair i n-agha na seacht mbliana.'[136] I suirbhé Westropp déanann sé idirdhealú idir 'Kilstuitheen, or Kilstuiffen, in Liscannor Bay' agus 'another sunken island off Loop Head…and called Kilstiffin or Kilstapheen.'[137] Chomh maith leis sin bhí, dar leis, tá an tríú oileán ann, suite amuigh i mbá Chill Chaoi, oileán a nascann sé le Hy-Brasil agus Tír na nÓg, agus a chonaic sé lena shúile cinn féin níos mó ná uair amháin: 'I myself saw the mirage several times in 1872 giving the perfect image of a shadowy island with wooded hills and tall towers springing into sight for a moment as the sun sank below the horizon.'[138] Faoi mar a bhí ag Stiofán Ó hEalaoire tá an nasc idir Cill Stuithín agus Sliabh Challáin ag Westropp, leis. Is ceart a lua go raibh cur amach ag Westropp ar obair na scoláirí a phléamar níos túisce. Tá leaganacha den scéal seo ag Holmer ó iardheisceart an Chontae. Sna leaganacha atá aige tá trácht ar an Stuifín a throid in aghaidh an triúir:

> Bhí cogadh aige King Stuifín agus Sádhall, Dailthean, agus Cruachán. Agus fuaireadar an lámh uachtar air agus annsin d'fholuigheadar(?) an baile. Agus an chill i n-ait a bhí se curtha, d'fhoiligheadar leis an fhairrge agus ó'n lá seo ó chuin feictear Cill Stuifín ós ceann na fairrge uair amháin in gach aon seacht mbliadhna.[139]

Anuas air sin tá seanchas aige faoin áit agus eachtraí a thit amach, dar leis na cainteoirí, i gcuimhne na ndaoine:

---

[135] John O'Donovan & Eugene O'Curry, *The Antiquities of County Clare,* Féach: Stiofán Ó Cadhla, *Civilizing Ireland, Ordnance Survey 1824-1842:Ethnography, Cartography, Translation* (Dublin: Irish Academic Press, 2007)
[136] Séamus Ó Duilearga, eag., *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire* (Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, 1981) lch. 273.
[137] Westropp, *Folklore of Clare*, lgh 93-4
[138] *Ibid.*, lch. 93
[139] Holmer, lgh 33-41.

> Oidhche Bealtaine bhí fear dár b(h)'ainm Seán Domhnall Máire Ruadh ag teacht ó bheith ag iomairt cártaí shiar insan g(h)leann. Do casadh fear agus capall bán aige ar an mbóthar leis. Dúirt an fear leis dol ag teacht ag marcaidheacht leis. Do léim sé i n-áirde air an gcapall bán. Away leis an gcapall agus níor stad sé gur bhuail sé Cill Stuifín. Do chuireadar fáilte roimhe agus tógadh isteach i dtigh deas é. Bhí gach saghas ornáidí insan tigh agus bhí se ag féachaint ortha. Bhí beirt bhean ann agus do theaspanadar dhá choinnleoir óir dó. Ach bhí sé ag féachaint ortha agus do cheapadar go leagfadh se a lámh ortha ach níor leag. "Siubhal," ar san fear a thug amach é, "daoine mar tusa do chaill Éire riamh." Dá leagadh se a lamh ar na coinnleoir (sic), d'fhan(f)adh Cill Stuifín os ceann uisce go brath arís.[140]

Tá againn leis, finnéithe, a chonaic an t-oileán os a gcomhair amach:

> Bhí mé istigh Dé Domhnaigh aige baile. Chonnaic mé Cill Stuifín lasmuigh de Oileán Caoireach. Ní raibh a fhios agamcad a bheidh anois ach thug me breathnú maith air sul a d'fhág mé an tigh. Chuaidh me amach le h-aghaidh e fheiscint agus ní raibh aon phioc de. Tá sé ráite aig an sean dream go mbeidh sí sábháilte fós.[141]

### 4.3 Péisteanna

Sa suirbhé a rinne Westropp ar bhéaloideas an Chláir fuair sé amach go raibh áit lárnach ag péisteanna i samhlaíocht na ndaoine agus sa chorpas scéalaíochta:

> Ireland, although free from all serpents at all times known to science, was yet much dominated by them mentally. Probably no lake of any importance in Clare was untenanted by a serpent, a wonderful animal, or a city. A *péist* could, however, be chained or slain by a hero or saint, and the majority of the *péists* were believed to have been eliminated by such warriors in the same way as the bear and, later, the wolf were cleared away by ordinary mortals.[142]

Tar éis dóíbh an torc ar Shliabh Challáin a chur chun báis téann an triúr i ngleic le cat '*do* bhí ag mill*eadh* na tíre i bhfad *agus* i ng*air*id *don* taobh oile *do* Dhubhloch .i. Fearachat Chraig na Sean-Éan.' (ETM 1001-02) I ndiaidh an bhua seo tagann seanóir i láthair na ndaoine agus an triúir á rá gur chuir sé ionadh air an méid sin daoine a fheiscint chomh gairid sin don ollphéist a bhí ag cur faoi i nDubhloch Shléibhe Challáin:

> *Do* tháinig seanóir *do* bhí ar ceilt, *agus do* theith ó Dhubhloch cianta *do* bhl*iant*a roimhe sin, *do* láth*air* an chómhthionóil *agus* adubh*air*t *go* m*ba* iongnadh leis iad d'fhanamhaint i bhfog*as* Dhubhloch *agus* a ghoir*e* dóibh *do* bhí anachain *agus do*

[140] *Ibid.*
[141] *Ibid.*
[142] *Folklore of Clare*, lch. 25.

> innis dóibh *go* rug ollphiast ion*gan*tach san loch sin dá dtugth*ar* Fearbhach uirthe, *agus* nár mhó long mheodhanach *gan* chrann, *gan* sheol ná í, *agus gur mar* cheann leomhain *do* bhí a ceann, *agus* a tosach, *agus go* sloigf*eadh* an craos *do* bhí aice deich ndáimh in éinfh*eacht agus gur*ab ar chuma urróige éisc *do* bhí an chuid siar dhi, *agus go* raibh dhá fhichead cos fúithch*e agus* crobh *mar* chrobh leomhain fó gach cos díobh *agus* foireann d'ingnibh deilgneacha chamachruaidh, choirgh*earr*a *do* rachfadh trí cairrgeacha glasa le furrán fo*ir*nirt *agus* foiréigin. (ETM 1065-74)

In ETM tá trí phéist luaite agus níos déanaí sa téacs faighimid amach gur de bhunadh Chráin Chraosaigh iad:

> *agus* is *do* na trí péiste *do* rug an chráin chraosach *do* dhóirseoir Ifrinn, ar lic na cruinne, *agus* is iad a n-anmanna: Fearbach, Cathach, Dabhram *agus do* chu*ir*ead*ar* leis i ndeamhan rua dá oileamhain iad.
>
> *Agus* is é áit ar shocruigh iad in iarthar Éireann *mar* atá Fear*ba*ch i ndubhloch Sléibhe Challáin, *do* marbhadh le clann Thoroilbh ina n-óige *mar* ch*éad* ghníomh gaisce, *agus* Cathach *do* fhágbhad*ar* in oil*eán* beag i mbéal na Sionainne, *agus do* thuit ina dhiaidh so le Pádraig Naomhtha, *agus* Dabhron atá in uachais Dhabhráin, lámh le Léim Chon gCuillionn *agus* is amhl*aidh* atá an phiast sin.. (ETM 1560-68)

Tá an tagairt thuas do 'dóirseoir ifrinn' suimiúil sa mhéid is go dtagann Leviathan ón mBíobla chun cuimhne.[143] D'aithin Westropp na péisteanna mar léiriú ar an olc i gcultúir éagsúla: 'The saga of Da Derga's Hostel brings into one the Norse, Irish, and Hebrew beliefs of the *péist*, Midgard Snake, and Leviathan by its tale of the Leudian, that surrounds the globe and strikes with its tail to overturn the world.'[144] Bhí, leis, leagan de scéal Chathaigh ag Westropp. In ETM is é Padraig Naofa a chuir chun báis é ach san insint seo a leanas baineann an phéist le traidisiún Naomh Senan:

> First in importance amongst the *péists* is the 'Cata.' St. Senan (about A.D. 500) found that this monster dwelt in Iniscatha, now Scattery, in the estuary of the Shannon, where Finn had killed a like infester. The Cata devoured the saint's smith, Narach, but Senan brought him forth again alive. The subsequent combat promised great things, but ended tamely. The Cata advanced 'its eyes flashing flame, with fiery breath, spitting venom and opening its horrible jaws,' but Senan made the sign of the cross, and the beast collapsed and was chained and thrown into Doolough near Mount Callan (the black lake, 'Nigricantis aquae juxta montem Callain in

[143] Job 41, 18 IV
[144] *Folklore of Clare*, lch. 26.

> Tuamonia'). In the oldest (metrical) Life of Senan, the péist appears as the 'immanis bellua' or 'bestia,' while Iniscatha is rendered 'Belluanam Insulam.' The legend is alluded to even in the late eight-century Calendar of Oengus under March 8th, 'Senan of InisCathaig gibbeted Naroch's foe.' The story is remembered widely, and among all classes at Scattery and along both banks of the river, at Kilkee, Kilmihil, and round Doolough and Miltown Malbay.[145]

### 4.4 ETM agus Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

Tá scéal mór amháin de chuid na Fiannaíochta le sonrú go mór i dtéacs ETM agus is é sin *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne.* Tá sé spéisiúil go bhfuil cúpla sliocht in ETM bunaithe go huile is go hiomlán ar théacs na *Tóraíochta*. Ón méid seo a leanas a scríobh Nessa Ní Shé faoi fhoinsí liteartha na *Tóraíochta* tugtar le fios go raibh an próiseas cumadóireachta gar go maith do chur chuige an Choimínigh agus tá an leas a bhaineann sé as an téacs féin de réir an traidisiúin sin. Is gá a lua go bhfuil teacht níos fearr againn ar fhoinsí an Choimínigh:

> Ní scéal é Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne a scríobhadh síos go díreach ó bhéalaithris, agus go bhfios dúinn ní insint Nua-Ghaeilge ar sheanscéal é. Nua-chumadóireacht é ata bunaithe go forleitheadúil, do réir dealraimh, ar shean-traidisiún a bhí coitianta tráth i lámhscríbhinní nó sa bhéaloideas, ach nach bhfuil fáil anois air.[146]

Sa dara leath den scéal tá an triúr agus an Aonbhean ar ais in Éirinn agus tá siad i measc Thuatha Dé Danann agus na Féinne. Sa sliocht seo a leanas tá an Aonbhean ag iarraidh eolais a fháil ar na fir atá bailithe le chéile ar an láthair chéanna:

> Is annsin d'fhiafr*uigh* an Aonbhean ainm gach nd*uin*e dá dtug sí fó ndear*a don* mhnaoi uasail *do* bhí ina foch*air*, óir ní fhac*aidh* sí ria*mh* roimhe sin ar aon bhall an oir*ead* fear. "Cia hé?" ar sí, "an fear forasta úd atá fá dhealbhadh ina *bhfuil* féilm óir ar a cheann *agus* slat dearg óir ina dheasláimh." "Atá ansúd", *do*-rádh an bhean uasal, "Cormac *mac* Airt, Ard-Rígh Éireann. "Cia hé an fear feoilt*ea*ch fear*amhail* fíochmhar fraochaidhe fiarshúileach úd ar deas an rígh, brat deargshróill air?" "Atá ansúd Cairbre Líofachair mac Cormac, feighlidhe an rígh." "*Agus* cia hé an fear fíoreolach fada fionnchiabhach feasach fíormhaiseach úd ina *bhfuil* féilm airgid ar a cheann *agus* slat airgid ina láimh clí?" "Atá ansúd, Fionn mac Cumhail *mhic* Airt *mhic* Tréine Mhó*ir* uí Bhaoiscine, Rígh Fhiannaibh Éireann." "Cia hé an f*ear* mór

[145] *Ibid.*, lgh 26-7.
[146] Nessa Ní Shé, eag., *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* (Baile Átha Cliath: Longman, Brún agus Ó Nualláin, 1971) lch. XIII

maiseach maordha m*ea*rshúileach úd ar a *bhfuil* an folt fada fionnbhuidhe *agus* fós flatha *agus* lonnradh ríoga ina dheilbh?" "Atá ansúd, Oisín *mac* Fhinn, *mac* an Rígh Fhéinne, *agus* Taoiseach ós cionn míle laoch san bh*Féin*n é." "Cia hé an togha arra*cht*ach an-mhór *ar*d-cheannach úd *agus* rosc ruitheanach réidh-ghlas aige, *agus* féachaint falchaidhe fuathmhar f*ear*gach aige, *agus* folt fíaghnach fada donnfhionn *air*?" "Atá ansúd, Osc*ar mac* Oisín *mhic* Fhinn, curadh calma, *agus* ceannaire míl*e* laoch i measc na *F*éinne é." "Cia hé an fear trom toirtea*mhail* taibhseach craosach cómhghuailleach ceannmhór cos-ard cnámhramhar gairm ghruama garbhmhaillíodhach, *agus* folt dubh triopallach triosáilte búclaidheach air, *agus* deilbh dhoineanta aige?" "Atá ansúd Goll greannmhar gníomhachtach mac Móirne, Rígh laoch na hÉireann, *agus* ceannaire míl*e* laoch *don* Fhéinn é.
"Cia hé an fear maol modartha mísciamhach murtaill mórmhaillíoch úd atá mall mí-thapa mórghlórach scoltach scallaoideach?"
"Atá ann, Conán mac Móirne, fear grinn *agus* míghrinn na Féinne le suairceas *agus* le cródhacht." "Cia hé an t-óg fhear fíréanta fuadrach forránta d*ear*g-ghruach dathach déadsholais úd, *agus* atá luath líofa léir lúthmhear tapa leabharghéagach gheanamhail, ghealchroicinn gealgháireach dubhfholtach dlúitheach dréimneach déadgheal daoldhualach?" "Atá ansúd Diarm*uid* déadsholais Ua Duibhne, rígh laoch míl*e don* Fhéinn *agus* taoiseach ar mhíle f*ear* i bhfiaghnea*cht* é.(ETM 1417-1444)

Sa *Tóraíocht* tar éis do Ghráinne a rá go mbeadh sí sásta Fionn a phósadh 'do chuir Fionn tionól agus tiomsú ar sheacht gcathaibh na gnáthFhéinne as gach aird a rabhadar an lá déanach den aimsir sin.'[147] Ag an tionól tá Gráinne ag caint leis an draoi nuair a iarrann sí air tuairisc ar a bhfuil i láthair a thabhairt. Is léir go raibh an sliocht seo a leanas ón *Tóraíocht* i gceann an Choimínigh nuair a bhí ETM á chumadh aige:

'Inis dom anois,'ar Gráinne, 'cia hé siúd ar ghualainn dheis Oisín mhic Fhinn.'
'Tá ansin,' ar sé, 'Goll mear míleata mac Morna.'
'Cia hé siúd ar ghualainn Ghoill?' ar Gráinne.
'Oscar mac Oisín,' ar sé.
'Cia hé siúd ar ghualainn Oscair?' ar Gráinne.
'Caoilte mac Cronchair mhic Rónáin,' ar an draoi.
'Cia hé siúd ar ghualainn Chaoilte?' ar Gráinne.
'Mac Lughach lámh-éachtach, mac iníne d'Fhionn mac Cumhaill siúd,' ar an draoi.
'Cia hé an fear baileach, binnbhriathrach úd ar a bhfuil an folt cas ciardubh agus an dá ghruaidh chorcra chomhdhearga ar láimh chlí Oisín mhic Fhinn?' ar Gráinne.
Diarmaid déadbhán dreachsholas ó Duibhne an fear úd,' ar an draoi, 'an t-aon leannán ban agus iníon is fearr atá in Éirinn go hiomlán.'
'Cia hé siúd ar ghualainn Dhiarmada Í Dhuibhne?' ar Gráinne.
'Diorraing mac Dobhair Dhámhaigh Í Bhaoiscne, .i. draoi agus dea-dhuine ealaíon siúd,'ar Daighre Duanach.
'Maith an bhuíon sin,' ar Gráinne.[148]

[147] *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*, lch. 3
[148] *Ibid.*, lgh 4-5

Chonaiceamar go raibh Fionnabhartach in ETS láidir mar bhean agus léirigh sí neamhspleáchas intinne is bhí ról gníomhach aici san insint. Ní mar sin atá i gcás na hAonmhná; tá sí ina maighdean shaonta agus faoi chois ag na deartháireacha mar thoradh ar an dtairngreacht nach ligeann di dul le haon fhear. Cé go bhfuil tionchar aici ar imeachtaí an scéil tá sí éighníomhach mar charachtar, agus gan smacht aici ar a bhfuil i ndán di agus dá deartháireacha. Sa *Tóraíocht* tá réamhbheartú i gceist le gníomhartha Ghráinne agus an tslí go gcuireann sí Diarmaid faoi gheasa. Tá, áfach, in ETM macallaí na *Tóraíochta* sa tslí go gcuirtear tús leis an gcaidreamh idir Diarmuid agus an Aonbhean. Sa *Tóraíocht* deir Gráinne gur le linn an chomórtais iomána a bhuail splanc an ghrá í:

> Lá dá raibh rí Éireann i ndáil aonaigh agus oireachtais ar faiche na Teamhrach, agus tarla Fionn agus seacht gcatha na gnáthFhéinne an lá sin ann. D'éirigh iomáin chomórtais idir Chairbre Lifeachair mac Cormaic agus Mac Lughach, agus d'éiríodar Fianna Éireann ar thaoibh Mhic Lughach, agus d'éiríodar fir Bhreagh agus Mhidhe agus Chearmna agus Colamhna na Teamhrach ar thaoibh Chairbre. Ní raibh aon duine ina shuí san aonach an lá sin ach rí Éireann agus Fionn agus tusa, a Dhiarmaid. Agus tarla an iomáin ag dul ar Mhac Lughach, agus d'éirís id sheasamh agus do bhainis a chamán den té ba neasa dhuit agus do ligis é féin fá lár agus lántalúin; agus do chuiris an báire trí huaire an lá sin ar Chairbre agus ar ghasraidh na Teamhrach. Do bhás-sa im ghrianán féin an lá sin dot fhéachainse agus do chuireas rinn mo roisc agus mo radhairc ionatsa an lá sin, agus ní thugas an grá sin d'aon neach eile ó shin i leith agus ní thiubhar go bruinne an bheatha.[149]

Sa sliocht seo a leanas as ETM tá cumas Dhiarmada mar lúthchleasaí ar taispeáint ach san insint seo tá cead ag an té is fearr trí phóg a thabhairt do pé bean is mian leis, ach amháin bean an Rí:

> Ciodh trá*cht*, *do* roinneadh na fir ar gach taobh an tráth sin ar fhaithche na Teamhraighe *agus* ní raibh in aon ríogh*acht* san domh*an* cómhthionól fear *agus* ban *ba* maisighe *agus ba* mórghalaighe ná an cruinniugh*adh do* bhí ann an lá sin. Iar mbeadh rannta dóibh, *do* rugadh an liathróid *go* l*ár* an fhaithch*e*, *agus do* buail*eadh* áirdleog san aer di, *agus* níor leig*eadh* ar thalamh *go* ceann uaire í, *acht* ag eiteallach san aer le háirdleog cumais *agus* le n*ear*t láimh laoch nó *go* ráin*ig* sí Diarmuid Ua Duibhne, *agus do* bhuail áirdleog uirthe san aer *gur* chuir as radharc an comhluadar uile í. Ar a tuirlingt, *do* bhuail *agus do* chuir san aer dhon dara háirdleog *agus* d'fhág dá dtrian an mhach*air*e ina dhiaidh, *agus* ar a tu*ir*lingt arís di, *do* bhuail an treas leang uirthe *gur* chuir s*eacht* gc*éad* slat thar bhéal báire í, *agus* iar sin *do* thóg an sluagh gáir *do* shroith an *Firmament*. Is as sin adubh*air*t Rígh

[149] *Ibid.*, lgh 7-8

> Éireann an báire *do* bhualadh arís *mar do* bhí gaoth *agus* ghrian in agh*aidh* bhf*ear* nÉir*eann* ar an *m*báire sin. *Do* bhuail an *da*ra báire *agus* d'fhan Diarmuid as i dtosach an lae *go* meodhan, *agus* gib*é* breis *do* bhí ann an t*rá*th sin, is ag fe*ar*aibh nÉir*eann do* bhí. Ar fhaicsint sin *do* Dhiarm*uid do*-chuaidh i measc a mhuintire *féin agus do* chu*ir* an báire amach le trí phoc *amhail do*-rinne an chéad bháire *agus do* ghabh an rígh f*ear*g mór .i. Cormac mac Airt, *agus* adubh*air*t an báire *do* bhualadh an treas uair *agus do* fua*ir* Cairbre Lithfiochair uaidh *gan* sin *do* dh*éa*namh, *agus* an báire *do* chur *go* ham oile. *Do*-ghní amhl*aidh* sin, gid*eadh do* bhí nós *agus* rea*cht* in Éirinn fá an am sin .i. gib*é* duine *do* chuirf*eadh* an báire amach, cead *do* bheadh aige sin trí póga *do* thabh*air*t *do* gib*é* bean *ba* toil leis ar an réaltann, *acht amháin* b*ean* rígh. Dá ré*ir* sin tar éis an dara báire *do* chuir amch *do*-chuaidh Diarmuid i measc na mban. D'fhéach ar bhantra*cht* bhf*ear* nÉir*eann, agus do*-chuaidh as sin *go* bantra*cht* na Féinne, *agus* as soin *go* bantra*cht* Thuatha Dé Danann. Iar an gc*éad* amh*ar*c *do* th*u*g orth*a* soin *do-chonnairc* an Aonbhean *ba* áille ná an ghrian ina gc*ea*rtl*ár* ina gceartlár. (ETM 1446-69)

Do scaip an slua óna chéile ina dhiaidh sin agus bhí galar an ghrá ar Dhiarmaid tar éis dó trí phóg a thabhairt don Aonbhean. In ETM tá sé spéisiúil go bhfuil galar an ghrá seachas an geasa i gceist:

> Iomthúsa Dhiarmuid, suaimhneas san lá ná san oidhche níorbh fhéid*ir* leis *do* dh*éa*namh le searc *agus* le síorghrádh *don* mhnaoi ón lá thug na trí póga dhi, *agus* níor fhág áitr*ea*mh ná ion*a*d suidhte le *Tuatha Dé Danann gan* lorg di. *Do* chuarduigh Cúige Uladh *agus* an Mhumhain *agus* urmhór Chonna*cht*, *agus* níor ráinig leis a tuairisc d'fhagháil. ( ETM1510-13)

Ina dhiaidh sin tugann Fionn crá croí Dhiarmada faoi deara agus tagann sé i gcabhair air i gcuardach na mná:

> An u*air do-chonnairc* an Rígh *Féin*ne, Fionn *mac* Cumhail, an dobrón *do* bhí ar Dhiarmuid *do* chuir a lorgairí *féin* .i. cl*ann* Neamhain ar a dtóraidheacht, *agus* is amhl*aidh do* bhád*ar* sin: *Do* chuiridís lorg na n-éanlaithe san aer *agus* lorg na corramhaoilteoga ar talamh, *agus* lorg na crannlachan ar muir, *agus do* theip ortha tuairisc na hAonmhná d'fhagháil, óir cé *go* nd*ea*chad*ar go* Léim Con gCuillion ní raibh maith ann, *mar do* chu*ir*eadar cl*ann* Thoroilbh ceo draoidhea*cht*a ina dtimch*ea*ll *féin* io*nnas* ná fuairead*ar* cl*ann* Neamhain amach iad ná an Aonbh*ean*,. (ETM 1513-20)

Tá macallaí ón *Tóraíocht* sa mhéid sin thuas mar a léiríonn an sliocht seo a leanas, bíodh is go bhfuil spriocanna eile ar fad ag Fionn sa chás seo:

> Iomthúsa Fhinn mhic Cumhaill do bhéarar os ard anois: D'éirigh amach a Teamhair i mochsholas na maidne moiche arna mhárach agus fuair Gráinne d'uireasa air agus do ghabh dóigh éada agus anbhuana é. Agus fuair lorgairí féin roimhe ar an

> bhfaiche, .i. Clanna Neamhnainn, agus d'fhuagair dóibh Diarmaid agus Grainne do leanúin.[150]

Chomh maith leis an méid tá an ról a thugtar do Aonghus an Bhrogha mar chomhairleoir Dhiarmada an-chosúil leis an ról a bhí aige sa *Tóraíocht* nuair a tháinig sé i gcabhair air:

> Iomthúsa Aonghusa an Bhrogha .i. oide Dhiarmada í Dhuibhne, do foilsíodh dhó san mBrugh os Bóinn an ghuasacht agus an gábh ina raibh Diarmaid, agus do ghluais roimhe i gcoimhdeacht na gaoithe glanfhuaire, agus ní hoiriseamh ná cónaí do rinne nó go ráinig go Doire Dá Bhaoth…'Créad í an chomhairle seo do rinnis, a mhic í Dhuibhne?' ar sé.
> 'Iníon rí Éireann d'éalú liom ó Fhionn mac Cumhaill agus óna hathair,' ar Diarmaid, agus ní dem dheoin táinig sí liom.' 'Más ea,' ar Aonghus, 'tagadh duine agaibh faoi gach binn dem bratsa agus béarad liom sibh as an ait sin ina bhfuil sibh gan fhios d'Fhionn agus d'Fhiannaibh Éireann.[151]

In ETM tá cabhair ó Dhiarmaid, leis, agus é sa tóir ar an Aonbhean:

> Ní dhearn*aidh* sé sosa ná cómhnaidhe *go* ráinig gus Brúgh ós Bóinn *mar* ar fear*adh* fíorchaoin *fáilte* roimhe ag Aongh*us*. *Ba* trua leis, an cruth sin ina raibh a dhalta ionmhain an tan sin. Ar an gcéad amh*ar*c thug *air*, d'aithin a ghal*ar*, *agus* adubhairt leis meisneach *do* ghlacadh *agus go* mb'fhéidir fortacht *do* thabh*air*t dó. (ETM 1530-34)

Tugann an plé sin ar fad ar fhoinsí an Choimínigh léiriú dúinn ar nádúr na ceapadóireachta laistigh de thraidisiún na rómánsaíochta agus an tslí go raibh an t-údar sásta a chuid féin a dhéanamh den ábhar a fuair sé roimhe. Bhí tuiscint áirithe ar an an dtraidisiún béil is liteartha sa chultúr mar rud nach raibh buan ná socair, agus a bhí ar fáil ina iomlan don duine cruthaitheach a bhí sásta dul i ngleic leis.

---

[150] *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*, lch. 11.
[151] *Ibid.*, lch. 15.

# Caibidil 5

# ETS agus ETM: Traidisiún na Lámhscríbhinní

## 5.1 Eagarthóireacht Lámhscríbhinní: Gnéithe den Chomhthéacs.

Sa chuid seo den tráchtas tabharfar cuntas ar sheachadadh an dá scéal, ETS agus ETM, i dtraidisiún na lámhscríbhinní san ochtú agus sa naoú haois déag, agus déanfar iarracht na lámhscríbhinní seo a rangú. Cumadh an dá scéal sa bhliain 1749, ach níl aon chóip ar marthain atá níos sine ná an bhliain 1765. Mar chuid den rangú seo soláthrófar buneolas ar stair na lámhscríbhinní agus na scríobhaithe a chuaigh i mbun na grafnóireachta. Chomh maith leis an mbuneolas sin déanfar iarracht an gaol idir na lámhscríbhinní sa traidisiún sin a chíoradh. Ní hamháin go gcaithfidh an suirbhé seo solas ar sheachadadh na scéalta féin ach cuirfidh sé lenár dtuiscint ar nádúr an traidisiúin agus ar ghréasán na scríobhaithe a bhí ag saothrú i gCúige Mumhan, agus lasmuigh den chúige i gcásanna áirithe. Sa dioscúrsa criticiúil ar litríocht iarchlasaiceach na Gaeilge tá béim an-mhór ar an ngné théacsúil agus teanga. Ní haon ionadh san toisc go bhfuil an chuid is mó den oidhreacht liteartha sin i dtaisce sna lámscríbhinní. Mar a scríobh Neil Buttimer: 'Most of these original codices have yet to be described (properly or even at all), with their full complement of texts professionally extracted from them'.[152] Faoi dheireadh an naoú haois déag agus isteach sa bhfichiú haois bhí aird scoláirí dírithe ar thraidisiún na lámhscríbhinní. Bhí, i measc cuid de na mórscoláirí Ceilteacha, suim á cur sa traidisiún ársa anuas go dtí deireadh an tseachtú haois déag:

> Even in the heyday of late nineteenth and early twentieth-century achievement, few if any Continental authorities of the stature of Meyer or Thurneysen showed an interest in this field. Irish and British scholars such as Osborn Bergin, T.F.

[152] Neil Buttimer, 'Literature in Irish, 1690-1800: from the Williamite wars to the Act of Union' in *The Cambridge History of Irish Literature Volume I: to 1890*, eds., Margaret Kelleher and Philip O'Leary (Cambridge: Cambridge University Press, 2006) lgh 320-71 (lch. 320).

> O'Rahilly and Robin Flower made many advances but were eventually attracted by the challenge of the early language and literature.[153]

Bhí, áfach, ceannródaithe eile a thug scríbhneoirí de chuid an ochtú agus an naoú haois déag chun solais; agus a chuir saibhreas traidisiún na lámhscríbhinní os comhair an phobail. I measc na gceannródaithe a chuaigh i mbun na heagarthóireachta bhí a leithéidí seo: Dubhghlas de hÍde, An tAthair Pádraig Ó Duinnín agus Risteard Ó Foghludha, gan ach beagán den bhuíon scoláirí seo a lua. Bhí na heagarthóirí luatha seo, a chuaigh i mbun saothair go dúthrachtach, faoi mhíbhuntáistí móra, áfach. Ar an gcéad dul síos ní raibh teacht acu ar iomláine na lámhscríbhinní a bhí ar marthain; ní raibh clárú na lámhscríbhinní sna hinstitúidí léinn ach tosnaithe (agus is tionscnamh é sin nach bhfuil tagtha chun críche go fóill); agus bhí níos mó lámhscríbhinní i seilbh phríobháideach. Anuas air sin, thuigeadar féin go raibh an-chuid den oidhreacht seo imithe ó thuairisc i gcaitheamh na mblianta. Chomh maith leis sin bhí gléas critice na scolairí seo teoranta:

> In their case, however, access to sources was frequently difficult, progress in cognate subjects like political and social history, historical geography, and literary criticism limited, a tradition of analysis and commentary establishing the framework of the debate virtually non-existant.[154]

I measc na gceisteanna a thagann chun cinn laistigh den dioscúrsa ar thraidisiún na lámhscríbhinní tá ceisteanna a bhaineann le barántúlacht téacs, ceisteanna ar nós: Cé go díreach a chum an saothar? Mura bhfuil teacht ar chóip den téacs i lámh an údair an bhfuil leaganacha ar fáil a shíolraigh ón mbuntéacs? An bhfuil a leithéid de rud ann agus leagan deifnídeach den téacs? Tá na fadhbanna téacsúla a bhain leis an eagarthóireacht léirithe go maith sa tráchtaireacht atá againn ar thraidisiún na lámhscríbhinní. Tugaim, mar shampla,

---

[153] Neil Buttimer, 'Postclassical Modern Irish' in *Scoil an Léinn Cheiltigh: Tuarascáil Leathchéad Blian / School of Celtic Studies: Fiftieth Anniversary Report 1940-1990* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1990) lgh. 119-25 (lch. 119).
[154] *Ibid.*,

an méid seo a leanas as an léirmheas a scríobh Tomás Ó Rathaile ar eagrán Uí Fhoghludha de *Cúirt an Mheadhon Oidhche*[155]*:*

> A necessary preliminary to any serious attempt to discover the author's original text would have been the ascertaining of the distinctive features of each MS., with a view to tracing, as far as might be possible, the relationship and pedigree of each. But Mr. Foley has quite failed to appreciate the importance of a methodical survey of this kind, and the result is that his treatment of the question of the inter-relation of the MSS. is meagre and unsatisfactory.[156]

Sa lá atá inniu ann tá athbhreithniú fós á dhéanamh ar eagráin luatha ón naoú haois déag agus ó bhlianta luatha an fichiú haois. Sampla maith de seo is ea téacsanna de chuid Chumann Na Scríbheann nGaedhilge. Le blianta beaga anuas tá athbhreithniú scóipiúil á dhéanamh ag mórscoláirí na Gaeilge ar imleabhair an chumainn. Tá mórthéacsanna Gaeilge as tréimhsí éagsúla sa traidisiún curtha i gcló ag an gCumann ó bunaíodh é sa bhliain 1898.[157] Mar thoradh ar an bpróiseas athbhreithnithe seo tá réamhráite nua agus aistí léannta scríofa a chaitheann solas breise ar na téacsanna féin agus ar na lámhscríbhinní inar deineadh iad a sheachadadh. Sa sliocht seo a leanas as an réamhrá nua a cuireadh le *Giolla an Fhiugha* agus *Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe,* scríobh Máire Ní Mhaonaigh:

> The fact that the story 'has always been a great favourite with Irish scribes' was noted by Hyde. However, he could not have been aware of all the different manuscript copies of the tale and made reference to no more than six complete copies and to one fragmentary version. In actual fact, at least twenty-eight complete manuscript copies of the tale have survived, along with seventeen incomplete copies.[158]

Sa bhliain 1900 a céadfhoilsíodh dánta Aogáin Uí Rathaille. Ba é Pádraig Ó Duinnín an t-eagarthóir. Sa bhliain 1911 a foilsíodh an t-eagrán leasaithe a chóirigh sé i dteannta

---

[155] *Cúirt an Mheadhón Oidhche*, eag., Risteárd Ó Foghludha (Dublin: Hodges & Figgis, 1912).
[156] T. F. O'Rahilly, 'Reviews' *Gadelica* (1912) lgh 190-204 (lch. 196).
[157] www.irishtextssociety.org
[158] Máire Ní Mhaonaigh, *A New Introduction to Giolla an Fhiugha (The Land of Ferule) and Eachtra Cloinne Rígh na h-Ioruaidhe (Adventures of the Children of the King of Norway)* (London: Irish Texts Society, 1998), lch. 23.

Thorna.[159] I gcás fhilí na tréimhse sin is minic doiléireacht agus easpa eolais i dtaobh a gcuid dánta sna lámhscríbhinní, rud atá fíor i gcás Uí Rathaille. Scríobh Breandán Ó Buachalla: 'Of the fifty-four items which Dineen published as comprising Ó Rathaille's literary output some twelve items can be deleted as it is practically certain that he was not their author'.[160] Sa bhliain 2007 a foilsíodh eagrán Bhreandáin Uí Bhuachalla de dhánta Uí Rathaille.[161] Sa bhliain 2008, foilsíodh aiste ar an dán 'Mac an Cheannaí', ceann de na dánta is cáiliúla ó pheann Uí Rathaille; agus san anailís sin ardaíonn Caoimhín Breatnach roinnt ceisteanna faoi bhunús an téacs. Léiríonn an aiste chéanna cé chomh deacair is atá sé eagrán deifnídeach de shaothar Uí Rathaille a chur in eagar:

> In other copies the poem is attributed to Seán Clárach Mac Domhnaill but in the majority it is attributed to Ó Rathaille and on this basis Ó Buachalla maintains that the manuscript sources support attribution of the poem to Ó Rathaille. Closer examination of the sources, however, leads to a somewhat different interpretation of their evidence.[162]

Mar is léir ón dornán beag samplaí sin tá ceisteanna maidir le bunús téacsanna lárnach sa dioscúrsa ar litríocht na Gaeilge anuas go dtí ár linn féin.

Tá ceisteanna a bhaineann le barántúlacht téacsanna fíorlárnach don té a raghadh i mbun saothar an Choimínigh a chur in eagar. Is féidir a rá go bhfuil i bhfad níos mó cóipeanna dá shaothar againn ón naoú haois déag ná ón aois roimhe sin. Níl, áfach, oiread is lámhscríbhinn amháin i lámh an údair tagtha anuas chugainn, rud a chiallaíonn go bhfuilimid ag brath go huile is go hiomlán ar na scríobhaithe a bhí i mbun a shaothar a sheachadadh. De réir na lámhscríbhinní do chum Mícheál Coimín an dá scéal rómánsaíochta sa bhliain 1749 nuair a bhí sé 76 bliain d'aois. Is í an chóip is luaithe dá bhfuil againn, áfach, ná ceann ón mbliain 1765. Tá pé cáil atá air mar údar bunaithe cuid

---

[159] *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille / The Poems of Egan O'Rahilly*, ed. Rev. Patrick Dinneen and Tadhg O'Donoghue, with a new introduction by Breandán Ó Buachalla (London: Irish Texts Society, 1911/2004).
[160] *Ibid.*, lch 13.
[161] *Aogán Ó Rathaille*, eag., Breandán Ó Buachalla (Dublin: Field Day, 2007).
[162] Caoimhín Breatnach, 'On the Transmission, Text and Authorship of the Poem 'Mac an Cheannaí', *Éigse*, XXXVI (2008), 113-131 (lch 114).

mhaith ar an tuiscint gurbh é a chum *Laoi Oisín i dTír na n-Óg,* ach mar a léireofar ar ball tá an fhianaise a thacaíonn leis an tuairim sin tanaí agus go mór fé bhrat an amhrais. Sa seanchas a mhaireann mar gheall ar an gCoimíneach deirtear gur dhóigh a mhac a raibh ann dá pháipéir tar éis dó bás a fháil.[163] Dar leis an scríobhaí Micheál Ó Raghallaigh[164] bhí náire ar a mhac, Éamonn, go raibh a athair ina fhile Gaelach. Bhí an-chur amach ag an Raghallach ar scríbhneoirí an Chláir agus ní ceart ar an mbonn sin neamhní a dhéanamh dá údarás mar fhear léinn. Tá, áfach, scéal na tine coitianta go maith sa seanchas a ghabhann le traidisiún na lámhscríbhinní i gCúige Mumhan agus d'fhéadfaí a cheapadh nach bhfuil ann ach tróp san insint a tháinig chun cinn laistigh den traidisiún béil. Scríobh Breandán Ó Conchúir:

> We have accounts of some (if not all) of a poet's manuscripts being thrown into the fire – in the case of Seán Clárach, by the Sheriff's bailiffs, in the case of Micheál mac Pheadair Uí Longáin, by his employer, the Knight of Glin and, in the case of Seán Ó Coileáin, by his sister-in-law. Risteard Ó Foghludha was of the opinion that Aindrias Mac Craith's manuscripts, having survived into the twentieth century, also ended up in the flames, as a result of either misunderstanding or ignorance. Míchéal Coimín's son, ashamed of being the son of a mere poet, is said to have burned whatever manuscripts he found in the house, on the death of his father in 1760.[165]

I seanchas na háite, mar a thug Seosamh Mac Mathúna dúinn é sa leabhar *Kilfarboy: a history of a West Clare Parish,* tá an méid seo a leanas:

> Local tradition has a different account of the destruction of the Coimín manuscripts. It states that Mícheál Coimín was married in Galway but on the demise of his wife he married the daughter of Michael Creagh who gave him the Title Deeds of Ballino an Illaun. After some time, Ned Comyns son of the first marriage came to live with them at Páirc an Tigh Mhóir, a two-storey thatched residence just beside the old graveyard of Cill a Truim. Michael's wife was jealous of her step-son, and one night while Michael was at a ball-dance in The Atlantic

[163] Feic MN R69. Do chuir Pádraig Ó Fiannachta an nóta sin i gcló i *Léas ar ár Litríocht,* (Má Nuad: An Sagart, 1974) lgh 98/9.

[164] Feic Eilís Ní Dheá, 'Micheál Ó Raghallaigh: Scríobhaí ó Inis Díomáin', *The Other Clare 16* (1992); Eilís Ní Dheá, 'Scríobhaithe Lamhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir 1700-1900' in *Clare History and Society*, eds., Matthew Lynch and Patrick Nugent (Dublin: Geography Publications, 2008) lgh 139-56 (lgh 146-51); Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *Beathaisnéis 1782-1881* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1999) lch. 129.

[165] Breandán Ó Conchúir, 'The Manuscript Transmission of Ó Bruadair's Poetry' in *Dáibhí Ó Bruadair: His Historical and Literary Context*, ed., Pádraigín Riggs ( London: Irish Texts Society, 2001) lgh 46- 55 (lch. 48).

> Hotel, she set fire to his library in the eastern room and blamed Ned for the vandalism. She got the cook Peig to corroborate her statements and Ned had to flee. He fled to Ballyvaughan where Capt. Anthony MacDonagh was recruiting for the Irish Brigade. He joined the brigade, went to France and received a commission. Mrs. Creagh Comyns was afraid Ned would return and expose her treachery. So she paid Peig's illegitimate son to join the brigade and kill Ned. He failed in his attempt to murder Ned, and on court-martial he confessed the whole story. When Michael became aware of the facts he brought Ned home and gave him the Milford House property.[166]

Níl an insint seo in aon cheann de na lámhscríbhinní a chonaic mé agus bheinn den tuairim gur tháinig sé chun cinn i measc an phobail sa traidisiún béil níos déanaí. Bhunaigh Tomás Ó hAodha dráma ar an insint sin.[167]

Fiú má chuir Éamonn paipéir a athar trí thine tá fianaise ann a thugann le fios go raibh ábhar i lámh an Choimínigh ar marthain i measc lucht scríofa na lámhscríbhinní i bhfad i ndiaidh a bháis. I RIA 23 K 8 a chuir Conchubhar Ó Maoilriain, as Droichead Abhann Ua gCearnaigh,[168] le chéile sa bhliain 1818 maíonn sé go raibh sé ag cóipeáil as lámhscríbhinn de chuid an Choimínigh. Is é atá sa lámhscríbhinn seo ná cnuasach de thairngreachtaí curtha i leith Cholm Cille, Bhearcháin, Ultáin agus Shéadna. Chomh maith leis sin tá fianaise i gcuid de na colafain a thugann le fios go raibh leabhar de chuid an Choimínigh dar teideal 'Leabhar na Fáistine' mar eiseamláir ag scríobhaithe áirithe agus na scéalta rómánsaíochta á gcóipeáil acu. Tá tuairim láidir agamsa gurbh ionann 'Leabhar na Fáistine' agus átagraf an Choimínigh. Déanfar plé cuimsitheach ar 'thraidisiún na fáistine' níos déanaí sa chaibidil seo.

---

[166] Seosamh Mac Mathúna, *Kilfarboy: A History of a West Clare Parish*, (Miltown Malbay: Seosamh Mac Mathúna, 1974)
[167] Tomás Ó hAodha, *Seabhac na Ceathramhan Caoile* (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1906).
[168] Tá cuntas gairid ar an scríobhaí in Eilís Ní Dheá, 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir 1700-1900' lgh 152-3

## 5.2 Na Scéalta i gcló.

Sa bhliain 1893 a céadfhoilsíodh scéalta an Choimínigh sa leabhar *Bhláithfhleasg de Mhílseánaibh na Gaoidheilge*.[169] Ba é Pádraig Ó Briain[170] a chuir an téacs in eagar. Ní léir dúinn ón réamhrá cad iad na lámhscríbhinní a bhí á n-úsáid aige, ach amháin go raibh teacht aige ar 'ocht cóipe dhe i láimhsgríbhinibh eugsamhla i leabharlann Ardscoile Ríoghamhala na hÉireann agus tuilleadh díobh ag daoinibh i d-tuaith agus i mbaile'.[171] Luann sé cóip a rinne Seán Ó Faoláin[172] agus is dócha gurb é RIA 23 C 24 atá i gceist aige: lámhscríbhinn a chuir sé le chéile idir na blianta 1771-1778. Is amlaidh a dhéanann Ó Briain míléamh ar an gcolafan sa lámhscríbhinn seo nuair a scríobhann sé: 'Is é an bliadhain 1775 cheapann Seághan Ó Faoláin dó i gcóip do scríobh sé féin go gairid 'n-a dhiaigh sin'.[173] Is é atá sa cholafan ná: 'Gona í sin Eachtra Thoiroilbh Mhic Stairn mac dearthair Rígh Lochlunn agus a thriúr mac mar do frith a leabhar na fáisdine í leis an úgdar Mícháil Coimín an tan fá aois don Tíghearna 1777'.[174] Sna lámhscríbhinní eile leis an gcolafan sin is é dáta cumtha an scéil ná 1749, seachas an dáta cóipeála. Deir Ó Briain ina dhiaidh sin, áfach: 'A deir úghdar eile go n-dearnadh é sgríobh 'san m-bliadhain 1749'.[175] Maidir lena chur chuige mar eagarthóir níl an-chuid le rá aige: 'Do rinneas coimheas air cheithre cóipibh le n-a chéile, agus is beag an difir bhí eatorra. Thógas an meud shaoileas budh sothuigsiona agus budh soiléire ar gach ceann aca, agus thairis sin ní dhearna aon athrughadh uaim féin ann'.[176]

---

[169] *Bláithfhleasg de Mhílseánaibh na Gaoidheilge*, eag., Pádraig Ó Briain (Baile Átha Cliath: Pádraig Ó Briain, 1893).
[170] Feic: *Beathaisnéis1882-1982* lch. 68
[171] Ó Briain, *Bláithfhleasg de Mhílseánaibh na Gaoidheilge* lch. V.
[172] Níl eolas againn i dtaobh an scríobhaí seo.
[173] *Ibid.*,
[174] RIA 23 C 24, lch. 75.
[175] Ó Briain, lch. V.
[176] *Ibid.*,lch. V

Sa bhliain 1918 do chuir Eoghan Ó Neachtain ETS i gcló arís ach d'fhág sé ETM ar lár.[177] Sa réamhrá a chuir sé féin leis an téacs níl aon mhionchur síos ar na foinsí ná ar a chuid modhanna eagarthóireachta féin. Tar éis dó aitheantas a thabhairt d'eagrán Uí Bhriain scríobhann sé:

> Sgéal é a raibh cáil mhór air agus is minic a sgríobhadh é: tá ceathair nó cúig déag de chóipeanna dhe le fáil, agus is beag nach mar a chéile an innseacht atá ag an iomlán air. Na naoi gcinn a chonaic mise níl móran eatortha, ach iad ar an leagan céanna agus go minic ar an bhfocal céanna.[178]

Níl aon dabht faoi ach go raibh cur amach an-teoranta ag an mbeirt eagarthóirí ar thraidisiún na lámhscríbhinní. Tá a fhios againn go raibh cóip Uí Fhaoláin mar eiseamláir ag Ó Briain agus gurbh é sin an ceann ba luaithe a bhí aige. Maidir le Ó Neachtain, ní luann sé lámhscríbhinn ar bith ach is féidir cúpla rud a rá ina thaobh. Tá an chuma ar an scéal go raibh sé ag cloí, den chuid is mó, le heagrán Uí Bhriain. Sa dá leagan i gcló tá tagairt do Shuarán Mac Stairn, 'dearthár Thoroilbh' a tháinig 'chum ceannais na hÉireann de bhaint de Chormac Óg Mac Airt'.[179] Ní fios go cinnte cad iad na lámhscríbhinní a bhí ag Ó Neachtain ach tá seans maith ann go raibh ceann i láimh Mhichíl Óig Uí Longáin,[180] RIA 23 G 21,[181] aige agus RIA 24 C 8, a bhreac Mícheál Ó hAnnracháin[182] (ceann a bhí mar eiseamláir ag Nicholas Kearney[183] níos déanaí).[184] Tá an tuairim seo bunaithe ar mhír amháin nach bhfuil ag Ó Briain ná ag aon scríobhaí roimh chóip Uí Annracháin, a scríobhadh sa bhliain 1842. I dtreo dheireadh an scéil agus an laoch ag ullmhú don bhás tá an píosa seo a leanas:

---

[177] *Torolbh Mac Stairn*, eag., Eoghan Ó Neachtain, (Baile Átha Cliath: M.H. Gill agus a Mhac, Teo., 1922).
[178] *Ibid.*, lch. 1. Glacann Breandan Doibhlin leis an eagarthóir sin mar le líon ma lámhscríbhinní: *Manuail de Litríocht na Gaeilge Faisicil V 1704-1750: An Dubhaois* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2009) lch. 123.
[179] *Ibid.*, lch. 42, Ó Briain lch. 52.
[180] Feic Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí 1700-1850*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1982) lgh 91-133.
[181] Tugann ord roinnt línte agus ord na n-aidiachtaí in áiteanna le fios go raibh an ls seo mar eiseamláir aige, cé ná luann sé féin í mar fhoinse.
[182] Tá eolas ar an scríobhaí in *Beathaisnéis 1782-1881* lgh. 111-2; Eilís Ní Dheá,' Micheál Ó hAnnracháin agus a Chomhscríobhaithe i gCill Ruis', *The Other Clare*, 17 (1993) 45-7.
[183] Feic Seán Duffy, *Nioclás Ó Cearnaigh: Beatha agus Saothar*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1989).
[184] RIA 23 E 11

> ….agus chum dul go hárus naomhtha ceolmhar glórmhar compórdach na bhflathas chum na beatha síorruidhe do ghlacadh agus do chaitheamh i bhfochair na n-aithre naomhtha do chaith tréimhse ar an saoghal seo go huirísiol agus le hiomad cráibhtheacht agus atá anois ag glacadh a luach saothair i measc na n-aingeal agus i radharc Íosa Críost ag caitheamh na síorruidheachta.[185]

Tá gach cuma ar an scéal gurbh é Ó hAnnracháin a cheap an píosa sin. Chaith sé tamall ag gabháil don bhíoblóireacht, agus d'fhéadfaí a rá gur sampla í an mhír bheag sin den tslí a bhí tionchar ag a chreideamh ar théacs a bhí á chóipeáil aige.[186] Lasmuigh de shuirbhé Mháirtín Uí Bhriain ní dhearnadh aon suirbhé cuimsitheach ar líon na gcóipeanna ach amháin ceann Alan Bruford, ina bhfuil 30 cóip luaite.[187] Sa suirbhé a rinne mé féin tháinig mé ar 50 cóip ar marthain. Tá bunchóip(eanna) an údair imithe ó thuairisc

agus is féidir glacadh leis go bhfuil méid áirithe lámhscríbhinní caillte i gcaitheamh na mblianta.

### 5.3 Rangú na Lámhscríbhinní

Baineann formhór na gcóipeanna le Contae an Chláir ach tá cóipeanna againn as gach Contae i gCúige Mumhan, dhá chóip ó Chúige Laighean, agus ceann amháin i ó Chonnachta. I ndiaidh an Chláir, áfach, is é Co. Chorcaí an áit is mó ó thaobh líon na gcóipeanna de. Tá droch-chaoi ar líon beag lámhscríbhinní agus míreanna ó na scéalta ar iarraidh. Mar a luadh, cé gur cumadh an dá scéal sa bhliain 1749 níl aon chóip againn níos luaithe ná 1765.[188] Faightear na cóipeanna is déanaí idir na blianta 1877-1881.[189] Cruthaíonn an oiread sin lámhscríbhinní laistigh den fhaid aimsire sin deacrachtaí nach beag maidir lena rangú. Ní fada óna chéile na dúshláin a bhaineann le rangú

[185] Ó Neachtain, lch. 47-8.
[186] Feic Laim Mac Peaircín, *Donnchadh Ó Ceallaigh: Fear Freastail Lucht Léinn* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2008) lch. 27.
[187] Alan Bruford, *Gaelic Folktales and Mediaeval Romances* (Dublin: Folklore Society, 1969) lch.
[188] MN C72
[189] NLI G505; UCC M4

lámhscríbhinní ETS agus ETM agus a raibh le sárú ag Brian Ó Cuív nuair a bhí *Párliament na mBan* á chur in eagar aige:

> Such difficulties in classification are commonplace in connection with texts like the present, which, owing to their popularity, were frequently copied, and with which it was the rule rather than the exception for the scribe to take liberties. The difficulties are increased by the fact that probably as many copies have been lost as have survived, so that in many cases the links between extant copies are missing.[190]

Anuas ar an méid sin ní mór an chabhair a fhaightear i gcuntais na scríobhaithe a bhíonn, ar uairibh, mar a scríobh Pádraig Ó Macháin 'ina mbalbháin maidir le log, aimsir, údar agus fáth a scríofa a nochtadh leis an údar – rud a bhíonn ina chrá croí ceart d'éinne gur mian leis tuairisc na lámhscríbhinní a thabhairt'.[191]

Ag scríobh di ar scríobhaithe an Chláir deir Eilís Ní Dheá go raibh 'ré na scríobhaithe 'páirtaimseartha' seo faoi bhláth i gContae an Chláir san 18ú agus 19ú haois'.[192] Deir Ní Dheá linn go raibh suas le 30 duine ag saothrú an léinn i gContae an Chláir san 18ú haois agus 'bhí an dá oiread sin arís ag gabháil don obair chéanna i gcaitheamh an 19ú haois'.[193] Is féidir a rá go mbaineann an méid seo a leanas, a scríobh Pádraig de Brún, le scríobhaithe ETS agus ETM: 'Ba léannta cuid de na scríobhaithe ná a chéile, ní nach iúnadh, roinnt acu a raibh na seanleabhair acu agus a thuilleadh díobh agus gan ach scríobh na teanga ar éigin acu'.[194]

Sa ré dhéanach seo bhí a bhformhór ag saothrú ar mhaithe leo féin nó daoine dá lucht aitheantais. Bhí léamh amach lámhscríbhinní i dtithe bothántaíochta coitianta go maith mar chaitheamh aimsire sa tréimhse seo. Do thuig cuid acu go raibh léann na Gaeilge ag dul i

---

[190] *Párliament na mBan*, eag., Brian Ó Cuív, (Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn, 1970) lch. xviii.
[191] Pádraig Ó Macháin, 'A Llebraib Imdaib': Cleachtadh agus Pátrúnacht an Léinn, agus Déanamh na Lámhscríbhinní' in *Oidhreacht na Lámhscríbhinní: Léachtaí Cholm Cille*, XXXIV(2004) lch. 150.
[192] 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir 1700-1900' in *Clare: History & Society* lch. 140.
[193] *Ibid.*,
[194] Pádraig De Brún, '"Gan Teannta Buird Ná Binse": Scríobhaithe Gaeilge, c.1650-1850' in *Comhar* (Samhain 1972) lch. 17.

léig agus go raibh gá le seachadadh agus buanú ábhair sna lámhscríbhinní. Ag caint ar scríobhaithe Chorcaí, scríobh Ó Conchúir:

> As an líon sin scríobhaithe ar fad ní bhfaightear san 19ú haois ach deich nduine fhichead a rinne saothar do dhaoine eile. Ní haon iontas seo, leis, nuair a chuimhnímid ar an saghas daoine iad na scríobhaithe. I gcás na coda is mó ar fad díobh, ní raibh sa scríbhneoireacht acu ach saothar a rinneidís i ndíomhainteas an tráthnóna nó Dé Domhnaigh. Is é Mícheál Óg Ó Longáin an t-aon scríobhaí amháin is eol dúinn a rinneadh iarracht maireachtaint ar an scríbhneoireacht ach is luath a thuig sé sin nárbh fhéidir leis é agus go gcaithfeadh sé an mhúinteoireacht a tharraingt chuige féin chomh maith chun a bheatha a thuilleamh.[195]

Sa suirbhé a rinne Nessa Ní Shéaghdha[196] ar ghairmeacha beatha na scríobhaithe a bhí ag saothrú san ochtú agus sa naoú haois déag deir sí go ndeachaigh an-chuid acu i mbun scoile: 'scoil scairte nó scoil faoi choimirce na cléire nó faoi choimirce an Stáit (san 19ú céad)'. Bhí cuid mhaith ag gabháil don bhfeirmeoireacht ar phíosa beag talún a bheadh ar cíos acu. Bhí líon áirithe ina sclábhaithe feirme agus ag brath ar an spailpínteacht chun a mbeatha a thuilleamh. Ceardaithe ab ea scríobhaithe eile. Más ag bun an dréimire shóisialta a mhair a bhformhór bhí aicme eile scríobhaithe a bhí níos fearr as: 'fir ghnótha, lucht ársaíochta agus an chléir – ar phatrúin iad chomh maith – ach gur dhóichí nár ghoill cruatan an tsaoil úd chomh dian sin orthu siúd'.[197] Bhí pátrúin ag scríobhaithe áirithe ach ní hionann an gaol a bhí eatarthu agus mar bhí idir fear léinn agus pátrún i ré na scol. Mar a scríobh Pádraig Ó Macháin:

> An comhionannas san idir léann an phátrúin agus léann an scoláire, agus é ag teacht in eireaball traidisiún na scol, tá fógra deiridh á dhéanamh aige ar fhearaibh léinn a bheith ina n-uaisle, agus iad ar chomhchéim, ar a laghad, lena bpátrúin. Leis an dul síos bhí ag titim amach ó lár an tseachtú haois déag ar aghaidh, agus a mhéadaigh ina mhaidhm sléibhe san aois dár gcionn, tháinig go pointe áirithe, an tuar faoin tairngreacht maidir le clanna ísle agus uaisle a bheith 'comhdhaor comhshaor'. Ar shlí dob fhéidir a áiteamh gur san uair sin a thosaigh i gceart an fhíorphátrúnacht – i gcéill an lae inniu – agus scríobhaithe ag fáil oibre agus díolaíochta mar dhéirc nach mór ó éinne a raibh aon iarracht de ghustal agus de charthanacht acu, marab

[195] Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, lch. 227.
[196] Nessa Ní Shéaghdha, 'Gairmeacha Beatha Roinnt Scríobhaithe ón 18ú agus ón 19ú Céad', *Celtica*, 21 (1990), 567-75.
[197] *Ibid.*, lch. 568.

> ionann agus na fearaibh léinn a chuaigh rompu agus a d'fhéach ar an méid a bhí le fáil acu mar cheart.[198]

Bhain na scríobhaithe, a rinne saothar próis an Choimínigh a sheachadadh, le gach aicme sa speictream sin thuas.

Ag caint, go ginearálta, ar an tslí gur chaith na scríobhaithe le scéalta an Choimínigh is féidir a rá go dtaispeánann na scríobhaithe umhlaíocht i láthair an téacs agus an údair sa mhéid is nach ndéanann siad a gcuid fhéin de agus ní léir gur ghlacadar seilbh ar na téacsanna ar bhonn cruthaitheach. Is féidir a rá go bhfanann na scríobhaithe dílis don insint mar atá sé i 'Leabhar na Fáistine' den chuid is mó. Níl ach scríobhaí amháin a chuireann isteach ar an insint, agus a chuireann a dheireadh fhéin leis an scéal agus sin RIA 23 Q 18 leis an scríobhaí Éamon Ó hOrrochodh a bhí ag saothrú gar d'Áth Luain i gCo. Ros Comáin. Úsáideann sé an t-ainm Séamus Ó Fearraoill, 'the handwriting in the two sets of signatures is identical', a deirtear sa chatalóg. Sa leagan seo ní théann Torolbh go dtí an Domhan Thoir agus ní fhaigheann sé bás i gCoill na Marbh i dteannta an tsean-Ghiúdaigh. Ag an deireadh anseo caitheann sé 'an chuid eile dá shaol ag rialú sa ríocht sin' agus ba mhór 'a gcean air'.

Má tá éagsúlachtaí idir na leaganacha eile baineann siad seo le míléamha téacsúla nó le cúrsaí eagarthóireachta. Bhí sé de nós ag scríobhaithe feidhmiú mar eagarthóirí agus téacsanna á gcóipeáil acu. Dhéanfadh an scríobhaí cinneadh a bhain le litriú, úsáid ciorrúchán, ord agus líon na n-aidiachtaí in abairtí, rogha réamhfhocal agus briathra. Bhí an-chuid de na scríobhaithe seo ar bheagán acmhainní ó thaobh páipéir agus dúigh de, rud a bheadh san áireamh i gcur chuige na grafnóireachta. Tá umhlaíocht agus easpa misnigh na scríobhaithe le feiscint go minic sna colafain, iad ag súil go maithfidh an léitheoir dóibh má théann siad amú. Bhí sé de nós ag scríobhaí amháin, mar shampla, Pádraig Ó Giobúin, 'Pádraig neamhurchóideach Ó Giobúin' a thabhairt air féin. Tá an dílseacht seo don téacs

[198] Ó Macháin, lch. 169.

suimiúil i gcomhthéacs a bhfuil ráite ag tráchtaírí eile i dtaobh nadúr an traidisiúin. San anailís a rinne Meidhbhín Ní Úrdail ar sheachadadh *Cath Chluain Tairbh*, thug sí faoi deara go raibh scríobhaithe ag dul i mbun na grafnóireachta ar bhonn cruthaitheach agus go raibh i bhfad níos mó ná eagarthóireacht téacs i gceist:

> The manuscript tradition of the aforenamed CCT also bears eloquent testimony to scribal creation and re-creation on the part of its compilers. Almost ninety transcripts, dating from the period between 1701/2 and 1890, have survived; yet within this remarkable number of sources we can observe their compilers'active involvement in modifying and supplementing their texts. That this should be so evident attests to the role of the eighteenth- and nineteenth-century scribe as a dynamic transmitter of narrative. Besides, it alerts us to the fluidity between his labours as a copyist and as a scribing author whose creative sense is provoked by his activity in dealing with texts. It also alerts us, however, to a living vernacular narrative tradition, the transmitters of which were not solely concerned with the fixity or permanence of a written text, but rather with extending and enhancing it to create a fresh work. Indeed, I suggest that the very act itself of committing a text to writing fostered a more intimate relationship between the scribe and the text, thus prompting him to project his own individuality onto it.[199]

Téann cleachtas scríobhaithe ETS agus ETM in aghaidh théis Ní Úrdail agus Buttimer, agus is féidir a áiteamh mar sin nárbh ionann meon scríobhaithe i leith scéil a chum údar aitheanta (An Coimíneach mar shampla), agus a tháinig isteach sa traidisiún ag pointe déanach. Déanaim amach go raibh an Coimíneach, i súile na scríobhaithe, ina údar comhaimseartha, agus go raibh tuiscint eile acu ar théacsanna a bhí seanbhunaithe sa traidisiún nó a bhain leis an ré ársa agus gur bhraith siad go raibh saoirse éigin acu cur isteach orthu mar sheachadóirí gníomhacha. Tá, áfach, an-chuid le déanamh sa ghort seo sara mbeidh tuiscint iomlán againn ar chleachtas scríobhaithe i leith téacsanna éagsúla sa traidisiún.

### 5.4 Traidisiún na Fáistine

Luadh cheana 'Leabhar na Fáistine' agus an tuairim láidir gurbh ionann an leabhar seo agus átagraf an Choimínigh. Tá againn deich gcinn de lámhscríbhinní a shíolraíonn ón

[199] Meidhbhín Ní Úrdail, 'The Literary Legacy of Keating's *Foras Feasa Ar Éirinn'* in *Geoffrey Keating's Foras Feasa Ar Éirinn: Reassessments*, ed., Pádraig Ó Riain (Dublin: Irish Texts Society, 2008) lgh 52-67 (lch. 53). Feic Meidhbhín Ní Urdail, *Cath Cluana Tarbh: 'The Battle of Clontarf'*, (London: Irish Texts Society, 2011)

bhfoinse seo. Is é an buncheangal idir na lámhscríbhiní seo ná go bhfuil an colafan céanna ag gach ceann: 'Gurab í sin Eachtra… mar do frith as Leabhar na Fáisdine leis an údar Micheal Coimín'. Tá dhá léamh ar an gcolafan seo: go raibh gach aon scríobhaí ag cóipeáil as leabhar an Choimínigh i gcaitheamh na mblianta nó go raibh 'Leabhar na Fáistine' ag an scríobhaí a chum an colafan sin agus go síolraíonn an chuid eile ón duine sin. Pé scéal é, is féidir a rá go bhfuil an nasc is dírí ag an deichniúr seo le bunchóip an Choimínigh. Is féidir a mhaíomh go raibh lámhscríbhinní eile sa traidisiún seo ach go bhfuil siad imithe ó thuairisc leis na cianta. Is í an chóip is sine atá ar marthain leis an gcolafan seo ná MN C 72 a scríobh Muircheartach Ó Briain d'Aogán Ó hÓgáin sa bhliain 1765. Tá drochchaoi ar an lámhscríbhinn seo agus roinnt mhaith míreanna den scéal ar iarraidh. Bhí Muircheartach ag saothrú an léinn i 'Ballyportry' atá i mBarúntacht Inse Uí Chuinn.[200] Tá drochchaoi ar an lámhscríbhinn seo agus roinnt mhaith míreanna den scéal ar iarraidh.

Is í an tarna cóip atá ar marthain ná MN M 111 a ghraf Seán Ó Fionnúcháin sa bhliain 1768. Bhí sé i mBarúntacht Inse Uí Chuinn, leis, é 'suite ar an Maigh Mhór, i bparóiste an Ruáin'.[201] Scríobh Eilís Ní Dheá go raibh baint ag Ó Fionnúcháin le muintir Choimín:

> Is cosúil go raibh aithne ag Ó Fionnúcháin ar mhuintir Choimín. Bhí cóip Mhíchíl Choimín den Leabhar Muimhneach mar eiseamláir aige agus é ag cóipeáil Ls. SF 1 atá i seilbh mhuintir Mhic Fhlannchaidh ar an oileán Bán go fóill agus is ag cóipeáil as 'Leabhar Rua na Fáistine' leis an gCoimíneach a bhí sé nuair a rinne sé cóip de 'Eachtra Thoroilbh Mhic Stairn'.[202]

I nóta a chuir an Dr. Ní Dheá chugam caitheann sí tuilleadh solais ar an mbaint a bhí ag an dá theaghlach le chéile:

> Tá ginealach mhuintir Choimín anuas go dtí 'Edward Comyn Esq. le fáil ar lch.63 de G 1,132 (an chóip a rinne Ó Fionnúcháin den bhForas Feasa). Rinne sé níos mó ná cóiop amháin den aistriúchán Béarla a rinne Mícheál Coimín de thuireamh Mhuircheartaigh Uí Bhriain, Iarla Inse Uí Chuinn.[203]

---

[200] Tá cuntas beag ar an scríobhaí in Ní Dheá, 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir 1700-1900', lch. 141.
[201] *Ibid.*,
[202] *Ibid.*, lch. 141-2.
[203] Nóta lámhscríofa ón Dr. Eilís Ní Dheá

Tugaim féin, san eagrán seo, údarás nach beag don lámhscríbhinn seo. Tá an téacs do-léite in áiteanna, áfach, agus tá míreanna den téacs ar iarraidh, go háirithe ETM.

Scríobhadh an chéad chóip eile as 'Leabhar na Fáistine' sa bhliain 1769. Ta sé seo in Oxford Ms. Ir.e.3. Cuireadh cuid den lámhscríbhinn seo le chéile sna blianta 1766 agus 1769 nuair a bhí an scríobhaí, Seán Ó Conaill,[204] ag saothrú i mBaile an tSeanchaisleáin agus gar do Bhaile na Martra. Is í seo an chóip is luaithe de na scéalta i gContae Chorcaí. Ní fios conas a ráinig le 'Leabhar na Fáistine' bheith i seilbh Uí Chonaill an tráth seo, má bhí. Tá lámhscríbhinn de chuid Sheáin Uí Mhurchú luaite mar eiseamláir anseo, Seán na Ráithíneach is dócha.[205] Ní deir sé linn cad iad na téacsanna a thóg sé ó Sheán na Ráithíneach agus seans nach raibh ETS agus ETM i gceist. Tá a fhios againn, áfach, go raibh ábhar aige ó Chontae an Chláir; bhí, mar shampla, lámhscríbhinn de chuid Aodha Bhuí Mhic Cruitín mar eiseamláir aige tráth.[206] Pé scéal é, mar a léireofar ar ball, is beag go deo, lasmuigh de chúrsaí litrithe, atá idir an chóip seo de na scéalta agus cóip Uí Fhionnúcháin. Tá úinéirí agus scríobhaithe eile luaite sa lámhscríbhinn: Donncha Ó Súilleabháin a scríobh lgh 26-7 do Mhícheál Ó Críogáin sa bhliain 1806 agus roimhe sin sa bhliain 1789 scríobh Séamus Ó Riain lgh 28 agus 54-6 i gCarraig na Siúire do Phádraig Ó Loingsigh. Bhí an lámhscríbhinn i seilbh Uilliam Bhreathnaigh níos déanaí. Bhí Uilliam Breathnach ag saothrú an léinn i gCarraig Bheag, Co. Phort Láirge.[207] Is dócha gurbh ón lámhscríbhinn seo a thóg sé ETS agus ETM nuair a bhí LNÉ G 161 á chur le chéile aige sna blianta 1812-13. Sarar fhág an lámhscríbhinn seo Co. Chorcaí tá seans go raibh

[204] Féach *Scríobhaithe Chorcaí*, lgh 46-8. Níl an lámhscríbhinn seo luaite ag Ó Conchúir i *Scríobhaithe Chorcaí*.
[205] Féach *ibid.*, lgh. 167-72.
[206] LNÉ G 95.
[207] Feic 'Scríobhaithe Phort Láirge 1700-1900', in *Waterford History & Society*, eds., Willaim Nolan, Thomas P. Power (Dublin: Geography Publications, 1992) lgh.
Tá lámhscríbhinn eile againn ó Chontae Phort Láirge a ghraf Patrick Denn sa bhliain 18.. Ní fios go baileach ar shíolraigh sé ó lámhscríbhinn an Bhreatnaigh.

tionchar aige ar lámhscríbhinn eile; RCG 1[208] a chuir Ríghrí Mac Raghnaill[209] le chéile i mBaile Chaisleáin an Róistigh idir na blianta 1780-82. Ní fios an raibh caidreamh aige ar Sheán Ó Conaill, ach bhí siad ag saothrú sa taobh céanna tíre. Níl an colafan ag Mac Raghnaill. Suimiúil go leor, bhí lámhscríbhinn de chuid Sheáin Uí Mhurchú (na Ráithíneach) mar eiseamláir aige, leis, ach arís nílimid cinnte cad é an t-ábhar a thóg sé ón gceann sin.

Is é Dónal Ó hUiginn[210] a scríobh an chéad chóip eile as 'Leabhar na Fáistine' sa bhliain 1774. Bhí sé ag saothrú an léinn i bparóiste Dhroma Cléibhe, Inis. Timpeall an ama chéanna (1771-78), a chuir Seán Ó Faoláin cóip de ETS agus ETM le chéile- táimid dall ar an scríobhaí seo. Scríobh Labhrás Ó hÁinle[211] RIA 24 L 8 am éigin idir na blianta 1784-6. Bhí sé ag saothrú 'i bparóiste Chlúaine tamall beag ó Inis Díomáin'. Is í an chóip seo a bheidh mar cheannscríbhinn im eagrán féin de na scéalta. Is é Tomás Mac Giobúin[212] a bhí ag saothrú i Muillte Mhuiris a ghraf an chéad chóip eile as 'Leabhar na Fáisdine' sa bhliain 1809. Tá cóip againn ó Shéamus Mac Coinn,[213] a ghraf sé sa bhliain 1811 i bparóiste Chlúaine. I bparóiste Chill Fear Buí do ghraf Séamus Ó Nia[214] cóip sa bhliain 1812.

Is é an chéad uair eile go bhfaighimid trácht ar 'Leabhar na Fáistine' ná i JRUL 45; lámhscríbhinn de chuid Mhíchíl Rua Mhic Dhiarmada, a ghraf sé sa bhliain 1822. Ba as Baile na hEaglaise, Co. Mhaigh Eo dó.[215] I dtraidisiún na fáistine is é Mac Diarmada an t-aon scríobhaí a luann dhá scéal eile a bhí i leabhar an Choimínigh: 'Eachtra Chloinne Rí na hIorruaidhe' agus 'Dian-choscair Shliabh Luachra'[216]. Tugann an méid sin le fios go

[208] Pádraig Ó Fiannachta, 'Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste na nGael sa Róimh', *Studia Celtica*, 3 (1968), 53-65.
[209] Féach Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, lgh. 28-9.
[210] Ní Dheá, lch. 152.
[211] *Ibid.*, lch. 141.
[212] *Ibid.*, lch. 147.
[213] *Ibid.*, lch. 147.
[214] *Ibid.*, lch. 151.
[215] Liam Mac Peaircín, *Donnchadh Ó Ceallaigh: Fear Freastail Lucht Léinn* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2008) lch. 106
[216] Theip orm teacht ar chóip den scéal seo in aon áit.

mb'fhéidir go raibh an leabhar féin ina sheilbh rud a chiallódh go mb'fhéidir go raibh átagraf an Choimínigh ar marthain go dtí na 1820í. Tá an dá scéal i lámhscríbhinn eile dá chuid a chuir sé le chéile sa bhliain 1846.[217] Faoin am sin bhí sé ag saothrú i dteannta, agus fé phátrúnacht, D.H. Kelly. Tiarna Talún dob ea an Ceallach a raibh eastát aige i mBéal Átha Ghártha, Co. na Gaillimhe. Fear mór ársaíochta dob ea é agus ba é a bhailigh a bhfuil de lámhscríbhinní Gaeilge i dtaisce i Leabharlann John Rylands, Manchain. [218] Tá a fhios againn gur chaith an an Ceallach 'an-chuid ama in éineacht le Mícheál Mac Diarmada ag cóipeáil agus ag aistriú téacsanna na lámhscríbhinní go Béarla',[219] agus i measc na n-aistriúchán a rinne siad i dteannta a chéile tá 'The Adventures of Turlough McStarn'.[220]

Sa bhliain 1825 do ghraf an file agus scríobhaí Mícheál Ó Mongáin cóip de ETS agus ETM agus tá an colafan céanna aige.[221] Bhí an Mongánach ag saothrú an léinn i gCarraig an Chabhaltaigh go dtí gur bhog sé isteach go Cill Rois i dtreo dheireadh a shaoil.[222] Is í an chóip seo an ceann is luaithe den dá scéal in iardheisceart an Chláir agus is amhlaidh a shíolraigh cóipeanna eile sa taobh sin tíre ón Mongánach. Do ghraf sé féin cóip eile de na scéalta i lámhscríbhinn don Athair Johnathan Furlong sa bhliain 1840.[223] Bhí Furlong ina phátrún ar Ó Móngáin. Tá cóip eile againn ó Chill Rois: ceann a bhreac Mártan Ó Gríofa[224] idir na blianta 1829-30[225] agus an ceann a luamar cheana le Mícheál Ó hAnnracháin sa bhliain 1842. Bhí Ó Mongáin agus Ó Gríofa an-mhór lena chéile agus Ba é Ó Gríofa a mhaígh go láidir gurbh é an Mongánach údar 'Laoi Oisín i dTír na n-Óg'.[226] Bhí caidreamh

[217] JRUL 80
[218] Is é an cuntas is cuimisthí atá againn ar na lámhscríbhinní sin ná an méid atá in Mac Peaircín, *Donnchadh Ó Ceallaigh: Fear Freastail Lucht Léinn*
[219] *ibid.*, Lch. 26
[220] JRUL 36
[221] LNÉ G 1,007
[222] 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir 1700-1900' lch. 149-51.
[223] LNÉ G 211
[224] Op cit lch.150
[225] RIA 24 L 22.
[226] Tá na litreacha chuig William Smith O'Brien ina ndeineann sé an cás seo i LNÉ G 1,244.

ag an Mongánach ar fhilí thuaisceart Chiarraí. Níl a fhios againn an raibh aon bhaint aige leis an scríobhaí Mícheál Ó Mathúna a ghraf cóip den da scéal in Easdaoi, Co. Chiarraí idir na blianta 1822-3.[227]

Ní fhaightear trácht ar 'Leabhar na Fáistine' arís go dtí 1830 agus ba é Mícheál Ó Raghallaigh, as Inis Díomáin an scríobhaí. Duine tábhachtach i seachadadh chorpas an Choimínigh ab ea an Raghallach agus scríobhaí bisiúil ab ea é ar feadh an-tamaill, agus tá eolas cuíosach maith againn ar a chomhluadar liteartha.[228] Tá a fhios againn go raibh aithne mhaith aige ar mhuintir Uí Fhlannacadha in Inis Díomáin. Bhí baint ag an teaghlach san le muintir Uí Fhionnúcháin agus tá an seans ann gur tríd an nasc sin a tháinig sé ar shaothar an Choimínigh. Is dócha gur chuir sé traidisiún na fáistine chun cinn cé nach bhfuil eolas cruinn againn ar cé a fuair na scéalta go díreach ón Raghallach. Is i bparóiste Chill tSeanaigh, Co. an Chláir a fhaighimid an lámhscríbhinn dheireanach a luann 'Leabhar na Fáistine' agus tá sé sin i gceann a ghraf Agaistín Mac Aodha[229] sa bhliain 1877.

**5.5 Ciorcal Uí Longáin**

Tá sé feicthe againn gurbh í an chóip den dá scéal i lámhscríbhinn de chuid Sheáin Uí Chonaill an chóip is luaithe dá bhfuil againn i gContae Chorcaí. Lasmuigh de Chontae an Chláir is i gCorcaigh a fhaighimid an líon is mó cóipeanna. Tá RIA 23 G 21 ar cheann de na lámhscríbhinní is tábhachtaí mar le seachadadh an scéil i gCorcaigh. Lámhscríbhinn mhór thoirtiúil atá anseo a ghraf Mícheál Óg Ó Longáin idir na blianta 1795-97. Murab ionann agus a lán scríobhaithe, tá mionchuntas againn ar imeachtaí Mhíchil Óig ag an tráth

[227] RIA 23 A 27
[228] Féach Eilís Ní Dheá 'Micheál Ó Raghallaigh: Scríobhaí ó Inis Diomáin' in *Old Limerick Journal*, 1992. Tabharfar cuntas níos iomláine ar an scríobhaí seo nuair a bheidh filíocht an Choimínigh á plé.
[229] Ní Dheá, 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir', lch. 147.

seo.[230] Ní heol dúinn an fhoinse a bhí aige féin, ach tá an chóip seo fíorthábhachtach maidir le forleathanú na scéalta i gCorcaigh sa naoú haois déag toisc gur shíolraigh cuid mhaith lámhscríbhinní go díreach ón gcóip seo. Tá sé seo fíor faoi roinnt mhaith téacsanna eile mar a mhíníonn Meidhbhín Ní Úrdail:

> Transcripts of materia medica were made by two Ó Longáin scribes in the second half of the eighteenth century, therefore, well before the treatise was available to Gaelic scholarship in Cork city. Indeed, it is the availability of the eighteenth-century copies by Mícheál Óg, in particular, which ensured the scribal transmission of the Irish herbal there.[231]

Is féidir bheith lánchinnte gur shíolraigh cóipeanna eile den scéal ón gceann seo. Cóip dhilís den leagan seo is ea MN M 22 a ghraf Pól Ó Longáin,[232] mac Mhíchíl, sa bhliain 1817. Tá a fhios againn go bhfuil lgh 265-77 agus 297-366 de LNÉ G 93 bunaithe ar RIA 23 G 21. Eoghan Tóibín[233] a ghraf an ceann seo i mbóthar na Blarnan, i gcathair Chorcaí. Scríobh Ó Conchúir: 'Bhí caradas aige le Mícheál Óg Ó Longáin ar feadh na mblianta, mar is léir ó na haistí filíochta a scríobh an Longánach chuige sa bhliain 1816, agus arís sa bhliain 1817, agus gan amhras bhí an bheirt acu ar mheitheal scríbhneoireachta an Easpaig Uí Mhurchú'.[234] Do bhreac Pól Ó Longáin cóip eile sna blianta 1819-20 ( RIA E vi 3) agus tá cóip againn[235] óna leathchúpla, Peadar[236], a deineadh timpeall an ama chéanna.

Sna blianta 1831-1833 do rinne Dáibhí de Barra[237] cóip den dá scéal. Cé nach raibh sé fostaithe ag an Easpag Ó Murchú mar scríobhaí bhí baint aige le scríobhaithe a bhí lárnach sa chiorcal. Scríobhann Ó Conchúir: 'Chum sé véarsaí filíochta don Easpag Ó Murchú

---

[230] Feic Breandán Ó Conchubhair, *Scríobhaithe Chorcaí*, lgh 91-133. Feic Meidhbhín Ní Úrdail, *The Scribe in Eighteenth- and Nineteenth- Century Ireland: Motivations and Milieu* (Münster: Nodus Publkationen, 2000) lgh 43-8.
[231] *Ibid.*, lch. 180.
[232] Feic Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, lgh. 141-49.
[233] *Ibid.*, lgh. 186-7.
[234] *Ibid.*, lch. 187.
[235] RIA 23 K 35.
[236] *Ibid.*, lgh. 133-41
[237] *Ibid.*, lgh. 8-13. Feic, leis, *Corraghliocas na mBan*, eag., Breandán Ó Conchúir (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1991).

agus d'iarr ar Sheán Ó Dreada déantús eile dá chuid a thaispeáint dó, féachaint cad déarfadh sé leis, ach ní fios ar tháinig an t-easpag riamh i gcabhair air in aon slí'.[238]

Tá cóip de na scéalta óna chara thuasluaite Seán Ó Dreada,[239] "snoigheadóir cloch" in RIA 24 A 29, a ghraf sé sa bhliain 1835. Bhí sé ag saothrú cuid mhaith i mBóthar na Blarnan. I gCarraig na bhFear a ghraf Seán Mac Aogáin[240] cóip de na scéalta sa bhliain 1833.[241] Ba é Tadhg Ó Conaill[242] a scríobh dhá thrian tosaigh na lámhscríbhinne. Bhí Tadhg ag saothrú i dTobar Rí an Domhnaigh sna blianta 1815-27; duine de lucht caidrimh Mhíchíl Óig ab ea Tadhg. Bhí aithne ag Seán Mac Aogáin ar Mhícheál Óg, leis. Scríobh Ó Conchúir: 'B'fhéidir gurb ionann é seo agus an Seán Mac Aogáin ar rinne Mícheál Óg Ó Longáin marbhna ar a bhás sa bhliain 1833'.[243]

Lámhscríbhinn eile a bhaineann le ciorcal Uí Longáin ná RIA 24 A 6. Scríobh Tomás Ó Setháin[244] an chéad chuid sa bhliain 1812. Tá cóip de ETM a scríobh Éamann Ó Mathúna[245] sa bhliain 1845 againn agus ba sa bhliain sin a fuair sé bás. Ina dhiaidh sin bhí an lámhscríbhinn seo i seilbh Fhinín Uí Allúráin a bhí ag saothrú i nGarrán an Chúnlaigh.

Tá cóip eile de ETS agus ETM ó bheirt scríobhaithe a bhain, b'fhéidir, go hindíreach le ciorcal an Longánaigh. Do chuir Seán agus Diarmaid Ó Ríagáin BL add. 18,945 le chéile sna blianta 1829-1834 'ar Chnoc an Chuilinn, tamall gearr siar ó dheas ó Inis Céin'[246]. Is beag eolas atá againn ina dtaobh ach amháin ainmneacha na scríobhaithe eile go mbíodh caidreamh acu orthu sa dúthaigh. Creideann Ó Conchúir go raibh baint acu le Pádraig Ó Mathúna[247] ón Mainse agus Finín Ó hAllúráin[248] ó pharóiste Theampall Mháirtín. Luann sé

---

[238] *Scríobhaithe Chorcaí*, lch. 12.
[239] *Ibid.*,lgh. 61-3.
[240] *Ibid.*, lch. 17.
[241] F CF 34.
[242] *Ibid.*, lgh. 48-9.
[243] *Ibid.*, lch. 17.
[244] *Ibid.*, lch. 177.
[245] *Ibid.*, lgh. 159-62.
[246] *Scríobhaithe Chorcaí*, lgh. 174-5.
[247] *Ibid.*, lgh. 162-3
[248] *Ibid.*, lgh. 80-1.

beirt eile a bhí gar dóibh, leis: Diarmaid Ó Súilleabháin[249] agus Donncha Mac Cárthaigh.[250]

**5.6 Scríobhaithe Áth an Mhuilinn**

Ar an dtaobh ó thuaidh de Chontae Chorcaí, tá Áth an Mhuilinn, áit a bhí gníomhach go maith i saothrú na lámhscríbhinní ó dheireadh an ochtú haois déag go dtí 1858, an bhliain atá luaite leis an lámhscríbhinn dheireanach atá ar marthain ón bparóiste. Idir na blianta 1799-1801 scríobh Séamas Standún[251] RIA 23 O 52 (an t-aon lámhscríbhinn atá ina láimh). Scríobh sé an lámhscríbhinn dá chara Tómás Ó Loinnse ón Ráth. Tá daoine eile luaite: Lúcás Ó hArtagáin agus William Núnan (níl ceachtar acu aitheanta mar scríobhaithe). Sa bhliain 1836 bhí an leabhar i seilbh Dhiarmada Uí Chonaill[252] a chuir 'beagán beag lch leis an lámhscríbhinn sa bhliain 1836, nuair a bhí sí á ceangal aige, b'fhéidir'.[253] Ceannaíodh an lámhscríbhinn sa bhliain 1938 ó Patrick T. McCarthy, Mainistir na Féile. Sa bhliain 1814 scríobh Mícheál Úa Núnáin cóip de ETS.[254] Bhí an lámhscríbhinn i seilbh an scríobhaí Uilliam Ó hAodha[255] sa bhliain 1816 agus bhí sé i seilbh Amhlaoibh Uí Shúilleabháin (a scríobh lch. 94) am éigin ina dhiaidh sin.[256] Ní dócha go raibh an lámhscríbhinn seo i seilbh an scríobhaí Pádraig Mac Giobúin ach tá an chuma ar an scéal gur shíolraigh cóip amháin de ETS agus ETM, a rinne sé féin, ó eiseamláir an Stándúnaigh. 'Eachra Et Imtheacht Thoiroilibh Mhic Starain' agus 'Eachtra Et Imtheacht Triar Clainne Thoroilibh', a bhí mar theidil ag Stándún, teidil nach bhfuil ag aon duine eile ach amháin

[249] *Ibid.*, lch. 178.
[250] *Ibid.*, lch. 19.
[251] *Ibid.*, lch. 186.
[252] Tá lámhscríbhinn dá chuid i gcnuasach an RIA. Bhí sé ag saothrú i gCaisleán Maí Tamhnach, Co. Luimnigh. Níl an scríobhaí seo luaite ag Ó Madagáin in *An Ghaeilge i Luimneach 1700-1900*.
[253] *Scríobaithe Chorcaí*, lch 186.
[254] UCC C 44
[255] Op cit. lch
[256] Feic Éamonn Ó hÓgáin, 'Scríobhaithe Lamhscríbhinní Gaeilge i gCill Chainnigh', in eag., William Nolan, Kevin Whelan, *Kilkenny: History & Society* (Dublin: Geography Publications, 1990) lgh 405-437. (lch. 429)

Pádraig Mac Giobúin thuasluaite.[257] I Luimneach L,[258] lámhscríbhinn eile de chuid an Ghiobúnaigh tá: 'Eachtra agus Imtheacht Thoralaibh Mc. Starrainn' agus 'Eachtra agus Imtheachta Thriuir Cloinne Thoralaibh Mac Starainn'. I gceann eile uaidh, LNÉ G 659, a ghraf sé sa bhliain 1846[259] tá: 'Eachtra Et Imtheacht Torolaibh Mhic Starainn.' Scríobh An Giobúnach cóip eile de na scéalta sa bhliain 1858. Tá a fhios againn go raibh cóip Thomáis Ruiséil (RIA 24 B 25) ó 1772 ina sheilbh sa bhliain 1857. Faoin am seo ina shaol bhí William Smith O'Brien mar phátrún air.[260] Déanaim amach gur chruthaigh an gaol seo nasc idir an Giobúnach agus lámhscríbhinní an Chláir. Rinne sé, mar shampla, cóip de 'Cúirt an Mheodhan Oíche'. Níl a fhios againn conas a chuir an Giobúnach agus Smith O'Brien aithne ar a chéile ach is dócha go raibh baint ag an sagart paróiste Robert O'Riordan[261] leis an scéal. Fear mór Gaeilge dob ea é agus an chuma ar an scéal go raibh sé ina chrann taca don Ghiobúnach. 'Patrick Foley-Fitzgibbon of Milford endorsed by Revd. Robert O'Riordan July 2nd 1857' atá sa lámhscríbhinn sin. Níl aon eolas againn i dtaobh an Ruiséalaigh ach amháin gur i gContae Luimnigh a bhí sé ag saothrú, gar do Chroma is dócha.[262] Bhí Smith O'Brien ag cur faoi i gCathair Maothail faoin am seo, agus tá a fhios againn go ndéanadh sé an turas ó Áth an Mhuilinn go Cathair Maothail ó am go chéile, agus go mbíodh an Giobúnach ag bailiú ábhair i gceantar Áth an Mhuilinn do Smith O'Brien.[263]

---

[257] *Ibid.*, lgh. 79-80. Feic, leis, an nóta gearr air ag D.A. O'Leary, *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society*, 1893 lch. 182 n.6.
[258] Pádraig de Brún, 'Lámhscríbhinní Gaeilge i Luimneach', *Éigse* 12/2 (1967) 91-108 (lgh. 98-9).
[259] Níl an lámhscríbhinn seo luaite ag Ó Conchúir i *Scríobhaithe Chorcaí.*
[260] Feic Liam Mac Peaircín, 'William Smith O'Brien, an Scoláire Gaeilge,' *North Munster Antiquarian Journal 42* lgh 89-112
[261] Feic Máiréad Nic Craith, *Malartú Teanga: An Ghaeilge i gCorcaigh sa Naoú hAois déag* (Bremen: Cumann Eorpach Léann na hÉireann, 1993). Scríobhann sí ina thaobh: 'Saolaíodh é in iarthar Chorcaí i 1784...Ceapadh mar shagart paróiste in Áth an Mhuilinn é sa bhliain 1828, agus is ann a chónaigh sé go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 1869' lgh 40/1.
[262] Breandán Ó Madagáin, *An Ghaeilge i Luimneach 1700-1900,* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1974) lgh 103-4.
[263] Tá na litreacha ón nGiobúnach chuig Smith O'Brien i G 1,244. Feic, leis, Pádraig Ó Macháin, 'A Llebraib Imdaib': Cleachtadh agus Pátrúnacht an Léinn, agus Déanamh na Lámhscríbhinní', lch. 167

# Modh Eagarthóireachta

Is é a chuirim romham a dhéanamh anseo ná téacs normálaithe a chur ar fáil den dá scéal 'Eachtra Thoroilbh Mhic Stairn' agus 'Eachtra a Thriúr Mac'. Tá an téacs seo bunaithe ar RIA 24 L 8 (lgh. 134-251), lámhscríbhinn de chuid thraidisiún na fáistine. Do ghraf an scríobhaí Labhrás Ua Hainnle é sa bhliain 1784 in Inis Díomáin, Co. an Chláir. Tá an dá eachtra ar fáil ina n-iomlán anseo agus tá an lámhscríbhinn féin soléite go maith. Is é an teideal atá ar na heachtraí sa lámhscríbhinn ná: 'Achtra Thoirdhealbh mic Stairn  mac dearbhráthar do Ríghe Lochlann agus a thriúr mac'

Is iad seo a leanas na prionsabail eagarthóireachta a cuireadh i bhfeidhm agus an téacs á normálú: Tugadh tús áite don litriú stairiúil agus bhí sé i gceist, chomh fada agus ab fhéidir, gan aon chur isteach a bheith déanta ar an deilbhíocht. Tá, áfach, an litriú slachtaithe agus tugtha chun rialtachta. Baineadh úsáid as *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* an Duinnínigh. Maidir leis an mbriathar, baineadh leas as an treoir ar an litriú stairiúil a fhaightear in eagrán Osborn Bergin de *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis* le Seathrún Céitinn.

**An Briathar:**

Ar mhaithe le rialtacht agus slacht rinneadh na hathruithe seo a leanas ar an mbriathar:

Rinneadh an séimhiú ar an *f* tosaigh, a bhíonn ar lár go minic sa lámhscríbhinn, a sholáthar: *dfeac > d'fheac, dfiafradh > d'fhiafruigh.*

Rinneadh an fleiscín a sholáthar i gcás foirmeacha áirithe de na briathra neamhrialta: *do chúagh > do-chuaidh, do chuala > do-chuala.*

Maidir leis an mír dhearfach *do* tá dhá nós ag an scríobhaí. Sa Nua-Ghaeilge Chlasaiceach ní bháitear an guta sa mhír *do* roimh ghutaí nó *fh-*. Tá samplaí den chleachtas seo sa lámhscríbhinn agus níl aon athrú déanta ar na foirmeacha seo sa téacs normálaithe: *do aithris > do aithris, do fhreagair > do fhreagair, do fhan > do fhan*. Tá, áfach, an chleachtas mar a fhaightear é sa Nua-Ghaeilge ag an scríobhaí den chuid is mó: *dimthe > d'imthigh, dfan > d'fhan.*

Maidir le deirí na mbriathra, tá litriú an scríobhaí bunaithe ar fhoirmeacha de chuid na Nua-Ghaeilge Chlasaicí agus ar litriú a chuireann a chanúint féin iúl. Rinneadh iarracht dul i ngleic leis an easpa rialtachta seo. Sa tríú pearsa uimhir uatha is minic an guta neamhaiceanta ag an scríobhaí, cleachtas a chuireann a chanúint féin in iúl. Sna cásanna seo a leanas baineadh feidhm as an litriú stairiúil:

*Dimthe > d'imthigh, dfiafradh > d'fhiafruigh, do chúagh/do chúadh/do chua > do-chuaidh, d'éirghe > d'éirigh, táina > táinig*

Is iad seo a leanas na hathruithe deiridh eile a cuireadh i bhfeidhm ar an mbriathar:

- *-aig(h) > -aidh: -facaig > -facaidh, dearnaig > dearnaidh.* Nuair a bhí *–faca* agus *–dearna* ag an scríobhaí ní dhearnadh aon athrú.
- *-íghdur/íodar > igheadar: dimthíghdur > d'imthigheadar, daimsíodar > d'aimsigheadar*
- *-aíghdur/uíghdur/aoidur > uigheadar: dionnsaíghdur > d'ionnsuigheadar, shocruíghdur > shocruigheadar, dfíafraoidur > d'fhiafruigheadar*
- *-adur > adar: dfágadur > d'fhágadar*
- *-iodur > eadar: ghluaisiodur > ghluaiseadar*
- *-(e)adh* a scríobh sa bhriathar saor aimsir chaite in ionad *–iog/-ag/-(e)ach. (cailliog > cailleadh, ceapag > ceapadh, rugach > rugadh*
- Sa mhodh foshuiteach aimsir chaite agus sa ghnáthchaite *(e)adh* a cuireadh isteach in ionad *(e)ach: tugach > tugadh, siobhlach > siubhladh.*
- Sa mhodh coinníollach, tríú pearsa uimhir uatha cuireadh *-ódh* in ionad *–óch*: *cheannóch > cheannódh.* (Aithním gur ghlac Bergin le *–óch* )

**An Chopail**

Níor athraíodh foirmeacha éagsúla na copaile .i. *is, ba, gurab, nách, nár* etc., ach amháin *dub > dob* agus leanas nós an lae inniu chomh fada le dealú/táthú: *gur bféidir > gurbh fhéidir, nár bfeas > nárbh fheas.*

**An Forainm Réamhfhoclach**

Sa lámhscríbhinn tá foirmeacha le tabhairt faoi deara a chaitheann solas ar chanúint an scríobhaí. Cloíodh leis an leagan a fuarthas sa lámhscríbhinn: *acabh, fúithche, chúthabh, agad,* mar shampla. Rinneadh an litriú a shlachtú beagáinín in áiteanna: *orrtha > ortha, agom > agam, aguinn > againn*. Ar mhaithe le soléiteacht, cuireadh *dó* isteach in ionad *do.*

**Athruithe Eile:**

Rinneadh na hathruithe eile seo a leanas os íseal:

- Tá aon fhocal agus aon bhlúire de fhocal atá mar nod sa LS scíofa sa chló iodáileach. Tá easpa rialtachta le tabhairt faoi deara ag an scríobhaí in úsáid na nodanna.
- Is minic síneadh fada os cionn *eó, ía,* agus *úa* chun fad guta nó défhoghrú a mharcáil. Sna cásanna seo fágadh ar lár é sa téacs normálaithe: *ceól > ceol, mían > mian, búadh > buadh.* Fágadh an síneadh fada ann i gcás *nách*. Fágadh an síneadh ar *cómh* (mar atá ag an Duinníneach)
- I siollaí neamhaiceanta ina bhfaightear *–u-* agus *-io-* leasaíodh an litriú mar seo a leanas: *cumus > cumas, rachmullach > rachmallach, tuirsioch > tuirseach, aimhrios > aimhreas*
- Cuireadh an gnáthurú in áit *c* dúbailte agus *t* dúbailte i dtosach focail: *seacht ccatha > gcatha, a ttosach > i dtosach.*

- Chomh fada le *l* dúbailte, *l* singil, *n* dúbailte *n* singil, cloíodh leis an litriú stairiúil mar shampla: *soillseach, annsin.* Sa chás, áfach, nach raibh an fhoirm dúbailte ag an Duinníneach, rinneadh athrú dá réir, mar shampla*: oilleánaibh > oileánaibh.* I gcás *r* dúbailte cloíodh leis an Duinníneach*: tírre > tíre.*
- Scríobhadh *sc* in ionad *sg* síos tríd an téacs: *sgéalaibh > scéalaibh, túaraisg > tuairisc, uisge > uisce.*
- Athraíodh *sd > st* nuair ba ghá *fáisdine > fáistine* ach tá an *st* ag an scríobhaí seo de réir nóis an lae inniu, den chuid is mó. Níor chuir mé *sp* in ionad *sb* sa chás go raibh *sb* ceadaithe ag an Duinníneach. Ar an mbonn sin níl aon athrú déanta ar: *easba, teasbáin.*
- Leanadh nósanna an lae inniu chomh fada le dealú (nó táthú) focal de: *ann sin > annsin, a niu > inniu, a nagha > in aghaidh*
- Faightear an dá fhoirm den réamhfhocal *'ar'* agus *'ag'* sa lámhscríbhinn .i. *air/ar* agus *aig/ag.* Glacadh le *ar/ag* síos tríd an téacs. Glacadh le *'i'* in ionad *'a'*
- Faightear an dá fhoirm *inna* agus *iona* sa lámhscríbhinn. Rinneadh *ina* a sholáthar síos tríd an téacs.
- Tugadh na deirí *–(e)adh, –a,* agus *–e* chun rialtachta sna cásanna seo a leanas: ainmbhriathra, mar shampla: *brise > briseadh*; ainmfhocal sa dara díochlaonadh sa tuiseal ginideach uimhir uatha: *gréineadh > gréine*; roinnt ainmfhocal san uimhir uatha a chríochnaíonn ar *–a* i litriú an lae inniu: *roghadh > rogha*. (Sa chás, áfach, go raibh *–adh* ag an Duinníneach ní dhearnadh aon athrú, mar shampla: *anfadh > anfadh);* aidiachtaí : *núadh > nua*
- I gcás na ndeirí *-(a)idhe/-(a)íghe* tá easpa rialtachta le tabhairt faoi deara sa lámhscríbhinn. Cloíodh leis an Duinníneach i ngach aon chás:
  *-(a)idhe/(a)íghe > (a)*í (san uimhir iolra): *i máistiridhe > máighistrí, daltaíghe > daltaí*
  *-(a)idhe >(a)ighe* (ginideach uatha sa dara díochlaonadh): *tóirnidhe >tóirnighe, geallaidhe > gealaighe, na deataighe* (gan athrú)
  -(a)idhe a choimeád san uimhir uatha *muicidhe >muicidhe*
  *-(a)idhe > (a)ighe* (breischéim agus sárchéim na haidiachta), *ba meilltidhe > meiltighe*
- *-ighe- > -idhe-: tóruigheacht > tóraidheacht* (litriú an Duinnínigh)
- *-iúgha > -iughadh: cruinniúgha > cruinniughadh* (litriú an Duinnínigh)
-

# Nótaí ar an Teanga

**An t-Ainmfhocal:**

I ngach aon chás tá inscne an ainmfhocail faoi mar a bheadh sí i nGaeilge an lae inniu. Sa tuiseal ainmneach agus sa tuiseal cuspóireach cloítear le rialacha an lae inniu mar le séimhiú ar chonsain, *t* roimh ghuta nó *t* roimh *s*.
Sa tuiseal tabharthach uimhir uatha tá foirm ar leith ag ainmfhocail áirithe, : *don mhnaoi* 18; *don ghréin* 642/3, *in Éirinn* 597, *don Fhéinn* 1436
Foirm an tabharthaigh den ainmfhocal 'clann' a úsáidtear nuair is réamhfhocal agus an aidiacht shealbhach roimh an ainmfhocal: *dá chloinn* 166.

Sa tabharthach iolra faightear den chuid is mó an deireadh *-aibh*: *a raibh do oileánaibh mara* 59, *roimh fhearaibh* 135. Tá, áfach, samplaí sa téacs nuair nach n-úsáidtear an deireadh *-aibh* sa tabharthach iolra: *ar fhlatha* 410, *insna coillte* 78

**An Aidiacht:**

*Faightear t* ar an aidiacht 'séimh' sna samplaí seo a leanas: *don ríoghan tséimh* 54, *in tuathaibh tséimh* 209.

Fágadh an aidiacht gan infhilleadh sa ghinideach i gcásanna áirithe: *cuairt na hÉireann iathghlas* 69.

Urú ar an aidiacht tar éis ainmfhocail sa tuiseal ginideach uimhir iolra: *Rígh na bhFear nDubh agus Rígh na bhFear nGorm* 263/4. Tá samplaí de iolra na haidiachta le lagiolra sa ghinideach: *ar dhroim na dtonn gcorracha gcubhar-bhána* 4/5.

**Míreanna Briathartha:**

An mhír bhriathartha *do*, *d'* a bhíonn roimh an mbriathar (rialta agus neamhrialta) san aimsir chaite, aimsir láithreach, aimsir ghnáthchaite, modh coinníollach agus aimsir fháistineach (*do-bhéara* 346 agus *do-bhéarfa* 1527) Tá *ní* agus *níor* mar mhíreanna diúltacha.

Úsáidtear *go* agus *gur* mar mhíreanna dearfacha. Cuireann *go* urú ar thúschonsan agus ar thúsghuta an bhriathair. Úsáidtear *nách* agus *ná* mar mhíreanna diúltacha. Ní chuireann aon cheann acu aon athrú ar thúschonsan ná ar thúsghuta an bhriathair ach amháin i gcás *nách bhfuil.* Úsáidtear *nár* san aimsir chaite.
Bíonn *do, d'* agus *a* mar mhír choibhneasta i gclásal coibhneasta díreach. Faightear *a* agus *ar* mar mhíreanna choibhneasta indíreacha i ndiaidh an réamhfhocail *i.* Tá *dá* mar mhír choibhneasta i gcás cúpla sampla. Tá *dá* mar mhír dhearfach sa mhodh coinníollach. Tá *mura* mar mhír dhiúltach.

**An Briathar:**

A bhfuil d'fhoirmeacha sa téacs de na briathra seo a leanas is sa chéad reimniú atá siad: *gluaisim, siubhlaim, iarraim, cuirim, buainim, triallaim, teasbánaim, fanaim, fágaim/fágbhaim, tógaim/thógbhaim*

Tá foirmeacha de na briathra seo a leanas sa chéad reimniú sa téacs seo ach i gcaighdeán oifigiúil an lae inniu is sa dara réimniú a fhaightear iad: *tuirling (thuirlingeadar* 150*) tarla (go dtarladar* 272*); (d'fhreagradar* 670*),* Tá foirmeacha den bhriathar seo a leanas sa dara agus sa chéad réimniú: *cuardaigh (go gcuardfadh* 71, *níor chuarduigheadar* 1718).

Tá roinnt samplaí sa téacs d'iolra an bhriathair á úsáid le hainmní iolra*: cheanglaid fir Éireann* 87

Tá samplaí sa téacs d'fhoirm choibhneasta an bhriathair: *do thíos* 89.

Tá samplaí den s- préitiríteach sa téacs: *Tigeas* 246, *chuireas* 567

Is í an fhoirm tháite den bhriathar is mó a úsaidtear.

**Na Briathra Neamhrialta:**

**adeirim**

Caite.: 3 u. *adubhairt* 11, etc., *do-rádh* 85, etc. ( sa chiall '*arsa*'); 3 iol.: *adubhradar* 938, *etc*.

**do-bheirim**

Caite.: 1 u. *do thugas* 570, *dá dtugas* 568 (coibh), etc.; 3 u. *do thug* 7, etc., *tug* 58 *etc., dá dtug (coibh.)* 11, *etc.* br. saor *do tugadh* 1523, 3 iol. *tugadar* 212,*etc., ní thugadar* 1186

Táscach láith.: 1 u. do-bheirim 348, 1 iol. *do-bheirmíd* 1031, br. saor *ar a dtugthar* (coibh indíreach) 474, etc., *dá dtugthar* (coibh indíreach) 219 etc.

Fáist. 1 u. *do-bhéara mise* 347, 3 u. *do-bhéarfa* 1527

Modh coinn.: 3 u. *go dtiobhradh* 638, etc., 3 iol. *go dtiobhradaois* 1145/6, etc.

Modh Foshuit. (caite): 3 iol. *dá dtugadaois* 1208

G. chaite.: 3 u. *dá dtugadh* (coibh.) 628

Modh ord.: 2 u. *tabhair* 453, etc., *tabhairse* 346.

Ainmbhr.: *tabhairt* 244, etc.

**atáim**

Caite.: 1. u *Cé bhíosa* 578; 3 u. *do bhí* 328, *etc., do bhí (coibh)* 6, *etc., do bhíos* (coib) 623, *ina raibh* (coibh indíreach) 262,etc., *dá raibh* (coibh indíreach) 130, etc., *ná raibh* 25, etc., *nách raibh* 70, etc.; 3 iol. *do bhádar* 320, etc., *do bhádar* (coibh) 1215, *do bhíodar* 287 *etc, do bhíodar (coibh)* 870.

Táscach láith.: 2 u., *atáir* (coibh.) 1289 3 u. *atá* (coibh) 81, etc., *ní bhfuil* 91, etc., *nách bhfuil* 86,etc., *dá bhfuil* (coibh indíreach) 1543; 3 iol. *táid* 1299.

G. láith.: 3 u *dá mbíonn* (coibh) 1032

Fáist.: 1 u. *ní bhiadsa* 358; 2 u. *biadh tusa* 358/9, 3 u .*biadh* 155, *bhias* 84 */do bhias* (coibh) 1579, *sul bhias* 1592; 1 iol. *biam* 378, *go mbiam* 821.

Modh coinn.: 1 u. *do bhiadhainn* 362; 3 u. *do bheadh* 517 *etc., do bhiadh 461, dá mbiadh* 1570*; ní bhiadh* 1573, *go mbiadh* 170, *nách biadh* 175 *ná beadh* 1144 *muna mbeadh* 1569, 3 iol. *go mbiadaois* 430

G. Chaite.: 3 u. *ní bhíodh* 625 etc., *ná bíodh* 464; 3 iol. *go mbídís* 1054.

Ainmbhr: *bheith* 1129, etc.

**do-chluinim**

Caite.: 3 u. *do-chuala* 27 *etc., 3. iol. do-chualadar* 278, etc.

G. Chaite.: br. saor. *go gcluintí* 1673

**do-ním**

Caite.: 3 u. *do-rinne* 113,*etc., do-ghní* 623, *ní dhearna* 70 *ní dhearnaidh* 290, *etc.,* 3. iol. do-*rinneadar* 279 *etc., ní dhearnadar* 587 etc.; s.bhr. do-*rinneadh* 582.

Táscach láith.: 3 u. *do-ghní* 87; br. saor. *déantar* 88

Fáist.: 3 u. *déanfa* 1039.

Modh coinn.: 3 u. *mura ndéinfeadh* 34, *do dhéanfadh* 237, etc. 3 iol. *go ndéanfadaois* 938/9, etc.

Modh ord.: 2 u. *déin* 1575, *etc., déinse* 1586

G. Chaite 3 iol. *do-ghnídís* 916.

Ainmbhr.: *déanamh* 287, etc.,

Aidiacht br.: *déanta* 454, etc.

**do-gheibhim**

Caite: 3 u. *do fuair* 17, etc., *ní bhfuair* 21, etc.; 3. iol. *do fuaireadar* 999, etc., *ní bhfuaireadar* 1717.

Fáist.: 2 u. *do-gheabhair* 92, etc., *do-gheabhas* (coibh) 743

G. Chaite.: 1 u. *a bhfaghainnse* (coibh indíreach) 48; 3 iol. *do-gheibhidís* 599.

Modh coinn.: 3 u. *do-gheabhadh* 702, *go bhfaghadh* 71/2, *mura bhfaghadh* 70

Ainmbhr.: *fagháil* 591, etc.

**téighim**

Caite: 3 u. *do-chuaidh* 22, etc, *ní dheachaidh* 1630/1, *dá ndeachaidh* (coibh indíreach) 815, etc.; 3 iol. do-chuadar 644, etc., *go ndeachadar* 219 etc.

Fáist.: 1 u. *racha* 359

Modh coinn.:, 3 u. *rachfadh* 167, etc., rachfa 1656; 3 iol. *ina rachfadaois* (coibh indíreach) 1270.

Modh Fosh. (caite) 3 iol. *go dtéighdís* 1237

Ainmbhriathar: *dul* 274, etc.

**tigim**

Caite: 3 u. *táinig* 30, etc., *do tháinig* 110, etc., *ní tháinig* 595, *go dtáinig* 18, etc., *ná táinig* 511, etc.; 3 iol. *tángadar* 323,etc., *do thángadar* (coibh) 935, *go dtángadar* 977.

Táscach láith.: 3 u. *do thíos* (coibh) 89.

Fáist.: 3 u. *tiocfa* 153, etc.

Modh coinn. 3 u. *do thiocfadh* 236, *ní thiocfadh* 1558, 3 iol. *do thiocfadaois* (coibh) 989.

G. chaite: 3 u. *thagadh* 1277 *ní thagadh* 835, *ná tigeadh* 1023.

Modh Fosh. (caite) *go dtigeadh* 692 *go dtagadh* 811; 3 iol. *go dtigeadaois* 1656

Ainmbhr.: *tiaghacht* 283, etc., *teacht* 74, etc.

**do-chím**

Caite: 3 u. *do-chonnairc* 6, etc., *ní fhacaidh* 115, etc., *ní fhaca* 116, *nách facaidh* 8, *dá bhfacaidh* (coibh indír.) 1241, *go bhfacaidh* 78,etc.; 3 iol. *do-chonnairceadar* 726, etc., *do-chonncadar* 671, etc., *dá bhfacadar* (coib. indír.) 1331.

Táscach láith.: 1 u. *do-chím* 133; 3 iol. *go bhfeicid* 1711

Fáist.: 1 u. *ní fhaicfead* 44, etc.

Modh coin.: 3 u. *mar a bhfeicfeadh* (coibh indír) 628; 3 iol. *do-chífidís* 522

Ainbhriathar: *faicsint* 502, etc.

**An Réamhfhocal.**

ar: *ar bhruach* 2, *ar feadh* 8, *ar dtabhairt* 17

chum: *chum na coille* 21

do*: do Chonnachta* 1609,

don*: don uisce* 496, *don tslabhradh* 328/9

do na: *do na ríghthe* 1169

fó, fá, fé, faoi*: fó leith* 100 *etc., fó dheireadh* 544, *etc., fá cheann* 32, *fá bhuaireamh* 40; *fé chionn* 360, *fé mhuir* 1701, *faoi ghradam* 378, *faoi thalamh* 494/5.

fán, fá an, faoi an, faoin: *fán gcoill* 839, *fá an nídh* 853, *faoi an lá* 885, *faoin loch* 1020

fó na, fá na, faoina : *fó na laochra* 983/4, *fá na tabhartaisí* sin 445, *faoina cealltair draoidheachta* 341.

gan: *gan fearann agus fineachas* 166.

i: *i mBuaile na Gréine* 960

in: *in am gréine* 1263

insan/san/sa/insa: *insan oileán* 928, *san gcath* 279, *san bhfairrge* 910, *sa gcuan* 220, *insa gcuan* 1153.

insna: *insna tíortha* 66.

iar: *iar bhfagháil* 1009, *iar fhaicsint* 969

idir : *idir fhearaibh Éireann* 167, *idir Fhearaibh Éireann agus Fhiannaibh Éireann* 1406

le/re: *le chéile* 4, *re sleasaibh* 3

mar: *mar chomhartha* 1172

ó: *ó Dhubhloch* 1066

tar: *tar ais dá bhoth* 265, *tar n-ais go hÉirinn* 375, *tar éis a bháis* 34, *tar mhúraibh* 407, *tar sáile* 890.

trí: *trí cheartlár na sceithe* 763,

tríd an: *tríd an gcoill* 16.

**An Forainm réamhfhoclach**

ag: *agam* 46/*agad* 90 /*aige* 109/*aice* 171/*againn* 355 /*agaibh* 192/*acabh* 25

ar: *ormsa* 357 /*air* 702 /*uirthe* 175/*orainn* 723/*ortha* 7

as: *as* 1707 /*aiste* 464/*asta* 1088

chum: *chugamsa* 453/*chuige* 32/*chuiche* 622 /*chugainn* 890 /*chuthabh 632(*3 iol.)

de: *díom* 1039 /*de* 158 /*di* 12/*díobh 11*

do: *dham* 749, *dhamsa* 578/*dom* 138/*duit* 1607, *duitse* 362/*dó* 72/*di* 11/*dóibh* 9

faoi: *faoi* 617/ *fúithe* 663, *fúithche* 217/*fúinn* 889/*fútha* 248, *fúthcha* 1104.

le: *liom* 187/*leat* 370, *leatsa* 43/*leis* 19/*léith* 13/*libh* 182/*leo* 83.

ó: *uaidh* 17/ *uaithe* 236 /*uainn* 11302/*uatha* 13

tar: *téirste* 1571 (3 u.)

trí: *tríom* 1037/*tríd* 1050/*tríobhtha* 739 (3. Iol)

Lá aoibhinn geal, gréin*e* dar éir*igh* amach Torolbh *mac* St*air*n, mac dearbhráth*ar do* Rígh Lochlann dárbh ainm Aralt *mac* Canúit, *ar* bhruach Chuan na Beirbe Lochlannaighe, ag féachaint *ar* na to*nn*a taibhseacha torannmhóra ag bris*eadh* re sl*ea*saibh an chalaidhthe *agus* ar ainmhinntí uathbhásacha na fairrge; ag imirt *agus* ag súg*radh* le chéile ar dhruim na dtonn gcorracha gcubharbhána soin. *Do* ghluais re hais an chuain *gur* shroith sé *do*ir*e* dlúith coill*e do* bhí ar bhruach na haill*e agus do-chonnairc* ann *tr*iúr ban ag siubhal le *chéile gan* aon ag feitheamh ortha *agus do* shiubhail dá n-io*nn*saighe. *Do* thug dá air*e* bean *don* triúr nách facaidh ar f*eadh* a bheatha riamh roimhe a samhail, ar fheabhas a deilbhe *agus* a d*éa*namh, a hi*nn*eall *agus* a héagcosc, *agus do* cheileabh*air* dóibh *do* réir nósa na haimsire, *agus* d'fhiafr*uigh* díobh cá tír nó cá talamh nó treibh nó dúich*e dóibh.*

*Do* fhreag*air* an bhean sin dá dtug air*e* di *agus* adubh*air*t *gur do* Thuatha dealbhchaoin dr*ea*chálainn Dé Danann í *féin agus gur* deoraidhe san tír sin í, *agus* nách fada *ba* mian léith uatha cómhnaidhe *innte*. Adub*hair*t an dís oile *gur*bh *don* treibh chéadna iad *agus gur* Cl*ann* iad d'Aong*us* Óg *mac* an Daghdha ó Bhruidhean Ch*arcair* na Gréine *do* bhí i bhfog*as don* áit sin, *agus* lena linn sin *do cheileabhradar* an triúr *ba*n *don* laoch *agus* d'imthighead*ar tr*íd an gcoill uaidh.

Dála Thor*ol*bh *do* fuair *gur* bhraduigh a ch*roi*dhe uaidh ar dtabh*air*t searc *agus* sírghrádh *don* mhnaoi óig álainn sin *do-chonnairc*, *agus do* ghluais roimhe *go* dtáin*ig* abhail*e* chum a thighe *féin agus dob* fhad*a* leis an lá arna mh*áir*each uaidh chum a *dara* hamh*ar*c a *fhagháil* ar an óigmhnaoi.

*Do* ghluais ar éirgh*e* an lae chum na coill*e agus* ní bhfu*air* tuairisc na m*ba*n ann, *agus do*-chuaidh as soin *go* bruidh*ean* Aonghuis *mhic* an Dághdha, *agus* ní bhfu*air* an tí bhí uaidh ann. D'i*nn*is an dís óigbhan *oile* dhó, an tí bhí uaidh *gur* imth*igh* i dtosach oidhche aréir ag triall ar a dúthaigh *féin*, *agus gur*bh ar cu*air*t trí lá tháin*ig* sí chúthabh *féin mar ba*

*inghean* dearbhráth*air* ath*ar* dóibh í, *agus* ná raibh aon nídh *ba* mó dá scéalaibh acabh. *Do* ghluais i*ar* sin *go* dubhach *dob*rónach, *agus do*-chuaidh ar a l*eaba agus do* bhí le bás. An u*air do*-chual*a* an righ sin *do* ch*uir* a liagha *féin* dá fhéachaint, *agus* d'i*nn*is an liagha *don* rígh *gur* grádh mná *do* bhí *air agus gur*ab deoraidhe í *agus* n*ár*bh fheas a hainm ná cá tír di, *agus gur*ab ar bhruach an chalaidhthe *do*-chonnairc í *agus gur* imthigh an oidhche ch*éadn*a ar fairrge as Ríogha*cht* Lochla*nn*. Iar sin táin*ig* an rígh *go* nuige Torolbh *agus* adubh*air*t *gur* geilt glinne nó d*ea*mhan aeir *do-chonnairc agus* nách gein saoghalta í. *Do* i*arr* air a chiall *do* ghairm *chuige agus* é *féin* d'ollmhughadh fá chea*nn* sé lá chum deirbhshi*úr* a mhná *féin do* phósadh .i. *inghean* Rígh na Sorcha, *agus* bh*eadh mar* oidhr*e* air *féin agus* ar Ríogha*cht* Lochla*nn* tar éis a bháis, nó m*ur*a ndéinf*eadh go* bhfógóradh *féin* as críoch Lochla*nn* é, as sin suas dá siubhaladh coiscéim i*nn*te *go* m*ba*inf*eadh* a cheann dá cholai*nn agus* d'imth*igh* an rígh uaidh tar éis na mbriath*ar* sin.

Dála Thorolbh, d'éir*igh go* moch arna mh*áir*each *agus* d'ollmhuigh *féin* ch*um* taistil *agus* chum turais ar lorg na hógmhná *agus do* chea*nnuigh* long *agus* g*a*ch nídh *do* bhí oir*ea*mhnach chum turais *do* thabh*air*t, *agus* d'fhág Ríogha*cht* Lochlann, *gan* cead *gan* ceileabhr*adh* d'aon neach, fá bhuairea*mh* aigne *agus* i*nn*ti*nn*e *agus* adubh*air*t an laoi *mar* leanas:

A Chríoch Lochla*nn*, l*ea*tsa slán,
ó inniu *go* brách, ní fhaicf*ead* thú;
's sc*aradh* leat, is cruaidh an cás,
's cas*adh* id dháil, *gan* agam súil.

An áit a bhfaghainns*e* modh *agus* m*ea*s,
's gairmflath*a* os cio*nn* g*a*ch sl*uagh*;

anois dá fágbháil *i mo* dhiaidh

*ar* lorg iath ‘s a’ taisteal cuain.

Is follas dhamh mo chás *gur* truagh,

le méid *mo* gh*rá don* ríogh*an* tséimh;

is *gan* fhios agam nách le fuath,

*do* theith a*n* stuaim dho*m* sh*ea*chna *féin.*

A haithle na laoi, tug a thosach *do* mhuir *agus* a dheir*eadh do* thír *go* deorach *dob*rónach *agus do* chu*ar*d*uigh* Críocha Dhubhlochl*ann agus* a raibh *do* oil*eá*naibh mar*a* cidh m*ór* iad ina dtimcheall, *agus* ní raibh maith ann. *Do thriall* as sin *go* Mórchroích na Sorcha *agus do* chu*ar*daigh Tír na Lapa *agus* Tír na Fi*nn*e *agus* Dála Cairn, *agus* ní bhfu*air* tuairisc na mná io*nn*ta. Tug annsin aghaidh ar I*nn*se hOrc *agus* I*nn*se Gall *agus* gach i*nn*se *agus* oileán *do* bhí timcheall Cruithe*an* Tuaidh, *agus* dá éis sin tír mhór na hAlban *agus* ina dhiaidh sin an Bhreatain Mhór *agus* Oil*eán* Mhanannáin, *agus* níor fhág both, baile, ná bóth*ar*, cnoc, coill, currach ná cuan, ná gl*eann* deilgneach diamh*air* dorch*a* ná cru*inn*iugh*adh*, cómhthionól, aonach ná oir*eacht*as insna tíortha *agus* insna hoileáin sin *gan* taisteal *agus gan* mionchu*ar*dugh*adh*; *agus* tuar, tásc ná tuairisc ní bhfu*air* ar an tí bhí uaidh io*nn*ta.

*Ba* tuirseach t*ro*mch*roi*dh*ea*ch an macaomh Lochl*ann*ach tar éis gach turas *dóibh, agus* iad *uile* díomhaoin, *agus do* ch*ea*p sé dó *féin* cuairt na hÉirea*nn* iathghlas oil*eá*naighe *do* thabh*air*t, *agus* m*ur*a bhfaghadh annsin tu*air*isc na mná, nách raibh sí le f*áil* sa*n* Roi*nn* Eorpa, *agus go* gcu*ar*dfadh *féin* na trí ranna *oile don* domhan dhá lorgadh, *agus go* bhfaghadh sé í, nó é *féin do thuitim* insa turas. *Do* réir na comh*air*le si*n do* thóg a sheolta d’io*nnsaigh*e na *hÉireann*, *agus* ní haithrist*ear* a imtheacht *gur* ghabh cuan *agus* caladhphort in Inbhear Cholpa *mar ar* bádh*adh* Colpa *mac* Míl*eadh* Easpáin ag t*eacht go*

*hÉirinn* ag buain cea*nn*as na críche *don* Tuatha Dé Danann. *Do* shiubhail *ar* a*n* bhfeorainn bláthchúbh*ar*th*a agus do-chonnairc* ar feadh a radh*ar*c ‘na thimcheall coillte cea*nn*arda cnuasiomdha craobhghlasa *agus* mach*air*í mais*ea*cha mínfhéarmhara mórthr*éa*dacha. *Do* shiubhail roi*mh*e *go* bhfacaidh sé muicidhe muc *do* bhí ag coim*eád* muc insna coillte sin *agus do* lorg Torolbh scéala dhe. *Agus* d’i*nn*is an muicidhe dó nách raibh scéal nua ar bith aige *féin*, *agus* más a’ lorg sc*éi*l *do* bhí *gur* i dTeamh*air ba* có*ir* dó a lorg, *mar* a raibh maithe *agus* m*ór*uaisle *Éireann* ar aon áit, *mar* atá Rígh Éireann *agus* a bhant*racht*, *agus* Fionn *mac* Cumh*aill*, *agus* Fianna Fáil *go*n*a mba*ntracht *agus* Tuatha dealbhchaoin dathálai*nn* Dé Danann *agus* a mban*tracht* me*a*rshúileach ar fhód fá leith leo *féin*, *mar* atá g*a*ch bant*racht* oile. “*Agus* an fada,” arsa Torolbh, “bhias an có*mh*thionól sin ann,” *agus* ar Torolbh, “cá fáth an comhthionól sin?” “Aithním *gur* deoraidhe san dtír thú”, *do*-rádh an muicidhe, “*mar* nách *bhfuil* fios na Teamhraighe agad, óir is aon u*air* insna trí bl*iana do* cheanglaid fir *Éireann* ceangal *agus* co*nn*r*adh* le chéile *agus do*-ghní síoth *agus* cairdeas, *agus* fós is ann déant*ar* póstaí *agus* cl*ea*mhnais *agus* mal*air*t seoid*e agus air*gid *agus* airnéise *agus*, *go* réidhtear g*a*ch imreas *agus* gach easumhl*acht do* thíos idir aon dís *dóibh*.” “Beir bua *agus* beann*acht*,” *do*-rádh Torolbh, “is maith an scéal atá agad *agus* an fa*da* as so an áit sin?” “Ní *bhfuil,”* arsa an muicidhe, “a*cht* turas leathlae *agus* ó tá an ghrian ag druidim lena fuin*eadh*, fansa agamsa ano*cht agus do*-gheabh*air* feisteas aon oidhche uaim. *Ba* maith le *Torolbh* an cuir*eadh a fháil*, *agus do* chodail an oidhche sin i mboth an mhuicidhe, *agus* d’éir*igh* arna mháireach *agus* tug *do*rn deargóir *don* mhuicidhe ag scar*adh* leis.

*Do* ghluais roi*mh*e an aithg*hearra* g*a*ch slighe *do* theasbáin an muicidhe dhó d’ionnsaighe na T*ea*mhrach, *agus do* fu*air* roi*mh*e ann na trí cómhthionól *ba* mó *do-chonnairc* riamh roi*mh*e *agus* is iad *do* bhí ann: Cormac *mac* Airt *mac* Choinn Céadchathach, *agus* f*ear*aibh Éireann ina thimcheall *ar* thaoibh tula féaruaithne, *agus* a

bhan*tracht* fó leith leo *féin* ar an dtaoibh clí *don* Rígh, *agus* ar thaoibh *don* tul*a do* bhí Fionn *mac* Cumh*ail mhic* Airt *mhic* Tréan mhó*ir* Uí Bhaoiscn*e*, Rígh *Féin*ne *agus* s*eacht* gcatha na gnáth-Fhéinne ina thimcheall, *agus ba*n*tracht* na *Féin*ne fó leith leo *féin*. *Ar* an dtaoibh thuaidh *don* tula *do* bhí Tuatha dr*ea*chchaoine Dé Danann *agus* a m*ba*n*tracht* sciamhacha saora séimhe súgacha soilbhr*e* ar fhód fó leith *mar* an gc*éadn*a, *agus* ar an dtaoibh thiar díobh *féin*.

An ua*ir do-chonnairc* an laoch Lochlannach an chuma *do* bhí ortha táin*ig do* láth*air* Rígh *Éireann agus do* chrom a chraois*ea*ch chum talmhan *agus* d'fheac a ghlúin ag umhlugh*adh don* rígh, *agus do* thóg an Rígh Cormac an bui*nn*e óir *do* bhí ina láimh ós a chio*nn mar* chomh*ar*tha c*ead* t*each*ta *agus* imth*eacht*a *do* bhí aige, *agus* d'fhiafr*uigh* scéala dhe. "Ní le holc *do* tháin*ig* mé, a Rígh *Éireann*, *don* tír seo, is mac dearbhráth*ar do* Rígh Lochl*ann* mé," ar Torolbh, "*agus* i dtóraidh*eacht* mná tháin*ig* mé *agus* 's é si*n* fáth mo thurais *don* chu*air*t so." D'éir*igh* Torolbh as soin *agus do*-chuaidh *do* láthair Fhi*nn mhic* Cumh*aill agus do*-rinn*e* an t-umhlugh*adh* c*éadn*a, *agus do* aithris dó cia hé *féin agus* fáth a thurais *agus* dá éis sin, *do*-chuaidh *mar* a raibh *ba*n*tracht* na bhf*ea*r *nÉireann agus* tug súil oile or*tha agus* ní fhacaidh an tí bhí uaidh ina m*ea*sc. Tug súil *oile* ar bhan*tracht* na *Féin*ne *acht gé gur*bh iomdha maighr*e* maighdine maiseach m*ór*dhathach *do* bhí annsin, ní fhaca an tí bhí uaidh. D'iomchuigh an laoch i*ar* sin *agus do*-chuaidh d'ionn*saighe* Thuatha Dé Danann *agus do*-rinn*e* umhlugh*adh* dá dtaois*ea*ch *mar do*-rinn*e don* Rígh *Éireann agus don* Rígh Féinne *agus* mac an Daghdha, *ba* Taoiseach *agus ba* Rígh ar Thuatha Dé Danann, *agus do*-rinn*e* umhlugh*adh dóibh* an t*rá*th sin. *Do* thóg mac an Daghdha an tslat airgid *do* bhí ina láimh ós a ch*eann agus* tug c*ead dó* gib*é* nídh bhí uaidh d'iarr*aidh*. D'éir*igh* Torolbh ina sheasamh *agus do* ghluais d'io*nnsaighe* na bant*rachta*, *agus* is dóibh sin *ba* maith an mhaise, *agus* ar an gc*éad* amh*ar*c thug an laoch Lochl*ann*ach or*tha*, *do-chonnairc* ar a lár istigh Fionnabh*ar*tach; *do* chi*nn* ar a raibh a*nn* i ndeilbh, i scéimh, i

ndreach *agus* i nd*é*ana*mh*, *agus* ar fhaicsin *dó* níor fhan lúth ná tap*a* ná urlabhr*a* ann a*cht* *mar* chloich le crann.

Dála Fhionnabhartach, d'aithin *ar* an gc*éad* amh*ar*c é, *agus do* bháin sí *mar* shn*eacht*a aon oidhche, *agus* an d*ara* f*eacht*, *do* dh*ear*g sí *mar* a*n* rós, *agus* d'éir*igh* ina seasamh *agus* *do* ghluais roimpe thríd an mban*trach*t dá io*nnsaighe*, *agus* adubh*air*t *do* ghuth ardsholais ghlan i gcómhchlos *dá* raibh *ar* an láth*air*: "Fíorchaoin *fáilte* romhat *don* tír seo a oidhr*e* Rígh Lochl*ann*," *ar* sí, "*agus* is maith *do* ch*eannuigh* tú mise, *agus* ní thréigfinns*e* thú i gCrích Lochl*ann*, a*cht* dá fhéachaint an raibh cumann nó coingheall c*ear*t agad *do*m *agus* anois ó *do*-chím *go bhfuil* an luach saoth*air* is f*earr ar mo* chumas *do* thabh*air*t dhuit, *do*-gheabh*air* é, ós é sin mé *féin* ag sín*eadh* a lámh *chuige.* Admhuighim *gur* tú *mo* aon togha *agus* mo aon rogha roimh fh*ear*aibh an *do*mhain *uile*." *Do* rug Torolbh *ar* an ríogh*an* id*ir* a dhá láimh *agus do* phóg *agus* d'fháisc lena chn*ea*s *agus* lena ch*roi*dhe.

Dob fh*earr* leis a seilbh an u*air* sin ná ceann*as* *Éireann agus* Lochl*ann* ré *chéile*. *Ar* gclos na sc*éal*a si*n do* chruinnighead*ar* maithe *agus* m*ór*uaisle Thuatha Dé Danann ina dtimcheall, *agus* dob áthasach leo an cl*ea*mhnas sin. *Do* rugadh *do* láth*air mhic* an Daghdha iad .i. seanath*air* na ríoghna *agus do* pósadh dá láth*air* iad, *agus do* caitheadh a bhfleadh *agus* a bhféas*ta* an oidhche si*n*, *agus do* bhí ar siubhal *go* ceann s*eacht* lá *agus* s*eacht* n-oidhche *go* súgach sámh soilbhir subháilceach sólásach, *agus* i*ar* scaip*eadh* an tsl*uagh* sa tráth sin *do fhill* g*a*ch n-aon díobh dá dhún *agus* dá bhaile *féin agus do* thriall Torolbh *agus Fionnabhartach go* dún Aonghuis Óig *mhic* an Daghdha, *mar*a rabhad*ar* fó chion *agus* fó mheas ag uaisle *agus* ag maithe *Thuatha Dé Danann go* ce*ann* lae *agus* lánbhl*iana*. *Agus* i ndeir*eadh* na haimsir*e* sin *do* rug Fionnabhartach tri*ar* mac mu*ir*neacha maiseacha d'aon tho*ir*bheart *agus ba* lúthgháir*ea*ch leis na Tuatha taitneamhacha *uile* an triar mac sin *do* thiagh*acht* ar an saoghal. *Do* cuir*eadh* fios ar Mhac Ealuidhe, *Ar*d-Draoi *Thuatha Dé Danann* chu*m* an mana *do* thabh*air*t or*tha*, *agus* tháin*ig* an draoi *agus do*

bhaist iad .i. Cróchán, Sal *agus* Daithlionn *do* réir *mar* thuirlingead*ar ar* an saoghal *agus do* chu*ar*duigh iad, *agus* adubh*air*t an laoi fáistine ann:

Tiocfa gein nách rug*adh* fós,
‘s *go mb*eith *don* óig *ar* chum*as* fir.
Biadh an *tr*iúr so saoghlach, buan,
‘s tiocf*a* ua*ir* a n-éagadh annsin.

D’fhiafr*uigh Tuatha Dé Danann* de ciall na *mb*riath*ar* sin *agus* adubh*air*t n*á*ch raibh a fhios aige, a*cht mar* sin *do* fu*air* i L*ea*bhar na Fáistine iad. Ciodh t*rácht, do* cuir*eadh* an triar sin dá n-oil*ea*mhain *go* nuige mac Cearbhuibh, gruagach Shléibhe Mis, *agus* is amhl*aidh do* bhí an fear sin: Ní raibh ealadhain uasal ná ceárd gheintlidhe ná cl*ea*sa *do*rcha draoidhea*cht*a ná eolas uaign*ea*ch i gceithr*e* rannaibh a*n do*mh*ain* n*á*ch raibh *ar* eolas aige. *Do* bhorrad*ar agus* d’fhásad*ar* an *tr*iúr *mac* soin *go* rachmallach *ar* a chúram, *agus ba* lúthgh*áir*each lena n-atha*ir agus* lena máth*ir agus* le Tuatha Dé Danann uile sin.

Dála Thorolbh, adubh*air*t lá *don*a laethaibh *gur*bh fhad*a* leis *do* bhí sé ‘na chómhnaidhe *gan* f*ear*ann *agus* fineachas *do* shaothrugh*adh dá* chloinn, *agus go* raibh síoth *agus* cáirdeas a*n* t*an* si*n* id*ir* fhe*a*raibh *Éireann, agus* ar an ádhbh*ar* si*n go* rachfadh *féin* a’ glacadh tuillea*mh agus* tuarastal *mar* gheall ar a ghoil *agus* ar a ghaisce *go* tír eigin *oile do* rannaibh an *do*m*hain,* ó bhí a thír *féin* .i. Críocha Lochlann ina fásach air. Adubh*air*t Fionnbhartach, dá m*ba* d*uin*e é *do*-dhéanf*adh* sin ná fanfadh ina dhiaidh *agus go* mbiadh a chion aice *féin* gib*é* rogha nó anrógh *do* bhí i ndán dó d’fhagháil. An ua*ir do*-chualad*ar* Tuatha Dé Danann si*n do* ghléasad*ar* long *agus* lón,
*agus* gach nídhe oile *ba* có*ir* chu*m* turais mar*a agus* m*ór*fhairrge *do* thabh*air*t, *agus do* bhí annsin long Mhanannáin mhic Lir, *do* sheol in aghaidh mar*a agus* gaoithe *agus* ná

rachfadh caithea*mh* choidhche insa lón *do* chu*ir*fidhe *innte, agus* n*á*ch biadh faicsin uirth*e* *féin* ná ar a foireann an f*eadh do* bhiadaois i gcuan ná *ar* mu*ir, agus* tug Manannán cuaird an *do*m*hain* fó thrí i*nn*te, *agus* i*ar* gcur na loinge i gcó*ir, agus do* ghlac *Torolbh agus Fionnabhartach* a gc*ead* le Tuatha Dé Danann, *agus ba* cumhach tu*ir*seach truaighmhéileach sc*aradh* na gcarad le *chéile* an t*rá*th sin, *agus* adubh*air*t Fionnabhartach an laoi ann *agus do* fhreag*air* Torolbh:

Slán libh a Thuatha shéimh Dé Danainn,
fhéil na gcéard nglan;
*agus* a bhuidh*ea*n shochraidheach shéimh shúgach,
n*ár* thuill gruaim na mban.

Sc*aradh* libh is *do*iligh lio*m,*
is le hiath na bhFiann mé ag cur *mo* chúil;
is le cas*adh* le m'ais arís *go* mbiadh mo ghuibhe,
*go* Dia 's *go bhfuil* mo shúil.

Agaibh fágbhaim míl*e* slán,
a Thuatha álainn na mbrat sróill;
a thriath*a* thréana 's fearr cáil,
a luc*ht* nár thláith ag scaipeadh an óir.

*Dob* fh*air*sing agaibh mil *agus* fíon,
's *ba* fial bhur rígh i dtigh an óil;
dob ait libh mórán buidhean,

*ar* bhiadh éigse riar ‘s saoithe ceoil.

Dá dtugadaois déibh,
ionad áitribh dho*m* le togha;
mo thír *féin* fo dheireadh d’fhágfainn,
‘s Inis Fáil *dob* í *mo* rogha.

I gCríoch Lochl*ann* níl aga*m* spéis,
ná in *mo* shaol ní *bhfuil* cás;
ó tharla agam in tuathaibh tséimh,
*mo* chuid *don* tsaoghal agamsa tá.

A haithle na laoi sin, tugad*ar* a dtosach *do* mhu*ir agus* a ndeireadh *do* thír, *agus* a n-aghaidh siar *go* díreach ó Éir*inn*, *agus* is gairid *do* bhí an Mhurúghach .i. long Mhanannáin ag fágbháil radharc na hÉir*eann*, *agus* níor iarr cabhair ná congnamh *ar* a foireann a*cht* triall in aghaidh gaoith*e agus* anfadh, *agus ba* cum*a* léith gaoth léith nó ‘na hagh*aidh*, nó luighe fó uisce nó ar ua*chtar*, ó*ir do* scoilt*eadh* sí an tonn *mhór tríthe agus do* bhrúghadh an tonn bheag fúithch*e*. Ciodh t*rách*t ní haithristear a sc*éal*a a*cht gur* ghlan sí as radharc na hEorp*a agus gur* iompuigh soir *go* díreach *agus* d’fhág an treas rann *do* rannaibh *an do*m*hain* dá dtugth*ar* an Afraic u*ir*the ar a lái*mh* chlí, *agus go* nd*ea*chad*ar* i dtír san dtaoibh theas *do* Ríoghacht na hIorua *agus do* shocruigh an long í *féin ar* feiste sa gcuan *mar* dob eol di, *agus do* chuir ceo draoidhea*cht*a ‘na timcheall *féin*, ionnas nárbh fheasach d’aon fhear san domhan í dá mb*eadh* sí ann lá *agus* bl*iain*. Táin*ig Torolbh agus Fionnabhartach* i dtír *agus do*-rinn*e* both fairsing cluthmhar dóibh *do* ghealbhréidibh cnáibe *ar* bhruach an chuain, *agus do* chu*ir* ceallt*air* draoidhea*cht*a *air*, ionnas nárbh

fheasach *do* neach é dá mbuaileadh a lámha air, *agus do* chodail an laoch Lochl*ann*ach *agus* a chéile *go* sá*mh* suaimhn*ea*ch an oidhche sin, i*ar* gcur tuirse mar*a agus* anfadh *agus* anrógh *fairrge* dhíobh. *Agus* ag éirgh*e* dóibh amach arna mh*áir*each ag siubhal na faithch*e* f*éar*uaithne, *do*-chualad*ar* g*ar*bhchaism*ir*t gháibhtheach cath*a agus* osnacha éigin éagchomhla *agus* bú*ir*each laoch leathmharbh. "Ag seo an nídh *do* bhí uaimse," ar Torolbh, "*agus* tá súil agam *go* bhfuair mé é." *Ba* ag druidim leis *do* bhí an borbghleo *agus* an torann. *Do* thug Torolbh a chl*aidhea*mh amach *agus* an tsleagh *do* bhronn *mac* an Daghdha dhó, *agus* dob í sin sleagh Lugha lámhfhada *mhic* Cáin *mhic* Cainnte, mac *inghine* Bhal*air* Bhéimionn, *agus* is í sin sleagh *do* mharbh *Ba*lar *féin* i gcath Maigh Mochruama Thuaidh, *agus* is léith rinne Lugh gach gníomh iongantach dá nd*ea*rn*adh* ó*ir* is iomdha buadh *do* bhí aice. An ch*éad* f*eacht*, níor caithea*dh* riamh í *gan* éa*cht do* dhéanamh, *agus do* thiocf*adh* uaith*e féin* ar a hais arís i láimh an té chaithf*eadh* í, *agus* ní théarn*aidh* neach beo ón gcréa*cht do* dhéanf*adh* sí, *agus* is cómhluath *do* leagf*adh* daoine lena rinn *agus* lena hurlann, crann na sleagha *mar* an gc*éadn*a ní raibh *gan* bua, ó*ir* casn*a* de, dá gcaith*eadh* san mu*ir* é *do* dhéanf*adh* long dhe *do* láth*air*, *agus do* dhéanfadh casn*a* dhe arís an ua*ir ba* toil le d*uin*e é, nó casn*a* dhe *do* chuimilt *do* chn*ead*h nó *do* chréa*cht*, *do* leigheasf*adh do* láth*air* í.

Dála *Thorolbh*, ní fada *do* bhí ag feitheamh annsin *go* bhfacaidh sé táinte sl*uagh* la*ch*tna leathno*cht*uighthe, *agus* an ruaig ortha ag dubha na gcnoc *do* shluaghaibh oile dubh*a agus* dubhghorm*a* lomno*cht*uighthe, *agus* is ar an bhf*airr*ge *do* bhí an sl*uagh* lachtna ag tabh*air*t ionns*aighe* chu*m* iad *féin do* bháth*adh* s*ea*ch bh*eadh* ar chumas na bhf*ea*r ndubh chun a n-ith*e* a*mhail* is nós acabh é. Tigeas Torolbh reomp*a agus* croithcheas sleagh na n-éa*cht agus* cu*ir*eas cioth ti*nn*tighe lasrach *agus* splancacha dá rinn *gur* stad an sluagh dubh, *agus* tug urchar arrachta amaiseamhail *don* tsleagh fútha.

*Do* mharbh naoi naonbh*air do* na taoiseacha *ba* tréine insa ruaig, *agus* ar leagadh na súl *do* bhí an tsl*ea*gh ar a hais ina láimh arís. Tug an dar*a* hurch*ar agus do* mharbh an oir*ead oile* díobh. Ciodh trácht, *do* chaith naoi n-urchar fútha, *agus do* mharbh naoi naonbhair díobh le gach urchar dár chaith, *agus* annsin d'aimsigh iad lena chl*aidhea*mh *agus* leis an tsleagh *go* raibh na maighe *agus* na machairí fuilidhe *do* choirp an dubhshl*uagh*. An tráth sin óir *do*-chonnairc an sluagh la*cht*n*a* an chabhair soin d'iomchad*ar ar* a namhaid *agus* tugadar ár *do*-armuighthe ortha*, agus* tarla an tArd-Thaoiseach *do* bhí ortha ar Thorolbh insa ruaig sin *agus do* bhuain a cheann de d'aonbhuill*e*, io*nnas* nár fhan c*ro*idhe ná meisneach ag aon acabh, a*cht* láth*air* an chath*a do* thréigean, *agus* an ruaig ch*éad*n*a do* bhí tar ais ortha *mardo* bhí acabh ar chas*adh* roi*mh*e sin. Táinig Torolbh fá bhua cosc*air* t*ar* ais dá bhoth *féin* an oidhche sin, *agus* an ua*ir* chuala Rígh na hIorua im*eacht*a an chath*a agus* na héa*cht*a *do*-rinn*e* aon laoch in aghaidh na namhad an lá sin, *do* chu*ir* fios air *agus do* th*air*g leath a ríogha*cht*a dhó, *agus* leath a mbuainf*eadh* amach *do* thalamh na na*mh*ad a*cht* fuireach ina fhochair *féin agus* congnamh a thabhairt dó insan éigean ina raibh, ó*ir do* bhí leath na hIorua ar láimh na namhad, *agus do* bhí dís ríoghradh ag gabháil dó .i. Rígh na bhF*ea*r nDubh *agus* Rígh na bhF*ea*r n*Go*rm. Adubh*air*t an laoch Lochl*ann*ach *go* nglacf*adh* sin uaidh *agus do*-chuaidh tar ais dá bhoth *féin mar*a raibh Fionnabhartach *agus do* chollad*ar* an oidhche sin ann.

*Ar* maidean arna mh*áir*each *do* bhí na cnoic *agus* na mach*air*í fuilidhe le sl*uagh*abh dubh*a agus* la*cht*na *agus go*rma chu*m* catha *do* thabh*air*t *do mhuintir* Rígh na hIorua. D'éir*igh* an laoch Lochl*ann*ach amach *agus do* chu*ir* é *féin* i dtosach a mhuintire *féin agus do* bhí ag brúgh*adh agus* ag lad*air*t *agus* ag cnáimhghearr*adh* na namhad chomh calma sin, io*nnas* ag m*eadh*on an lae *gur* ghlac na sluaighte dubha rian madhmadh *agus* m*ór*theitheadh chúcha *féin agus* um thráthnóna *go* dtarlad*ar* dhá thaoiseach an tsl*uagh ar* Thorolbh, *agus gur* bhuain an dá ch*eann do* dhá bhuille dhíobh *agus gur*ab é *do*rchadas na

hoidhche tug fó ndeara d'aon aicme acabh dul as chum an bhaile beo. Táinig Torolbh go slánchréachtach abhaile gan fuiliughadh ná foirdhearg air. Ba lúthgháireach meanmnach do bhí Rígh na hIorua do éachtaibh an lae sin. Dála na ríoghradh dubh agus gorm, dob iongnadh leo na héachta do-rinne an laoch ar a mhuintir féin, agus do cheapadar nách neach saoghalta do-rinne an tóireacht soin do réir an datha agus an innill do-chualadar do bheadh air. Is í comhairle do-rinneadar; iad féin do dhul san gcath lena muintir agus bua do bhreith, nó iad féin do thuitim ar an láthair, agus is amhladh do bhí. Do chruinnigheadar a sluaghaibh agus a neart uile ar aon láthair agus do ghluaiseadar d'ionnsaighe Rígh na hIorua, agus an uair do-chonnairc Torolbh na cruinnighthe uathbhásacha sin do chuir fó dheara ar Rígh na hIorua tiaghacht i measc a mhuintire féin go láthair an chatha agus tugadar na sluaghaibh fianaí fiatamhla sin in aghaidh ar a chéile go fallachaidhe fírmhillteach ionnas gur thuit leath ar leath díobh , agus nár thuit an oiread daoine in aon chath dar tugadh san taobh sin don domhan riamh roimhe agus do thuit san gcath sin. Do bhíodar na ríoghradh ar gach taobh ag déanamh a ndualgais féin go meanmnach mórraigeantach, ag ladairt agus ag treascairt reompa agus ina ndiaidh, agus níorbh fhada gur ghabh Rígh na hIorua i dtosach a mhuintire, agus go rabhadar ag tosnughadh ar scaipeadh. Dála Thorolbh, ní dhearnaidh leathghoile ná gaisce i dtús an lae sin, acht ag breathnughadh ar na sluaghtaibh ag argain a chéile nó gur ghabh Rígh na hIorua leo. Is annsin do chroith an laoch Lochlannach é féin, a mheodhan iorraidh agus éadaigh, ionnas go raibh cioth splancacha tinntighe ag léimrigh ina thimcheall ar lár a namhad, agus tug ucht agus ionnsaighe ar an áit a raibh Rígh na hIorua, agus tug rian n-urchar do shleagh Lugha fútha gur mharbh trí chéad don urchar sin díobh, agus tug ruathar eatortha leis an gclaidheamh nár théarnaidh neach slán ón gcréacht, agus do-rinne carn dhá gcorp timcheall an rígh. Do scaoil sé an cuibhreach do bhí air agus tug claidheamh ina láimh dó agus adubhairt leis é féin do leanmhain, agus do-chuaidh mar a bhfacaidh Rígh

na bhF*ea*r nDubh san iargcúl, *agus do* leag chu*m* tal*mhan* é le buille *do* dhornchla a chl*aidhimh*, *agus do* chruaghchuibhrigh é *agus* d'io*nn*saigh ina dhiaidh sin Rígh na bhF*ea*r m*Go*rm. *Do-chonnairc* siad ag déanamh éirligh *go* láid*ir* lánchalm*a agus* tug buille chuige *do* bhuain a chea*nn* dá cholainn. *Do* bhí Rígh na hIorua i rio*cht* dul in ainmhidhe ag f*éa*chaint ar na gníomha si*n*.

Iar gcailleamhain na ríoghr*adh don* tsl*uagh do* ghabhad*ar* rian madhm*a agus* mórtheith*eadh* chúcha, *agus do* chu*ir* Torolbh last loinge d'ór *agus* d'*air*gead, *agus* d'éadáil an lae si*n ar* bhord a loinge *féin* an oidhche ch*éadn*a si*n*. *Do* tháin*ig* Rígh na hIorua *go* lúthgh*áir*each dá bhaile *féin agus* Rígh na bhF*ea*r nDubh fá shlabhraidhe iarai*nn* aige. *Ar* maidean arna mh*áir*each tháin*ig* Torolbh as a bhoth draoidh*eacht*a *do* láth*air* Rígh na hIorua, *agus* d'iarr a thuarastal air, ó *do* thuill sé é. Tug an rígh leath na hIorua dó *go* lúthgháireach *agus* leath an dá ríogh*ach*ta oile. *Ba* le Torolbh *féin* iad *do* réir an choinghill le Rígh na hIorua. *Do* chu*ir* Torolbh a chuid *féin* chu*m* cíos*a agus* an cíos sin *do* chu*ir* sé in aghaidh gacha t*re*as bhl*iain go* hÉir*inn*. *Do* bhronn leath Ríogh*acta* na bhF*ea*r nDubh *don* rígh dubh *féin agus do* fu*air* ó Rígh na hIorua a*n* leath oile *do* bhronn *dó agus* maitheamhnachas d'fhagháil uaidh, *agus* a bheith dá réir as si*n* suas, *agus* tar éis deireadh *do* chur leis an iomrasan *do* bhí idir na rígh*the* sin.

*Do* bhí Rígh na hIorua chomh sá*mh agus* chomh soc*air agus dob* fhéid*ir* leis d'iarr*aidh dó féin*, *agus* níor thaise le *Torolbh* é, ó*ir do* bhí fó chion *agus* fó mheas ag Rígh na hIorua *agus* ag a *mhuintir*, leath a ríoghachta ar a chum*as féin agus* an oir*ead* ó*ir agus* airgid, ionnmhas *agus* uile mhaitheas oile aige *agus do* chea*nn*ódh sea*cht* ríogha*cht*a oile *agus do* bhádar *mar* si*n* seal dá n-aimsir *go* dtug Rígh na hIorua cuir*eadh* coitchea*nn* dá *mhuintir* chu*m* fleadh *agus* féasta *do* chaithea*mh* re m*ea*nmn*a agus* le lúthgh*áir* fán suai*mh*neas *do* bhí acabh fá bhua *do* bhreith ar a n-easc*air*dibh dóibh. Tángad*ar* an lá ci*nn*te *do* ceapadh dóibh, *agus dob* iad *Torolbh agus Fionnabhartach* na

ch*éad* daoine dár cuir*eadh* fios ortha. Tángad*ar* ann *agus do* bhí *ba*ntr*acht* an rígh ann, .i. *lucht ba*n búidhe la*cht*na dubh *agus go*rm, *agus* iad uile lomno*cht*uighthe a*cht* stráic síoda nó chadáis cast*a* fá gheanasáin a gcoirp, ag falach an áit *ba* có*ir* bheith fuillighthe *go* hiomlán. Ní raibh orlach *ar* fad insa bhfionn*adh* cas ciardhubh *do* bhí *mar* ghruaig ortha, ná *mar* olann uain duibh i gceann a mhíosa d'aois. *Do* bhí ceithr*e* chur *don* tslabhradh c*éadn*a fána mbrághaid *agus* fáinne f*air*sing óir *ar* cr*o*chadh as sróin gach mná acabh *go* sroitheadh a smeigín, *agus* ag si*n* an t-iorradh *agus* an t-éadach *do* bhí ar bhant*racht* Rígh na hIorua an t*r*áth si*n*. Ní raibh c*ead* suidhte ar talamh acabh a*cht* bheadh 'na s*ea*sa*mh* ag friotháil*eamh* ar an rígh, *agus* ní raibh ina suidhe a*cht* an rígh *féin*, *Torolbh agus Fionnabhartach*. Ní mór d'fheithea*mh* ná *do* fhriotháile*mh do*-rinn*e* an bhant*racht* míscéimheach sin a*cht* d*éa*na*mh* ion*gan*tais *agus* uathbhás *don* mhnaoi si*n* *do* bhí 'na suidhe, ná facad*ar* riamh roimhe. *Dob* uathbhásach leo an ghile *do* bhí ina corp *agus* an deirge *do* bhí ina gruadh, *agus* an fhad *agus* an fhille bhí ina folt, *agus* níor thóg an Rígh *féin* a shúile dhi, *agus do* caitheadh an fleadh *go* súbháilceach suaimhneach an lá soin. *Do thriall* gach n-aon dá n-ár*as féin go* lúthgh*áir*each *agus do* ghluais Torolbh *agus* Fionnabhartach chu*m* a mboithe *féin mar* an gc*éadn*a. *Do* bhád*ar* tréimhse fhada *go* sámh súbháilceach ina mboth draoidh*eacht*a, *agus* long Mhanannáin *ar* muir ós a gcoinne faoina ceallt*air* draoidh*eacht*a *gan* radharc ag neach u*ir*the. Ní raibh aon lá ná caitheadh Torolbh dul *go* nuige an rígh i gcómhluadar leis, *agus* urraim *agus* oighréir aige dá fhagháil, *mar* dob ionann *agus* rígh é *féin*, *agus* cíos *agus* cáin aige ortha.

Lá dá raibh i bhfoch*air* an rígh, *do* rug leis i bhfód fó leith é. "A Thoroilbh," ar sé, "atá tú id rígh san tír seo anois, *agus* is có*ir* dhuit nós na t*ír*e leanmhain *agus* atá tus*a agus* mise in aon cheangal caradais le *chéile*, *agus* ar an ádhbh*ar* sin tabh*air*se an bhean úd agad dhomsa *agus do*-bhéara mise caogad *ba*n duitse uirth*e* .i. an bhant*racht* ch*éadn*a *do*-*chonnairc* tú lá na fleadh *agus do*-bheirim trí lá dhuit chum comh*air*le *do* dhéanamh, tuig

*gur* rígh mé *agus gur*ab éigean *mo* thoil *do* thabh*air*t *do*m *ar* ais nó *ar* éigean." *Dob* ionann *agus* bladhm tó*ir*nighe ar an laoch Lochl*ann*ach an friotal soin. D'fhéach *go* fraochaidhe ar Rígh na hIorua, *agus* níor labh*air* ní *ba* mó *agus do* ghluais ar a haithle sin chum an bhaile. *Do* aithris *do* Fhionnabhartach na sc*éa*la bhí aige *agus* d'iarr co*mhair*le uirth*e* insa gcás sin, cr*éad ba* maith *do* dhéanamh. Ar gclos an scéil sin *don* ríoghan is beag nár éag sí ar an láth*air* sin *agus* an ua*ir* d'éir*igh* sí as a néalta *agus* tháin*ig* sí chúich*e féin*, adubh*air*t: "a Thoroilbh," ar sí, "ní *bhfuil* a*cht* dá nídh le d*éa*na*mh* againn sa*n* gcás so, a*cht mar* atá, sinn *féin* d'imth*eacht* as an tír seo, *go* háirighthe mise d'imth*eacht*, ó*ir* caillfios thusa *gan* aimhreas *mar* gheall o*r*msa, *agus* sin mise marbh, *agus* ó mise d'imth*eacht* as *do* radharcsa *gan* aimhreas ní bhiadsa beo. Gidh*eadh* biadh tus*a gan* ainíochain *mar* gheall ar mise d'imth*eacht*, *agus* ar an ádhbhar sin, racha t*ar* n-ais *go* Éir*inn* arís ar choingheall *go* leanf*a* tusa mé f*é* chionn lá *agus* bl*ia*na." "Beir buadh leat, *agus* beann*acht*," ar *Torolbh*, "ó*ir* si*n* an nídh *do* bhí im aigne *féin* a*cht* scáth mór a luadh leat, *agus do* bhiadhainn anois in éinfh*eacht* leat, a*cht* tar ór na cru*inn*e, nách fágfainn an tír seo nó *go* scoiltfidh mé a chroidhe ina chliabh *don* rígh claon-ch*ea*lg*a*ch *do* mheas tusa *do* bhuain díom, *gur* mé *do* shocruigh ina ríogh*acht* é. Ar a haithle sin *do*-rinnead*ar* comh*air*l*e* iad *féin* d'ullmhughadh an oidhche sin ó*ir dob* éasca neoin na maidne *agus do*-chuaidh sí ar bord na Murúgh .i. long Mhanannáin, tar éis teora póg *do* thabh*air*t *do* Thorolbh, *agus* adubh*air*t Fionnabhartach an laoi *agus* d'fhreagair Torolbh í:

Scar*adh* leat is gar *do*m an bás,
's truagh *mo* chás ag imth*eacht* uait,
's *gan* agam arís *go* deo tú d'faicsint beo,
*go* dt*éadh* sa*n* uaigh.

A sh*ea*rc mo ch*r*oidhe *agus* a ghrá,
a ghruadh dhr*ea*chn*áir* ar dhath an rós;
anso ní *bhfuil acht* cor *don* tsaoghal,
biam ar aon faoi ghrada*m* fós.

Ní scarfainn leat ar f*eadh* mo rae,
ná l*ea*t *go* héag ní chu*ir*finn cúl,
gidh*eadh* a ceapadh dhúinn a*n* cor so,
*agus go* raibh an cás so dhúinn i ndán,
‘s *gur* éigean bheith ó chéile tamall
fágaim agad míl*e* slán.

A haithle na laoi sin, *do* thóg long Mhanannáin a bánbhratacha le gaoth, *agus ar* leagadh na súl *do* bhí sí as radharc t*í*re *agus* talmh*an*. *Do* scar an lánmha uasal si*n* le chéile an t*r*áth sin *agus ba* truaigh a bh*eadh* i ndán *dóibh gan* a chéile d’fhaicsint ‘na dhiaidh sin *go* lá an bhrátha.

Dála Rígh na hIorua ar scar*adh do* Thorolbh leis, *agus mar* nách fu*air* f*r*eag*r*a uaidh ar a bhfriotal *do* chaith sé leis, *do* chu*ir* sé c*éad* laoch dá *mhuintir* ós íseal ag faire *air*, dá fh*éa*chaint cr*éad do* bhí aige dá dhéanamh. *Do*-chu*aidh* ann c*éad* laoch *mar*a ndubhradh leo dul, *agus* dá bhíthin na cealltrach draoidh*eacht*a *do* bhí timcheall an chuain níor léir dóibh long ná both ná duine, ná aon chor *do* bhí ortha, cidh *ba* fog*as* dóibh iad *féin ar* gcas*adh do* Thorolbh ón long *go* tu*ir*seach dobhrónach. *Do-chonnairc* an comhthionól an laoch sin *ar* bhruach na feorann *agus* d’aithin fáth a dturais, *agus* d’fhiafr*uigh go* freachaidhe fírinneach c*é do* bhí ann. Níor fhan le sc*éa*la d’fhagháil a*cht* sleagh na gcaor

*do* leigean ar fhi*ar*thrasn*a* fútha*, gur* mh*ar*bh caogad díobh *don* urch*ar* sin. Ar gcasadh *don* tsleagh ina láimh arís *mar ba* ghnáth léith *do* leig fútha arís í, io*nnas* nach d*ea*chaidh fear innsint scéil beo tar ais díobh, *agus do* ghluais *féin* fó r*eacht* cuthaigh *agus* feirge d'ionnsaighe an rígh, *agus* é ar lár a theaghlaigh, *agus do* chroith an tsleagh *gur* chuir cioth splancacha tinntighe ar feadh an dúna *agus* na cúirt*e uile*, *agus* adubh*air*t: " A ríogh chlaonchealgaigh, *do*-rinne mé mo chomh*air*le ag an gcó*mh*rádh *do* chaith tú liom, ag caithea*mh* na sleagha doilbh*e* draoidh*eacht*a ina bhrollach, *gur* ch*ear*tscoilt a chr*o*idhe codromtha ina chliabh *don* urchar sin. D'iompaigh *ar* a dteaghlach *agus do* mharbh *cúig* ch*éad dóibh*, *agus do* theith an chuid oile t*ar* mhúraibh an dúna amach, a*cht* an dr*ea*m díobh *do* chu*ir* iad *féin* ar a choi*m*irce, *agus do* ghabh sé cea*nnas* na ríoghac*ht*a chuige *féin*, *agus do* scaoil sé bantr*acht* an rígh lena n-ádhbhar *féin*, *agus do* chuir fios ar mhaithe *agus* ar fhlatha na tíre, *agus do* ghabhad*ar go* lúthgh*áir*each leis *féin mar* rígh *agus mar* thighearna ós a gcionn. Tugad*ar* grian *agus* gealach i gcóiridh*eacht* ortha bheith dílis dó *mar* thighearna *go* brách, io*nnas go* dtarla *don* laoch Lochl*ann*ach, *do* chaill ríoghac*ht* a shinsir le g*rá*dh mná, ríoghac*ht dob* fhearr ná í a fhagháil dó *féin*, *agus* fós dá mb*eadh* Éire lena cois.

*Do* bhí *Torolbh* ag cur gach nídh i gcóir insa ríoghac*ht* sin tharla *chuige*, *agus* dúil aige *triall go* hÉirinn, *agus* Fionnabhartach *agus* a *dtr*iúr mac *do* thabh*air*t leis chum na hIorua *agus* sochrugh*adh* ann ar f*eadh* a mbeath*a*. Dála na Múrughaigh .i. long Mhanannáin *agus* a foireann, tar éis scar*adh* le Torolbh dhi, *do* ghluais *go* haoibhinn ádhmh*ar*ach neamhghuais*eamhail* t*ar* dhruim mara *agus* mórfh*airr*ge, ag cur a dturais di *go* ceann sea*cht* lá nó *gur* ghlac taobh tinnis Fionnabhartach, ó bh*ead*h taobh trom torrach di. Adubh*air*t *go mb*'fh*earr* léith *go* mb*eadh* sí ar thalamh ghlas éigin. Adubh*air*t an fhoireann nárbh fheasach *dóibh* aon talamh ar a gcómhgh*ar* san taobh sin *don* domh*an*. Gide*adh do* mhothuigh an long mian na mná *do* réir na mbuadha *do* bhí aice, *agus* níor airigh an

fhoireann aon nídh *go* bhfuairead*ar* iad *féin* i gcuan *agus* i gcalaidhthe t*í*re taobhuaithne taitneamhaighe. Táinig Fionnabhartach i dtír *agus* adubh*air*t le lu*cht* na loinge ná fágfadh sí *féin* an tír sin *go* gcuirf*eadh* sí an t-ualach *do* bhí aice dhi, *agus* adubh*air*t leo triall *go* hÉirinn leis an éadáil *do* bhí san loing, *agus* a thabh*air*t dá hath*air agus* dá seanath*air* .i. Deala *mac* an Daghdha le haghaidh a triúr mac, má bhíod*ar* beo, *agus* tar éis sin, iad *féin do* thea*cht* arís i gcionn ráithe d'io*nnsaighe* Thoroilbh san Iorua *agus* a thabh*air*t leo chúiche *féin don* tír seo má bhí beo, *go* mbiadaois in éinfh*eacht* in aon long *go* hÉirinn i bhfoch*air* a chéile. D'fhág lucht na loinge slán *agus* beann*acht* aice *agus* tugad*ar* an fhairrge amach ortha fá chumhadh *agus* fá thuirse i ndiaidh na ríoghna d'fhágbhad*ar* 'na ndiaidh.

Dála Fhionnabhartach, iar scar*adh* na loinge léith *do* thriall sí *go* dún soillseach sárdhaingean *do-chonnairc* sí *ar* mhullach cnoic aoibhinn aerach, *agus* is í bhí annsin Ríoghan na m*Ba*n gCíoch Loiscithe *agus* ní raibh san tír uile a*cht* mná *agus* ní fhuillingid f*ea*r ann *gan* a chur chu*m* báis. D'innis Fionnabhartach di gach nídh dár éirigh di ó thúis *go* deir*eadh*, *agus do* choinnigh an ríoghan 'na foch*air féin* í, *agus ba* mó a cion uirth*e.*

Dála na loinge iar scar*adh* le Fionnabhartach di, ní haithrist*ear* a scéala *gur* ghabh cuan *agus* calaidhthe tighe mó*ir*e in iarthar *Éireann agus* táin*ig mac* an Daghdha, Ard-Thaoiseach *Thuatha Dé Danann*, *agus* a mhac *agus* uaisle na dTuatha *uile* chúthabh ag lorg sc*éa*la ortha *agus* fios a dturais. D'innsead*ar* lu*cht* na loinge gach scéal *do* bhí acabh *féin agus* tugad*ar do* mhac an Daghdha an t-ór *agus* an t-airgead, na seoda saibhre *agus* na gréithe sciamhacha *do* cuir*eadh* leo chúthabh, *agus ba* lúthgh*áir*each *do* bhí *mac* an Daghdha *agus* Tuatha Dé Danann uile fá na tabhartaisí sin. Gidheadh *do* bhí eagla *agus* uathbhás ortha as los neamhchruinne na scéala *do* thug lu*cht* na loinge leo *ar* Fhionnabhartach *agus* níor thaise dóibh as los Thorolbh *do* bhí insa gcontabh*air*t inar fhág lu*cht* na loinge é. D'éistead*ar* leo a' súil le deagh-scéal, *mar* adubh*air*t lu*cht* na loinge *go*

gcaithfidís *féin* fó cheann ráithe an turas c*éadn*a *do* thabh*air*t d'io*nnsaigh*e na hIorua, *agus do* chaithead*ar* an aimsir amach i bhfog*as don* aimsir réamhráite sin, *agus dob* fhad*a* le mac an Daghdha fuireach leis an loing d'imth*eacht* ná le tiagh*acht* arís, *agus do* ghlaoigh Cíocal *chuige*: "A Chíocail," ar seisean, "bí ag imth*eacht don* domh*an* tsoir as *do* sheasamh *agus* tabh*air* sc*éa*la Thoroilbh *agus* Fhionnabhartaighe chugamsa." "Atá déanta," ar Cíocal, *agus* is amhlaidh *do* bhí an Cíocal soin: Ní raibh ar dhroim talmh*an* f*ea*r *ba* gráinne *agus ba* dodhealbhtha ná é. Bean *do* Fhearaibh Bholg *do* rug é *agus* deamhan éigin *don* ath*air* dó, ionnas *go* raibh páirt *agus* caidreamh *agus* comhluadar id*ir féin agus* a raibh *do* dheamhnaibh idir a*eir agus* talamh. Ní raibh ann a*cht* cnámha *agus* féitheacha *agus* croiceann dá gcoingeabháil i bhfoch*air* a *chéile*, *agus* ní rugadh ar thalamh gein *ba* súgaighe subháilcighe soilbhre ná é. Sult *agus* greann *agus* cleasa an domhain *do* bhí ann, i*onnas go* mbuainf*eadh* gáire as na clocha glasa. *Do* bhí lúthmhair*eacht agus* éadrom*ach*t ann ná béarfadh an ghaoth *do* bhiadh ina dhiaidh air, *agus* níor luaithe a rith ar thalamh ná ar chl*ár* na f*airr*ge *agus gan* bonn a chos *do* fhliuchadh. *Do* bhí ar a chum*as gan* aon dá fheiscint, a*cht* an u*air ba* toil leis *féin* é. Ní raibh ar f*eadh* an domhain id*ir* a cheithr*e* rannaibh aiste ná scéal ná luathrá ná bíodh ar leag*adh* na súl aige ó na deamhnaibh *oile*. *Do* bhí dá leabhar déag na filidhea*cht*a *do* ghlanmheabhair aige, *agus* ní raibh ceárd ná ealadhain ná eolas i ndiabhlaidh*eacht* ná i ngeintlidh*eacht* nách raibh aige *agus* is amhlaidh tharla dó chum *mac* an Daghdha iar mbiadh *do* Chíocal ráithe d'aois. D'fhág a mháth*air* lá fóghmh*air* tar a héis é insa scailp *do* bhí aice ar mhullach Cnoic na mBárc, air a dtugth*ar* Cnoc na Réithe anois, *agus mar do* shiubhladh an aithid insan aois sin, ní bhéarfadh f*ea*r deich mbliana fichead air. *Do*-chuaidh *do* thoradh a reatha sin as an scailp *go* mullach an chnoic dá ghrian*adh féin*, *go* bhfacaidh iol*ar* liath na Sionna é, *agus gur* shaoil *gur* bhanbh muice bhí ann, io*nnas gur* bhuail an crobh cam ingneach insa bhfear gránda, *agus gur* thóg leis insan aer é, ná dearna oireasamh ná cómhnaidhe *gur* thuirling ar Chnoc an tSodair i

gCruacha Chuailgne .i. ó laoch d'fh*ear*aibh bolg atá curtha a*nn* ar a dtugth*ar* anois Damhach na gClochán, *agus* c*é gur* maith faobh*ar* camghuib chruaidh choirghear an iol*air* *agus* a ingne g*earr*a gonta goinideacha, níorbh fhéidir leis díoghbháil ar bith *do* dhéanamh dó, le righne a chroicinn, *agus gan* aon ghreim feola id*ir* é *agus* na cnámha, *agus do* thug aodh*air*e dá aire iad *agus do*-chuaidh dá io*nnsaighe agus* d'imth*igh* an t-iol*ar go* haiféalach ag d*éa*na*mh* a ádhbh*air féin*, *agus* d'éir*igh* an aithid ina sheasamh *agus ba* luaithe chu*m* arás an aodh*air*e é ná é *féin*, *agus* ní raibh scéal nár fhiafruigh de ná tug uaidh, *agus* s*eacht* scéal lena chois *agus do*-chuaidh a thásc *agus* a thuarscbháil ar f*eadh* *Éireann uile* io*nn*as *go mba* éigean *do mhac* an Daghdha fhagháil *dó féin*, *agus go* raibh ina theacht*air*e aige *féin*, *agus* tug Cíocal *mar* ainm air *agus* is é an chéad smísteoir*eacht do*-rinn*e* Cíocal: lá dá dtáin*ig* le t*eachtaireacht go* hIath na Muc, ris a ráitear Inis Caorach, ina raibh an u*air* si*n* scoil a' teagasc ógaibh Thuatha Dé Danann, *agus* ag gabháil *do* Chíocal aniar le hais Chruach*a* Chualaigne *do* ghabh mian é Cnoc an tSodair d'fhaicsint *agus do*-chuaidh ina mhullach *agus do* shuigh ann *gur* thit a chodladh air *agus* ag múscladh dó *do* ghabh tart adhbhalmhór é le t*eacht* a*n* lae, *agus do*-chuaidh *go* nuige cailleach an bholláin, ag iarraidh deoch uirth*e*, *agus* is amhl*aidh do* bhí an chailleach sin: *do* bhí gabháltas fearainn ar an dtaobh thoir *do* na cruacha *agus* ní raibh san domh*an* an oir*ead* talm*han ba* saidhbhre, *agus ba* torthamhl*a* ná é ó*ir* d'fhág draoi d'Fh*ear*aibh Bholg *do* bhuaidh aice an *uile* tortha *ba* riachtanach *do* chuirfidhe ann *do* thabh*air*t, io*nnas go* mbí mil *agus* fíon *agus* cruithn*eacht* ann *agus* an uile thortha *ba* riachtanach chum beatha an duine ag t*each*t as an talamh dá leointe *féin*. *Do* bhí, *mar* an gc*éadn*a ann, bollán criadh *agus* a leath faoi thalamh, *agus* an leath oile ós a chionn, *agus do*-bhéarfadh an bollán soin uisce d'fhearaibh *Éireann*, *agus* dá dtreabha, *agus* ní thugadh an chailleach an braon *don* uisce sin uaithe, *gan* díol a fhagháil *do* láthair. Táin*ig* Cíocal, *mar* adubhramair, ag iarraidh dighe *don* uisce, *agus mar* nách raibh díol aige, adubh*air*t an chailleach an aithid imth*eacht* dá chrochadh.

Leis sin *do* bhuail Cíocal preab *do* chois chaoil chruaidh ar an mbollán *agus do*-rinne spruad*ar* dá raibh ó thalamh suas de, *agus* ar leagadh na súl *do* bhrú*cht* loch uisce t*ar* an áit *agus do* báthadh an chailleach ar an láth*air*, *agus* d'fhan an loch ar an áit sin ó shoin i leith, *agus* ní *bhfuil* baise *do* thalamh aoibhinn sin le faicsint acht ionad comhnaidhe na caillighe atá in oileán beag ar lár an locha.

Iomthúsa Thoroilbh, iar m*ar*bh Rígh na hIorua, tángad*ar* flath*a agus* uaisle na t*ír*e chuige *agus do* chu*ir*ead*ar* iad *féin* ar a choimirce, *agus do* ghabhad*ar* leis *mar* rígh *agus mar* thighearna ortha *féin*, ós sin suas *go* bráth. Is annsin *do* bhí dúil ag Torolbh cuid *do* shaibhreas *agus* d'*éad*áil na hIorua *do* bhreith leis *go* hÉir*inn*, *agus* a scaip*eadh* ar *Thuath Dé Danann*, *agus* Fionnabhartach *agus* a thriúr *mac do* thabh*air*t leis *don* Iorua, *agus* ríogh*an* ar an Iorua *do* dh*éa*namh di. Dá réir sin *do* chrui*nnigh* sé mórán óir *agus* airgid *agus* iomarca *do* ghréithibh *agus do* sheodaibh uaisle daor*a* dofhál*a agus do* bhíod*ar* ulla*mh* ar an láth*air* aige. An u*air do-chonnairc* ná táin*ig* long Mhanannáin dá io*nnsaighe* i gcoinn an ráithe, d'ollmhuigh *féin* long lu*cht*mh*ar* lántaibhseach *do* chu*ir* lán last d'éadáil na hIorua innte *agus do* shocruigh an rígh 'na dhiaidh, *agus* d'fhág flaith d'uaislibh na t*ír*e ag riaghlugh*adh* in ionad *féin agus do*-chu*aidh* ar muir *go* lúthgh*áir*each éadálach ag triall ar a mhnaoi *agus* ar a chloinn, d*ar* leis *féin*, *go* hÉirinn. *Do* bhí ag tr*ea*bhadh na dtonn tréanmhór*a*, *agus* sruth *agus* gaoth leis *go* hádhbharach, *go* bhfacaidh an treas lá long fá lánseoil *agus* iomramh dá ionnsaighe, *agus* cá long *do* bh*eadh* ann a*cht* long Mhanannáin, *agus ba* lúthgh*áir*each Torolbh tr*éad* a faicsin *mar do* shaoil scéal Fhionnabhartach d'fhagháil, *agus do* lorg *go* héasca sc*éa*la a mhná *agus* a chloi*nn*e díobh. D'innsead*ar* an fhoireann *go* raibh an chlann *go* maith, *agus* ná raibh léirthuairisc acabh ar Fhionnabhartach *mar do* ghlac taom tinnis ar f*airr*ge í ag dul *go* hÉirinn, *agus gur* iarr sí a cur i dtír insa ch*éad* tír *do*-chífidís *agus go* ndearnad*ar* sin *agus* nách raibh ainm na t*ír*e acabh, *agus gur* iarr an ríogh*an* ortha dul *go* hÉirinn leis an éadáil *do* bhí acabh an u*air* sin,

*agus* i gcionn ráithe t*eacht don* Ioruadh ag io*nnsaighe air* soin, *agus* é *do* thabh*air*t leo, *agus* ‘na dhiaidh sin ar gcas*adh dóibh*, t*eacht don* tír sin dá lorg *féin*, *agus go* mbiadh sí *féin agus* tusa in aon long ag dul abhaile *go* hÉirinn, *agus gur*ab iad sin ár scéala *féin*, ar siad. “Is olc bhur sc*éal*a,” ar Torolbh, “*agus* is *ba*oghal liomsa *go bhfuil* nídh is m*eas*a, ní raibh deir*eadh* an fhocail as a bhéal an u*air* do bhí sioscadh gaoithe chúthabh *mar* bheadh saoith gaoithe lá Márta.” Is é *do* bhí ann, Cíocal, giolla turais *mac* an Daghdha *agus ba* lúthgh*áire*ach le Torolbh amh*ar*c an fhir ch*éadn*a an u*air* sin insa mbu*air*t *do* bhí ar aigne an t*rá*th sin, *agus do* lorg sc*éa*la dhe. D’innis Cíocal *go* raibh a thriúr mac *go* maith, gid*eadh go* raibh Fionnabhartach ar an mbuidhean *ba* mó. Arna chlos sin *don* laoch Lochl*ann*ach *do* thit tar ais i dtáimhnéalta báis io*nnas gur* shaoil luc*ht* na loinge *go* raibh sé *gan* anam. Táinig chuige *féin* i gcio*nn* aga fhad*a*, *agus* d’oscail a shúile, *agus* d’fhiafr*uigh* sé *do* Chíocal cio*nn*as *do* cailleadh *Fionnabhartach*. D’i*nn*is Cíocal dó, an u*air do* ghlac sí taom tinnis *ar* mu*ir agus* í taobh t*ro*m torrach, *agus* an ua*ir do*-chuaidh sí i dtír i Ríocht na m*Ba*n gCíoch loiscthe, áit ná fuillingthear fear ar bith beo, *agus gur* ghlac ríoghan na t*ír*e si*n* gean mór uirthe *agus gur* choinnigh timcheall a pears*an féin* í *go* bhfu*air* sí bás d’aist*ear* na *hinghine do* bhí ar iomch*ar* aice *do* bhreith, *agus go bhfuil* an *inghean* soin fá chion mhór ag an ríoghan sin, *agus go* bhfuair a máth*air* sul d’éag sí, ón ríogh*an*, *gan* aon chíoch léith *do* loscadh *mar ba* deoraidhe i dtír coigríoch í *agus dob* iad sc*éa*la Chíocail, *agus ba* sásamh mór *ar* Thorolbh an léirchuntas sin. Ciodh *gur*ab olc leis é a *fhagháil*, *do* bhí ag smaoineadh cr*éad ba* maith dó *féin do* dhéan*amh* san gcruadhchás si*n agus do* chinn sé fó dheireadh an éadáil *do* bhí ina long *féin do* chu*ir* a long Mhanannáin *go* hÉir*inn* d’io*nnsaighe* Thuatha Dé Danann *agus* a chloinne *agus* é *féin do* chasadh tar ais *agus* a aghaidh *gan* a thabh*air*t ar chríocha Lochl*ann* ná *Éireann*, ná ar aon ríogh*ach*t *don* roinn Eoraip ar f*eadh* laethaibh a bheath*a* a*cht* dul *go* ra*nna* éigin *oile don* domh*an* chum

luathugh*adh* lena laethaibh i ngach bearn*a* baoghail *do* chasfaidhe air i gcionsgleo catha *agus* comhraic, agus is amhl*aidh do*-rinne.

*Do* líonuigh long Mhanannáin *do* éadáil na hIorua *agus do* cuir*eadh do* chúram ar Chíocal dul *innte agus* a thabh*air*t suas *do mac* an Daghdha an éadáil *do* roinnt idir a chloinn *féin agus* Tuatha Dé Danannn, *agus gan* lorg *do* chur *air féin go* b*rá*th as sin suas, *agus gur*ab é sin an tabh*ar*tas déidheannach *do* chu*irfeadh* sé dá n-ionnsaighe *agus* adubh*air*t an laoi ann:

Dob uras aithn*e* dhamsa a bás,
an u*air* d'fhágbhas slán ag s*ea*rc *mo* ch*roi*dhe.
As *mo* shróin *do* thit braoin,
d'fhuil mo chroidhe *mar* chomhartha léin.

Coróin Rígh ar *mo* cheann,
Is ríogha*cht* nár ghann fám chomh*air do* bhí;
's d'fhágbhas *féin* iad sin tar m'éis,
le s*ear*c *do* bheith *do* chneádh mo chroidhe.

Dob fhada mise ag taisteal cuain,
In aghaidh na stuagh *ba* maiseach gnaoi;
Is *gur* innte *amháin do* chuireas dúil,
's dá dtugas rún 's searc mo chroidhe.

*Do* thugas *mo* raith ar mhnaoi,
*agus* gairm rígh agam le *fáil*.
*Do* chailleas mo ríogha*cht agus* mo raith,

‘s ní *bhfuil* an bhean agam *dá* bharr.

A Chríoch Lochlann Chaomh na long,
tá deireadh liomsa leat *go* bráth,
is ní taise dhuitse é ……..
cé bhíosa i …….inniu id dháil

*Do* chailleas *mo* ríoghac*ht* le grádh mná,
‘s *gan* í dá bharr agam tar éis.
Is *do*-rinneadh an feall abh*us*,
is thall *do* chailleas é.

A haithle na laoi sin, *do* scarad*ar* le chéile *go* hardchumhach tu*ir*seach dobhrónach *agus* tug an Mhurúghach an fhairrge amach u*ir*the *féin agus* sruth *agus* gaoth *go* hádhmh*ar*ach léith, *agus* ag gabháil tar thír na mB*an* gCíoch Loiscthe dóibh, ní dh*ea*rnad*ar* sos ná cómhnaidhe ann *mar* nár mh*air Fionnabhartach*, *agus* nách raibh Torolbh leo, *agus do* thriallad*ar* leis an gcóir *do* bhí acabh *agus* ní haithrist*ear* a sc*éa*la ortha *gur* ghabhad*ar* cuan *agus* calaidhthe in Éir*inn agus do* chruinnighead*ar* maithe *agus* móruaisle Thuatha Dé Danann ‘na dtimcheall *agus ba* caointeach díomádhach truaighmhéileach, na sc*éa*la bhí acabh le fagháil ó Chíocal, *agus* ó lu*cht* na loinge, *agus do* chaoinead*ar go* tu*ir*seach tromchroidheach drochádh na lánamhan uaisle si*n*, *agus* iar dtraochadh dá ndobhrón *do* chuir mac an Daghdha có*ir* ar an éadáil *do* bhí san long, *agus do* roinn*eadh* saibhreas *agus* na seoda *do* bhí innte *mar ba* toil leis *féin*, *agus ba* mór a leath, óir ní tháin*ig* ria*mh agus* ní thiocf*a go* hÉir*inn* choidhch*e* aon long níos saibhr*e* ná an long si*n*, *agus* ní raibh treabha ná tuatha in Éir*inn* ná san domh*an ba* saibhr*e* ná an méid sin *do Thuatha Dé Danann do* bhí in

Éirinn an t*rá*th sin, io*nnas go* raibh éad *agus* formad ag f*ea*raibh *Éireann* leo, *agus gur*ab uatha *do*-gheibhidís fuascl*adh* a gcás in g*a*ch cruadh-dháil *do* bhí ortha, *agus gur* leo *ba* mian le f*ear*aibh *Éireann* cleamhnais *agus* cairdeas *do* dhéanamh.

Iomthúsa Thoroilbh iar imth*eacht don* Mhurúghach as a radharc, *do* chas *féin* tar ais *go* tromchroidheach dobhrónach *don* Iorua *agus* d'fhan ar f*eadh* coidhcís ann ag socrugh*adh* na tír*e agus* ag teagasc an taoisigh a d'fhág tar éis i gceannas na háite, *agus* dá ordugh*adh* dó an cíos *do* bh*eadh* cruinnighthe *agus* g*a*ch cáin oile fána chomh*air féin*, nó fá chomh*air* an t*é* chuirf*eadh* sé ina choinne gach treas bh*liana*, *agus* adubh*air*t *go* gcaithf*eadh féin* bheith seal as an áit ag tabh*air*t air*e do* chúram *oile do* bhí *air agus do* chu*ir* cruinniugh*adh* ar mhaithe na ríogha*ch*ta *agus* tug fá deara grian *agus* gealach *do* chu*ir* ortha bh*eadh* urramach dílis dó *féin* ar f*eadh* a rae, *agus* an té d'fhág in ionad *féin* ag rialugh*adh* ortha.

Tar éis sin *do* chu*ir* long dá córugh*adh agus* d'fhág slán ag maithibh na hIorua *agus* ní dh*earn*a*idh* oireasa*mh* ná cómhnaidhe leis *gur* ghabh cuan i dTír an Ó*ir* san domh*an* thoir, *agus* i*ar* ndul i dtír *dó do*-chual*a go* raibh Rígh Thíre an Ó*ir* i ngabhadh *agus* i gcruadhdháil ag Ard-Fhlaith na hIndia *agus gur* bhris Rígh na hIndia s*eacht* gcatha ar Rígh Thíre an Ó*ir agus go* raibh sealbh dhá dtrian na t*í*re aige *agus* dá mbuaidhtí an t-ochtmh*adh* cath leis *go* mb*eadh* iomshlán na ríogh*acht*a aige *agus* an rígh *féin mar* an g*céadn*a, *agus* nách le n*ear*t sleagha *do* bhí Rígh na hIndia ag breith buadh a*cht* le n*ear*t, a chródh*acht, agus* a lánchalma*cht féin*, óir ní *bhfuil* san taobh sin san domh*an* f*ear* is mó *agus* is arra*cht*aighe ná é. *Agus* atá ollphiast faoi *mar* each *agus* is amhl*aidh* atá sí sin: deich dtroighthe ar aoirde i*nn*te *agus* caogad ar fad, *agus* d'iomchóradh sí c*éad* laoch ar a dhroim *gan* mothugh*adh*. *Do* chu*ir* uirth*e* fearaibh an *do*mhain, 's a mb*eadh* ar aon mhachaire *do* dhéanfadh an ollphiast soin camadh *agus* brúsc*ar* fá na cosa díobh. Atá dá stairfhiacail aice, ag a *bhfuil* s*eacht* dtroighthe ar fad ionnta, *agus* cu*ir*eann sí seisear laoch in éinfh*eacht chuiche mar* aon ghreim, *agus* le haon chrotha *do* bheir sí ortha s*an* aer *do*-

ghní sí greamanna sabhaic díobh. Ar a dhroim *do* bhíos an f*ear* mór *agus* deichneabhar laoch ann aige ag iomch*ar* bacla *do* shleaghaibh rinnghéara len ais, *agus* níor mhian leis aon tsleagh *do* chaitheamh acht le magadh *agus* le fonomhaid, *agus* ní bhíodh aon ghabha léith aige óir ní leigeadh an ollphiast neach *don* tsleagh dá fhogas *gan* crothadh ina timcheall *agus* greamanna beaga *do* dhéan*amh* dhíobh, *agus* níor bheag *dó*, a*cht* an phiast *do* stiúrughadh *mar* a bhfeicfeadh tiughas an tsl*eagh agus* gach laoch dá dtugadh seisean dá aire ag déanamh calma*cht* nó gníomhaidhea*cht*, *do* chaith*eadh* sleagh *don*a sleaghaibh s*in* anuas *air go* gcuir*eadh* tríd *go* tala*mh*, io*nnas* i ng*a*ch áit a dtugadh Rígh na hIndia *agus* an phéist sin a n-aghaidh nách raibh seasa*mh* ná fuireach leo, a*cht* raon madhma *agus* mórtheitheadh *do* ghabháil chuthabh. *Dob* iongnadh le Torolbh an scéal sin, *agus do* chu*ir* ag io*nnsaighe* Rígh Thíre an Óir *agus do* i*nn*is *dó gur* laoch é *féin do* bhí ag siubhail an *do*mh*ain* ag tuilleamh tuarastail le gaisce *agus* le n*ear*t a lámha *agus go* dtáin*ig* ag ionnsaighe air sin. *Ba* fáilteach lúthgh*áir*each le Rígh Thíre an Óir a leithéid *do* theangbháil *chuige féin* an t*rá*th sin *agus gur* i gceann dá lá *do* bhí an cath déidheannach aige le tabh*air*t ina raibh a anam *agus* a ríogh*acht* le cailleamhain nó le buadhachtan, *agus* adubh*air*t leis an laoch fanamhaint aige *féin agus go* dtiobhradh breith a bheoil *féin dó don* earra *do* bhí aige *féin* .i. d*ear*gór na hIndia *agus* g*a*ch maitheas oile *ba* maith leis a fhagháil. Adubh*air*t Torolbh nách iarrfadh *féin* a*cht mar* fhiú a shaoth*air agus* a ghníomh *a fhagháil*. *Do* chaithead*ar* an aimsir amach an dá lá bhí id*ir* iad *féin agus* an cath ag ullmhugh*adh* sl*eagha agus* ag cur gach nídh i gcó*ir* le huc*ht* an chatha sin. Ag éirg*he don* ghréin an treas lá *do* thriall Rígh Thíre an Ó*ir agus* an deoraidhe gaiscidhígh *agus* sl*uagh* Thíre an Óir chu*m* láthair an chatha, *agus* cia moch *do*-chuad*ar* ann. *Do* bhí Ard-Fhlaith na hIndia *agus* a mhórshlua reomp*a* ann, *agus* is amhl*aidh do* bhí: é *ar* dhruim na péiste *agus* brat *ór*loiscth*e* faoi *agus* oiread caog*ad* laoch *do* chraoiseachaibh ci*nn*ghearr*a* catha ar a dtaobh *agus* ar a dtaobh chlí de *agus* deichneabh*ar* laoch ag feitheamh *air* ar dhruim na

péiste c*éadn*a chum na gcraoiseacha *do* thiomsugh*adh*, *agus* chum a dtarraing as corpaibh na laoch *do* leadradh leo. *Do* bhí ar cheann an fhir mhóir clogad caomhchruinn gealchruaidh, *agus* folt fa*da* ciardhubh ar mhullach an chlogaid sin ag luascadh leis an ngaoth. *Do* bhí sciath *agus* lúireach ortha *agus* éadach d'ór air. Ní raibh *mar* an gcéadna aon acra timcheall na hollphéiste nách *do* dheargór na hIndia bhí déanta.

An uair *do-chonnairc* an phiast an sl*uagh do* bhí ós a coinne ar an dtaobh oile *don* mhachaire *agus do* fuair baladh na ndaoine *agus* na n-each, *do* ghlac d*ear*gbhuille *agus* cuthach í chu*m* déana*mh* ortha. Táinig trian slighe *don* mhach*air*e *do* bhí id*ir* an *dá* shl*uagh* d'aimhdheoin lu*cht* a stiúruighthe *agus do* bhí ag léimneach *agus* ag pramsáil *agus* dá caithea*mh féin* i rio*cht* a raibh ar a druim *do* chaithea*mh* di. An u*air do*-c*honnairc* Torolbh ar an gcuma si*n* í *do* ghluais as tosach an tsl*uagh* amach dá hio*nnsaighe do* choiscéimí foisteanacha fearamhla forránta, *agus* an uair *do* tháinig i bhfog*as don* phéist *do* chroith sleagh Lugha ina lámh dheas láidir deaghthapa, *agus do* chu*ir* an tsleagh thréan mhórthine dá rinn ar f*eadh* an mhach*air*e; an gnáthchomhartha buadh *do* bhí aice, *agus* ar éirgh*e don* phéist ar a cosa deireadh *agus do* léimeadh sí le cuthach na teine d'fhaicsint. Tug *Torolbh* rian urch*air don* tsleagh fúith*e gur* chu*ir* trína lár í. Insan am c*éadn*a *do* ráinig *do* Rígh na hIndia an tsleagh *ba* sia *agus ba* géire *agus ba* n*ear*tmhu*ir*e bhí aige *do* caitheamh leis an laoch *agus* d'imthigh sí tar a ghualainn. D'éis *gan* aimsiugh*adh* is annsin *do* thuit an ollphiast 'na to*ir*t *agus* a raibh ar dhruim chu*m* talmhan, *agus* ar a thuitim *don* rígh, tug mac gníomh*acht*ach mhic Sta*ir*n buill*e* amasach áthasach dó le cl*aidheamh* coinnl*ea*ch cleasach crosórdha Mhanannáin, *do* fu*air* ó mhac an Daghdha in éinfh*eacht* leis an sleagh, *agus do* scoilt an ceann dá cholainn leis an mborb-bhéim si*n*, *agus do* thóg an ceann in a*ir*de ar rinn a shleagh, *agus do* chu*ir féin* gáir choscair as, *agus* d'fhreag*rad*ar sl*uagh* Thíre an Óir *go* lúthgh*áir*each é. Dál*a* sl*uagh* na hIndia, an u*air do*-chonncad*ar* ceann an Rígh ar bharr na sleagha *agus* an ollphiast sínte marbh ar an mach*air*e, *agus*

*gur*ab aist*e do* bhí a ndóchas. *Do* chu*ir*ead*ar* trí gártha caointe *agus* éagcaoine asta, *do* ghabhad*ar* raon madhma *agus* mórtheithte chúcha, *agus* níor fhan dís le *chéile* díobh. Iar bhfaicsin sin *do* shl*uagh* Thíre an Óir d'io*nnsadar* iad insa ruaig, *agus do* bhád*ar* dá lead*air*t, *agus* dá ngearr*adh agus* dá ndóirleach ó éirghe na gréine *go* dubhdhorcha na hoidhche, i*onnas* nách deachaidh f*ear* insint scéil *do* mhórshl*uagh* sin as an láth*air*. Gib*é* acabh *do* ráin*ig* dul i gcoillte *nó* i ngleannta nó in uamha faoi thala*mh* dá bhfolach *féin*. Níor tug*adh* bris*eadh* ná ruaig i gcath ná i gcoinsgleo an taobh sin *don* domh*an* ria*mh* roimhe sin. *Ba* mó maoin, saibhreas *agus* éadáil, ag bris*eadh* an lae sin, ó*ir* ní raibh cnoc ná cabháin, eachrann ná réidhtheach, gleann ná réidhmhachaire ná raibh fuilidhe *do* chorpaibh daoine, le hiorr*adh*, le héadaighe, le hór *agus* le hairgead *mar* an gc*éadn*a, ó*ir* ní raibh sciath, ná cl*aidheamh*, ná clogad, éide ná lúireach craoiseach, ná sleagh ag sl*uagh* na hIndia nách *do* dh*ear*gór na hIndia *do* bhí déanta. Ciodh trá*cht* d'iompad*ar* sl*uagh* Thíre an Óir chu*m* an bhaile *go* súgach suaimhneach tar éis buadh iomshlán *do* bhreith ar a namhaid dóibh, *agus* ní raibh fios ag an rígh cr*éad do* dhéanfadh leis an laoch láid*ir* lánchalma *do* mh*ar*bh Rígh na hIndia, *agus* an ollphiast le méid a cheana *agus* a meas dó air. Adubh*air*t leis a thoil *féin do* dhéanamh *agus* a thuarastal *do* cheapadh, *agus* dá bhfanfadh aige *féin go* dtiobhr*adh* leath a ríogha*cht*a dó ar f*eadh* a bheath*a féin agus* an leath *oile* dó tar éis a bháis. Adubh*air*t Torolbh *gur* chu*ir* sé suas *do* ríogha*cht* san áit a rugadh é, *agus* n*ár*bh fhéidir leis cómhnaidhe fada dh*éa*namh in aon áit *agus go* raibh sásta ar leath éadála an mhach*air*e lá an bhriste *agus* é sin *do* chumhdach dó *go* dtigeadh *féin* dá iarraidh arís nó duine uaidh. Táinig arna mháireach chuige *féin*, taoiseach *do* lu*cht* na hIndia, ag iarraidh caradais *agus* síothchána ar Rígh Thíre an Óir. Tug Torolbh congnamh *dóibh* io*nnas go* raibh an dá ríogha*cht* comhasach sin soineanta síothchánta le chéile ó sin amach *gan* iomarca, *gan* easpa ag aon *díobh* dhá iarr*aidh* ar a *chéile*, *agus* sin *do* theangmháil os los *Thoroilbh mhic* Stai*r*n *do* dhul *don* domh*an* thoir. D'fhan Torolbh seal i dTír an Óir tar éis

na síothchána sin *do* dhéanamh *agus* cia *go* raibh ómós rígh aige le fagháil san tír sin, ní raibh suaimhneas ‘na ch*ea*nn le fagháil óir ní raibh sé *gan* Fionnabhartach g*a*ch lá in aigne *agus* ‘na aisling ‘na chodl*adh* gach n-oidhche, *agus* a chroidhe dá mhúchadh ina chliabh le n*ear*t cumhadh *agus* leanndubh, i*onnas* fó dheireadh *go* dtáinig in aigne tuill*eadh don* domh*an do* shiubhail dá fhéachaint c*é* an áit is mó *do*-gheabhadh suaimhneas ón *mb*uaireamh aigne *do* bhí *air agus* dá réir sin d’fhág slán *agus* beanna*cht* ag Rígh Thíre an Óir *agus* ag a m*huint*ir.

Ní dhearn*a* oireasamh ná comhnaidhe *gur* ghlac cuan taitneamhach taobh áláinn, tairngir*e*, *agus* is mó thaitn*igh* aer *agus* úr na tíre leis. *Do* ghluais roimhe d’io*nnsaighe* dún *agus* deagh-bhaile Rígh na tíre sin, *do* bhí i bhfog*as* dhó ar mhullach cnoic, *agus* iar ro*cht*ain annsin dó tug fó deara smúit dhorcha dhólásach in aghaidh gach nduine *don* teaghlach *agus* in agh*aidh* an rígh *féin* ní *ba* mó ná in aon duine oile, *agus* an uair *do-chonnairc* an rígh an laoch láid*ir* lú*ba*ch lántapa in iorradh *agus* in éide gaiscidhígh *agus* lúireach lú*ba*ch Lochl*ann*ach air, *agus* sleagh ceannghearr ina dheasláimh *agus* leathansciath ordhualach ar a ghualainn chlí. D’fhiafr*uigh* dhe cé hé *féin agus* fáth a thurais *don* tír sin. Adubh*air*t Torolbh leis an gc*éad* fhea*cht* nách d’fhuil anuasail an *do*mh*ain* é, *agus gur* deoraidhe *agus* coigríoch é san tír sin, *agus* an d*ara* fea*cht gur* laoch é *do* bhí ag imth*eacht* le gaisce *agus* ag fagháil tuilleamh *agus* tuarastal ó ríoghaibh *agus* ó ardfhlath*a* an *do*mh*ain*, *agus* ag tabh*air*t congn*aimh* a láimhe dóibh ar son a thuarastail. “Beir buadh *agus* beanna*cht*,” ar an Rígh, “*agus* is mór atá mé in eas*ba do* leithéide an tráth so, óir tá rígh cumhachtach cumasach in mo chomharsana*cht* dá n*go*irthear Rígh Thíre an tSneachta, *agus* tug a inghean sin *agus* mise g*rá*dh dá chéile, *agus* ní thiobhr*adh* Rígh Thíre an tSnea*cht*a dham le pósadh í, *acht do* rígh *oile* atá ‘na chomh*ar*sana*cht* dá n*go*irthear Rígh Thíre an Fhua*cht*a air *agus* atá gráin *agus* fuath ag ríogh*an* dó soin, *agus* d’éaluigh sí liomsa ón a hathair *agus* uaidh sin an oidhche *do* bhí chu*m* a phós*ta* leis, *agus do* bhí

sea*cht* lá *agus* s*eacht* n-oidhche im fhoch*air go* dtáin*ig* tó*ir orainn agus* ne*ar*t sl*uagh* lenar chailleas í, *agus* atá sí i mbraighdeanas ag a hath*air*, *agus mar* dhíoghaltas ormsa atá ag buain mo ríogha*chta* díom, *agus* tugadh ceithre catha calm*a dá chéile*, inar cailleadh iom*dha* daoine ar gach taobh. *Do-chonnairceadar* flatha fearainn *agus* uaisle na t*í*re ar gach leath d'íoth na ndaoine *agus* na gcréacha *do* bhí ar a dtír, *do*-rinnead*ar* breitheamhnas aduain ar an modh so: an deifir d'fhágbháil ar chómhrac aonfhir, *agus* dá m*ba* ag gaiscidh*ea*ch Rígh Tíre an tSneachta *do* bh*eadh* an buadh mo ríogha*cht* bheith aige *agus* dá m*ba* lem ghaiscidheachsa *ba* treise, a inghean *do* bheith agam *agus* a ríogha*cht* ón a bhás *féin* amach. Is é tug fó deara dhó, connradh cómh réidh sin *do* thabh*air*t uaidh, *mar do* bhí a fhios aige ná clisf*eadh* aon laoch san domh*an* ar an bhf*ear do* bhí aige chum an chomhraic *do* sheasamh, óir d'fhostaigh sé dó *féin* an t-aon ghaiscidh*ea*ch dob fhearr insa taobh sin *don* domh*an, agus* nár cliseadh riamh air. Níor mhó Rígh na hIndia ina phearsain ná an laoch so.

Is annamh bhíos cúram aige lena chl*aidheamh* óir atá sleagh aige ina mb*eadh* díthcheall dís laoch á hiomchar, *agus* atá sí cómh throm *agus* cómh lios*ta*, ionnas nár mheath aon urchar uirthe riamh *gan* aimsiugh*adh*, ná fágfadh cloch ná crann, cruach ná prás *gan* polla tríobhtha, acht *mar gur* bholgán béiche nó fás na haon oidhche iad. Ní mhothuighonn an laoch sin an tromán lena ne*ar*t, a*cht gur mar* bhrobh luachra ina láimh .i. is sin an chuid is lú dhá thuairisc agad," ar an rígh. "An treas lá ó inniu atá ceaptha chum an chomhraic si*n*, *agus* ní *bhfuil* aon d*uin*e in áirith*e* agamsa chum seasaimh ar mo shon, óir ní *bhfuil* duine ná leigf*eadh* eagla dó seasamh in aghaidh an fhir mhóir sin. Más duine tusa *do*-gheabhas *do* lái*mhe* an f*ear* sin *do* chosc, *do*-gheabh*air* breith *do* bhéil *féin mar* thuilleamh *agus mar* thuarastal uaimse."

Dála Thorolbh, aontuigheas ar an gco*mh*rac sin *do* sheasamh ar son Rígh in aghaidh ghaiscidhigh an *D*omhain Thoir san gcómhrac imshníomhach contabhartach sin *do* bhí le

bh*eadh* an t*re*as lá uatha, ina raibh ríogha*cht* comh*acht*ach le cailleamhain nó ríogha*cht* *agus* inghean rígh le buadhchain. D'éisteada*r* leo *go* lá an chómhraic *agus* nuair tháin*ig* an lá sin níor fhan f*ear* ná bean san dá ríogha*cht gan* cruinniugh*adh* ar an láth*air do* bhí chu*m* an chómhraic ar réidhbhláith aoibhinn fhéaruaithne *do* bhí id*ir* dhá chnoc arda aeracha, *agus* iar gcruinniugh*adh* dóibh ar gach taobh *don* réidhmhach*air*e sin, *do* sheasaimh an laoch Lochl*ann*ach i bhfíorthosach sl*uagh* Thíre Tairngire *agus* gaiscidheach an Domh*ain* Thoir i dtosach a shl*uagh féin*, *agus dob* fhuras a fhaicsint, óir *do* bhí a raibh óna chrios suas *do* bhreis aoirde aige ar a raibh san dá shluagh *do* dhaoine *agus* is é cuma *do* bhí an lá sin *air*: lúireach maiseach mínlúbach órchiumhsach gealchruaidh ós cionn iorradh *agus* éide *air*. Éide éasca éadrom bhaillsceach cuanbholgach grabhálta *don* ghealchruadh c*éadn*a air, *agus* clogad cruinnchluthmhar cathbhuadhach crosach craobhach ciomhrac caomhdhathach *don* chruadh ch*éadn*a, *agus* gríobhingneacha, i bhfíormhullach an chlogaid si*n*, ag déana*mh* scáith *agus* foscadh dó. *Do* bhí sciath leathan mór gormghualach ar a ghualainn chlí ar a raibh croiceann sea*cht* dtarbh *do* cruadh le gaoth *agus* le gréin, *agus do* bhí dúbalta ós cionn a chéile ar lomchlár donn daraighe, *agus do* bhí leathanphláta práis ina raibh troigh ar tiubhdas buailte isteach trí cheartlár na sceithe sin chum ná biadh greim ag arm ar bith le breith uirthe. *Do* bhí cl*aidheamh* claisleathan cumhalramh*ar* cam aige. *Do* bhí ar crochadh ós crios *do* chroiceann leoin, *do* bhí tar chaol a choirp, *agus do* bhí brúighthe ceathra*mh*a mairt nó toirc i ndornchl*a* meirge an tromchl*aidhimh* sin. *Do* bhí *mar* an gc*éadn*a sleagh mhór ramhar catha ina raibh díthcheall dís laoch a hiomch*ar* 'na láimh láidir deagh-thapa *agus* é 'na sheasamh i bhfíorthosach an tsl*uagh* ag feithea*mh* ar a chéile, comhrac d'fhaicsin. Ar an gc*éad* amh*ar*c tug an laoch Lochl*ann*ach air *do* ghluais *do* choischéimeanna fearamhla forránta *go* láth*air* an chomhr*aic agus do* rug sleagh ádhmhar áthasach Lugha Lámhfha*da* leis, *agus do* líonadh an láth*air uile* ina cath tréanmhór tinntighe dá cur aiste, *agus* le linn sin *do* ghluais gaiscidheach an *do*mh*ain* thoir dá

io*nnsaighe agus* an tsleagh mhór bheartaighthe ina dheaslái*mh* aige, *agus* a leathansciath ar a scáth. *Do* chu*ir* aon gháir ós ardbrist*e* catha as, *go* ndeach*aidh* na c*éad*ta fear *agus ba*n *don* dá shl*uagh* i dtámhnéalta báis ó ghéimneach na gcnoc *agus* na ngleannta ina dtimcheall ó chomóig na ngártha sin. Lena linn sin tugad*ar* an dís lánláid*ir* sin ón dá chuid *ba* sia *don* domh*an* ó chéile rian urchair dá sleaghaibh sleamhna slinnghearra fá choirp *agus* fá cholla a chéile io*nnas nár* mhó blaidhm toirnighe ná an torann *do*-rinnead*ar* ag bris*eadh agus* ag raobadh an ae*ir* reompa. Gid*eadh* is amhl*aidh* d'éirigh *do* shl*uagh* an fhir mhóir imth*eacht* ar fhiaradh *agus* lár a chrainn *do* bhuaileadh trasn*a* fó sciath *mhic* St*air*n, *agus* le n*ear*t an urch*air do* cuir*eadh* an laoch Lochl*ann*ach coischéim t*ar* ais ar chúl a scéithe, *agus do*-rinne dhá leath cómhthroma *do* chrann na sleagh ina ch*ear*tlár, ionnas *go* ndeach*aidh* leath ar gach taobh *don* laoch dhi.

Dála na sleagh oile, *do*-ch*uaidh* fá réimdhíreach *marba* gnáth léith, *agus* d'aimsigh c*ear*tlár an phláta *do* bhí in iomlacán scéithe an fhir mhó*ir*, *agus do*-chuaidh tríthe *agus* tríd an lúithrigh *go* toirmeasc, *agus* trí chruaidhchroicinn na dtarbh; *agus* an clár bainleomhain daraighe, *go* ráin*ig* an éide *agus do*-ch*uaidh* tríthe *agus* trí bhrollach an choirp *go* rug a hurlann glan léith trí lár a chroidhe siar *agus* trína dhruim *gur* thuit an laoch anuas ina thu*air*t marbh *gan* anam chum lár *agus* lántalmh*an.* Léimeas an laoch Lochl*ann*ach dá n-io*nnsaighe* chum an chinn *do* bhuain de an ua*ir do* ráinig é *agus* d'fhéach air. *Do* chorruigh a chroidhe *féin* ina chliabh *agus* d'iompuigh a intinn *agus* a aigne an ua*ir do-chonnairc* an laoch *do* thuill clú *agus* meas air *féin* ar shiubhail *don* domh*an*, *agus do* rug buadh cosc*air agus* comhraic ar gach n-aon *do* tharl*a* leis, *agus* é an ua*ir* sin annsin, sínte ar a dhruim *agus* fuil a chroidhe ina linn ina thimcheall, *agus* ag t*eacht* 'na ngaisí thríd an ngréa*cht* uathbhásach *do* bhí t*ras*n*a* trína chorp ina dtaidhlfeadh lámh laoch le fairsinge an lúith *agus* é ina chonablach ar lár an mhach*air*e chum bheith ina bhia *agus* ina bh*ea*thadh ag éanl*aithe* an aeir *agus* beithidhigh éigciall*ta* na talmhan, *agus gur mar* sin *do* bhiadh i ndán

dó *féin* bh*eadh* lá éigin oile. Ar an ádhbhar, adubh*air*t nách bainf*eadh féin* ceann ná cos duine, *agus gur*ab é marbhadh an churaidh sin an gnío*mh* déidheannach *do* dhéanfadh *féin* a raibh roimhe dá laethaibh, *agus* ná do*ir*tf*eadh* ní *ba* mó d'fhuil daoine. D'iomchaigh tar ais ar a *mhuintir féin gan* áthas, *gan* taibhse *do* bheith air ó ghníomh an lae sin.

Gid*eadh*, ní *mar* sin *do* Rígh Thíre Thairng*ir*e, iongn*adh* ná deacaidh le gealtaidhea*cht* le r*eacht* aithis *agus* lúthgháire ó ríogh*acht* cómha*cht*ach *do* bh*eadh* le fagháil aige an ua*ir do* gheabh an rígh *do* bhí uirthe bás, *agus* i*nghean* álainn rígh le *fagháil do* láthair aige, *do* thairbhe aon u*air* i *do* lá, *agus* d'imthigh le dream dá mhuintir d'ionnsaighe inghine Rígh Thíre an tSneachta *don* dún ina raibh sí i mbraighdeanas ag a hatha*ir agus* tug leis í. Ní raibh a fhios aige cionnas *do*-bhéarfadh cúiteamh *don* laoch *do* shabháil a ríoghacht *agus* a anam dó, *agus do* tharraing breith a bhéil *féin* dó, *agus* leath a ríogha*cht*a *féin* a*cht* fuireach 'na fhoch*air féin* nó *go* gcuirf*eadh* cíos *agus* cáin in agh*aidh* na bliana chu*m* pé rann *don* domh*an* a gcuirf*eadh* roi*mh*e cómhnaidhe ann. Adubh*air*t Torolbh ná glacf*adh* aon nídh uaidh *don* chu*air*t sin, nó *go* dtagadh arís, n*á*ch raibh dúil aige cómhnaidhe fada *do* dh*éa*namh san tír sin, *agus do* chaithead*ar* cuid *don* aimsir *mar* sin. *Do* bhí Rígh Thíre Thairng*ir*e ar a bheith *féin* aige, *agus* níor scar Torolbh le cuimhn*e* Fhionnabhartaighe *agus* níorbh fhéidir a fhagháil uaidh subháilceas ná soilbhreas *do* dhéanamh *acht* ag iarr*aidh* leithreachas *agus* uaignis, *agus* oidhche dá ndeach*aidh* chum suain *do* thuit néal codalta air *agus ba* dóigh leis *go* raibh Fionnabhartach ina cruth daonna cómh sciamhach *agus* cómh maiseach *agus do* bhí sí riamh, *agus do* shuigh sí ar cholbha na leapan aige, *agus* adubh*air*t na briathra so leis: "A Thoroilbh mo ch*éad* ghr*á*dh thú *agus* mo ghrádh déidheannach, is mór *do* chu*mh*a im dhiaidhse, *agus* ní mó ná mo chumha id dhiaidhse. Scar *don* cheird coirp*e* sin agad *agus* ná do*ir*t níosa mhó d'fhuil daoine, éirigh *go* Coill na Marbh *agus do*-gheabh*air* fortac*ht* ann, *agus* is gairid *go* mbiam araon i bhfoch*air* a chéile *gan* cum*as* ag an mbás orainn le saoghal na saoghal." Leis an bhfocal déidheannach *do* mhúscail Torolbh

*agus do* leathain a dhá láimh leabhra lánfhada timcheall ar a dhianghrádh, gid*eadh* d'imth*igh* sí trína lámha *mar* an nga gréine, *agus* é ina shuidhe ar an leaba. *Do* chaith an chuid oile *don* oidhche ina dhúisea*cht go* maidean ag smaoineadh ar na briathra sin *do* chaith an aisling leis. D'éirigh *go* moch arna mháireach *go* snoite 'na dheilbh *agus* ina aigne *agus do* chu*ir* a hiomad ceisteanna *agus* tuarascbhála, *agus* i measc gach nídh *do* chu*ir* lorg Coill na Marbh *agus* d'i*nns*ead*ar go* raibh sí deich míle *agus* dá fhichead as an áit sin insa bhfásach *agus go* raibh céad míle ar fad innte *agus* a n-oiread oile ar leithead.

*Do* bhí ag caitheamh an lae sin amach *go* rug an oidhche air *agus* i bhfíorthosach na hoidhche *do* ráinig bheadh soillseach le solas na gealaighe. *Do* ghluais roimhe d'ionnsaighe Coill na Marbh san ard *do* hinseadh dó *gan* ceileabhradh *do* neach, *agus* ní dhearn*aidh* cómhnaidhe leis *do* shiubhal lae ná oidhche *go* ráin*ig* Coill na Marbh. *Ba* dochrach anróit*ea*ch aimhréidh an áit sin, óir ní raibh aon tír oile ina thimcheall a*cht* cnoic arda cnapach*a* corrach cragach*a gan* fiú an féar *féin* tríobhtha. Ní thagadh toradh ná beatha *do* dhuine ná d'ainmhidhe tríd an dtalamh truaillidh*e* sin. *Do* bhí roinn *don* tír fá na cnocaibh sin *agus* roinn oile fá choillte cluthara ceannarda crannramhar, *agus* fá ghleannta dubha dorcha diamhaire, agsus *do* fhan Torolbh an oidhche sin fá scailp carraige *go* tuirseach suaite tar éis a thurais. Ar maidean arna mh*áir*each *do*-chuaidh fán gcoill ag déanamh iongnadh dá dhiamh*air*e. *Do* bhí dá shiubhal sealad *agus* ní fada *do*-chuaidh ina heachrann isteach an u*air do* casadh d*uin*e deághthach deagh-bhailleach deagh-labhartha air. *Ba* lúthgh*áir*each leis duine ar bith d'fhaicsin san áit sin, *agus do* bheannuighead*ar dá* chéile *agus do*-chuad*ar* i gcaoineas comhrádh re cheile, i*onnas gur* innsead*ar dá* chéile a n-anmanna *agus* an dúich*e* fá leith *agus* fáth a dturais *don* áit coirpe sin. Giúdach dob é an fear sin *agus* bás a mhná thug dhon áit sin é, ag iarr*aidh* forta*cht* san uaigneas soin, amhl*aidh mar* tháinig an laoch Lochl*ann*ach. Um thráthnóna *do-chonnairc* Torolbh neach caomh óg caoindhealbhach, *agus* ualach air ag teacht dá ionnsaighe, *agus* an u*air*

d'amh*ar*c sé ar Thorolbh d'fhan 'na seasamh *gan* tiagha*cht* ní *ba* góire ná sin *féin*. "A dheoraidhe," ar an duine maith oile, "Aingeal é siúd *do* chuireann an fír-Dhia an dara lá ag io*nnsaighe or*msa le biadh san bhfásach. Aithním nách *don* chreideamh ch*ear*t thusa, *agus* imithigh *go* fóill as an áit *agus* tiocfa an t-aingeal chugamsa. *Agus* an tan d'imthigh Torolbh táinig an t-aingeal *agus do* leag a ualach dhe, *agus* d'imthigh suas insan aer. *Ba* mó ion*g*antas Torolbh fá an nídh sin *do-chonnairc*, *agus* adubh*air*t *gur* mhaith leis *féin* bh*eadh* ar chreideamh an duine *do*-bhéarfadh cabh*air mar* sin dá mhuintir. Arna clos sin *don* duine maith oile *do* ghlac isteach i gcreidea*mh* an fhír-Dhia é *agus do* theagasc é in urnaighthe *agus* in airteagail an chreidimh chó*ir* é, i*onnas gur* bhinne ná ceol síoth iad *ar*aon ag sinni*m* psalma *do* Dhia *uile*chomha*cht*ach. An dara lá tháinig an t-aingeal *agus* tug cuid díse leis in ionad cuid aon duine amhail roimhe sin. *Ba* mór meanmna an ghiúdaigh as na hoibre sin ó thuig sé *go* raibh Dia buidheach dhe ón oba*ir* dhéidheannach *do*-rinne sé, *agus do* chaithead*ar* a mbéile *go* subháilceach an lá sin, *agus do* bhád*ar* seal ar an modh sin ag tiagha*cht* suas *go* dia*dha* cráibhth*ea*ch i bhfad ó chomhluad*ar* daoine, *agus* ó phéadóir*eacht* peaca ag guibh*e* ann d'aon Dia *uile* chomhachtaigh *do* chruthuigh neamh *agus* talamh ionnas an smúit dobhróin leannduibh *do* bhí ar chroidhe *Thoroilbh* ó bhás Fhionnabhartaighe, *gur* scaoil *agus gur* scaip ón dóchas *do* bhí aige tar éis a báis a fhagháil. Ar an saoghal so *go* ndeargadar beo arís *agus* is annsin *do* thuig briathra na haislinge *go* hiomlán, *agus* an forta*cht do* gheall sí dó i gCoill na Marbh, *agus do* bhí mian cómh mór sin air dul ar neamh chum Fionnabhartach d'fhaicsint *go* m*ba* fearr leis *go* mbéarfaí as an saoghal an lá sin é.

*Do* chaithead*ar* tréimhse *don* aimsir amach ar an modh soin *agus* táin*ig* an t-aingeal lá chúcabh *agus* adubh*air*t leo *gur*bh fhada leis an bhfír-Dhia *do* bhíod*ar* uaidh, *agus gur* chu*ir* sé é *féin* dá ionnsaighe *agus* adubh*air*t leo bheadh ulla*mh* an treas lá ón lá soin chu*m* an tsaoghal d'fhágbháil *agus ba* me*a*nmnach súbháilceach leo an cuir*eadh* sin d'fhagháil.

D'ollmhuighead*ar* a n-anmana an ch*éad* ua*ir*, *agus* ina dhiaidh sin *do* chuireadar cóir i ndúiche *féin* ortha *agus do* thochlad*ar* fá liathcharraig ar thaobh ghleanna, uaigh fhairsing ghlan, *agus do* bhí dís aingeal ag congna*mh* dóibh, i*onnas* an oba*ir* ná déinfeadh cúig chéad fear *go* raibh déanta ag an ndís i gcoinmheadh an treas lae. *Do* bhí an uaigh sin fada doimhin, glan *agus* alán *do* chaonach fírmhín, *go*rm-uaithn*e agus do* luibheanna cubh*ar*th*a* deaghbhalthach d'fhás ar leag*adh* na súl le míorbhailí Dé ar an dtaobh istigh *don* uaigh sin. An ua*ir* tháinig an treas lá, táinig an dís grámhar ceannsa soin *go* doras na huagha. *Do* chuiread*ar* a nguibhe chum Dé nimhe is talmhan. D'éirgead*ar* 'na seasamh *agus do*-chuad*ar* láimh ar láimh lena chéile *go* bun na huagha. *Do*-rinnead*ar* taobh ar thaobh re chéile ar leaba cubhartha caonaigh, *agus do* thuit a gcodladh ortha, *agus* fu*air*ead*ar* bás *agus* sleagh Lugha sínte le Torolbh ar eagla *go* n*doir*tf*eadh* ní *ba* mó d'fhuil daoine. *Do* bhí seanduine beag *do* bhí 'na shuidhe ag coim*eád* gabh*air* i scailp ar mhullach chnoic ag féachaint ortha ag dul san uaigh, *agus do-chonnairc* aingeal ar ndul *don* ghréin faoi an lá céadna ag tabh*air*t líog cloiche leis ná hiomchóradh c*éad* laoch *agus do* shocruigh ar dhor*as* na huagha í, dá cumhdach ar bheithidheach ar bith *do* dhul *innte*, *agus* le rinn a ghatha ag scríobh na línte seo:

Anso atá an laoch ina chodladh fúinn,
*do* tháinig chugainn tar sáile ar lear.
Is *mar* gheall *do* Dhia na nDúl,
atá a anam siúd *go* sámh ar neamh.

Dála triúr *mac* Torolbh, *mar* atá Crochán, Sal, *agus* Dailthionn, *do* rug gruagach Sléibhe Mis leis. *Do* bhád*ar* fá mhórchion aige *agus* fá chúram i ng*a*ch nídh eile a *fhagháil dóibh* i bhfoghlaim *agus* in eolas *agus* i modh *agus* i *mb*éasaibh, i*onnas gur* chionnad*ar* tar luc*ht* a gcomhaimsire i méid *agus* in arrachtach, i gcruth *agus* i ndéanamh, i scéimh *agus* i ndeilbh, i lúth *agus* i láidrea*cht*, i ngaois *agus* i ngliocas *agus* in eolas, i*onnas* nach raibh cáilidhea*cht* ar fheabh*as* le fagháil i gcloinn rígh ná ró-fhlaith nách raibh san triúr óglaoch sin le faicsin, le dúthra*cht* gruagach Sléibhe Mis ina dtimcheall. Ní raibh foghlaim ná eol*as* aige *féin*, cé mór iad in ealadhainibh uaisle *agus* i gceardaibh glioca gintlidhe, *agus* i ndubhealadhain draoidhea*cht*a, i lúth, i lámhach, i ngoil *agus* i ngaisce nár theagasc dóibh; *agus* nách raibh acabh có*mh* cliste leis *féin*.

Tharla san am sin *go* raibh maithe *agus* móruaisle Thuatha Dé Danann in *Éirinn* ag cur scoile suas *do* theagasc a n-óga *agus* chruinnighead*ar* ón nGréig *agus* ó gach rann oile *don* domh*an* na hoidí léighinn *agus* na máighistrí *ba* cumasaighe i bhfoghlaim dá mb'fhéidir a *fhagháil* ar ór ná ar *air*gead. Is é áit *do* cheapad*ar don* scoil sin bh*eadh* 'na suidhe in Inis na Muc, ar a dtugth*ar* anois Inis Caorach .i. oileán beag aoibhinn aerach atá san bhfairrge trian slighe id*ir* Ceann Caillighe *agus* Léim Chon gCuillionn, as los an oileáin bhig sin bh*eadh* uaigneach in iomall na tíre i bhfad ó ghleo daoine, *agus* is uime sin tugadh Inis na Muc *air*: Iar ndíb*ir*t Fhearaibh Bolg le Tuatha Dé Danann *do* bhí an tír líonta *do* mhucaibh tar a ndéis, ionnas *gur* mheillidís an dúiche *do* ló *agus* d'oidhche le foghail, *agus gur*ab é an t-oileán úd dob ionad leapan dóibh chu*m* suaimhnis tar éis na díoghbhála *agus* an oilc *do*-ghnídís, *go* dtarla fó dheireadh *go* ráin*ig* le Tuatha Dé Danann a scrios *agus* a ndíb*ir*t *acht* collach breac *ba* mó *agus ba* meilltighe dá mb'fhéidir d'fhaicsint *agus* is é áit ina gcolladh sé in oileán beag atá thiar ó dheas d'Inis na Muc. Matal dob ainm *don* chol*l*ach sin *agus do* curthaí seilg air *agus do* curthaí in aghaidh roimhe ar an gcuan *agus do* chaithidís c*éad* sleagh in éinfhea*cht* leis *agus* ní dhéinfidís fuilingthe ná foirdheargadh air.

Dá mb*eadh céad* cú *agus* gadh*ar* ina dhiaidh, ní chasfadh aon ch*eann* díobh abhaile beo tráthnóna *gan* marbh*adh* leis an gcollach i*onnas go* m*ba* éigean *do* Thuatha Dé Danann cruinniugh*adh do* chur ar a ndraoithe *gur* thógbhad*ar* stoirm *agus* anfadh gaoith*e agus* toirnighe cómh huathbhásach soin *go* luasctaí na cairgeacha in íoc*htar* na fairrge *agus gur* fuilligheadh *go* hiomshlán an t-oil*eán* sin an to*ir*c, *agus gur* caitheadh é *féin* san bhf*airr*ge le huathbhásighe an anfa, *agus* le tuargain na dtonn*a do* leigead*ar* a inchi*nn* amach i measc na gcairge, *agus* atá Oileán an Mhatail *mar* ainm ar an oileán beag sin ó shoin i leith.

Iar mbeadh *don* scoil sin cruinniugh*adh* insan oileán sin, táin*ig* gruagach Sléibhe Mis lena thriúr daltaí *go* nuige mac an Daghdha, a sheanath*air*, chu*m go* gcuirf*eadh* ar an scoil sin iad, *agus* táin*ig féin* leo ann *agus do* shocruigh ann iad. Ag scaradh leo is é adubh*air*t, ó bhí *féin* ag dealugh*adh* riú: ní raibh sé d'iarr*aidh* orth*a mar* dhuais ná *mar* thuarastal *acht* an chomh*air*le *do*-bhéarfadh sé dóibh *do* leamamhaint, *agus gur* ar mhaithe *do* rachfadh sí dóibh, *agus gur*ab í sin comh*air*le *gan* iad *féin*, a dtriúr *do* scaradh re chéile choidhche, *agus* i gcongnamh *féin do* bh*eadh* le chéile i ng*a*ch *uile* nídh *do* ghlacfadh siad re hais *do* dhéana*mh agus mar* sin ós aon lá *do* thángad*ar* ar an saoghal *gur*b aon lá *agus* in éinfhea*cht* is c*ear*t *agus* is cuibhe dóibh an saoghal d'fhágbháil, *mar* is ar mhaithe leo *do* bhí. *Agus gur*ab sia *do* bheidís ar an saogh*al go* rug sé dá *chéile* fó gheasaibh iad a chomh*air*le insa gcás sin *do* leanamhain. Adubhrad*ar* soin, *do* ghuth aon fhir, *go* ndéanfadaois a chomh*air*le. D'fhág an gruagach annsin iad *agus d'fhill* abhaile *go* Sliabh Mis. Dála an triúr óglaoch, *do* chaithead*ar* cuid *don* aimsir ar an scoil sin, *agus* ní fada *gur* chinnead*ar* ar a raibh ann in uile fhoghlaim, *agus* léighinn *agus* in uile chleaslúith *agus* gaisce *agus* i n*ear*t, *agus* in arra*cht*as, *agus* i bhfeabh*as* deilbh*e agus* dé*a*namh *agus* i gcionn beagán aimsire *gur* chinnead*ar* ar a máighistrí, io*nnas go* ndeachaidh a gclú *agus* a tuairisc ar f*eadh Éireann uile*. Ní raibh uath*a acht* ócáid chum a gcumais *agus* a nirt *do* theasbán*adh*, *agus* ní fada *go* dtáin*ig* ócáid *don* tsórt sin chúchabh, óir *do* bhí torc

draoidhea*cht*a *do* mhuclaigh bhf*ear* mbolg d'fhágbhad*ar* tar a ndéis in Éir*inn*. An u*air do ba* éigean dóibh a fágbháil ag *Tuatha Dé Danann*, *agus* is é cómhnaidhe *do* bhí aige, ard chnoc Sléibhe Calláin, *agus* is é áit a raibh fáil aige *agus* a gcodladh sé, i ngleann doimhin diamh*air* dorcha atá ar a dtaobh thuaidh *don* chnoc ar a dtugth*ar* Poll Gormla, *agus* is é tuairisc an toirc *féin gur* mhó é ná aon cheithr*e* dáimh dá raibh in Éir*inn agus* nár leithne líog ceath*air* chuinneach cloiche ná gach súl leis, *agus* iad d*ear*glasadh ina cheann. *Do* bhí dá st*air*fhiacal as gach giall leis, *agus* cúig troithe ar fad i ng*a*ch camfhiacal díobh, io*nnas* dá mb*eadh* ceithr*e* dáimh nó deichneabh*ar* laoch ar an láth*air* aige *go* mb*eadh* a n-abhach *agus* a n-ionath*ar* amuigh le aon fhogha dhá st*air*fhiacal an toirc an-mhór annspianta draoidhea*cht*a soin *do* bhí ag meill*eadh* na t*í*re *agus* ag cr*éa*chadh na gcnoc le haimsir imchian roimhe sin, *agus* cé *gur* mhinic *do* chuireadh fiadhach air, ní raibh dul ag duine ná ag áirnéis uaidh *gan* marbh*adh* an ua*ir do* chasfaidhe air iad, io*nnas go* raibh an tír ina fásach ó Shliabh Challáin *go* Bréintír thoir, *agus* ón dtaobh thiar *go* f*airr*ge.

*Go* dtarla cruinniugh*adh* mór *agus* comhthionól iongantach a*mhail ba* gnáth leo u*air* insa trí bliana i mBuaile na Gréine, ar an dtaobh theas *do* cnoc Challáin, ag d*éa*namh íodhbartha *don* ghréin. Ar altó*ir* atá déanta *do* líogaibh geal insan áit sin *agus* iomarca tarbh, reithí, *agus* pocán dá marbh*adh agus* dá rós*tadh* timcheall na líoga soin, *agus* fuil *agus* ionath*ar* na mbeithidheach soin dá ndort*adh*, *agus* dá smear*adh* ar an altó*ir* sin Domhnach Cingcís*e*, *agus do* bhí an tír *agus* an talamh id*ir* fhir *agus* mhná *agus* leanbh cruinn i mBuaile na Gréine an lá sin. Tarlad*ar* triúr cloinne *Thoroilbh mhic* St*air*n ina measc cháich, *agus* ar u*air* an mheoin lae le féachaint dá dtug cuid *don* chomhthionól thórsta *do-chonnairceadar* an torc ag d*éa*namh ón loch aníos tar éis uisce d'ól *agus* é ag gabháil ar an dtaoibh thi*ar* díobh suas chu*m* a leapan *agus* le teas an lae níor ghluais *acht go* soc*air* chu*m* ard an chnoic amach. Iar fhaicsint *don* chomhthionól *agus* an mhéid, *agus* an chuma *do* bhí *air:* ní raibh bean ná fear ná leanbh ná miond*uin*e ar an mach*air*e nár thuit

i gcionn a gcos *agus* ná d*ea*ch*aidh* i luighe an tan choncad*ar gur* fhéach an torc dá leataoibh soir ar an sluagh, *agus* is é baladh na feola *agus* toir na deataighe tig fó ndeara *don* torc an leathfhéachaint sin *do* thabh*air*t ortha. Gid*eadh* ní tháinig dá n-io*nnsaighe acht* d*éa*namh roimhe chum an chnoic.

Dála an triúr laoch, ar an gc*éad* amh*ar*c tugad*ar* air, *do* phreab a gcroidhthe ina gcliabh*a* lena fheabh*as* leo ócáid dá shórt d'fhagháil chum a gcródha*cht*a, a neirt, *agus* a meisnigh *féin do* thástáil. *Agus* leigid iad *féin* 'na dtora*dh* reath*a go* dtángad*ar* roi*mh* an dtorc *gan* aon *oile don* tsluagh dá leanamhain, *agus* ar bhfaicsint *don* torc ag tiagha*cht* roimhe *do* chuir fiadhscread as *ba* clos ag brúchaibh na Sionna, *agus* ní raibh gleann ná cnoc ná cabhán timcheall Sléibhe Challáin nár ghéim leis an dtorann sin. Táin*ig* an torc fá anfadh cuthaigh dá n-io*nnsaighe agus* toit deataigh as a bhéal *agus* ina thimcheall, *agus* an ua*ir do* bhuail sé an dá ghiall ar a chéile *gur* bhuain cioth tinne as*ta*, *agus* d'iomp*uigh* sé mágu*air*d cómh luath le roth mhuilinn chum fogh*adh* leataoibh dá st*air*fhiacal *do* thabh*air*t fó na laochra. Gid*eadh* insan iompódh tug*as air féin*, *do* chaith an triúr laoch in éinfh*eacht* na trí sleaghaibh slinnghearra *gur* chuiread*ar* trína chorp iad, *gur* thuit sé ar an dtaobh ina ndeachad*ar* na sleagha amach, *agus go* ndeachad*ar* ceithre troighthe san talamh. *Do* léimead*ar* an triúr laoch *go* lúthmhar dá ionnnsaighe *agus* lena gcl*aidhmhe* claisleathana crosórdha *do*-rinnead*ar* le trí bhorb-bhéimeanna ceithre chuid cómthroma dhe.

Táinig iar sin urmhór an tsluagh dá n-ionnsaighe *agus* is ar éigean *do* thiocfadaois i bhfogas *don* torc le huamhan *agus* le heagla, cé *go* raibh marbh os a gcomh*air*. *Do* mhol an tír *agus* an talamh an gníomh sin na n-óglaoch, *agus ba* mó meanmna *agus* mórdháil a máighistrí *agus* a n-oide foghlamtha fán gc*éad* ghníomh sin *do*-rinnead*ar* a ndaltaí. *Do* chuimhnighead*ar* an triúr d*ear*bhráth*ar féin gur* mhaith an chomh*air*le *do* thug gruagach Shléibhe Mis dóibh an tan *do* chu*ir* fó gheasaibh iad .i. a gcongnamh *féin* a dtriúr *do*

bh*eadh* choidhche le *chéile* in gach cás, óir ní raibh san domh*an* aon laoch amháin *do* chlisfeadh ar fhiadhthorc Shléibhe Challáin.

Ar a haithle sin *do* rugadh an torc chum altó*ir* na gréine dá íodhb*air*t, *agus* tug sé a mhórshásamh luighe dá raibh *do* dhaoine san gcruinniughadh mór aidhbhseach sin ar f*eadh* na haimsire *do* bhíod*ar* ann. An t*re*as lá *don* aimsir sin *do* fuairead*ar* scéala ar ainmhidhe *oile agus* ar dhoch*ar* mór *do* bheadh i bhfogas *don* áit sin, *do* bhí ag mill*eadh* na tíre i bhfad *agus* i ng*air*id *don* taobh oile *do* Dhubhloch .i. Fearachat Chraig na Sean-Éan *agus* is amhl*aidh do* bhí an cat sin: níor thaibhsighe aon dámh in Éir*inn ná* é, *agus* níor dhubha an gual ná é, *agus* cros geal ar chuma na gealaighe i gclár a éadain *agus* earball air i ndath c*éadn*a *agus* iongnadh cruaidh cama cnáimh bhfíorbharr an iorbaill sin, *agus* na hingní *do* bhí ar a chosa; *go* ndéanfadaois greamanna beag*a do* tharbh an tan d'fhostadaois é. *Do* bhí uachais aige fó aill gharbh chloiche san gcraig, *agus* níor mhó *gan* bhréag cath*air* chloiche ná an fhail *do* bhí i ndor*as* na huachaise sin *do* chnámha daoine, *agus* an uile shórt áirnéise *agus* allaigh oile tar éis a gcuid feol*a do* chreim*eadh* ag an gcat ainmheasach uathbhásach sin. Iar bhfagháil thuairisc *don* triúr óglaoch *do* ghabh mian iad dul dá io*nnsaighe, agus* a chosc ó mhilleadh na tíre, nó iad *féin do* thuitim leis.

*Do* chaithead*ar* an oidhche sin i mBuaile na Gréine *gur* éirigh an lá arna mháireach, *agus do* ghluaisead*ar* ag ionnsaighe Chraig na Sean-Éan *agus* cidh mór an cómhthionól *do* bhí i mBuaile na Gréine níor leig an eagla d'aon dá raibh ann dul i gcaomhna*cht* na n-óglaoch, *acht do* ghluaisead*ar féin go* meisneach móraigeantach *agus* ag gabháil tar aill gh*ar*bhchloch, atá ar an dtaobh thuaidh *don* loch dóibh, *do*-cho*nnairc*ead*ar* 'na shuidhe idir dhá liathcharraig fá bhun scailp*e*, *agus* é 'na sheanó*ir* sheir*ce* chlúmhach chianaos*ta*, *gur*ab ar éigean *do* shamhlófaidhe súl ina ch*ea*nn, *acht* aghaidh, *agus* a dheilbh uile fuilighthe le aonbh*ar* clúimh *agus* féasóige *agus* é ag crith ó bhonn *go ba*thas. D'fhiafruigh an triúr óglaoch an duine saoghalta é nó cé arbh é *féin*. *Do* labh*air* an seanó*ir do* ghuth

lagspiodach, *agus* adubh*air*t *gur* duine saoghalta *mar* iad *féin*, *agus gur* faoin loch *do* bhí tír dhúchais *agus gur* d'Fh*ear*aibh Bholg é, *agus* nách *bhfuil* san domh*an* ionad áitribh is aoibhne ná an ríogha*cht* atá acabh ann *agus* ná táinig toradh ná bláth, luibh ná crann, biadh ná beatha as tír ná as talamh in aon rann *do* cheithr*e* rannaibh an *do*mhain ná tigeadh as an dtalamh aníos. Atá ag an dream d'Fh*ear*aibh Bholg faoi Dhubhloch *agus* fir an *do*mh*ain do* bh*eadh* ag congnamh le chéile n*á*ch *bhfuil* ar a gcumas dóibh dul dá n-io*nnsaighe* ná buairea*mh do* chur ortha le daingne na draoidhea*cht*a *do* chuir Cearbhán, Ard-Draoi bhF*ear* mBolg ós a gcionn le huisce an locha ar crochadh ós a gcionn ag déanamh ionaid ae*ir* dóibh, *mar* atá an t-a*er* ós bhur gcionnsa. Is é sin *do* chosain iad ar fhoirn*ear*t *Thuatha Dé Danann*, *agus* ina dhiaidh sin ar chomha*cht*a Chl*anna* Míl*eadh agus* ar gach foirn*ear*t oile *do* tháinig ó shoin, *agus* dá dtiocfadh *go* bráth. Ní *bhfuil* aon loch in Éir*inn* nách *bhfuil* áitreabh againne faoi, *agus do*-bheirmíd u*air* insa seachtmhadh bliain teasbánadh ar chuid d'ár mbailte *do* gibé duine dá mbíonn i ndán dó bh*eadh* an ua*ir* sin d'ár bhfog*as agus* dom dhála *féin*.

*Do* bhí mé ar thuitim na hoidhche ar*éir* cómh hóg le f*ear* deich mbliana fichead *agus* mé ag feithio*mh* ar an rígh *agus* ar an ndrochua*ir do* bhí bean *do* bhantra*cht* an rígh ag gabháil thoram *agus do* rug mé ar láimh uirth*e* ag déanamh slighe di thríd na daoine, *agus do*-*chonnairc an* rígh sin *agus* tríom chodladh san oidhche *do* thógbhadh lio*m agus* fu*air* mé mé *féin* roimh lá san áit seo, insa gcruth ainnis ina *bhfuil*im *agus* mura mb*éar*th*ar* ano*cht* dhom bhaile mé, déanf*a* dorn luaithreamhán díom fá mhaidin amárach. D'fhágbhad*ar* an triúr laoch annsin é *agus do* ghluaisead*ar* reompa ag déanamh iongantais mhóir *do* scéal *agus do* thoisc an tseanóra, *agus do* gach nídh *oile do* bhí iongantach san tír sin. Ní fada *go* rángad*ar* Craig na Sean-Éan *agus go* bhfuairead*ar* an fhail cnámha i ndoras na huachaise *agus* ar ro*cht*ain gus an bhfail dóibh *do* bheartad*ar* sleagh *agus do* sheasuighead*ar* a dtriúr taobh ré chéile *agus* is amhl*aidh do* bhí an cat soin fán am gc*éadn*a ar bhruach na haill*e*, ós

cionn na huachaise *agus* é ina lúibh ina chodl*adh*. Ar éirgh*e don* ghréin *do* mhothaigh bal*adh* na laoch iar dtiaghac*ht* i bhfog*as don* fhail dóibh, *agus do* chu*ir* fiadhscread as *ba* clos *do* chómhthionól Bhuaile na Gréine *uile*, *agus* tug baothléim anuas i mullach an fhir láir *don* triúr *agus do* ghabhad*ar* an triúr in éinfh*eacht* ar a sleaghaibh *agus do* theilgead*ar* as a lámha iad, an tan *do* ghreamuighead*ar* an cat ag gabháil anuas dó *agus do*-chuaidh sé *go* talamh *agus* na sleagh tríd *go* hurlann, *agus* lena linn sin *do* bhuailead*ar* an triúr laoch trí bhorb-bhéim in éinfh*eacht* air leis na claidhmhe ghorm-ghlasa, ghearrfhaobhracha *gur* scoilt Crochán a chloigeann *go* nuige a ghualainn *agus gur* bhuain Sal an sleanán deis óna chorp amach *agus go* nd*ear*n*a* Daithlionn an c*lea*s c*éadn*a leis an sleanán oile, *agus* ina dhiaidh sin *go* nd*ear*n*a* oirneacha beaga dá chorp *agus go* mbídís na hoirneacha sin *go* ceann ua*ir*e ag léimn*eadh* ar f*eadh* an mhach*air*e ina dtimcheall. Dob áthasach leis an dtriúr laoch an tarna gníomh gaisce sin d'éiri*gh* leo *agus do* chuimhnighead*ar gur* mhaith an chomh*air*le thug gruagach Shléibhe Mis dóibh .i. iad *féin do* chur le chéile i ngach cás *agus do*-chuadar ar mhullacha splince na cairrge a' glacadh na gaoithe *agus do-chonnairc* cómhthionól Bhuaile na Gréine iad *agus do* aithnighead*ar* ón dtriúr d'fhaicsint *gur* éirigh a dturas leo *agus do* ghluais dá *n-ionnsaighe*. *Do*-chuaidh mórán díobh i laige ar bhfaicsin na n-oirneacha *do* bhí scartha ar f*eadh* an mhach*air*e. *Do*-rinnead*ar* tinnte tréana móra *do* chnámha *agus* d'fhraoch *agus do* dhóighead*ar* an cat ar eagl*a* gal*air do* thiaghac*ht don* tír, ó chonablach an fheara-chait uathbhásaigh sin, *agus do* thriallad*ar* um thráthnóna ar a n-ais *go* Buaile na Gréine *agus do* fear*adh* fíorchaoin *fáilte* reomp*a agus do*-ch*uaidh* a gclú i bhfad *agus* i ngearr ar f*eadh* na tíre *agus* na talmhan. *Do* tháinig seanóir *do* bhí ar ceilt, *agus do* theith ó Dhubhloch cianta *do* bhl*iant*a roimhe sin, *do* láth*air* an chómhthionóil *agus* adubh*air*t *go* m*ba* iongnadh leis iad d'fhanamhaint i bhfog*as* Dhubhloch *agus* a ghoir*e* dóibh *do* bhí anachain *agus do* innis dóibh *go* rug ollphiast ion*gan*tach san loch sin dá dtugth*ar* Fearbhach uirthe, *agus* nár mhó long mheodhanach *gan* chrann, *gan* sheol ná í,

*agus gur mar* cheann leomhain *do* bhí a ceann, *agus* a tosach, *agus go* sloigf*eadh* an craos *do* bhí aice deich ndáimh in éinfh*eacht agus gur*ab ar chuma urróige éisc *do* bhí an chuid siar dhi, *agus go* raibh dhá fhichead cos fúithch*e agus* crobh *mar* chrobh leomhain fó gach cos díobh *agus* foireann d'ingnibh deilgneacha chamachruaidh, choirgh*earr*a *do* rachfadh trí cairrgeacha glas*a* le furrán fo*ir*nirt *agus* foiréigin an uair shiubhladh sí ar chloch*ar* an locha le luas *agus* le líonmh*air*e na gcos soin. Ní bhíodh cloch bheag ná mhór ná bíodh a' léimnigh 'na timcheall a*mhail do* bh*eadh* clocha fairrge ag foiréirgh*e* ar gharbh-anfadh. *Do* bhí *mar* an gc*éadn*a dá sciathán ar an bpéist nár leithne seol garbh loinge na iad. *Do*-ghní eiteallach arra*cht*a leo tar talamh *acht go* mbíodh a hurróg ag scuab*adh* na talmhan 'na diaidh. Ní raibh *acht* aon tsúil aice *agus* í sin i gceartlár a héadain *agus* níor mhó roth muilinn ná timcheall *do* bhí ag an súil sin, *agus* í ar d*ear*glasadh *go* ghnáth. *Do* bhí ar ua*cht*ar *agus* ar ío*cht*ar na hurróige sin mong *do* ró*mhail* chiardhubh i bhfad foilt látharach. Dob é sin cum*a agus* déana*mh* na hollphéiste Dhubhloch Sléibhe Callán *agus* Ard-Draoi bhF*ear* mBolg *do*-rinne *agus do* chum *mar* fhoirchoim*eád* ar an dtalamh aoibhinn aerach na háite sin, *agus* d'fhan an phéist *mar* an gc*éadn*a ann ó shoin anuas.

Iar gclos an tuairisc sin *don* triúr laoch, adubhrad*ar* ó ghlanad*ar* an tír ón ainmhidhe *oile*, *go* nglanfadaois an treas ainmhidhe nó *go* dtuitfidís *féin* leis. *Do* ghluaisead*ar dá* hio*nnsaighe agus do* sheasamhad*ar* ag an gceann thiar *don* loch *agus do* chuiread*ar* trí ghlaoch gleodhach asta *agus* lena linn sin *do-chonnairceadar* chúthabh anoir ó lár an locha, ó oil*eán* beag atá san gceann thoir *don* loch *mar* a gcómhnaíodh sí *do* ghnáth, ollphéist nár mhó long *gan* seol ná an to*ir*t *do* bhí aice i dtosach *agus* a sciathán ós cionn uisce, *agus* a craos oscailte *agus* an mhéid uisce *do* bhí san loch ina gcnoic ar gach taobh dhi, le neart *agus agus* le dása*cht* an iomradh *do*-ghníodh sí *agus do* éirgh*eadh* sí ar ua*ir*ibh *do* bhaothléim as an uisce le congnamh a sciathán, *go* dtig*eadh* sí acra talmh*an don* bhaothléim sin le cuthach *agus* le deabhadh ag tiagh*acht* d'io*nnsaighe* an triúr laoch, *agus*

fuaim aice dá bhuadhain as na cabháin *do* bhí timch*eall* an locha le brúchtbhúireach allta, *ba* samhalta le búireach tarbh ag io*nnsaighe* a *chéile* chu*m* trod*a agus* comhraic ar thaobh mhach*air*e nó mhaolshléibhe. *Agus* ar ro*cht*ain chu*m* poirt dhi tug baothléim as an uisce *go* nd*ea*ch*aidh* dá fhichead spás suas ar tala*mh* t*iri*m, *agus do* chuir séideog aiste *gur* chu*ir* an *tr*iúr laoch *dá fhichead* spás ar a gcúl siar, *gur* bhuail faoi lántalmhan iad. Gid*eadh* níor thúisc*e* ar lár iad ná 'na seasamh arís *agus* a sleagh*a* beartaithe ina lámha láid*re* dheagh-thapa *agus* tug an phiast súg*adh* ortha chu*m* slog*adh* d'aon ghreim *agus* tug sí son tsúg*adh* sin iad *go* bruach a chraois. Gid*eadh do* chuiread*ar* na trí sleagha ina craos in éinfh*eacht agus* trí chúl a cinn siar *go* dorn, *agus* d'fhágbhad*ar* an *tr*iúr laoch annsin, *agus* d'iomchad*ar go* tapa tar a n-ais. Gid*eadh* tug an phiast séideog *oile* fúthcha *agus* in ionad gaoithe, is é tháinig as a craos tonn*a* fola *do* bhádhf*adh* long *agus do* buail*eadh* í sin ortha *gur* leagadh *do* thalamh an d*ara* f*eacht* iad. Gid*eadh do* éirgead*ar go* tap*a* ar a mbonnaibh *agus* gé *go* rabhad*ar* salach sraoilleanta ó bhonn *go ba*thas le fuil na péiste, d'ionnsuighead*ar* í leis na claidhmh*e* colgacha claisleathan, *agus do* bhuaileadar trí bhorb-bhéim uirth*e*, *gur* bhuain buille acabh an sciathán deas di, *agus* leis an d*ara* buille, an sciathán clí, an treas bhuille tugadh fúithch*e do* buaineadh *fiche* cos *do* thaobh dhi. *Do* chaill sí mórán dá n*ear*t lenar chaill sí d'fhuil *agus* níor fhan leath a lútha ó cailleamhain na sciathán, *agus do* bhí sínte ar an dtaobh inar chaill na cosa, *agus* t*ug* sí i*arrac*ht ar chasadh san loch arís. Gideadh *do* bhuaileadar an triúr laoch trí bhuille i dtosach ar urróig na péiste *go* nd*ear*nad*ar* ceithre hoirneacha dhi. D'fhág sí *gan* cos, *gan* lúidh, í sínte *mar* shail phortaigh ar an bhfeorainn. *Do* bhíod*ar* an *tr*iúr laoch ag gabháil dá gclaidhmhe uirthe *go* raibh allus a gcoirp leo, nó *go* raibh sí lánmharbh. Annsin *do*-chuad*ar* chum an locha *agus do* níghad*ar* iad *féin* ó bhonn *go* bathas ó allus *agus* ó chuid fola na péiste. Dá éis sin *do*-chuadar ar mhullach an chnocáin *ba* coimhneachta *dóibh* dá dtriomugh*adh féin agus* ar bhfaicsint *agus* ar gclos *do* phobal Bhuaile na Gréine *gur* stad búireach na péiste *do*

ghluaiseadar uile d'ionnsaighe an lochа, agus ní chreidfidís a súile féin le hiongantas na hollphéiste le mearughadh mhór go dtiocfadh le aon duine ar dhruim talmhan buaidh do bhreith uirthe. Do chaitheadar a raibh reompa don lá ag dó agus ag loscadh na péiste agus dá cur fó thalamh, d'eagla galair nó pláigh do tharraing ar an dtír, agus dá éis sin do thriallad ar tar a n-ais go Buaile na Gréine, agus ní raibh i mbeol gach aon duine an oidhche sin acht calmacht, neart agus cródhacht na n-óglaoch sin, agus a ndeachaidh a dtuarascbháil, ní hé amháin ar feadh Éireann, acht fós go Breatain, go Cruthain Thuaidh agus go críocha Lochlann, agus gur chlos do Cormac mac Airt, Ard-Rígh Éireann agus Rígh Féinne, Fionn mac Cumhail, a ngaisce, agus níor mhaith leo méid na tuarscbhála do bhí ortha ó bheith do thaobh a máthar do Thuatha Dé Danann dóibh.

Cidh trácht, do chaitheadar an oidhche sin amach i mBuaile na Gréine, agus ar maidean arna mháireach do scaip an pobal agus do thriall gach n-aon ar a bhaile féin. Do thriallad ar clann Thoroilbh mhic Stairn siar go hOileán na Muc, agus dob áthasach lúthgháireach do bhí a n-oidí agus a máighistrí reompa ó na gníomhartha éagsamhla iongantacha sin do-rinneadar timcheall Shléibhe Callán. D'fhanadar in Inis na Muc gur chuireadar a dtuirse dhíobh agus ina dhiaidh sin do ghlac mian iad dul ar chuaird chum Deaghla mac an Daghdha mhóir, a seanathair, agus do ghlacadar a gcead lena gcómhscoláirí agus a n-oidí foghlamtha. Do-chuadar an chéad oidhche go hInis Laoi ar a dtugthar anois Inis uirthe, agus an dara hoidhche go Ros Dá Shoilleach, ar a dtugthar anois Luimneach, agus do ghluaiseadar ós soin tar Chnoc Chonaill Gabhra agus trí bhealach abhradh agus ní dhearnadar oireasamh ná cómhnaidhe go rángadar oileán mór an Bharra mar a raibh a seanathair agus a sean-seanathair ina gcómhnaidhe, áit ina fearadh fíorchaoin fáilte reompa. Ní raibh fios méid an cheana do bhí ortha ag muintir a máthar uile. Tar éis sealad do chaitheamh annsin go súgach suaimhneach, fá mhórchion agus fá ghradam. Lá n-aon adubhradar lena seanaithreachaibh ná beadh suaimhneas 'na gceann nó go bhfághdaois

tuairisc a n-ath*ar* beo nó marbh, *agus go* dtug Cíocal tuairisc na máthar dóibh, *agus go* dtiobhradaois *féin* cuairt an *do*mhain *go* bhfághdaois a n-athar beo nó marbh. Ó *do*-chualadar a seanaithreacha sin *do* ghléasad*ar* an Mhurúghach .i. an long *do* bhí ag a n-ath*air agus do* chu*ir*ead*ar* lón *agus* foireann, óir *agus* airgid *go* leor *innte*, *agus do* ghlacadar a gcead ag a gcairdibh *agus do*-chuadar insa long *agus* tugadar a n-aghaidh siar *go* díreach ó Oileán Arda Neimhe, *agus* ní haithristear a n-imth*eacht* ná a n-anró ar an bhf*airr*ge mhór, atá ar an dtaobh theas *don* Afraic insan áit ch*éadn*a inar ghabh sí cuan in aimsir Thoroilbh *mhic* St*air*n, *agus do*-chuad*ar* na laochradh i dtír *agus* d'fhágadar an long *agus* a foireann fá cheo *do*ilbhe draoidhea*cht*a insa gcuan, *agus do* ghluaisead*ar féin* d'ionnsaighe an árais fhionnaolta righth*ea*mhail *do* dhearcad*ar agus do* chas fear dóibh san mbealach *agus* d'fhiafruighead*ar* scéala na tír*e* sin de, *agus* a himth*eacht*. D'innis an f*ear dóibh gur*abh í sin Ríogha*cht* na hIorrua *agus go* raibh ró-bhuartha an tráth sin, *agus go* dtáin*ig* gaiscidheach coigcríoch *innte* sealad roimhe sin, *agus gur* ghabh ceannas na t*í*re *dó féin*, *agus gur* mh*ar*bh sé an rígh *do* bhí ann, *agus gur* fhág Taoiseach *do* luc*ht* na tíre *féin* ag rialugh*adh* na háite in ionad *féin go* gcasadh tar ais arís ón tur*as do* bhí ina cheann *do* thabh*air*t, *agus* nár chas sé ó shoin. Is annsin d'éirgead*ar* triúr mac dearbhráthair *don* rígh *do* marbhadh *agus do* ghabhad*ar* ceannas na tíre dóibh *féin*. *Do* chu*ir*ead*ar* an cíos *agus* an cháin *do* bhí cruinnighthe ag an Taoiseach, *do* bhí ag rialugh*adh* ann, ina seilbh *féin*, *agus* atá an Taoiseach i gc*arc*a*ir* dhorcha phriosúin acabh, fá bhroid *agus* fá anró, *agus* fá eagl*a* a chur chum báis in aghaidh g*a*ch lá, *agus gur*ab é sin imth*eacht agus* tuarascbháil na t*í*re sin. *Ba* buartha *do* bhí an triúr óglaoch ó na scéala sin *agus do* cheapad*ar* dóibh *féin* díoghaltas *do* dhéana*mh* ar an dtriúr ríoghr*adh* óga sin nó iad *féin do* thuitim thríd, *agus* leis an aigne sin d'ionnsuighead*ar* an dún ina raibh na rígh*the don* oidhche, *agus* d'aimsighead*ar* an chuid *ba* sia amach *agus do* mharbhad*ar* c*éad* laoch *don* ruath*ar* sin dóibh. Iar gclos sin *do* na rígh*the do* bhí istigh an gleo *do* bhí amuigh, *do* chuiread*ar* a

gclogaid ar a gcinn *agus do* ritheadar amach lena gclaidhmhe nochtuighthe ag réidheacht idir a *muintir*, dar leo *féin*. *Do* bhí stráic *don* tsrólldhearg casta ar cheann gach fir dóibh, *agus* cuid dhe ar sileadh lena ndruim ar luascadh leis an ngaoth *mar* chomhartha uaisle *agus* ardcheannas seoch cáich. Tug clann Thoroilbh fá ndeara iad *agus do* léimeadar tríd an dteaghlach dá n-ionnsaighe, *agus* le trí bhorb-bhéimeanna áthasach an-mhóra *do* bhuaineadar na trí cinn dá gcolainn *agus do* thógbhadar in airde ar a gclaidhmhe iad, *agus* adubhradar *do* ghuth ardsholais ghlan *gur*bh iad *féin* clann an rígh *do* bhí ortha ó cheart, *agus* mura leagfadaois a n-airm *agus* géilleadh dóibh *féin* ná fágfadaois duine díobh beo. Ag éirghe *don* ghréin arna mháireach, iar gclos dóibh *gur*bh iad clann an ghaiscdhígh choigríche *do* bhí ina rígh ortha roimhe sin, d'iompuigheadar leo *agus do*-chuaidh an triúr laoch *don* charcair ina raibh an Taoiseach i mbraighdeanas *agus ba* lúthgháireach leo breith beo air. *Do* cruinnigheadh éadáil an dúna ar an láthair *agus* an cíos *agus* an cháin *do* bhí i seilbh na dtrí rígh*the do* marbhadh leo, *agus* i gcionn trí lá *do*-chuaidh clann Thoroilbh mhic Stairn *agus* sluagh mór leo d'ionnsaighe Ríoghacht na bhFear nDubh, óir is amhlaidh *do* bhíodar an uair d'imthigh Torolbh mac Stairn *go* Tír an Óir *agus* ná táinig tar ais. D'éirgeadar triúr mac Rígh na bhFear nDubh *do* marbhadh le Torolbh *agus* ghabhadar *féin* ceannas na tíre *agus* ní thugadar cíos ná cáin *don* taoiseach *do* fhágbhadar ós a gcionn *agus do thriall* clann Thoroilbh dá n-ionnsaighe. *Do* thriall clann Rígh na bhFear na nDubh le sluagh *do*-armuighthe ina gcoinne *agus do* thugadar cath calma gáibhtheach dá chéile, ionnas nách raibh fios a gceannas ag ceachtar dhíobh. *Go* dtarla clann Rígh na bhFear nDubh *agus* clann Thoroilbh ar a chéile *agus gur* marbhadh clann Rígh na bhFear nDubh. Is annsin *do* ghabh a *mhuintir* araon madhma *agus mór*theitheadh chúcabh, *agus gur* chasadar clann Thoroilbh *agus* sluagh na hIorrua *go* buadhach mórmheanmnach abhaile i gcionn aimsire ina dhiaidh sin. *Do* shocruigheadar triúr clanna Thoroilbh an tír fána riaghlacha *agus* fána smacht *féin*, *agus do* cheapadar an taoiseach

c*éadn*a ag riaghlugh*adh* na ríoghac*ht*a *go* gcasfadaois *féin* arís. D'fhágbhad*ar* an cíos *agus* an cháin *do* bhí cruinnighthe ag an *tr*iúr rígh*the* *do* mh*ar*bh san gcath ag an dtaoiseach le coim*eád* dóibh *féin*. Tar éis an tsocrugh*adh* sin *do* dh*éa*na*mh do*-chuad*ar* ar bhord a loinge *agus do* thriallad*ar go* Tír an Óir, *mar* is ann *do thriall* a n-ath*air* an u*air* d'fhág sé an Iorrua, *agus* ní haithrist*ear* a n-imth*eacht gur* ghabhad*ar* cuan i dTír an Óir.

*Agus* ar rochtain annsin dóibh, is buartha na scéalta fuairead*ar* ar an dtír sin, óir an tan d'fhág a n-ath*air* Rígh Thíre an Óir *go* sámh síothchánta ag seilbh a ríoghac*hta féin*, *agus* seilbh urmhór na hIndia. Iar m*ar*bhadh an fhir mhóir, *ba* rígh ar an dtír sin, *do* bhí triúr d*ear*bh*rá*th*ar* ag an bh*fear* mór *do* ghabh seilbh na tíre an ua*ir* d'fhág Torolbh Tír an Óir, *agus* ní hé amháin sin, *acht do* bhuainead*ar* amach urmhór Thíre an Óir, *agus* ar an gcath *do* bhí le tabh*air*t i gcionn trí lá *do* bhí cailleamhain iomlán na tíre nó a buadhchain *go* brách.

Iar gclos na sc*éa*la sin *do* ghluaisead*ar* an *tr*iúr laoch d'ionnsaighe áras an rígh, *agus do* aithris sé dóibh an cás ina raibh sé, *agus* dá dtugadaois a gcongnamh dó *agus go* m*ba* leis *do* bh*eadh* buadh, *go* dtiobhradh breith a bheoil *féin* dóibh, *agus go* raibh sé ina leithéid *oile do* chás roimhe sin *agus gur* bhuail gaiscidheach coigcríche chuige *agus* d'fhuascail é *agus gur* mharbh Dolomach, Rígh na hIndia *agus go* dtug a ríoghac*ht* dó *féin*, *gur* imthigh sé uaidh *agus gur* gheall tiaghac*ht* arís, *agus* ná táin*ig*, *agus gur*ab ó oileán atá in iarthar an domh*ain do* tháin*ig* sé *agus gur go* Tír Tairng*ir*e *do*-chuaidh sé. Iar gclos na mbriath*ar* sin *don* triúr laoch *ba* deimhin leo *gur*ab é a n-ath*air do* bhí ann. D'innsead*ar don* rígh *gur*ab é an laoch sin a n-ath*air féin agus gur*ab ar a thóraidhea*cht* ar f*eadh* an domh*ain do* bhád*ar féin*, *agus go* dtiobhradaois *féin* an congnamh c*éadn*a dó. *Ba* lúthgh*áir*each le Rígh Thíre an Óir an fuascailt sin, *agus do* chu*ir* e *féin* i gcóir i gcoinne an chath*a*. *Do* ghluais chum an mhach*air*e *agus* níor thaise le triúr dearbhráth*ar* Rígh na hIndia. *Do* bhádar i bhfíorthosach a mhórshluagh *féin go* míleata mórchalma *agus do*-chuaidh an dá shl*uagh*

fóna chéile *agus do* thuit io*m*arc*a* díobh le *chéile* ar an gc*éad* ruath*ar* nó *go* dtarlad*ar* an seisear laoch ar a *chéile*. Is annsin *do* bhí an torann *agus* an tréine *agus* an tu*ar*ascbháil iongantach i*onnas gur* fhanad*ar* an dá shl*uagh* ina seasamh *gan* cor *do* chu*r* díobh *acht* ag féachaint ar an gcomhrac fuilt*ea*ch faobhrach fíordhásacha soin. Dob iongn*adh* le rígh*the* na hIndia *agus* lena *muintir* cá bhfua*ir* Rígh Thíre an Óir an triúr sin lena méid *agus* lena gcalma*cht agus* le hiongantas a n-iorradh *agus* a n-éadach.

*Do* bhí an comhr*ac* ar siubhal *go* meodhan an lae, *go* ndubh*air*t Crochán: "A dhearbhráithr*e*," ar sé, "ní raibh ár n-athair an fada so ag marbh*adh* Rígh na hIndia, *agus* lena linn sin *do* chromad*ar* an triúr laoch a gcinn *agus* d'arduighead*ar* a lámha *agus do* bhuainead*ar* na trí cinn *do* na trí ríoghr*adh* le trí bhuille borbn*ear*tmh*air*e, *agus do* chuiread*ar* trí ghártha cosc*air agus* cómhmhaoite as*ta, agus* leis sin gabh*as* an sl*uagh* rian madhma *agus* mórtheitheadh chúcabh *agus do* marbhadh urmhór san ruaig sin. Dob iongn*adh* ná deach*aidh* Rígh Thíre an Óir le gealtaidhea*cht agus* lúthgh*áir* ón bhfuascl*adh* sin *do* fu*air* sé, *agus* ní raibh a fhios aige cá mb*eadh* an triúr laoch aige le cion *agus* le meas ortha. Arna mh*áir*each *do* ghabh Rígh Thíre an Óir sealbh san India *agus do* chu*ir* fána sma*cht féin, agus* d'fhanadar an *tr*iúr laoch *go* ceann coicíse ina fhoch*air*.

*Agus do* fuairead*ar* scéal *gur go* Tír Tairngire *do*-chu*aidh* a n-ath*air* as Tír an Óir, *agus* níorbh fhéid*ir* sosa *do* chur ionnta *go* dtéighdís *don* tír sin. *Do* ghluaisead*ar* dá hionnsaighe *agus* ar ro*cht*ain *don* tír dóibh *do*-chuadar *go* Dún an Rígh *agus ba* cumhach doilgheasach dobrónach *do* bhí an rígh reomp*a*, tar éis urmhór a ríogha*cht*a *do* chailleamhain insa gcath i gcionn trí lá, mura *mb*uadh sé é. An u*air do-chonnairc* an triúr gaiscidheach dob fhearr inneall *agus* éagcosc dá bhfacaidh sé riamh roimhe. *Do* fháiltigh sé reompa *agus* d'fhiafr*uigh* fios a dturais díobh. D'innsead*ar* dhó *gur*ab as oileán atá in iarth*ar* an *do*mhain dóibh, *agus gur*ab ar thóraidhea*cht* a n-ath*ar* thángad*ar agus go* gcualad*ar go* raibh seal san tír sin, *agus gur*ab Torolbh dob ainm dhó. Iar na gclos soin *don* rígh *do* chu*ir*

míl*e* fáilte reomp*a agus* d'innis dóibh *gur*ab é a n-athair *do* chosain é *féin agus* a ríogha*cht* roimhe sin; óir *gur* éirigh Rígh Thíre an Fhua*cht*a ag buain a mhná pós*ta* dhe .i. inghean Rígh Thíre an tSnea*cht*a *agus go* raibh gaiscidheach an Domhain Thoir ar thaobh Rígh Thíre an Fhua*ch*ta *agus gur* mharbh a n-athair sin é i gcomhr*ac* aonfhir *agus* an u*air* d'imthigh a n-ath*air* as an tír *gur* éirigh Rígh Thíre an tSnea*cht*a *agus* Rígh na Mara Gil*e* *agus gur* chr*ea*chadar an dúiche *agus gur* mharbhad*ar* a mhuint*ir*, *agus* nách raibh dul de ag Rígh Thíre an Fhuachta *gan* a ríogha*cht do* bhuain de, *agus* a bhean *ba* m*ea*sa leis ná *seacht* ríogha*cht*a, *agus gur* sin an cás *do* bhí *air féin* an t*rá*th sin.

Adubhrad*ar* an triúr leis meisneach *do* ghlacadh *agus go* dtiobhradaois *féin* an congna*mh* *agus* an chabh*air* ch*éadn*a thug a n-ath*air* dó, *agus go* m*ea*nmnach lúthgh*áir*each *do* bhí an rígh ón ngeallamhaint sin na laoch. *Do* chu*ir* g*a*ch nídh i gcóir le hucht an chath*a agus do*-chuaidh insa mach*air*e *go* lúthgh*áir*each *agus* an triúr laoch i bhfíorthosach an tsl*uagh*. Tángad*ar* an triúr ríoghr*adh don* taobh eile le sl*uagh* líonmh*ar* lánthaibhseach, *agus* tugad*ar* u*cht* ar a *chéile go* dian dásacha.

Dála chloinne Thoroilbh, tángad*ar* ar l*ár* na sl*uagh agus* tugad*ar* ruath*ar* ra*ch*tmh*ar* fá thiubhdas an tsl*uagh* ó thosach *go* deir*eadh*, *gur* mharbhad*ar* cúig chéad *don* d*ear*gruathar sin; *agus go* raibh fagháil *do* chorpaibh laoch marbh ar gach taobh. Tugad*ar* an d*ear*gruath*ar* c*éadn*a tar ais tríd an sl*uagh go* rángad*ar* an láth*air* ina raibh na ríoghr*adh*. *Do* ghabh a *mhuintir* araon madhmadh *agus* mórtheitheadh chúcha, io*nnas* in am gréine *do* dul faoi, ná raibh f*ear* insint scéal *don* mhórshl*uagh* sin beo, *agus gur* chas Rígh Thíre an Tairng*ir*e *agus* cl*ann* Thoroilbh *go* buadhach abhaile an oidhche sin, *agus* seilbh a mhná aige.

Ní *fh*éidir a chur síos i mbriath*ra* ar bith méid an cheana *agus* an ghradaim *do* bhí ar an dtriúr laoch sin ó Éiri*nn*. *Do* th*air*g an rígh b*r*eith a mbéil *féin dóibh*, *agus* ní ghlacfadaois é *go* mbiadaois ag cas*adh* abhaile, gib*é* u*air* é. D'fhanad*ar* insan áit sin *go* cionn coicís ag

smuain*eadh* c*é* an áit ina rachfadaois ina dhiaidh. Lá *do* na laethaibh sin táinig seanóir cianaos*ta do* láth*air agus* adubh*air*t leo *go* gcual*a* sé *gur*ab ar thóraidhea*cht* an laoch Lochlannach *do* bhí san tír sin seal *do* thángad*ar*, *agus go* dtiobhr*adh* sé a thuairisc dóibh, *agus go* mb*éar*fadh leis iad *mar* a raibh sé. Ní chualad*ar* na laoich ria*mh* scéal *ba* binne leo ná an scéal sin. Tugad*ar* dorn óir *don* tseanó*ir agus do* ghluaisead*ar* leis arna mh*áir*each *gan* a fhios *do* bh*eadh* ag aon cár ghabhad*ar* nó *go* rángad*ar* Coill na Marbh *agus do* theasbáin an seanóir dóibh an áit ina mbíodh sé *féin* fó scailp *agus mar do-chonnairc* an dís laoch ar a n-urnaidhthe *agus mar* thag*a*dh an t-aingeal le bia chúcha, *agus mar do*-rinnead*ar* uaigh dóibh *féin agus mar* chuad*ar innte* chu*m* báis d'fhagháil in éinfh*eacht*. Tug an t-aingeal líog lánmhór chloiche leis, *agus mar* chu*ir* ar dhoras na huagha *agus mar* d'fhág scríbhinn ar an lic *do* scríobh sé le rinn gatha *do* bhí aige *agus do*-chuaidh an seanó*ir* leo *agus do* theasbáin an uaigh *agus* an líog dóibh.

*Do* bhuaileadar a gcoirp *agus* a gcollainneacha faoi l*ár agus* faoi lántalmh*an agus do* shilead*ar* fras*a* dian*a* deor*a*. *Do* chromad*ar* ag caoi *agus* ag caoin*eadh* a n-ath*ar go* raibh a gcroidhthe dian*a* briste le cumh*a agus* le tuirs*e*, *agus* le dobhrón, i*onnas* nách raibh tapa mná seolta ionnta, *agus gur* fhanad*ar* ar f*eadh* na hoidhche *uile*, sínte ar an dtalamh fó bhun na lic*e* ag d*éa*namh dobhróin *agus* tuirse *go* héirgh*e* gréin*e* arna mh*áir*each, *agus* ag im*eacht* dóibh annsin, adubh*air*t gach n-aon acabh an laoi seo síos *mar* leanas:

Crochán:

Och, is truaigh sin a thír cháidh, is fada at*áir* ar s*ea*chmall uainn,
's anois ó taoir againn *ar fáil*, *gan* id háit againn *acht* uagh,
fágbham agad míle slán, ó 'niu *go* brách ní fhaicfe*am* thú,
'sé bhris *go* deo mo ch*r*oidhe, tú bh*eadh* sínte inniu an*iar*,
dob fhada sinne ar *do* rian, tar thonna ag 's ag frasa*cht* gleo,

‘s *gan* fo dheireadh dhúinn i ndán *do* bheana fháil ná t’fhaicsint beo.

Sal:

ní *bhfuil* againn anois le rádh, ag dul tar sail *go* hiath na bhfio*nn*,

*acht go* bhfacamuirne an f*ear*t *agus* an leac atá ós a chionn.

Is *tr*iúr sinne is truaigh cás, d’fhág ár máth*air* óg inár ndiaidh,

ní *bhfuil* sí *féin* ná *ár* n-ath*air* beo, is táid fós *gan* faics*int* riamh.

Daithlionn:

Fágbhamaoidn*e* ath*air* grádhaighe, míle slán agat *go* deo,

is glac uainn mo chluibhth*e* caoint*e*, osna croidhe is fras*acht* deor.

A haithle na laoi sin, d’iompuighead*ar* an triúr laoch tar a n-ais chu*m* trí póga *do* thabh*air*t *don* lic. *Do-chonnairceadar* le ciumhais na lice sol*as ba* cos*mhail* le tinne ghiolláin, *agus do* chu*ir* Crochán a lámh isteach *agus* is é *do* thug leis: rinn sleagh Lugha lámhfhada, *agus do* tharraing amach í, *agus do* chu*ir* an tsleagh a*mhail ba* gnáth léith. Cith tinne dá rinn *agus* is amhl*aidh* bhí cr*ann* na sleagh cómh d*ear*g le rós ó fhuil na rígh*the* *agus* na dtaoiseach *do* thuit léith, ionnas nárbh fhéidir le huisce ná le nídh ar bith a ghlanadh. Is í an tsleagh seo *do* tharla chum Diarmuid Uí Dhuibhne ar a dtugthaí ga dearg ina dhiaidh sin, *agus* is léith *go* rinne Diarmuid urmhór na ngníomh*ar*tha gaisce *do*-rinne sé ina dhiaidh. *Óir* níor théarn*adh* n*ea*ch uaithe dá gcaithtí leis í, *agus ba* lúthgh*áir*each an triúr laoch an t-aon chomh*ar*tha soin *do* roinn *do* chuid a n-ath*ar* chúcha. *Do* ghluaisead*ar* tar a n-ais *go* dún Rígh Thíre Thairng*ir*e *agus* d’fhanad*ar* seal ann, *agus do* chuiread*ar* an mhéid *ba* toil leo d’ór *agus* d’*air*gead *agus do* g*a*ch maitheas oile ina long *agus do* ghluaisead*ar* d’io*nnsaighe* Thíre an Óir. *Do* fhearad*ar* na fáiltí reomp*a* annsin, *agus*

d'fhanad*ar* ann seal *agus* an tan *ba* mhithid leo imth*eacht*, d'fhágad*ar* Tír an Óir síothchánta tar a n-éis.

*Do* ghluaisead*ar* as soin *go* Ríogha*cht* na hIorrua *agus* fuairead*ar go* síothchánta reomp*a*, *agus* d'fhanad*ar* annsin seal ag cur a dtuirse dhíobh *agus* ag cruinniugh*adh* a gcíosa ag líon*adh* na loinge *do* mhaitheas na hIorrua i*onnas* nár shnáimh ar mu*ir* ria*mh* roi*mh*e sin, ná ós sin i leith, long *ba* saidhbhre ná an Mhurúghach an tan sin, tar éis a ngnótha *do* shocrugh*adh* annsin *agus* taoiseach *do* cheap*adh* ag rialugh*adh* na ríogha*cht*a ina ndiaidh. Dob fhada leo *do* bhíod*ar gan* radharc na hÉireann d'fhagháil *agus* leis sin d'fhágad*ar* slán ag an Iorrua *agus* d'iomchad*ar* ag *filleadh go* hÉir*inn agus* ní haithris*tear* a n-imth*eachta* gus an deachmha lá *agus* an lá sin roimh shoillsiugh*adh* an lae, in ionad bheith ar mu*ir don* Mhurúghach, is amhl*aidh* bhí sí ar a heolas *féin go* cuan réidhthaitneamhach féaruaithne, *agus* d'aithin an fhoireann an cuan *agus* d'fhógrad*ar gur*bh í san gcuan sin Tír na *m*Ban gCíochloiscthe *agus gur*ab san gcuan sin *do*-chuad*ar féin* i dtír *agus gur*bh ann d'fhágbhad*ar féin* Fionnabhartach *agus gur*b é tug fó deara *don* long dul ann an tan sin, *agus* ar éirghe gréine *do-chonnairceadar,* ar an bhfeorainn ina seasamh ina haonar, aon bhean *ba* breághtha cruth, deilbh *agus* d*éa*na*mh* dá bhfacad*ar* ria*mh agus do* chomh*ar*thadh dóibh druidim léith, *agus* d'fhaifr*uigh* díobh cá tír dóibh. *Do* labh*air* duine *don* triúr laoch *agus* adubh*air*t *gur*ab ó oil*eán do* bhí in i*ar*th*ar* an domh*ain* iad, *agus gur*ab ag taisteal na gcríoch re seal *do* bhíod*ar*. D'iarr ortha tiagh*acht* i dtír *agus* tángad*ar agus* d'fhiafr*uigh* díobh mórán scéala *agus* d'innsead*ar* dhi *do* réir *mar* bhí acabh *agus* d'fhiafuighead*ar* san dise a scéal *féin, agus* adubh*air*t leo n*á*ch maith *do* bhí a sc*éa*la *féin* aice, *agus gur*ab *ba* ó iarth*ar* an *do*mh*ain* a máth*air agus go* bhfu*air* sí bás san tír sin dá tabh*air*t *féin* ar an saoghal *agus gur* ghabh *ba*nríoghan na tíre sin le hais í *féin, agus go* raibh ar a cúram, *agus gur* uirthe *féin do* bhí coim*eád* an chuain sin *agus* ná fuillingth*ear* f*ear* ar bith beo ann, *agus go* loisctí cíoch deas gach mná acabh ina n-óige *agus go* bhfuair

a máth*air féin* ón *m*banríoghan *gan* sin *do* dh*éa*namh léith *féin, agus gur*ab ar an ádhbh*ar* sin tugth*ar* an Aonbhean *mar* ainm, *agus gur*ab bean uasal ón dtalamh naomhtha *í* .i. ón *Asia* rodh theangbhadh ar an máth*air agus gur don* fhír-Dhia uile comha*cht*ach *do* ghéilleadh sí *agus go* dtug sí a n-ath*air* ar an gcreidea*mh* c*éad*na, *agus* ag fagháil bháis dá máth*air gur*ab ar an mnaoi uasail sin d'fhág sí a cúram, *agus gur* fhág sí bosca na mballdh*ear*g óir aice, *agus* adubh*air*t léith a choim*eád* fána comh*air féin* dá mairfeadh sí, *agus go* bhfágadh insa mball sin. Cia *do* uaislibh an domh*ain* í *féin agus gur* theasbáin sí an ball *do* na mílte pears*a agus* nárbh féid*ir* le haon acabh an scríbhinn *do* léigheamh, *agus* leis sin *do* bhuain an ball óna brághaid brollach-gheal *agus* d'fhoscail é, *agus* t*u*g *don* triúr laoch é *agus* is amhl*aidh do* bhí an scríbhinn ina leitreacha *agus* a dteanga cheart Ghaoidhilge insna briath*ra* so: Mise inghean Thoroilbh *mhic* Stairn, mac dearbhráth*air* Arailt mhic Canúit, Ard-Rígh Lochlann *agus* Fionnabhartaighe, *inghean* Deala mhic an Daghdha, Ard-Taoiseach Thuatha Dé Danann, atá in oil*eán* in i*arth*ar an domh*ain*, dá dtugth*ar* Éire thiar, *agus* ag *triall go* hÉir*inn* ón Iorrua *do* bhí mo mháth*air* an u*air* tháinig sí *don* tír seo na mban gcíoch loiscthe *agus do* fu*air* bás ann dom thabh*air*t sí chum an tsaoghail, *agus* atá triúr d*ear*bhráth*ar* agam má mhairid siad .i. Croch*án*, Sal *agus* Daithlionn. Ar léigheamh na mbraith*ra* sin ós ard *don* triúr laoch, d'fhéachad*ar* an ceathrar ar a chéile *agus* d'aistrigh i snómhadh *agus* i ndeilbh, *agus* i gcruth *agus* níor fhan fó cheann acabh le hurgháirdeachas meanmain *agus* aigeanta iad *féin do* chasadh ar a *chéile* cómh héagsa*mhail* sin, *agus do* phógad*ar* a *chéile* seal *agus do* shilead*ar* frasa diana deor seal *oile*. *Ba* mó gradam na hógmhná ná na bhf*ear* an tan *do* dheimhnighead*ar* an triúr d*ear*bh*rá*thar di iad *féin do* bhí ainmnighth*e* insa scríbhinn sin, *agus* adubh*air*t ná sc*ar*fadh leo, *go* triallfadaois re chéile *go* hÉir*inn.* Dá réir sin d'imthigh uatha chu*m* an dúna *agus do* thug ualach deichneabh*ar* ban léith *don* éadáil *agus don* éadach *ba* saidhbhre san domh*an*. *Do* chu*ir* scríbhinn chum banríoghan na tír*e* sin ag gabháil a leithscéil ón imth*each*t sin *do*-

rinne sí, *agus* fáth a himth*eachta*, ná tug aon nídh léith *acht* éadach a coirp, *agus gur* fhág sí gach nídh *do* bhí ar a cúram sabháilte tar a héis.

*Agus* ar a haithle sin, *do*-chuadar ar bhord na Murúghadh *go* lúthgh*áir*each tar éis tuairisc a n-ath*ar agus* a máth*ar* d'fhagháil, *agus* an t-aon d*eir*bhshi*úr* ná raibh a fhios cá raibh bheith acabh fán am sin. *Do* thógbhadar as seolta ag filleadh na fairrge fíordhoimhne, *agus* ní haithrist*ear* a n-imth*eachta go* rángad*ar* Cuan an Ó*ir* sa taobh ua dh*ea*s *don* Afraic, an ceathramhadh rann *do* rannaibh an *do*mhain *agus do*-chuad*ar* i dtír chum tu*ir*se na f*airr*ge *do* chur dhíobh, san tír aoibhinn álainn sin. *Do*-rinnead*ar* both ar bhruach na feorann *agus* tharla an u*air* sin cogadh *agus* coinsgleo idir rígh na tíre sin *agus* rígh oile *do* bhí ina chomharsana*cht agus do* bhuad*ar* dá chath ar Rígh Thíre an Óir, *agus* ar an treas chath *do*-chuad*ar* an triúr d*ear*bh*ráth*a*r* san gcoinsgleo sin *agus do* mh*ar*bhad*ar* an rígh sin. Tug rígh Chuan an Óir éadáil an rígh sin *don* triúr laoch *agus* ceartleath a raibh d'ollmhaitheas aige *féin*. *Do* chuir *go* bruach na feorann an éadáil sin leo.

Tar éis na hoidhche táinig an rígh fealltamhail *agus* cúig mhíle *don* dubhshluagh chum feidhil *do* dh*éa*namh ar an triúr laoch *agus* an éadáil sin *do* chas*adh* ortha *féin* arís. *Acht* 'sé críoch an scéil *gur* chaill an rígh a cheann *agus* ná deachaidh fear insint scéil as dá mhuintir, *agus do*-chuad*ar* an triúr laoch *go* héadálach ar bhord na loinge *agus do* thógbhad*ar* a seolta *go* súg*a*ch suaimhneach, *agus* ní haithrist*ear* a n-imth*eachta gur* ghabhad*ar* cuan *agus* calaidhthe in oil*eán* mhór an Bharra, ionad cómhnaidhthe *mac* an Daghdha. An tráth *do* chruinnigh*eadar* Tuatha Dé Danann gach áit in Éirinn ina rabhad*ar* ag fáiltiugh*adh* reomp*a agus* táin*ig* gruagach Shléibhe Mis ar na c*éad* daoine ag fáiltiugh*adh* roimh a thriúr daltaí *agus* a nd*eir*bhshiúr. Ní raibh in Éir*inn* ria*mh* bean *ba* breágha ná í *agus do* ghabh gach n-aon ag déanamh iongantais di, *acht* gruagach Shléibhe Mis amháin. Níor thaithigh a ch*ro*idhe ria*mh* léith *agus do* innis dá dearbhráithr*e* an torann tairngrea*cht do*-rinne mac Allóid, Ard-Draoi Thuatha Dé Danann an u*air do* baist*eadh* iad

*féin, agus go* bhfacaidh an tairngrea*cht* c*éadn*a i Leabhar Ruadh na Fáistine i dtigh Chodamh Chosaidh Rígh Bearnain Eile, *agus* adubh*air*t an tairngrea*cht* insna briathartha so:

Tiocf*a* gein ná rugadh fós,
is *go m*biadh an óigh ar chum*as* f*ear*.
Biadh an *tr*iúr so saoghl*a*ch buan,
is tiocf*a* u*air* an éaga annsin.

*Acht* níor chu*ir* an triúr laoch sui*m* ina chó*mh*rádh *acht* bh*eadh* ag foghna*mh agus* ag fonomhaid fán laoi sin. Adubhrad*ar gur*ab insa spéir thuas *do* ceapth*ar* gach nídh *do* thuiteas amach ar talamh, *agus* gib*é* nídh *do* ceapth*ar* ann nách *bhfuil* toi*r*measc le cur *air*, nách raibh i dt*air*ng*rea*c*ht* ar bith *acht* ráiméis sean *agus* baothdhaoine *mar* chaitheamh aimsire dóibh *féin* ‘s *do* thuill*eadh* eile, *agus* ná géillfidís *féin* dá macsa*mhail.* Cidh trácht, *do* chaithead*ar Tuatha Dé Danann* seal dá haimsir *go* súgach súbháilceach suaimhneach i bhfoch*air* a *chéile go* dtáinig forála *agus* fógr*adh* ar bháire comórtais *do* bh*eadh* fóg*ar*th*a* id*ir* fh*ear*aibh *Éireann agus* Fhiannaibh Éir*eann*, *agus* ní raibh f*ear* ná bean in Éir*inn* ná raibh dá ollmhugh*adh féin* chum dul ar an mbáire sin. An u*air do-chonnairc* an Aonbhean g*a*ch nd*uin*e *dá* ngl*éa*sadh *féin* adubh*air*t *go* rachfadh *féin* in éinfh*eacht* le *Tuatha Dé Danann, agus do* chu*ir*ead*ar* iad *féin* i gcóir id*ir* fhear *agus* mhnaoi *agus do* thrialla*dar go* Teamhrach.

*Do* bhí reomp*a* annsin Cormac *mac* Airt m*hic* Choinn céad chathach, Ard-Rígh Éireann, a mhac maiseach mórmheanmnach .i. C*air*bre Liofachair *agus* fir bhreágha *agus* a *m*bantra*cht* ar thaobh *don* fhaithche, *agus do* bhí ar an dtaoibh oile Fionn *mac* Cumh*aill mhic* Airt mhic Tréin mhóir uí Bhaoisgine, Rígh Féinne na hÉir*eann, agus* s*eacht* gcath*a* na gnáthFhéinne ina thimcheall, *agus* a mbantra*cht* ar fhód fó leith leo *féin*. *Do* th*arr*aing

amach na hiománaidhth*e* ar gach taobh *agus do* chuirf*eadh* ina seasamh ar agh*aidh* a *chéile* iad. Is annsin d'fhiafr*uigh* an Aonbhean ainm gach nd*uin*e dá dtug sí fó ndear*a don* mhnaoi uasail *do* bhí ina foch*air*, óir ní fhac*aidh* sí ria*mh* roimhe sin ar aon bhall an oir*ead* fear. "Cia hé?" ar sí, "an fear forasta úd atá fá dhealbhadh ina *bhfuil* féilm óir ar a cheann *agus* slat dearg óir ina dheasláimh." "Atá ansúd", *do*-rádh an bhean uasal, "Cormac *mac* Airt, Ard-Rígh Éireann. "Cia hé an fear feoilt*ea*ch fear*amhail* fíochmh*ar* fraochaidhe fiarshúileach úd ar deas an rígh, brat deargshróill air?" "Atá ansúd C*air*bre Líofachair *mac* Cormac, feighlidhe an rígh." "*Agus* cia hé an fear fíoreolach fada fionnchiabhach feasach fíormhais*ea*ch úd ina *bhfuil* féilm airgid ar a cheann *agus* slat airgid ina láimh clí?" "Atá ansúd, Fionn *mac* Cumhail *mhic* Airt *mhic* Tréine Mhó*ir* uí Bhaoiscine, Rígh Fhiannaibh Éireann." "Cia hé an f*ear* mó*r* maiseach maordha m*ea*rshúileach úd ar a *bhfuil* an folt fa*da* fionnbhuidhe *agus* fós flatha *agus* lonnradh ríoga ina dheilbh?" "Atá ansúd, Oisín *mac* Fhinn, *mac* an Rígh Fhéinne, *agus* Taoiseach ós cionn míle laoch san bh*Féin*n é." "Cia hé an togha arra*cht*ach an-mhór *ar*d-cheannach úd *agus* rosc ruitheanach réidh-ghlas aige, *agus* féachaint falchaidhe fuathmh*ar* f*ear*gach aige, *agus* folt fíaghnach fada donnfhionn *air*?" "Atá ansúd, Osc*ar mac* Oisín *mhic* Fhinn, curadh calma, *agus* ceannaire míl*e* laoch i m*ea*sc na *F*éinne é." "Cia hé an fear trom toirtea*mhail* taibhseach craosach cómhghuailleach ceannmhór cos-ard cnámhramhar g*air*m ghruama garbhmhaillíodhach, *agus* folt dubh triopall*a*ch triosáilte búclaidheach air, *agus* deilbh dhoineanta aige?" "Atá ansúd Goll greannmhar gníomhachtach mac Móirne, Rígh laoch na hÉireann, *agus* ceannaire míl*e* laoch *don* Fhéinn é.

"Cia hé an fear maol modartha mísciamhach murtaill mórmhaillíoch úd atá mall mí-thapa mórghlór*a*ch scolt*a*ch scallaoideach?"

"Atá ann, Conán *mac* Móirne, f*ear* grinn *agus* míghrinn na Féinne le su*air*ceas *agus* le cródha*cht.*" "Cia hé an t-óg fhear fíréanta fuadrach forránta d*ear*g-ghruach dathach

déadsholais úd, *agus* atá luath líofa léir lúthmhear tap*a* leabh*ar*ghéag*a*ch gheana*mhail*, gh*eal*chroicinn gealgh*áir*each dubhfholtach dlúitheach dréimneach déadgheal daoldhualach?" "Atá ansúd Diarm*uid* déadsholais Ua Duibhne, rígh laoch míl*e don* Fhéinn *agus* taoiseach ar mhíle f*ear* i bhfiaghnea*cht* é."

"Beir buadh *agus* beanna*cht*", ar an Aonbhean, "is mó m'eolas anois ná ar maidean, *agus* is mó an mhaith lio*m* fios an mhéid sin *don* tsl*uagh* so *do* bh*eadh* agam." Ciodh trá*cht*, *do* roinneadh na fir ar gach taobh an tráth sin ar fhaithche na Teamhraighe *agus* ní raibh in aon ríogh*acht* san domh*an* cómhthionól fear *agus* ban *ba* maisighe *agus ba* mórghalaighe ná an cruinniugh*adh do* bhí ann an lá sin. Iar mb*eadh* rannta dóibh, *do* rugadh an liathróid *go* l*ár* an fhaithch*e*, *agus do* buail*eadh* áirdleog san aer di, *agus* níor leig*eadh* ar thalamh *go* ceann u*air*e í, *acht* ag eiteallach san a*er* le háirdleog cumais *agus* le n*ear*t láimh laoch nó *go* ráin*ig* sí Diarmuid Ua Duibhne, *agus do* bhuail áirdleog uirthe san aer *gur* chuir as radharc an comhluad*ar* uile í. Ar a tu*ir*lingt, *do* bhuail *agus do* chu*ir* san aer dhon da*ra* háirdleog *agus* d'fhág dá dtrian an mhach*air*e ina dhiaidh, *agus* ar a tu*ir*lingt arís di, *do* bhuail an treas leang u*ir*th*e gur* chu*ir* s*eacht* gc*éad* slat thar bhéal báire í, *agus* i*ar* sin *do* thóg an sl*uagh* gáir *do* shroith an *Firmament*. Is as sin adubh*air*t Rígh Éireann an báire *do* bhualadh arís *mar do* bhí gaoth *agus* ghrian in agh*aidh* bhf*ear* nÉir*eann* ar an *m*báire sin. *Do* bhuail an *dara* báire *agus* d'fhan Diarm*ui*d as i dtosach an lae *go* meodhan, *agus* gib*é* breis *do* bhí ann an t*rá*th sin, is ag fe*ar*aibh nÉir*eann do* bhí. Ar fhaicsint sin *do* Dhiarm*uid do*-ch*uaidh* i measc a mhuintire *féin agus do* chu*ir* an báire amach le trí phoc *amhail do*-rinne an chéad bháire *agus do* ghabh an rígh f*ear*g mór .i. Cormac mac Airt, *agus* adubh*air*t an báire *do* bhualadh an treas u*air agus do* fua*ir* Cairbre Lithfiochair uaidh *gan* sin *do* dh*éa*namh, *agus* an báire *do* chur *go* ham oile. *Do*-ghní amhl*aidh* sin, gid*eadh do* bhí nós *agus* rea*cht* in Éirinn fá an am sin .i. gib*é* duine *do* chuirf*eadh* an b*áir*e amach, cead *do* bh*eadh* aige sin trí póga *do* thabh*air*t *do* gib*é* bean *ba* toil leis ar an réaltann, *acht*

*amháin* b*ean* rígh. Dá ré*ir* sin tar éis an dara báire *do* chu*ir* amach *do*-ch*uaidh* Diarmu*i*d i measc na mban. D'fhéach ar bhantra*cht* bhf*ear* nÉir*eann*, *agus do*-chuaidh as sin *go* bantra*cht* na Féinne, *agus* as soin *go* bantra*cht* Thuatha Dé Danann. Iar an gc*éad* amh*ar*c *do* th*u*g ortha soin *do-chonnairc* an Aonbhean *ba* áille ná an ghrian ina gc*ear*tl*ár*. *Do* chinn a scéimh ar an mbantra*cht* uile *agus* ar mhná Éireann *mar* an gc*éadn*a, *mar* an ngréin i measc na gcodach oile *do* réaltaibh nimhe an ae*ir*. *Do* bhí éadach iongantach éags*amhail* u*ir*th*e do* shróluaithne *agus do* shíoda órloiscthe ina raibh glónra gach datha *amhail* san *m*bogha gréine nó báistighe. *Do* bhí bogha eile *mar* an nga gréine timcheall a cinn *agus* a boilg *mar* scáth ag cosaint gaoithe *agus* gréine dhi. Níorbh ea nárbh ionann cum*a* ná d*éa*na*mh* dá héadach *agus don* mhnaoi *oile in Éirinn*, ná fós san raon Eoraip, óir ó bhantra*cht* na mban gcíoch loiscthe *do* fua*ir* sí iad, *agus* in éagmais an chum*a do* bhí uirth*e* ní raibh orlach di ná raibh buailte le raeltaibh d*ear*ga óir, *agus* le clocha sciamhacha daora dofhaghála na hIndia.

Dála na hAonmhná, ní raibh san domh*an* b*ean* dob fhearr cruth, deilbh, scéimh, cuma, d*éa*namh ná í. *Do* bhí ina deilbh finne, *agus* gile *agus* luisne an róis, *agus* gleic dá fhéachaint cé acabh a dtriúr *do* bh*éar*fadh buadh ar a chéile, *do* bhí g*a*ch ball oile dhi ina gcuma *agus* ina nd*éa*namh ag tea*cht* suas le g*a*ch iongantas scéimhe *amhail do* bhí ina deilbh. *Do* ghabh Diarmuid tríd an mbantra*cht go* ráin*ig* í *agus* tug trí póga dhi *agus* is ar éigean *do* bhí in ann iompódh uaithe le searc *agus* síorghrádh dhi. Iar ndul amach as an m*ba*ntracht *do* lorg cia hí *féin agus* ní raibh ar gcum*as* d'aon duine scéala *do* thabh*air*t dó.

Dála an chómhthionóil, iar éirgh*e don* Rígh Éireann *do* scaipead*ar* uile *agus do thriall* g*a*ch n-aon díobh ar a dhún *agus* ar a dheagh-bhaile *féin*, *agus do*-rinnead*ar Tuatha Dé Danann* an nídh c*éadn*a *agus do thriall* mac an Daghdha *agus* a *mhuintir go* hoil*eán* Ardneimhe *agus do* chaith an Aonbhean *agus* a *tr*iúr d*ear*bhráth*ar* seal dá n-aimsir *go* súg*a*ch suaimhneach i m*ea*sc a ngaolta *agus* a gcarad. Gid*eadh* níor mhaith le Tuatha Dé

Danann an aire thug Diarm*ui*d *don* Aonmhnaoi *agus gan* iarraidh acabh *féin* cl*ea*mhnas *do* dhéanamh le haon d*uin*e *don* Fhéinn *mar* nár chn*ea*sta re *chéile* riamh iad. Dob eagla leo óna póga thug Diarmuid di *go* dtiobhr*adh* sé io*nnsaighe* ar a bhreith leis, *agus* is í comh*air*le *do*-rinnead*ar* a dtriúr *agus* í *féin* a socrugh*adh* i gcúl éigin d'Éirinn *ba* sia *agus ba* uaignighe ó rian na Féinne. Dá réir sin *do thriall*ad*ar* ó oil*eán* Ard Neimhe *agus* ní dh*ear*nad*ar* oireasamh, sosa ná cómhnaidhe *go* rángad*ar* Léim gCon gCuillion in iarth*ar* Thuamhumhan *agus* mórán dá ngaolta ina bhfoch*air*, *agus mar do* bhí ór *agus* airgead acabh.

*Do*-rinne Crochán dún dó *féin* le taobh na fairrge thuaidh *agus* Daithlionn dún eile dó *féin* le taobh na f*airr*ge ó dheas, *agus do*-rinne Sal dún dó *féin* leathslighe id*ir* an dá dhún *oile*. *Do*-rinnead*ar* dún geal sciamhach *don* Aonmhnaoi ar an taobh thiar *don*a trí dúna oile, ionnas ná raibh dul ag f*ear*aibh *Éireann go* nuige na hAonmhná *do* thír le calma*cht* a triúr d*ear*bhráth*ar* ar a scáth thoir, *agus* fir an *do*mh*ain* ar mu*ir* ní raibh cum*as* acabh tea*cht* i dtír le calma*cht* ollphéiste *do* bhí lámh le Léim Con gCuillion. Na dúnta rinnead*ar* is fá thalamh *do* thógad*ar* na hoibreach*a*, *agus mar* scáth ar an ob*air* mhaiseach *do* chu*ir*ead*ar* cathrach*a* g*ar*bhchloch*a* ar mhull*a*ch na ndún dá bhfolach ar amh*ar*c na namhad. Ní raibh in Éirinn ob*air ba* glinne *agus ba* saidhbhr*e* fá ór na hIndia ná áitreamh na dtrí rígh*the* sin *agus* cath*air* na hógmhná. *Do* chu*ir*ead*ar* an tír *uile* fóna sma*cht féin*, *agus do* bhí séan *agus* sonas ag bruacha *agus* ag cartúgh*adh* ina dtimcheall gach lá.

Iomthúsa Dhiarm*ui*d, suaimhneas san lá ná san oidhche níorbh fhéid*ir* leis *do* dh*éa*namh le searc *agus* le síorghrádh *don* mhnaoi ón lá thug na trí póga dhi, *agus* níor fhág áitr*ea*mh ná ion*a*d suidhte le *Tuatha Dé Danann gan* lorg di. *Do* chuard*uigh* Cúige Uladh *agus* an Mhumhain *agus* urmhór Chonna*cht*, *agus* níor ráinig leis a tuairisc d'fhagháil. An u*air do-chonnairc* an Rígh *Féin*ne, Fionn *mac* Cumh*ail*, an dobrón *do* bhí ar Dhiarmuid *do* chu*ir* a lorgairí *féin* .i. cl*ann* Neamhain ar a dtóraidh*eacht*, *agus* is amhl*aidh do* bhád*ar* sin: *Do*

chuiridís lorg na n-éanlaithe san aer *agus* lorg na corramhaoilteoga ar talamh, *agus* lorg na crannlachan ar mu*ir*, *agus do* theip ortha tuairisc na hAonmhná d'fhagháil, óir cé *go* nde*a*chad*ar go* Léim Con gCuillion ní raibh maith ann, *mar do* chu*ir*eadar cl*ann* Thoroilbh ceo draoidhea*cht*a ina dtimche*a*ll *féin* io*nnas* ná fuairead*ar* cl*ann* Neamhain amach iad ná an Aonbh*ean*, *agus do* chasad*ar* abhaile *gan* faisnéis ná tua*ir*isc d'fhagháil ortha. Iar fhaicsint sin *do Dhiarmuid* níor fhan lúth tapa ná treo*ir* ann *agus do* ghlac gal*ar* dubhach é io*nnas go* raibh le bás. *Ba* truaigh le Fionn *agus* leis an bhFéinn uile é *do* bheadh *mar* sin. *Do* tugadh Feargh*as* finnbhéil *agus* Cairioll Cruachan, Ard-Liagha na Féinne dá io*nnsaighe agus* ní raibh maith ann *agus* is annsin *do* labh*air* prea*ba*ire Obach beag *do* bhí ag Fionn, nách raibh *acht* trí troighthe ar fad ann, *agus* sea*cht* dtroighthe ar leathadh.

"A Dhiarmuid," ar sé, "is foll*as gur* grádh *do* ghal*ar agus* is í mo chomh*air*le duit dul *go* nuige t'oide .i. Aongh*us* an Bhrogha *go* Brúigh ós Bóinn, *agus do*-bhéarf*a* sé faisnéis duit ar an Aonmhnaoi *agus* leigheasf*ar do* ghal*ar*, óir ní *bhfuil* san domh*an* a mhacsa*mhail* i gceardaibh geintlidhe." *Do* mholad*ar* an Fhiann *uile* comh*air*le an O*ba*ch bhig, *agus do* chu*ir*ead*ar* cóir ar *Dhiarmuid* le hu*cht* an turais sin. Ní dhearn*aidh* sé sosa ná cómhnaidhe *go* ráin*ig* gus Brúgh ós Bóinn *mar* ar fear*adh* fíorchaoin *fáilte* roimhe ag Aongh*us*. *Ba* trua leis, an cruth sin ina raibh a dhalta ionmhain an tan sin. Ar an gc*éad* amh*ar*c thug *air*, d'aithin a ghal*ar*, *agus* adubh*air*t leis meisneach *do* ghlacadh *agus go* mb'fhéidir forta*cht do* thabh*air*t dó. *Do* bhí sé ina fhoch*air* trí lá *agus* trí oidhche ag cur a thuirse dhe sul *do* thrá*cht* Aongh*us* ar aon fhorta*cht do* thabh*air*t dó ar a ghal*ar*. I gceann na haimsire sin *do* rachfadh Aongh*us* leis é *go* bruach na Bóinne *agus do* shuighead*ar* araon ann *go* huaigneach. D'aithris Diarmuid dó fios a ghal*air agus* fátha thurais. "Is aithne dhamsa gach nídh *do* éirfeas duit", ar Aongh*us*, "*agus* mórán oile nách aithnid dhuit *féin*. Ní *bhfuil* san domh*an* b*ean* is achrannaighe le bualadh fúithche ná í *agus* níos deacra a fhagháil ná í, óir is i gcríoch na mban gcíoch loiscthe *do* rugadh í, is *inghean* Thor*oilb*h *mhic* St*air*n, mac

d*ear*bhráth*ar do* Rígh Lochlann í, *agus* Fionnabhartach, b*ean do* Thuatha Dé Danann a máth*air*, *agus* Aonbhean is ainm di *agus* atá triúr d*ear*bhráth*ar* aice is glice i gceardaibh geintlidhe dá *bhfuil* san domh*an*, *agus* ní taise dhi *féin* é. An oidhche rugadh í *do*-rinne fáistine di: insa túisce *do* bh*eadh* céile aice ná biadh ní *ba* faide shaoghal ag a dearbhráithreacha *agus* ar an ádhbh*ar* sin *do* shocruighead*ar* iad *féin agus* an óigbhean in iargcúil Éireann láimh le Léim Chon gCuillion *agus* is amhl*aidh* atá an áit sin: talamh atá ag dul siar san bhf*airr*ge *agus* fairrge ua thuaidh *agus* ua dheas de *agus gan* cum*as* tiaghac*ht* ar an áit sin, *agus* aon bhealach amháin amach, *do*-rinne an dearbhráth*air ba* sine dún deagh-mhaiseach dó *féin* i n*go*ire urch*ar* sleagha *don* fhairrge ua thuaidh. *Do*-rinne an dara fear oile dún oile dó *féin* leath slighe id*ir* an dún thuaidh *agus do*-rinne an t*re*as f*ear* dún dó *féin* ar fhíorbhruach na f*airr*ge ó dheas. Is maiseach éadálach ríoga ró-álainn na dúnta iad soin fó thalamh le n*ear*t draoidhea*cht*a. *Do*-rinnead*ar* ós coinn na ndúnta sin cathrach*a do* gharbhchloch*a* cruinne codrama ag folach na n-áitreamh uaisle oile sciamhacha atá fútha, *agus gur*ab é an cumhdach *do* chuir an fear theas ar a dhún *féin*: lios leathan mórthalmh*an*, *agus do*-rinne ar an dtaobh thiar *don* dún láir, dún greanta geanmhar grianmh*ar don* Aonmhnaoi ar chumhdach na dtrí laoch, *agus* ag seo an áit ina gcómhnaidhe. Ní *bhfuil* ar cum*as* d'fhearaibh Éireann dul ann le calma*cht* na dtriúr laoch, *agus* fearaibh an domhain ní thiocf*adh ar* mu*ir* ortha le boirbe na fairrge *agus* le haoirde na n-ailltreach *agus* atá anathain, *agus* dócamhuil níos mó ná sin ann .i. ollphéist iongantach an-mhór atá in uachais san bhf*airr*ge ar an dtaobh thiar díobh. Dabhron is ainm dó *agus* is *do* na trí péiste *do* rug an chráin chraosach *do* dhóirseoir Ifrinn, ar lic na cruinne, *agus* is iad a n-anmanna: Fearbach, Cathach, Dabhram *agus do* chu*ir*ead*ar* leis i ndeamhan rua dá oileamhain iad.

*Agus* is é áit ar shocruigh iad in i*ar*th*ar Éireann mar* atá Fear*ba*ch i ndubhloch Sléibhe Challáin, *do* m*ar*bhadh le clann Thoroilbh ina n-óige *mar* ch*éad* ghníomh gaisce, *agus*

Cathach *do* fhágbhad*ar* in oil*eán* beag i mbéal na Sionainne, *agus do* thuit ina dhiaidh so le Pádraig Naomhtha, *agus* Dabhron atá in uachais Dhabhráin, lámh le Léim Chon gCuillionn *agus* is amhl*aidh* atá an phiast sin. Ní taibhse long fána seol ná í, *agus* ar chuma eascaine atá sí, *agus* ní *bhfuil* fáil ag loing ná ag bárc dul slán uaithe a*cht* muna mb*eadh* sí ina codl*adh*, *agus* atá Cath*a*ch reomp*a* chum mionspruad*ar do* dhéanamh dhíobh, dá mbiadh cabhlach ag gabháil téirste, i*onnas* nách féidir tiagh*acht do* mhu*ir* ná *do* thír ag breith na hógmhná ón dtriúr laoch. Ar an ádh*ba*r sin a Dhiarmuid, f*ear*aibh an *do*mh*ain do* bh*eadh* ag congna*mh* dhuit, ní bhiadh tairbhe ann *gan* mo chongnamhsa *agus* mo chomh*air*le, *agus* ag seo dhuit iad: Beir l*ea*t an fáinne seo *agus* cu*ir* ar *do* mhéar mheodhan é *agus* déin áras duit *féin* ar mhullach Bhréanainn atá ar an dtaobh ó dheas *don* tSoininn, déin fóirchoim*eád* ann *go* bhfágbh*a* an *tr*iúr laoch an baile *agus* is annsin, iompóidh an chloch dh*ear*g so insa bhfáinne chum bh*eadh* uaithne *agus* annsin fill le *do* churrach ó thuaidh *go* huachais Dhabhráin *agus* las an dá orlach *do* choinneal ceath*air* chúinneach chiarach so, *agus* an f*eadh do* bhias lasta, bh*eadh* an ollphiast ina col*adh*, *agus* torann an *do*mh*ain* ní dhúisf*eadh* í. Iar ndul i dtír dhuit éirigh *go* tapa *go* cath*air* na hAonmhná *agus* lámhuigh í, *agus ba* beag an t*air*bhe dhuit sin lena m*ór*dhraoidhea*cht*, acht *gur* treise le draoidhea*cht* an fháinne ná léith sin, *agus* ná dearmaid an tsleagh *do* bhí ag Lugh lámhfhada *do* thabh*air*t l*ea*t, óir is ag an óigmhnaoi atá sí i gcoim*eád* ar eagl*a* siosm*a do* bh*eadh* ag na d*ear*bhráithre le *chéile* fán a seilbh. Má tá i ndán *go* gcaithfir am*a*ch an choinneal sul thiocfa tú abhaile, *go* ndéirgeodh an ollphiast is *do* leanamhaint, caith an fáinne ina coinne *agus* racha ina craos *agus* bainfeadh dá dtrian a nirt di. Déinse *do* dhíthcheall leis an tsleagh ós sin amach, *agus* ní *bhfuil* san domh*an* macs*amhail* na sleagha sin lenar thuit *do* rígh*the agus do* ro-fhlatha na ríogha*cht*a léith, atá a gcuid fola uirthe, *agus* níorbh fhéidir le huisce an domh*ain* a bhuain di, *agus* má tá i ndán duit a fhagháil, tabh*air* an ga de*ar*g *mar* ainm *uir*th*e agus* racha tua*ir*isc a gníomhtha ina dhiaidh so *go* críochaibh imchian oile in

éagmais *Éireann. Agus* a Dhiarmuid tar éis na mná *do* bh*eadh* agat, is iomdha dubhadh *agus* doch*ar* atá reomhat le fuilingt sul bhias a sealbh dílis agad ná a *bhfuil* agamsa a fhoillsiugh*adh* dhuit anois." "Beir buadh *agus* beanna*cht*," ar Diarmuid, "Táinig dá dtrian nirt ionam ón léirchuntas thugais dhom, ó tá a fhios agam cá *bhfuil* an bhean dá dtugas searc mo ch*ro*idhe dhi, biadh sí agam nó tuitfead *féin* thríd." *Do* chaith Diarmuid an oidhche sin *go* subháilceach suaimhneach i bhfoch*air* Aonghuis. Ar maidean arna mh*áir*each, *do* cheileabh*air* sé d'Aonghus *agus* dá theaghlach *agus* ní dhearn*aidh* sé cómhnaidhe *go* ráinig sé Corca Uí Dhuibhne i gContae Chiarraí, *agus do* shocruigh sé ann *agus do* chu*ir* puball ina sheasamh ann, *agus do* chu*ir* lón lae *agus* lánbhl*ian*a ann chum bh*eadh* ag feitheamh ar Léim Chon gCuillionn *agus* an u*air* d'fhágfadaois an *tr*iúr laoch an baile, *agus* ag fíorchoim*eád agus* ag fíorfhéachaint ar an bhfáinne *agus* ar athrughadh dath*a* na cloiche ó dhearg *go* huaithn*e. Do* chu*ir* fios ar Ghara ghlun-dubh *mac* Móirne *mar* chumhdach a*mhail* ar mhullach an chnoic dhiamh*air* uaigneach sin. *Do* chaithead*ar* an aimsir *go* haoibhinn *go* c*ea*nn leathbhl*ian*a, *mar* a bhfágamaoid iad *go* fóill.

*Do* bhí an tráth ina rabhad*ar* Cl*ann* Thoro*il*bh soca*ir* san gcúl iarth*ar*ach d'Éir*inn*, trí laoigh lánchalm*a* diamh*air* bhF*ear* mBolg i gceann*as* an taoibh thuaidh *do* Thuadhmhumh*an*, *agus ba tr*iúr d*ear*bhráth*ar* iad, *agus do* bhíod*ar* ar fh*ear*aibh arra*cht*a i gcómhaimsire, *agus* ní *hamháin* an réim thalmh*an* dá dtugth*ar* anois Corcumrua *agus* Boireann ortha, a*cht do* bhí cuid mhór *do Chonnachta* fá chíos ag am *tr*iúr laoch lúbacha láid*ir* lámchalm*a* si*n* .i. Ruadhaoin, Ceannúr *agus* Stuifin. *Do* bhí dún ríoga *go* mais*ea*ch ag Ruadhaoin, an fear *ba* sine acabh, ar bhruach na haill*e* th*uaidh*, ar a dtugth*ar* inniu Moth*ar* Uí Ruaidhinn. *Do* bhí ag Ceann*úr*, an *dara* f*ear*, a leithéid *oile* sin d'áras ar bhruach na f*airr*ge theas, ar a dtugth*ar* Lios Cheannúir. *Do* bhí ag an treas f*ear* ar lár na fairrge dún *do* chlis ortha *uile* i méid *agus* i maise, déanta ar l*ár* oil*eán* sciamhach féaruaithne *agus* droichead ó Lios Ceann*úir* chuige. Is ann *do* bhí urmhór éadál*a* an triúir i

dtaisce as los a dhaingne *agus* na mar*a do* bhí ina timcheall, óir *do* cuireadh Stuifinn fá mhuir, an t-oileán, an dún *agus* an droich*ead* aon u*air ba* toil leis *féin* é, *mar* atá an mhu*ir* ar crochadh *mar* scamall *air*. Is é sin cum*a do* bhí ortha an tan sin, *go* dtarla dóibh lá aerach samhraidh ar amas *do* thabh*air*t siar *go* h*iar*th*ar* t*ír*e le saint *agus* le s*ár*n*ear*t chum ceithe d'fhuadach leo, *agus* cuid *don* tír d'*ar*gain. *Do* cinneadh an chomh*air*le sin leo *agus do* ghluaisead*ar* le trí chaogad laoch *agus* níor chongnamh leo *don* réim sin *go* rángad*ar go* Rinn bhFaoilinn, ris a ráitear inniu Cill Chaoi, *agus* d'iomchad*ar* annsin, *agus* beithidheach ceithr*e* gcos níor fhágbhad*ar gan* tiomáint leo chu*m* an bhaile. I*ar* na gclos sin *do* chl*ann* Thoroilbh an ruath*ar* sin *do* thabh*air*t dóibh. *Do* leanad*ar* an chr*ea*ch le trí chaogad laoch le d*ear*gruath*ar* cuthaigh. Ar u*air* an mheodhan lae *do* rugad*ar* ortha ag Cnoc an tSíoth-ghaoithe, ris a ráitear inniu, L*eacht* Uí *Chonchubhair, agus* tosach na creiche ag dul san abhainn atá dul san mu*ir* siar ar an dtaoibh thuaidh do na Dobhacha, atá *do* shíor san áit ch*éadn*a sin. Is annsin *do* f*earadh* cath gáibhtheach id*ir* na f*ear*aibh fíochmh*ar*a soin *go* dul *don* ghréin ina cathair órloiscithe, *agus* is é críoch *do*-ch*uaidh* ar an ngleo sin: Ruadhaoin *do* thuitim le Crochán, Ceannúr le Sal *agus* Stuifin le Daithlionn. Ní dheach*aidh* f*ear* insint scéil as *don* trí chaogad laoch *gan* marbhadh ar an dtráigh gheal ghainimhighe atá id*ir* an *dá* mu*ir agus* na Dabhacha, *agus* olc oile *ba* mó ná sin *do* tharl*a do* mharbhadh an lae sin: Dún Stuifin, an t-oil*eán agus* a raibh d'ollmhaitheas na gcríoch i dtaisce ann, *gur* cailleadh *go* brách iad, óir ag imtheacht *don* iarthar *do* Stuifin lena dhís dearbhráthar *do* chu*ir* an t-oileán *agus* an dún fá n*ear*t na mara lena dhraoidh*eacht*. *Agus* ó cailleadh é *féin* ní raibh a bhfuascailt le fagháil *agus* atá fó fhairrge ón lá sin gus an lá inniu.

Iomthúsa Dhiarmuid *do* bhí ar chnoc Bhréanainn ag fóirchoim*eád agus* ag feithea*mh* ar an bhfáinne g*a*ch ua*ir don* lá *agus* d'oidhche, *agus do* th*ar*l*a* dó an lá d'fhágbhad*ar* cl*ann* Thoroilbh an *ba*ile *go* bhfacaidh an chloch uaithne *do* bhí d*ear*g roimhe sin. Ar bhfaicsin

sin dó, *do* chuir a churrach i gcóir *agus do* ghlaoigh ar Ghara ghlún-dubh, *agus* adubh*air*t: "A Ghara ionmhain, is éigin dham sc*aradh* l*ea*tsa anois, *agus* b'fhéidir *gan* t'fheiscint arís *go* foirceann na b*ea*tha, *agus* tabh*air* mo bheanna*cht don* Rígh Fhéinne .i. Fionn *mac* Cumh*ail*, *agus* an Fhiann *uile*, ó*ir* gidh mór d'éachta *agus* d'ea*chtra* dá nd*ea*chaidh mé tríothabh ria*mh*. Ní raibh éa*cht* ná ea*cht*ra acabh is cruaidhe, *agus* is contabhartaighe ná an turas so, *agus* tiomnaím m'anam *do* na déibh, *agus* mo bhuidhean tsaoghalta dhuitse le rainn *mar* so .i. a leath *do* Rígh *Féin*ne, *agus* an leath oile dhuitse *féin agus do mhac* an fhir liath atá an tráth so ag fóirchoim*eád* cuan Bhinne Éadair, *agus* níl níos mó agam le rádh riot, *acht* fágaim beatha *agus* sláinte agad.

A haithle na mbriath*ar* sin *do*-chuaidh sé ina churrach *agus do thriall* trasn*a* ó thuaidh d'io*nnsaighe* Léim Chon gCuillionn, *agus do* las an choinneal, *agus* ní haithrist*ear* a imth*eacht* ná *gur* ghabh cuan *agus* calaidhth*e* in aill na gcruach roi*mh* lá, *agus* níor mhothuigh an ollphiast é le buadh draoidh*eacht*a na coinnle. *Do* léim sé *do* chrannaibh a chraoiseach *gan* tuirling *don* bhaothléim sin ar mhullach na haill*e* féaruaithne *agus do* ghluais *go* cath*air* na hAonmhná *agus do* fu*air* an ógríogh*an* 'na suidhe roimhe ann, *mar* ná rachfa a codl*adh go* dtigeadaois a d*ear*bhráithre abhaile ó leanmhain na creich*e*, *agus* ó *do-chonnairc* Diarmuid amh*ar*c a shúl ortha, *agus do* leath a dhá láimh laochtha lánláid*ir* 'na timcheall, *agus* níor chu*ir* lámh ná cos insa gc*ar*n óir *agus air*gid na hIndia *do* bhí scaipthe ar f*eadh* urlár an árais sin, *agus do thriall* sé *go* réimdhíreach siar d'ionnsaighe a churraigh, *agus do*-ch*uaidh do* léim uirmheisneamhail i*nn*te *gan* mothugh*adh don* ollphiast *go* ráinig leath slighe *don* fhairrge *go* cnoc Bhréanainn *agus* Gara glún-dubh ag feitheamh air *go* lúthgháireach. Is annsin *do* thuit *go* cinneamhnach *gur* caith*eadh* amach an choinneal, *agus gur* múch*adh* í. Ar an u*air* sin d'éirigh an fh*airr*ge *agus do* líon an mhuir *agus do* bhlaidhm an t-a*er* le tó*ir*nighe uathbhásaigh *agus do* líon *do*rchad*as* ós cionn na f*airr*ge io*nnas* nách raibh radh*ar*c ag n*ea*ch ar mu*ir* ná ar talmhan, nár ar a*er acht* gib*é*

splancach*a* tinntighe *do*-bheir*eadh* solas uath*a* ag méadugh*adh* uathbhás na lánamhan an *tan* sin. Is é nídh *do* tharraing an t-anf*adh* soin *triall* na péiste as a huachais i*ar* mhúchadh *don choinneal, agus* is amhl*aidh do* bhí fad s*eacht* loingeas *innte, agus* gach luadh *do*-ghní a hurróg *do* chuir*eadh* an fhairrge ar f*eadh* trí léige fé anfadh *agus* fé thonna cubh*ar*bhána ag triall tríomhtha*, agus* a dhá shúil ar d*ear*glas*adh agus* a craos gormuaithne oscailte *agus go* sloigf*eadh* long féna seol d'aon ghreim, *agus* g*a*ch séideog *do* cuir*eadh* aiste *go* gcuir*eadh* íocht*ar* na f*airr*ge ina hua*cht*ar, *agus* gach géim uathbhásach *do* chuireadh aiste *go* gcluintí i Ros Dá Shoileach .i. Luimneach iad, *agus* cé *gur* cliste draoidh*eacht* na hAonmhná, ar amh*ar*c na péiste dhi, *agus* ar uathbhás na fairrge *do* thuit i dtáimhnéaltaibh báis, *agus* bhí sínte san gcurrach *gan* aon u*mhail* innte, *agus do* bh*eadh* Diarmuid san gcruth c*éadn*a *acht mar* rán d'Aong*us* bheith aige, gid*eadh do* ghlac meisneach é. Iar dt*eacht don* phéist i n*go*ire urch*ar* sl*ea*gha dó, *agus* a craos oscailte, t*u*g rainn urch*air don* fháinne dá hio*nnsaighe, agus do*-ch*uaidh* ina craos, *agus* ós sin trína c*or*p *agus* ós sin trína heireaball siar, *agus* níor fhág trian a lúith innte, *agus* d'fhan sí seal *gan* chor tar éis an fháinne *do* dhul innte. Gid*eadh do* chorr*uigh* sé f*é* dheireadh, *agus do thriall go* mall ag io*nnsaighe* an choracháin *agus* a craos in airde, *agus* tug Diarmuid urch*ar don* tsleagh di, *agus* cith tinne ar a rainn, *agus* ghabh an tsleagh *amhail ba* gnáth léith trí *ucht* na péiste *go* dtáinig amach ag a hurróg, *agus* ar leagadh na súl, *do* bhí an tsleagh i ndeasláimh Dhiarmada arís *agus do* chaith an dara hurch*ar*, *agus do* chu*ir* trína c*or*p í, *agus* táinig ina láimh arís. Tug an treas urchar di *agus* d'aimsigh ina craos í, *agus do* chuir trína croidhe *agus* trína heireaball, *agus do* bhí sínte marbh ar ua*chtar* na mar*a agus* na dtonn. *Do* chiún*uigh* an mhu*ir agus* an ghaoth, *agus do* spalp an lá ar ghréin *agus* ar theasbach. Is annsin d'éirigh Gara glún-dubh ina sheasamh *agus do-chonnairc* Diarm*ui*d ag *triall go* háthasach chum an chuain chum tiagha*cht* i dtír, ó*ir* is amhl*aidh do* bhí Gara ar fhaicsin na péiste ag triall d'io*nnsaighe* Dhiarmada *agus* i dtiughas an dorchadais, *agus* an anfadh,

síntear a bholg ar bhruach na haille *agus* aghaidh ar an bhféar chum ná faicfeadh Diarmuid dá shlogadh ag an bpéist. An tan *do-chonnairc* sé ag *triall* chuige é, *agus* an Aonbhean ina suidhe ar shl*ea*saibh an choracháin, *agus* is iongn*adh* ná deach*aidh* le gealtaidhe*acht* le meanmain *agus* le lúthgh*áir*. Is annsin tháin*ig* Diarm*ui*d i dtír leis an dá sheoid *dob* fhearr dá raibh ag aon laoch san domh*an* .i. bean bhreágh *agus* sleagh gaisce. *Do* bhí an ollphiast sínte ar lár na f*airr*ge *agus gan* aithint uisce ná sáile ar an bhf*airr*ge *acht* í in haon linn fola, *agus do* bhí *mar* sin *go* c*ea*nn lae *agus* lánbhl*ian*a *agus* a raibh *do* éanl*aithe agus do* phréacháin mara *agus* tíre ann dá piocadh *agus* dá creim*eadh* ar f*eadh* na rae sin, *agus* is mór an t-olc *oile* tháinig *do* thoisc na péiste sin; óir a deirbhshiúr, ollphiast Inis Catha, ar bhfagháil baladh a cuid fola, *do* ghabh buille dhearg chuthaigh í, io*nnas gur* chuir sí an t-oil*eán* ina raibh f*é* mhu*ir agus* fé mhórfh*airr*ge, *agus go* ndeach*aidh* sí *féin* amach fá thír ar gach taobh *don* tSoininn ag m*ar*bhadh daoine *agus* airnéise *go* m*ba* éigean *do* luc*ht* na tíre a n-áitreabha *do* thréigean, *agus* teith*eadh* lena n-anam *agus* lena n-*áir*néis fá an dtír amach ó ruath*ar* na hollphéiste coirpe sin *go* c*ea*nn trí mbl*ia*na. *Agus* ar feadh na rae *agus* na haimsire sin, níorbh fhéid*ir* le long ná bád ná coite dul *go* Ros Dá Shoileach, ná tiagh*acht* as le huamhan *agus* le heagla na péiste úathbháis sin.

Dála chloinne Thorolbh, tar éis buaidh cosc*air agus* cómhaoite *do* bhreith *mar* a ndubhram*ar* Ruadhaoin, *agus* ar a dearbhráithre, tugad*ar* móréadáil leo asta. Gid*eadh*, ní raibh dul acabh ar Chill Stuifin *mar do* bhí an mhu*ir* ós a gcionn, *agus gan* cóir fuascailte ar *go* bruinne an bhrátha, ó chailleadar a dtaoiseach *féin*, *acht* amháin *go* scaipeann an draoidh*eacht* de ar f*eadh* trí hu*air*e an chloig u*air* insa s*eacht m*bliana, *agus go* bhfeicid luct na tíre *go* soiléir é.

*Do* ghluaiseadar clann Thoroilbh d'ionnsaighe an iarthair *do* shiubhal oidhche, *agus* deichneabhar ina gcuideachtain, *agus* ní dhearnadar oireasamh ná cómhnaidhe feadh sligh nó *gur* rángad*ar* abhaile ar éirghe *don* ghréin, *agus mar ba* gnáith leo, an ch*éad* amh*ar*c *do*

thabh*air*t ar an ndeirbhshiúr. *Do* thugad*ar* an mhaidean sin an chéad ionnsaighe uirthe fána gcuid *ar*m *agus* éadaigh *agus* ní bhfuairead*ar* a tuairisc *féin* ná na sleagha reomp*a*, *agus* níor chuarduighead*ar* aon nídh *oile* dá raibh san dún *acht* an Aonbhean, *agus* an tsleagh. Is annsin *do* dhubh *agus do* ghorm ar an dtriúr laoch, *agus* níor fhan caint ná urlabhra acabh, *acht* bunnsaidhe fola *do* bhrú*cht* as a sróna, *agus* tar éis tiagh*acht* chútha *féin*, *do* chuarduighead*ar* timcheall na cathrach *agus do* fu*air*ead*ar* lorg an ghaiscidhígh *agus* na mná san drú*cht* taobh ar thaobh re chéile, siar díreach *go* bruach na mar*a*, *agus do* leanad*ar* *go* réimdhíreach gus an fh*airr*ge iad, *agus do-chonn*cad*ar* an fh*airr*ge ina linn fola ar f*eadh* a radh*ar*c uatha, *agus* ollphiast ar lár na linne *mar* bheith inis nó oil*eán*, *agus* éanlaithe an aeir *agus* an domh*ain* ós a cionn. *Do-chonnairceadar* curachán *agus* aon laoch dá hiomramh, *agus* bean iona suidhe i ndeireadh an choracháin, *agus* iad ag dul chum tíre ag bun Chnoic Bhréanainn, *agus* an tan *do* dhe*ar*cad*ar* iad *mar* sin *do* ghabh rabharta cuthaigh *agus* buille *agus* léim cómh mór sin iad, *go* rugadar láimh ar láimh ar a *chéile*, *agus gur* chaithead*ar* iad *féin* in éinfh*eacht* le haill na gcruach *gur* leigead*ar* a gcuid fola, *agus* a n-inchinn amach *agus* táinig an mhu*ir* ortha *agus* d'fhuaduigh léith iad f*eadh* dhoimhne na m*ó*rfh*airr*ge io*nnas* nár frith a tuairisc ón am sin g*us* an lá inniu.

Críoch

# Caibidil 6

## Forbhreathnú ar Chorpas Filíochta an Choimínigh

### 6.1 Réamhrá

Níl ach dornán beag aistí filíochta ó pheann an Choimínigh tagtha anuas chugainn sna lámhscríbhinní. Ar an gcéad dul síos tabharfar cuntas ar a bhfuil sa chorpas seo agus ar sheachadadh na n-aistí sna lámhscríbhinní. Is mar dhuine de mhionfhilí an ochtú haois déag a áirítear an Choimíeach i gcanóin liteartha an lae inniu, agus, i gcomparáid le filí eile a bhí suas lena linn, tá cóipeanna dá shaothar gann go maith sna lámhscríbhinní. Cé go bhfuil siad gann tá scéal a seachadta réasúnta casta, toisc go bhfuilimid gan aon ní ina láimh féin, agus i go leor cásanna tá achar fada idir am scríofa na bpíosaí agus na cóipeanna sna lámhscríbhinní. Sa staidéar seo tháinig ceisteanna móra chun cinn a bhain le húdaracht téacsanna áirithe. Mar a léireofar, ní raibh foinsí údarásacha ag scríobhaithe áirithe agus iad i mbun na grafnóireachta. Ó thaobh na húdarachta de beidh plé ar leith agam ar 'Laoi Oisín ar Thír na n-Óg', an saothar fileata is mó a bhain cáil amach don Choimíneach i measc léitheoirí na Gaeilge ó dheireadh an naoú haois déag anuas go dtí ár linn féin.

### 6.2 Ceisteanna Údarachta

Ar dtúis déanfar plé ar an marbhna 'Do chuala tásc a chráidh go croidhe mé', a scríobhadh ar bhás Thomáis Mhic Mathúna. I lámhscríbhinní áirithe tá an dán seo curtha i leith an Choimínigh.[264] I lámhscríbhinní eile, áfach, is é Seán Chambers atá ainmnithe mar

[264] Feic Cambridge Add 6565 (1819) a ghraf Seán Mac Mathúna; RIA 24 B 11 (1860) a ghraf Brian Ó Luanaigh.

údar. Bhí an grafnóir seo i mbun pinn i Ros, lámh le Carraig an Chabhaltaigh.[265] Glacann Brian Ó Dálaigh le Seán Chambers mar údar agus míníonn sé go raibh dlúthbhaint ag an gCoimíneach le muintir Mhic Mathúna; sin an fáth, b'fhéidir, gur tháinig an mhíthuiscint seo chun cinn:

> As a Protestant, there were ways Mícheál Coimín could be of use to his Catholic neighbours with whom he was on good relations, and with whom he identified. In the neighbouring parish of Kilmihill the sons of Mortagh McMahon, because they were minors and Catholic, were unable to participate in the Thomond land sale. Acting as trustee for the family in September of 1712, Mícheál Coimín purchased the lands of Clooneenagh and Cloonwhite (1,254 acres) in his own name. When the transaction was completed the trust was declared and the lands re-assigned to the eldest son Thomas McMahon. Officially, at least, Mícheál Coimín was the owner in title of these lands.[266]

Do tháinig mé féin, áfach, ar chóip eile den dán nach bhfuil luaite ag Ó Dálaigh agus caitheann sé amhras ar sheasamh Chambers mar údar. Sa bhliain 1826 do ghraf Conchubhar Ó Maoilriain LNÉ G 989. Sa lámhscríbhinn seo tá cóip den dán agus ainm an Choimínigh ar bharr na leathanach á thabhairt le fios gurbh é an t-údar é. Tá sa cholafan, áfach, an file Séamus Mac Consaidín[267] luaite leis an dán: 'Séamus Mac Consaidín cct. do Mháire .i. Mhic Domhnaill .i. bean chéile Muircheartach Mac Mathghamhna, Chluain Fhíneach air a bhás.' Más fíor a bhfuil anseo ní do Thomás a cumadh an dán ach dá dheartháir, Muircheartach. Ní fios cén bhaint a bhí ag Mac Consaidín le muintir Mhic Mathúna ach bhí aithne aige ar an bhfile Seán de hÓra (agus ba é a chum a mharbhna sa bhliain 1780), agus bhí muintir Mhic Mathúna mar phátrúin ag de hÓra:

---

[265] Feic Seaghan Ó Fionnúcháin, MN M 111 (1764); Mícheál Ó Mathúna, MN C93(a) (1822); Mícheál Ó Raghallaigh, MN R 69 (1830í)

[266] Brian Ó Dalaigh, 'Mícheál Coimín: Jacobite, Protestant and Gaelic Poet 1676-1760'in *Studia Hibernica 34* (2008) lgh 125-52 (lch. 127)

[267] Ní fios cathain a rugadh é ach fuair sé bás sa bhliain 1799. Féach 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir' lch 142, 144., Tomás Ó Rathaille in *An Claidheamh Soluis,* 8 Meán Fómhair 1917,lch 14., *Beathaisnéis 1560-1781* lch. 199. I gcatalóga an RIA agus MN tá ceithre aiste déag dá chuid luaite ach níl an ceann seo ina measc. Tá suirbhé níos leithne ar chnuasaigh na lámhscríbhinní in áiteanna eile fós le déanamh.

> File aitheanta ab ea Seán de hÓra (fl. 1736 –c.1780) ar Chorcaíoch é ó dhúchas. Somhairle Mac Domhnaill a thug cuireadh dó teacht go Cill Chaoi. Nuair a phós Máire Bhán Nic Dhomhnaill (iníon Shomhairle) Muircheartach Mac Mathúna ó Chluain Fhíona (cúpla míle slí ón Dún Beag) sa bhliain 1750, lean de hÓra í agus é fós ag gabháil dá cheird mar ghabha dubh.[268]

Is léir go raibh baint ag an triúr le muintir Mhic Mathúna. Más é Chambers a chum é ar bhás Thomáis b'fhéidir go raibh cóip de i seilbh Choimín agus gur tháinig Mac Consaidín ar chóip ó lámhscríbhinn éigin de chuid an Choimínigh, ach níl sa chaint sin ach buille faoi thuairim. Tá sé spéisiúil go bhfuil an bheirt acu luaite i lámhscríbhinn Uí Mhaoilriain agus is fiú cuimhneamh go raibh, dar leis féin, ábhar i lámh an Choiminigh aige ag an am.[269] Tá sampla eile sna lámhscríbhinní a léiríonn easpa cruinnis i measc scríobhaithe; is é sin an t-ainm Séamus Coimín atá luaite mar údar i gcás roinnt dánta.[270] Do tharla an mhíthuiscint seo nuair a chum Mícheál roinnt dánta tar éis dá mhac, Séamus, Brighid Ní Dhábhoireann a fhuadach am éigin le linn na 1740í luatha. Sa sliocht seo luann T.F. Ó Rathaile an t-am a d'fhuadaigh Mícheál féin Harriet Stackpoole agus deir sé go ndearna a dheartháir, Séamus, an rud céanna blianta ina dhiaidh sin:

> Three of these (love poems) deal with Harriet Stacpoole, a young lady whom (as was the fashion among certain classes in those days) he abducted from her father's house. His brother James (Séamus) had a somewhat similar adventure; he attempted to abduct one Bridget Davoren, and after she had been rescued from him wrote a song (which still survives) in which he describes his melancholy and his love for her.[271]

Ní fios cá bhfuair Ó Rathaille a chuid eolais mar níl Séamus aitheanta mar dheartháir in aon lámhscríbhinn. Is é seo a leanas an cuntas atá ag Briain Ó Dálaigh ar an bhfuadach seo:

> Three decades later Mícheál Coimín again experienced the trauma and excitement of an abduction when his eldest son, James, carried off the wealthy heiress Brigid

[268] 'Scríobhaithe lámhscríbhinní i gContae an Chláir 1700-1900', lch. 144
[269] Féach RIA 23 K 8
[270] Tabharfar cuntas cuimsitheach ar na dánta agus ar na lámhscríbhinní sa chuid sin den tráchtas ar thraidisiún na lámhscríbhinní.
[271] Tomás Ó Rathaille 'Notes on the Poets of Clare', *An Claidheamh Soluis,* 4 Lúnasa 1917, lch. 24

> Davoren of Lisdoonvarna. The Davoren family, former practitioners of the Brehon law, resided at Lisdoonvarna Castle, a dwelling house attached to an ancient tower, about two miles east of the modern town of Lisdoonvarna. Like Philip Stacpoole, Brigid's father John Davoren refused to countenance the marriage of his daughter to James Comyn and he returned her home.[272]

Do chreid Briain Ó Luanaigh i RIA 24 B 11 gurbh é Mícheál a bhí i mbun an fhuadaigh ach níorbh é. Ba é 'the more reliable Mícheál Ó Raghallaigh'[273] in MN R 69 a dúirt gurbh é a mhac a d'fhuadaigh.

### 6.3 *Laoi Oisín i dTír na n-Óg*: Údar agus Seachadadh an Téacs.

Is é an saothar fileata is mó a bhain cáil amach don Choimíneach ná 'Laoi Oisín i dTír na nÓg', agus is é an saothar sin an ceann is mó atá ina chnámh spairne ó thaobh na húdarachta de. Má ghlactar leis an bhfianaise atá tagtha chun solais, bíodh is nach bhfuil sí deifnídeach, tá gach cuma ar an scéal nárbh é Coimín a chum an laoi áirithe seo in aon chor. Is é an leagan seo, a dtugtar 'Laoi an Choimínigh' air uaireanta, an ceann a foilsíodh den chéad uair i *Transactions of the Ossianic Society 4* sa bhliain 1859.[274] Is féidir a mhaíomh go héasca gurbh é an leagan seo den laoi is mó atá tar éis rian a fhágaint ar an gcultúr. Ba é an t-aistriúchán Béarla de a bhí mar bhunfhoinse ag W.B. Yeats agus 'The Wanderings of Oisín' á chumadh aige, agus mar a scríobh Máirtín Ó Briain:

> Is é leagan an Choimínigh atá ar eolas ag cách inniu, is é a fhaightear i leabhair do shean is d'óg ach murach gur chum sé an laoi agus gur líon sé bearna i litríocht na Fiannaíochta, an mbeadh mórán eolais againn inniu faoin tréimhse a chaith Oisín ón am ar cuireadh deireadh leis na Fianna, gur casadh Pádraig leis?[275]

---

[272] Ó Dálaigh, Brian, 'Mícheál Coimín: Jacobite, Protestant and gaelic Poet' lch. 130.
[273] *Ibid.,*
[274] Bryan O'Looney (ed.), 'Tír na n-Óg: the land of youth', *Transactions of the Ossianic Society 4* (1859) lgh 227-79.
[275] Máirtín Ó Briain, 'Mícheál Coimín agus Oisín i dTír na nÓg', *Macalla* (Gaillimh, 1984) lgh 158-75 (lch. 169)

Ba é an scoláire, agus Cláiríneach eile, Brian Ó Luanaigh, [276]an chéad duine a mhaígh gurbh é an Coimíneach a chum an laoi áirithe seo. Chreid sé gurbh é 'the learned Michael Comyn' a chum an laoi 'contemporaneously with the romance of Torolbh Mac Stairn, about the year A.D. 1749'.[277] Ní raibh aige mar fhianaise, áfach, ach an méid seo a leanas:

> By comparing Tír na nÓg with the occasionally interspersed verses in the romance of Torolv the son of Stairn, whose author is universally acknowledged to be Michael Comyn, it will be perceived that there is such a similarity and almost identity of style in them as to leave no doubt that they are both the productions of the same master mind. As further proof of this I may state that an illiterate man of my acquaintance can repeat several verses of it, but knows it under no other name but that of *Laoi an Choimínigh* (Comyn's Lay), and that his father had it from Comyn's manuscript.[278]

Ba é seo an chéad uair a tugadh 'laoi an Choimínigh' ar an téacs seo agus is cúis amhrais dúinn nach bhfuil ainm an tseanduine i gContae an Chláir á sholáthar. Ní raibh Máirtín Ó Briain in ann glacadh go hiomlán lena bhfuil ansin: 'Although O'Looneys' attribution of the lay to Comyn has found universal acceptance I must admit that I find the evidence he offers to be somewhat unconvincing.'[279] Nuair a bhí Ó Briain i mbun taighde ag an am ní raibh cur amach aige ar an gcomhfhreagras luachmhar atá ar fáil i measc pháipéir William Smith O'Brien sa Leabharlann Náisiúnta.[280] Idir na blianta 1858-1860 scríobh Máirtín Ó Gríofa[281] agus Brian Ó Luanaigh féin litreacha chuig Smith O'Brien a bhain le ceist an údair. Cuirfear na litreacha ar fáil den chéad uair riamh ina n-iomlán sa tráchtas seo. Ag an am seo bhí Smith O'Brien ina Uachtarán ar an Ossianic Society. Sa tréimhse atá faoi chaibidil bhí Ó Luanaigh tar éis seal a chaitheamh i dtigh Smith O'Brien. Tá an nóta seo a leanas i lámhscríbhinn de chuid Dhomhnaill Mhic Chonsaidín:

---

[276] Féach Mairín Ní Mhuiríosa, 'An tOllamh Brian Ó Luanaigh MRIA FRHS (1828-1901)' *Feasta,* Márta 1969 lgh 13-17.
[277] Máirtín Ó Briain, 'Some Material on Oisín in the Land of Youth' in Donnchadh Ó Corráin, Liam Breatnach, Kim McCone (eag.) *Sages, saints and Storytellers: Celtic Studies in Honour of Professor James* Carney (Maynooth: An Sagart, 1989) lgh 181-96 (lch.181)
[278] O'Looney, 'Tír na nÓg: the land of youth', lch. 220.
[279] Ó Briain, ' Some Material on Oisín in the Land of Youth', lch.181.
[280] LNÉ G 1204. Tá eolas ar William Smith Ó Brien agus saothrú na Gaeilge in Liam Mac Peaircín, 'William Smith O'Brien, an scoláire Gaeilge', *North Munster Antiquarian Journal 42*, lgh 89-112.
[281] Tá cuntas gairid ar an scríobhaí seo i 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní i gContae an Chláir', lgh 149-50

> On the month of December, 1857, Bryan O'Looney (according to appointment) went to Limerick to meet William Smith O'Brien, in order that he (Mr. O'Brien) may examine the contents of some Irish MSS. belonging to Mr. O'Looney who took the MSS. with him to Limerick for that purpose. The result of that meeting was, that Mr. O'Looney went with Mr. O'Brien, to his mansion in Cahermoyle where he remained until March 1858. Wishing to hear from O'Looney, an account of his sojourn in that part of the country, on the 14th of January 1858, I wrote to him by post to Cahermoyle, an Irish letter.[282]

Maidir leis an gcomhfhreagras faoi 'Laoi Oisín' is í an litir is luaithe atá againn ná ceann ó Bhrian Ó Luanaigh chuig Smith O'Brien, a scríobh sé ar 17 Meitheamh, 1858. Sa litir seo deir sé go bhfuil fiosrúcháin ar bun i gcónaí mar le húdar na laoi.

> I beg to state that on receipt of your letter of 10th, instantly I communicated with four of the most celebrated Irish scholars of my acquaintance in reference to the authorship of the "Land of Youth". And that none of them could give me reliable authority. Mr. Griffin from whose Ms my copy of it was transcribed however states that he himself copied from a very old Ms. This is all I can say at present, but shall institute all the enquiries in my power respecting it and transmit at once any information that may be elicited. From what I have heard and seen of Dr. O'Donovan's[283], an Irish scholar, I feel bound to bow with deference to his decisions. I am moreover disposed to think he is quite correct in his opinion and that it was in the absence of any other point to prove that an interview between St. Patrick and Oisín did really take place, that our modern poets composed the "land of Youth", but then again I would be sorry to see this splendid and sweet poem published under the head of modern poetry as that would lessen its prestige and that of all "Ossianic Lore". In my opinion the "land of Youth" was composed to support a belief that Oisín did really live till the days of St. Patrick.[284]

Fuair Smith O'Brien litir ó Mháirtín Ó Gríofa timpeall an ama seo ach níl mar dháta againn ach amháin: "Kilrush Sunday Afternoon". Sa litir seo deir sé gurbh é Michael Mangan (Mícheál Ó Mongáin)[285] a chum an laoi (tá an litir do-léite in áiteanna):

---

[282] UCC LS 62. Tá cuntas ar Dhomhnaill Mac Consaidín i 'Scríobhaithe Lamhscríbhinní i gContae an Chláir 1700-1900', lgh 152-3.
[283] Is dócha go bhfuil sé ag tagairt don scoláire John O'Donovan anseo. Féach *Beathaisnéis 1782-1881* lgh 101-3
[284] LNÉ G 1204
[285] Scriobhaí agus file dob ea é (1825-1851) a bhí ag saothrú i gCill Rois. Féach 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir 1700-1900' lch. 149.

> I am glad to have such information to (?) you and also to let you know that it was composed in the town of Kilrush in the year 47 or 8 by a man named Michael Mangan by ? ? dead, may he rest in peace, he was very fond of ? ? perhaps as much as any man in Clare. Any other copy but his is spurious as he was the author and his forms the first that was ever written on the subject. I sent it to Dublin in 1851 to Mr. John Daly. I can boast that it was the first copy ever ? ? ?. Commin or any other ? that says he was the author of the poem is wrong.[286]

Ar an 12 Deireadh Fómhair tagann litir chuig Smith O'Brien ón Luanach:

> I believe Mr Griffin's statement to be totally unfounded as I know many who either heard or read the poem several years antecedent to 1847 or 1848 and whose certificates to that effect I shall send you if you think it necessary. Mr Griffin must have made that assertion from either of two motives, a vain desire for the fame of his friend or a desire to quash the publication and refute the whole mass of Fenian History and Ossianic Lore by breaking the thread by which they were linked as I have sought to show in the preface, which if you have received will (I hope) be nearly sufficient to prove McGriffin's assertions false and unfounded.
>
> By comparing the Ms which McGriffin states to have sent to Mr O'Daly with that which I have furnished it will be at once perceived that his copy is incomplete, mine containing about a dozen verses more and which the man who gave them to me states his father took from Comyn's lay as he calls it. I have read the paper in Mangan's own handwriting and I find that Mangan himself did not claim the authorship merely looking at is as a transcript as any scribe would.[287]

Ar an 7 Deireadh Fómhair, 1858 scríobh Brian Ó Luanaigh chuig William Smith O'Brien. Sa litir seo tá sé soiléir go maith nach mbraitheann sé rómhór ar a chompord mar eagarthóir agus go bhfuil sé an-bhuartha mar gheall ar an bhfáilte a chuirfidh an lucht critice roimh an téacs. Is léir, leis, nach raibh ceist an údair socraithe ag an bpointe seo:

> Honourable Sir,
>
> I beg to send you the matter, which I intended to form the preface of 'Tír na n-óg', "Land of Youth', of incompetency would be discerned in this work and that my name would be then open to the reproach of Irish critics, but, while your honour's intention is to make my name favourably known and that you have kindly undertaken to superintend it I fear no reproach. I believe the Gaelic writing of the poem is nearly correct. I compared it with the original and inferred no change to slip in, but, that authorised by O'Brien's Irish Dictionary and I believe the poem to be now more complete than that which I transcribed for you in which there was no mention of *Tír na mBuadh* ("Land of Virtues"), without which there would be no

[286] LNÉ G 1204
[287] *Ibid.,*

sovereignty for the third of Oisín's children. You are quite right in your remark on the translation of the words *Tír na n-óg* ("Land of Youth"), it may be literally called the "Land of the Young" but I considered it better to say "Land of Youth" as this land had the peculiar quality of bestowing perpetual youth on the aged persons who entered it, as well as to secure ever-lasting youth to the young who went there, and I find a material difference in saying the "Land of the Young" which seems (to me) to signify no more than a land inhabited by young people. I also beg to remark that throughout the poem wherever I met the words Niamh Chinn Óir, I translated it "Golden headed Niamh" I wish I had written it "Golden headed (haired) Niamh as in Irish – *Ceann Os chinn óir* – implies Golden haired though written Golden headed, but the head is supposed to represent the hair and if written in this manner "Golden headed (haired) Niamh, it will retain the literal and convey the figurative sense and be more clearly understood. Mr Martin Griffin of Kilrush has refused to give me any information concerning the authorship of this poem but, he said he would write to yourself on the subject.

I have taken the liberty to mention the name of my friend Mr Daniel McConsidine in the preface. I hope your honour will have no objection as he merits esteem but, he forbids me to mention him in connection with the poem, he is all as anxious as I am myself to retain the Milesian prefix (Mc) to his name, as we consider Irishmen to be miscalled when deprived of this, the only vestige of ancestral pride which we are now allowed to assume.[288]

Ar an 15 Eanáir, 1860 do scríobh Máirtín Ó Gríofa chuig William Smith O'Brien. Bhí an laoi i gcló faoin am seo. Litir an-ghéarcháinteach í seo ina gcaitheann sé amhras ar ionracas Uí Luanaigh agus a sheasamh mar scoláire. Scríobhann sé, arís, nárbh é Mícheál Coimín a chum an laoi seo ach an scríobhaí agus an file Mícheál Ó Mongáin. Tá an scríbhneoireacht doiléir in áiteanna:

Sir,

Having heard that Mr Bryan O'Looney of Monsul, Ennistymon, Co. Clare, is at present at your residence. Hath the opportunity of bringing under your notice the foul and gross imposition that he has so basely been guilty of i.e. to foist upon you and the public his glaring falsehoods in his dedication to you of the Ossianic poem called Laoidh Oisín ar Thír na hÓige, wherein he endeavours to establish that this poem was written or first composed by Mr Michael Comyn, the writer of the romance '*Tordhealbh Mac Stairn'* and that an illiterate man of his acquaintance can repeat several lines of it, but knows it under name but that of *laoidh an Choimínigh* and that his father had it from Comyn .i. Mss(?) and that another man states in a

[288] *Ibid.,*

> letter to him that his copy of it was written in the year 1762 by a celebrated Irish scholar who lived in Ruan, Co. Clare. He has already been written to upon this subject by a man living in this town whose letter he never answered. And therefore all the Irish scholars of this locality look upon him as a cowardly, worthless (?), who wishes to see his name in print.
> The truth is that this poem in question was composed by Michael Mangan of Kilrush in the year 1848 and this man showed it to me immediately after he had composed (?) form with revised notes and changes made in it by him when correcting it, which is frequently the case with many writers. I took a copy of it which I afterwards sent to Mr John O'Daly[289] Dublin and which thought under your notice in September 1858 when you answered from Ballybunion Sept. 30th, 1858. Now I challenge Mr Bryan Looney to produce the proofs that he mentioned in his dedication to you and I also challenge Mr John O'Daly and all the libraries in Ireland to produce another copy of it besides the copy brought of Kilrush. It is thus that some persons has added a few lines to it previous to its publication by the Ossianic Society and it is evident that Mr O'Daly as ? knows that he's a fraud in this matter he ? ? in the note in page 228 to rid the society of the responsibility of its authenticity.
> I would not have written this letter to you were it not that Michael Mangan is dead and that robbing the dead of their fame is a most glaring crime against (?) literature and thus will (? ?) order of society.[290]

Braithim féin go bhfuil cás Uí Ghríofa an-láidir ach gan cóip den laoi i láimh an Mhongánaigh, nó ráiteas uaidh a deir gurbh é a chum, ní féidir teacht ar chinneadh deifnídeach faoin gceist. Tá seacht gcinn de lámhscríbhinní i lámh an Mhongánaigh ar marthain.[291] Nuair a bhí an téacs á ullmhú ag an Luanach deir sé go raibh trí lámhscríbhinn

---

[289] Féach *Beathaisnéis 1782-1881* lgh. 98-100.
[290] G 1204.
[291] Is é seo an liosta lámhscríbhinní díreach mar a chuir An Dr. Eilís Ni Dheá chugam é: **LNÉ G 1,007 (cuid ii).** 'Eachtra Thoirdailbh Mac Stairn'. 1825. Síniú (lch. gan uimhriú): 'Ar an sgríobhadh le Micheál Ó Mongáin'; 'mar do fuaireas a leabhar na faistine le Micheál Coimín' (lch. deiridh).
**RIA 24 L 2 (ff. 144 - 194).** 'Cath Fionn Trágha', filíocht (Seán Clárach, S. Ó Tuama, S. Mac Coitir, An Mangaire Súgach. 1832. Síniú (lch. 185): 'Air na sgríobh le Mícheál Ó Mongáin ó Charraig a Colltaidh…'
**LNÉ G 211.** 'Scéal Lomnochtáin' agus 'Achtra agus Imtheacht Thoroilbh Mic Stairn', 'Achtara agus Imtheacht Triúr mac Thoroilbh Mac Starain', 'Corra-Ghliocas na mBan Léirmhínighthe'. 1840. Síniú (lch. 175): 'Airna sgríbh re Micheál Ó Mongáin ó Charruigachobhalta' agus (lch. 38): 'Cum usaide an Athar Ionatan Furlong…a gCíll Ruis'.
**RIA 23 N 9.** Amhráin na Mumhan. Gan dáta. 1838 agus 1843 sa mharc uisce. Síniú (lch. 88): 'Crioch re Micheal Ua Mongáin'. Ba le Seán Ó Dálaigh an lámhscríbhinn seo, agus tá an dáta 1845 lena ainm ar lgh. v agus 148.
**Ó Tuama, Seán, Lámhscríbhinn ina sheilbh.** (I bpáirt le Mártan Ó Gríofa). Díolaim ollmhór laoithe; Agallamh Oisín is Pádraig srl. 1851. Síniú (lch. 204): 'Micheál Ó Mongáin', 'i gCill Ruis'. An tOllamh Seán Ó Tuama, nach maireann, atá i gceist anseo. Rinne me iarracht cead a fháil óna mhuintir scagadh a dhéanamh ar an lámhscríbhinn ach ni bhfuair mé an deis sin go fóill.

aige. Bhí ceann amháin i seilbh William Smith O'Brien agus is dócha gurbh é sin RIA 24 C 20, lámhscríbhinn a ghraf Ó Luanaigh do O'Brien. Ba é an dara ceann a bhí aige ná Cambridge Add. 6559, a ghraf Máirtín Ó Gríofa sna blianta 1844-5. Is í an chóip seo an leagan is sine atá ar marthain. Ní thugann sé aon eolas ar an tríú ceann: "an unidentified manuscript used to supplement the other two."[292] Sa dá cheann eile níl Coimín luaite mar údar. Tá roinnt cóipeanna i lámhscríbhinní eile ach rinneadh iad tar éis don Ossianic Society an téacs a chur i gcló. Do chuir Tomás Ó Flannghaile an téacs i gcló mar leabhar sa bhliain 1910 agus deir sé gur bhunaigh sé a eagrán féin ar théacs Uí Luanaigh.[293] Is é eagrán An tSeabhaic an ceann is déanaí dá bhfuil againn agus tá lámhscríbhinn sa bhreis aige a d'aimsigh sé i gCiarraí.[294] Tá lámhscríbhinn amháin eile ina bhfuil cóip den laoi nach bhfuil luaite ag an mBrianach agus sin ceann a ghraf Mícheál Ó hAnnracháin sa bhliain 1860[295]

Sa staidéar a rinne Ó Briain ar an dtéacs féachann sé ar an ngaol atá aige leis an traidisiún béil:

> Although we have no oral version of the visit of Oisín to the Land of Youth from the eighteenth century, the widespread distribution of the folktale in Ireland and Scotland, in this century and the last, as well as the divergence between the different versions proves that the tale has been in the oral tradition for some considerable time.

---

**Uí Chatháin, Blánaid (Ní Annracháin), Lámhscríbhinn ina seilbh.**

[291]Agallamh Oisín re Pádraig; laoithe; Giolla an Fhiugha, Eachtra Conuill Golbain, Ceallachain Caisil, Cath Cnoca, Ionsaí Maighe Léanna, Cath Maighe Mocroimhe. Síniú (lch. 239): 'Mícheal Ua Mongáin'. Ní bhfuair mé deis féachaint ar an gceann seo go fóill.

**BL Egerton 210 (ff. 52 agus 53 b)** (ar a láimh). Dhá dhán. (Mícheál Óg Ó Longáin a scríobh an chuid eile di seo i gCnocán Coc i bparóiste Mhainníreach i gCo. Chiarraí c. 1803-4

[292] 'Some Material on Oisín in the Land of Youth', lch. 194

[293] Tomás Ó Flannghaile (ed.) *Laoi Oisín Ar Thír na n-Óg/Oisín in the Land of Youth* (Dublin: M.H. Gill and Son, 1910)

[294] Féach: An Seabhac eag., *Laoithe na Féinne* (Baile Átha Cliath: Clólucht an Talbhóidigh, 1941) Is iad na foinsí a luann An Seabhac ná RIA 23 M 2; RIA 24 C 20, 'Laoithe Fiannuigheachta, i agus ii'. Seán Ó Dálaigh, don Ossianic Society, 1859 agus 1861', Ó Flannghaile agus 'lámhscríbhin do ghraf fear dárbh ainm Tomás Ó Muircheartaigh i bparóiste an Fhirtéaraigh tuairim 1860-61'. Níl teacht againn ar an lámhscríbhinn seo, agus níl eolas agam ar an scríobhaí. Tá scagadh déanta ag Deirdre Ní Loingsigh, Ollscoil Luimnigh, ar pháipéir An tSeabhaic ach dúirt sí liom nár tháinig sí ar an lámhscríbhinn áirithe seo.

[295] JRUL 58. Tá cuntas ar an LS. i Liam Mac Peaircín, *Donnchadh Ó Ceallaigh: Fear Freastail Lucht Léinn* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2008) lch. 95. Dúirt Liam Mac Peaicín liom go raibh sé de nós ag Ó hAnnracháin lámhscríbhinní a bhunú ar théacsanna clóite uaireanta, agus is amhlaidh gurbh é sin an cás anseo.

Ach é sin ráite, tá fianaise an-láidir againn a thugann le fios go ndeachaigh an leagan clóite isteach sa traidisiún béil: "one has to recognise that subsequent to its publication the influence of the printed text of the lay on some oral narratives collected in this century is discernible."[296]

**6.4 Corpas Fileata an Choimínigh:**

Sa chuid seo tabharfar cuntas gairid ar na haistí filíochta ar féidir linn a rá le cinnteacht éigin gurbh é an Coimíneach an t-údar. Baineann an dornán seo dánta le tréimhsí éagsúla ina shaol. Is iad na samplaí is luaithe dá bhfuil againn uaidh ná na hamhráin ghrá a bhaineann le Hariot Stackpoole, an bhean a d'fhuadaigh sé uair éigin ag deireadh an tseachtú haois déag nó go luath san ochtú haois déag. Níl dáta cumtha na n-amhrán againn ach glactar leis gur tharla na himeachtaí seo sular phós sé Elizabeth Creagh sa bhliain 1702. Is iad na teidil atá againn: 'A ainnir mhiochair bhláith'[297]; 'Sealad dá rabhas ag taisteal cois abhann'; 'Idir Shráid Inse is Cluain Ineach'; 'Táim i bpianta le bliadhain nó dhó'. Níl aon ní againn uaidh ina dhiaidh sin go dtí na 1740í nuair a d'fhuadaigh a mhac, Séamus, Cáit Ní Dhabhoráin. Is iad na dánta atá scríofa in ómós di ná: 'Bhí bruinneall tséimh is mé i ngrádh'; 'Araic gan chrích tugas ar Bhrighid go Boireann ó Cheann Léime'; 'Dob aisling dom tríom néalta go bhfaca mise an spéirbhean'. Tá dán grá eile tagtha anuas chugainn a chum sé am éigin thart ar an mbliain 1742 nuair a bhí an file 66 bliain d'aois.

[296] Ó Briain, 'Some material on Oisín in the Land of Youth' lch. 187. Is fiú an nóta seo a thabhairt ina iomlán: 'A tale collected in Bantry in 1933 contains two verses from LO referring to Oisín's great appetite and hunger, *Béaloideas 5* (1935) 292-93; other verses from LO appear ina version of Oisín's journey to the Land of Youth collected in Rathlin Island at the beginning of this century….The name Niamh Chinn Óir also appears in a few narratives, thus betraying the influence of the printed edition: see *Béaloideas 6* (1936) 4-13 for a tale from Kerry where Oisín's absence from the Fianna is explained by the fact that Niamh Chinn Óir enticed him to Tír na nÓg.
Is dócha ná raibh cur amach ag Ó Briain ar an leagan atá againn ón mBlascaod Mór, a bhailigh Risteard Breatnach ó Mhuiris Ó Catháin agus atá i gcló in Muiris Ó Catháin, *Ar Muir is ar Tír*, (Maigh Nuad: An Sagart, 1991) lgh 73-9.

[297] Féach RIA 24 B 11; UCC Torna 51; MN R97

Tá an ceann seo scríofa do Catty Ní Maoilmhíchíl. Ní chreideann Brian Ó Dalaigh go raibh aon chaidreamh fisiciúil eatarthu ach ní féidir bheith lánchinnte faoi sin:

> It is unlikely that Mícheál Coimín had a liaison with Kate Mulvihill, a lady forty to fifty years his junior. Rather the poem, which expresses his great attraction for the woman, was composed for people's admiration and entertainment. It was probably sung at social occasions or public gatherings.[298]

I dtreo dheireadh a shaoil do chum sé dán ina gcaoineann sé, i stíl éadrom go maith, imeacht na hóige agus meath a chuid fearúlachta féin. 'Mo chumha is mo chreachsa fear na seanaoise'.

Dúradh sa chéad chuid den dtráchtas go raibh an Coimíneach ciúin go maith i dtaobh cúrsaí polaitíochta, agus bhí sé lánábalta feidhmiú laistigh de limistéirí an dlí. Is é an dán is coitianta sna lámhscríbhinní 'Cá bhfuil siúd an t-ughdar glic', dán bunaithe ar thairngreacht Aindréis Mhic Cruitín inar thuar sé go mbeadh saoirse ag Éirinn faoin mbliain 1745 nó 1755 (ag brath ar leagan atá á léamh). Tá dán amháin tagtha anuas chugainn a cumadh am éigin i ndiaidh na bliana 1744, is é sin, 'Mo dheacair, mo chás, a sháir-fhir cheannasaigh shuairc'. Bhí baint aige le filí na Máighe ar feadh tamaill cé nach bhfuil againn ach píosa amháin filíochta tá an chuma ar an scéal go raibh aithne mhaith aige ar fhilí na cúirte agus go raibh glacadh leis mar fhile le dealramh ina measc. Baineann an dán seo le sraith dánta a cumadh ar bhás Phreabaire. Scríobh Daithí Ó hÓgáin:

> Tá gach aon dealramh ar an scéal gur sa bhliain 1744 a fuair capall an Ath Niocláis Uí Dhónaill bás. Bhí an Froinsiasach úd curtha i bhfeighil sheansealúchas a Oird in Áth Dara an uair sin, le súil go dtiocfadh arm Shéarlais Stíobhairt anall gan mhoill chun na Sasanaigh a ruagairt. Chum an tAth Nioclás dán ag caoineadh an chapaill, agus d'fhreagair roinnt d'fhilí na háite.

[298] Ó Dálaigh, lch. 131.

### 6.5 Traidisiún na Lámhscríbhinní: An 18ú hAois

Is í an lámhscríbhinn is sine dá bhfuil againn ina bhfaightear filíocht de chuid an Choimínigh ná LNÉ G1132. Sa lámhscríbhinn seo a bhreac Seán Ó Fionnúcháin sa bhliain 1768 tá 'Murrough O'Briens elegy translated by Mr. Michael Comyn, father to the present Edm Comyn. Níl aon ní againn arís go dtí an bhliain 1782 nuair a ghraf Peadar Ó Conaill[299] RIA 23 L 13. Bhí Ó Conaill ag saothrú na Gaeilge ag an am i gCill Rois. Tá bailiúchán mór d'fhilíocht na Mumhan anseo. Tá an dán 'Ó Thuaith Inse go Tuaith Luimnigh' sa lámhscríbhinn seo. Is ionann an dán seo agus 'Idir Shráid Innse as Chluainineach'[300] a bhreac Brian Ó Luanaigh i RIA 24 B 11 sna 1850í. Ní heol dom go bhfuil aon chóipeanna eile den aiste sin ar marthain. Tá leagan anseo do 'Mo dheacair do chás, a sháirfhir cheannasaigh shuairc'. Níl aon údar luaite leis an leagan seo. Tá na ceithre dhán ar bhás an chapaill le chéile sa lámhscríbhinn seo. Sa lámhscríbhinn RIA 23 L 21, a bhreac Ó Conaill, leis, tá an dán 'Tá mé i bpiantaibh le bliadhain nó dhó'. Deir an scríobhaí gur cumadh an dán seo "in praise of Anna McDonagh".[301] Do ghraf sé an lámhscríbhinn seo am éigin idir 1785-1791. Tá cúpla mír den dán 'Mo dheacair do chás, a sháirfhir cheannasaigh shuairc' sa lámhscríbhinn LNÉ G1029. Ba é Seaghan Ó hUallacháin a ghraf é sa bhliain 1786.[302] Is é an t-ainm Séamus Coimín atá aige mar údar. Tá cóip eile den dán i MN C38 leis an scríobhaí Domhnall Ó Briain, a bhreac sé i Luimneach idir na blianta 1789-94. Is dócha gurbh é an scríobhaí céanna é atá sa nóta seo a leanas ag Breandán Ó Madagáin: 'Ag déanamh amach ar dheireadh na haoise chímid snaidhm an léinn arís idir beirt chomharsan ar imeall thoir theas na cathrach sna *South Liberties*: b'iad sin Domhnall

---

[299] Tá cuntas ar an scríobhaí seo in Ní Dheá, 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní i gContae an Chláir 1700-1900' lgh. 144-50; Breandán Ó Madagáin, *An Ghaeilge i Luimneach* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1974 ) lch.

[300] Cuirfear leagan Uí Luanaigh in eagar sa tráchtas seo mar go bhfuil téacs Uí Chonaill doiléir go maith in áiteanna.

[301] Níor tháinig mé ar aon chóip eile den dán seo agus níl aon eolas againn ar an Anna McDonagh atá luaite ag Ó Conaill. Níl se i gceist agam an dán seo a chur in eagar sa tráchtas seo toisc go bhfuil an téacs doiléir in áiteanna.

[302] Níl aon chuntas againn ar an scríobhaí seo ná ar an áit ina raibh sé ag saothrú.

Ó Briain agus Seán Ó hAnnáin, a raibh cónaí orthu, a deir siad féin linn, i mBorheen, Ballysimon.'[303]

**An 19ú hAois:**

Is léir ón méid sin ar fad go bhfuil cóipeanna d'fhilíocht an Choimínigh ón 18ú haois fíorghann anois agus is i lámhscríbhinní de chuid na 19ú haois is ea a fhaightear a shaothar den chuid is mó. Baineann roinnt mhaith de na lámhscríbhinní le Contae an Chláir agus níl ach méid áirithe scríobhaithe i gceist. Níl ach dhá lámhscríbhinn tagtha anuas chugainn ina bhfuil iarracht déanta cuid mhaith dá shaothar a bhailiú in aon duanaire amháin.[304] Tá an scríobhaí Mícheál Ó Raghallaigh ar dhuine de na scríobhaithe is tábhachtaí maidir le seachadadh na filíochta sa Chontae. Tá a lámhscríbhinn MN R 69 tábhachtach mar tugann sé éachtaint réasúnta leathan dúinn ar shaothrú na filíochta i gContae an Chláir ina aon duanaire mór amháin. Is fiú an réamhrá a chuir Ó Raghallaigh leis an díolaim a thabhairt:

> Cnuasaigheadh na duanta so as iliomad do sheanleabhraibh, do tharla liom sa tír seo. Go sonraightheach, a bhfuil de laoithibh na Féinne sa leabhar do sgríobhadh i mBaile Átha Cliath tuilleadh agus dhá chead bliain ó shoin. Morán don chuid eile is iad filí na Mumhan ro chan iad. Atá beagán díobh do canadh le fir atá 'na mbeatha fós, agus do mhair mórán díobh san ochtú céad agus cuid eile roimhe sin. A léitheoir ionúin na tabhair áthais nó milleán orm tré olcas an scríobhainn atá sa leabhar so, óir is fear ceirde mé agus is am aimsir dhaomhaoin do roine me an cnuasacht so. Dá bhrí sin ní féidir é a bheith chomh slachtmhar le scríbhinn do dhéanfadh fíorchléireach. Ach thairis sin an tan do chonarcus dom nach raibh aoinneach do lucht mo chomhaimsire ag cnuasacht a bheag do shaothar ár bhfilí do mheas mé gan iad uile do ligean ar fán. Ach is beag an tairbhe iad do chosaint óir is náireach lenár n-aos óg teanga a sinsir d'fhoghlaim. Dá bhrí sin ní bhia focal Gaeilge sa riocht a gceann céad eile bliain má leanaid an nós atá acu lem' chuimhne féin. [305]

Is léir ón méid sin thuas gur thuig Ó Rathallaigh a thábhacht mar sheachadóir traidisiúin agus ar nós na mbailitheoirí béaloideasa sa bhfichiú haois, bhí meath cultúir agus teanga

[303] Breandán Ó Madagáin, *An Ghaeilge i Luimneach: 1700-1900*. (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1974) lgh 27-8.
[304] MN R 69 leis an scríobhaí Mícheál Ó Raghallaigh; RIA 24 B 11 leis an scríobhaí Briain Ó Luanaigh.
[305] MN R 69. Do chuir Pádraig Ó Fiannachta an réamhrá sin i gcló i *Léas Eile ar ár Litríocht* (Má Nuad: An Sagart, 1974) lch. 98

chun cinn ina aigne agus é i mbun pinn. Luann Ó Fiannachta é i measc mhórchaomhnóirí an Chláir:

> Bailitheoir iontach ab ea Mícheál. Níor scorn leis dánta diaga agus dánta saolta a mheascadh le chéile. Tugann sé "Cumha an bhoid mhairbh" go breá neafaiseach, díreach mar a thugann "Dé hAoine do pheacaigh Ádhamh". De thoradh bhailiúcháin Uí Raghallaigh, an Athar Dháibhí Uí Mhathúna Dhún Átha a spreag muintir Uí Chomhraí, na gCruitíneach, na mBrianach, na Maolamhnach, na Meárach, agus na ngraifneoirí eile go léir tá ar ár gcumas anois eolas a chur ar shaothar filí neamhaislingeacha Thuamhan – Merriman, Aindrias agus Aodh Buí agus Séamus Mac Cruitín, Tomás Ó Míocháin, Mícheál Coimín, Séamus Mac Consaidín, Eadbhard Mac Giolla Iasachta, Seon Lloyd, Traolach Mac Mathúna, Uilliam Buinneán, Seán de Hóir, Maoleachlainn agus Eoghan Ó Comhraí.[306]

Chomh maith le R 69 tá dhá lámhscríbhinn eile againn uaidh ina bhfuil dánta de chuid an Choimínigh: MN C 7 agus MN R 97. I MN R 69 tá na dánta seo a leanas: 'Araic gan chríth tugas ar Bhríghid go Boirinn ó Chinn Léime'; 'Mo chumha mo chreachsa fear na seanaoise'; 'Cá bhfuil siúd an t-úghdar glic'; 'Sealad dá rabhas a' taisdiol cois abhainn'; 'Dob aisling dom tríom néalta go bhfaca mise spéirbhean'. I MN C7 tá: 'A Ainnir mhiochair bhláith'; 'Mo chumha mo chreachsa fear na seanaoise'; 'Aréir tríom néalta is tríom aisling bhréagach'. In R 97, a bhreac an Rathailleach sa bhliain 1847 tá 'A Ainnnir mhiochair bhláith'. Bhí an Rathailleach an-lárnach mar bhall de bhuíon scríobhaithe a bhí ag saothrú in Inis Díomáin agus sna ceantair máguaird. Sa chomhluadar sin bhí Tomás Mac Mathúna; Séamas Mac Cruitín agus Seán Mac Fhlannchaidh. Deir Eilís Ní Dheá gurbh "iad muintir Mhic Fhlannchaidh ón Oileán Bán a rug an chraobh leo maidir le saothrú an léinn sa cheantar sin. Bhí Seán Mac Fhlannchaidh i mbun pinn ón mbliain 1838 anuas go dtí 1860 nó níos déanaí agus ba bhailitheoir lámhscríbhinní é chomh maith. Tá a fhios againn gur scríobh Mícheál Ó Raghallaigh an díolaim LNÉ G1131[307] do Sheán sa bhliain 1847. Is fiú a lua go raibh Seán pósta ar Bridget Finucane, iníon an scríobhaí, Seán

[306] *Ibid.*, lch. 99.
[307] Sa lámhscríbhinn seo tá 'Cá bhfuil siúd an t-ughdar glic' agus 'Sealad dá rabhas a taisdiol cois abhann'.

Ó Fionnúcháin. Mar a phléas níos túisce bhí baint an-mhór ag muintir Uí Fhionnúcháin le muintir Choimín agus bhí ábhar ina seilbh a tháinig díreach ó mhuintir Choimín; táimid cinnte mar gheall ar dhá lámhscríbhinn de chuid Uí Fhionnúcháin a tháinig i seilbh mhuintir Mhic Fhlannchaidh.[308] Ní luann Ó Raghallaigh a chuid foinsí ach is dócha go raibh teacht aige ar shaothar an Choimínigh go háitiúil agus is féidir bheith go láidir den tuairim go raibh teacht aige ar fhoinsí a bhí údarásach go maith. Bhain Séamus Mac Cruitín, a luadh níos túisce, leis an gcomhluadar seo, fear de shliocht na bhfilí, Aindrias agus Aodh Buí. Scríobhaí agus file dob ea é agus dar le hEilís Ní Dhea: 'saoi na héigse ab ea an Cuirtíneach sa dúthaigh seo' agus 'níor stróinséir ar bith é an Cuirtíneach céanna i dtigh Mhic Fhlannachaidh".[309] Ba é a scríobh 'Biographical Sketches of Modern Irish Bards'.[310] Do scríobh cara le Mícheál Ó Raghallaigh, an grafnóir Tomás Mac Mathúna, cóip den saothar sin sa bhliain 1845[311]. Tá dhá lámhscríbhinn dá chuid i leabharlann Rylands, Manchain, agus dánta de chuid an Choimínigh iontu. Is beag go deo idir leaganacha Mhic Mhathúna agus leaganacha Uí Rathallaigh. Tá díolaim eile a bhaineann leis an gceantar céanna agus sin ceann a bhreac Donnchadh Ó Lochlainn sa bhliain 1845. Tá trí aiste de chuid an Choimínigh anseo: 'Dob aisling dom triom néalta go bhfacadh mise spéirbhean'; ' Sealad dá rabhas a taisdil cois abhann'; Cá bhfuil siúd an t-ughdar glic'. Is féidir a bheith cinnte go maith gur shíolraigh cóipeanna déanacha na ndánta ón mbuíon thuasluaite. Mar a dúrt, tá an lámhscríbhinn RIA 24 B 11, a ghraf Brian Ó Luanaigh, an-tábhachtach mar fhoinse luachmhar. É sin ráite, níl Ó Luanaigh an-chruinn sa chuntas aige

[308] Bhí MN SF1 ina seilbh ina bhfuil ábhar as an gcóip de 'An Leabhar Muimhneach' a dhein Aindrias Mac Cruitín do Mhícheál Coimín. Chomh maith leis tháinig LNÉ G1,132 ina seilbh ina bhfaightear ginealach mhuintir Choimín. Anuas ar an méid sin tá seans go raibh cóipeanna údarásacha go maith de shaothar liteartha an Choimínigh ag teacht chucu.

[309] Ní Dheá, 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir', lch. 151. Tá cuntas ar an gCruitíneach in Pádraig Ó Fiannachta 'Glac de Dhánta Shéamais Mhic Cruitín', in Pádraig de Brún, Seán Ó Coileáin, Padraig Ó Riain eag., *Folia Gadelica* (Cork: Cork University Press, 1983) lgh 124-26; Pádraig Ó Fiannachta 'Séamus Mac Cruitín', *Feasta*, Meán Fómhair 1974 lch 5; Muiris Ó Rocháin, 'James McCurtin: Last of the Bards', *Dál gCais 2* (1976) lgh

[310] Tá an chóip sin in MN SF 2

[311] Feic MN SF 2

ar an bhfilíocht. Sa dán 'Caithfe me luighe air leabain go tinn', cuirim i gcás, deir sé gurbh é Mícheál féin seachas a mhac, Séamus, a d'fhuadaigh Bríd Ní Dhabhráin. Cheap sé, leis, gurbh é Mícheál do chum 'Do chualadh tásg do chráig go croidhe me'. B'as Inis Diomáin dó agus bhí aithne aige ar Shéamus Mac Cruitín agus creideann Ó Fiannachta gur fhág an Cruitíneach a chuid lámhscríbhinní aige. Tá na 'Biographical Sketches' a luadh cheana sa lámhscríbhinn seo. Anuas air sin tá cóip de ghinealach mhuintir Choimín. Maidir leis an bhfilíocht níl a chuid foinsí luaite ach tá a fhios againn go raibh lámhscríbhinn amháin, ar a laghad, de chuid Uí Rathallaigh ina sheilbh. Is é sin MN C 7 agus creideann Ó Fiannachta go raibh sé seo mar fhoinse aige agus RIA 24 B 11 á chur le chéile. Bhí dlúthbhaint ag Ó Luanaigh le beirt scríobhaithe eile a chaomhnaigh roinnt aistí de chuid an Choimínigh: Dónall Mac Consaidín agus Standish Hayes O'Grady. Scríobhann Eilís Ní Dheá:

> Ba iad muintir Mhic Consaidín a rug an chraobh leo i gcúrsaí léinn i mBaile na hInse. B'as an chathair Bheannach lámh le Cill na Móna a saolaíodh Dónall Mac Consaidín (fl.c. 1845-1876). Bhí dlúthchairdeas idir é féin agus Brian Ó Luanaigh agus bhí caidreamh aige, leis, le Standish Ó Gráda.[312]

Cé go raibh seasamh aige féin mar scoláire níl a chuid lámhscríbhinní féin, chomh fada is a bhaineann siad leis an gCoimíneach, ró-údarásach. I NUIG Hyde 14 a bhreac sé sa bhliain 1854 tá 'Is caithfe luí ar leabain go tinn'. Sa nóta a chuireann sé leis deir sé gurbh é 'Séamus Coimín ro chan an tan d'fhuadaigh sé Bríghid Uí Dabhruinn ó Lios Dún-Bhearna go hIarthar Chláir'. Már atá léirithe níl sa mhéid sin ach cuid den dán agus ní hé Séamus a chum. Tá 'Aréir tríom néalta is tríom aisling bhréagach'; 'Dob aisling dom tríom néalta go bhfacadh mise spéirbhean', agus 'Cá bhfuil siúd an t-ughdar glic' aige; cuireann sé an dán sin i leith Shéamuis arís. I UCC LS 63 tá cóip de 'Mo dheacair do chás a sháirfhir shuairc', agus Séamus Coimín luaite mar údar anseo arís.

[312] 'Scríobhaithe Lamhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir', lch. 152.

Tá aistí an Choimínigh i ndá lámhscríbhinn de chuid Standish Hayes O'Grady. I Cambridge add 6532 tá: 'Sealad dá rabhas a taisdiol cois abhann' agus 'Cá bhfuil siúd an t-ughdar glic'. Do ghraf sé an lámhscríbhinn seo sa bhliain 1854. I Cambridge add 6568 tá 'Mo dheacair do chás a sháirfhir cheannasaigh shuairc'. Séamus Coimín atá luaite mar údar. Tá againn sa traidisiún buíon scríobhaithe agus táimid dall go maith orthu, agus ar a n-áit sa ghréasán agus sa chomhluadar seo léinn. Tá scríobhaí amháin a bhí ag saothrú sna 1820í agus a ghraf Harvard Irish MS. 28 agus táimid go huile is hiomlán dall air. Michael O'Hegarty ab ainm dó. Ní heol dom go bhfuil aon ní eile dá chuid ar marthain. Is féidir a thuairimiú gur Chláríneach a bhí ann bunaithe ar líon na bhfilí ón gContae atá sa lámhscríbhinn.[313] Tá 'Cá bhfuil siúd an t-ughdar glic aige' agus 'Sealad dá rabhas ag taistioll aois abhann'. Ní fada iad na leaganacha seo ó leaganacha Uí Rathallaigh agus tá, ar a laghad, seans ann go raibh teacht aige ar an sruth céanna foinsí. Tá fear eile, Séamus Ó Linse, a bhí ag saothrú na Gaeilge i gClochán Mór gar do Chill Chorcoráin, ceantar dúchais an Choimínigh. Bhí sé ag gabháil de UCC Torna 51/54 idir 1856-1861. Tá na dánta seo a leanas aige ón gCoimíneach: 'Aingir mhichir blat na dtug mo chroide duit grádh'; 'Cá bhfuil sud an tugdur glic'; Aréir tríom néalta is trím aisling bhréagach'; Dub aisling dom tríom neulta go bfacadh mise anspéirbhean'. Tá dán aige anseo, le Séamus Coimín, nach bhfuil luaite in aon lámhscríbhinn eile, dá bhfaca mé agus sin'Ceodh mealladh la seacadh air choillte dubh darruídhe'[314]. Tá 'Caithfe me luige ar leabain go tinn do turro an ghrim sgirde' agus Séamus Coimín luaite mar údar leis an nóta "an tan d'fhuadaig sé Bruigid inghean Sheamuis Uí Dabhuirn ó Lios Dunbhearno go hiarthar Clár'.

[313] Ní raibh aon chur amach ag Eilís Ní Dheá ar an scríobhaí seo go dtí gur chuireas ar a súilibh di é.
[314] Ní chuirfear an ceann seo in eagar go fóill mar tá an lámhscríbhinn do-léite go maith.

## 6.6 An Fhilíocht i gCló.

Sa chuid seo tabharfar cuntas cuimsitheach ar a bhfuil i gcló ón gcorpas seo. Má fhágtar an laoi ar leataoibh is é an chéad dhán dá chuid a cuireadh i gcló ná 'Mo dheacair mo chás, a shárfhir cheannasaigh, shuairc'; a chuir Pádraig Ua Duinnín in eagar sa bhliain 1906.[315] Do chuir Risteard Ó Foghludha an dán in eagar arís sa bhliain 1952.[316] Do chuir Criostóir Ó Floinn an dán i gcló dhá uair eile ina leabhair ar fhilí na Máighe.[317] Cuireadh an dán 'Cá bhfuil siúd an t-ughdar glic' i gcló den chéad uair in *An Claidheamh Soluis* sa bhliain 1901.[318] Níl Mícheál Coimín ná an t-eagarthóir luaite agus níor cuireadh aon nóta leis an dán. Cuireadh an dán i gcló in *An Claidheamh Soluis* arís sa bhliain 1915. Tugann an t-eagarthóir cuntas beag ar chúlra agus ar chomhthéacs an dáin agus tá nóta aige ar na foinsí agus ar fhoirm an dáin:

> I lámhsgríbhinn san Acadamh Ríoga iseadh fuaireas féin an t-amhrán. Is cuimhin liom go bhfeaca an ath-uair é i láimhleabhar i gColáiste Mhuighe Nuadhat lá dá rabhas ann. (Níor casadh orm riamh ach an dá chóip sin de). Tá gluaiseacht agus fuinneamh nach coitcheann insna focail agus 'san mheadaracht; agus rud is ró-annamh le hamhráin Ghaedhilge, tá "cur-fá" nó córus deas leis. Dar liom go ndéanfadh sé amhrán maith máirseála do sna hÓglaich. Éinne atá oilte ar cheol na hÉireann is fuiriste dho fonn oireamhnach d'fhaghail do sna focail, acht an té ná fuil do mholfainn dó "An Smachtín Crón" do thriail leis.[319]

Ní fhaighimid aon dán eile dá chuid i gcló arís go dtí 1942 nuair a chuir Risteárd Ó Foghludha leagan de ' A Ainnir mhiochair bhláith' in eagar i nduanaire ardteiste.[320] Sa bhliain 1948 do chuir Seán Ó hÓgáin tús le sraith fhilíochta sa *Clare Champion* ina raibh

---

[315] Pádraig Ua Duinnín, *Filidhe na Máighe* (Baile Átha Cliath: 1906) lgh. 52/3. Tá dul amú ar Ua Duinnín nuair a scríobh sé gur "chum Sheáin Uí Thuama" an dán seachas An tAthair Nioclás Uí Dhomhnaill, mar is ceart.
[316] Risteárd Ó Foghludha, *Éigse na Máighe* (Baile Átha Cliath: 1952) lgh 88/9.
[317] Criostóir O'Flynn, *When Dasher Died* (Dublin: Obelisk Books, 1994); *The Maigue Poets: Filí na Máighe* (Dublin: Obelisk Books, 1995) lgh 75/6.
[318] *An Claidheamh Soluis*, 7 Nollaig, 1901.
[319] *An Claidheamh Soluis*, Bealtaine, 1915. Cé nach bhfuil aon lámhscríbhinn luaite tá an chuma ar na heagráin go bhfuil an ceann ó 1901 bunaithe ar MN R 69 agus an ceann a deineadh i 1915 bunaithe ar RIA 24 B 11.
[320] Risteárd Ó Foghludha eag., *Duanaire don Ard-Teastas 1943-4* (Baile Átha Cliath: Brún & Ó Nualláin Teo., 1942).

dánta ó roinnt de mhórfhilí an Chláir. Idir 1948 agus 1950 do chuir sé eagar ar chuid d'fhilíocht an Choimínigh. [321] Ní luann sé na foinsí a bhí aige don tionscnamh seo.

[321] 'A charaid mo chroidhe, an aithnid sin díobh' in Seán Ó hÓgáin (ed.) 'Amhráin Tuanach', *Clare Champion,* 18 September. 1948. lch. 7. (Is ionann an dán sin agus 'Araic gan chrith tugas ar Bhrighid go Boireann ó Chinn Léime' in eagrán an tráchtais seo); 'A ainnir mhiochair bhláith go dtug mo chroidhe dhuit ghrádh' in 'Amhráin Tuanach', *Clare Champion*, 20 November. 1948. lch. 6; 'Sealad dá rabhas ag taisteal cois abhann' in 'Amhráin Tuanach', *Clare Champion,* 27 November. 1948. lch. 6; 'Bhí bruinngheal t-séimh 's mé i ngrádh', in 'Amhráin Tuanach', *Clare Champion*, 4 December. 1948. lch. 8; 'Cá bhfuil siúd an t-ughdar glic', in 'Amhráin Tuanach', *Clare Champion*, 11 December. 1948 lch. 8; 'Aréir tríom néalta is tríom aisling bhréagach', in 'Amhráin Tuanach', *Clare Champion,* 25 February. 1950. lch. 3.

# Caibidil 7

# Filíocht an Choimínigh: Anailís Théamúil agus Stíle.

## 7.1 File an Ghrá.

Sa chuid seo déanfar anailís théamúil agus stíle a dhéanamh ar fhilíocht an Choimínigh.. Ar dtúis déanfar iniúchadh ar na hamhráin ghrá. Ní fhaightear trácht ar na haistí seo in aon cheann de na staidéir mhóra ar dhánta grá na Gaeilge.[322] Tá aistí an Choimínigh coinbhinsiúnta i go leor slite, go háirithe maidir leis an bhfriotal agus na samhlaoidí a úsáideann sé. Tá rian an traidisiúin agus rian fhilí a linne féin le sonrú go mór iontu, ach é sin ráite is féidir a léiriú go bhfuil nuaíocht ábhair mar chuid dá ndéantús, leis. Ní heol dom, cuirim i gcás, go bhfuil samplaí eile againn sa traidisiún de dhánta atá bunaithe ar eachtraí fuadaigh. Tá na dánta seo fiorphearsanta agus d'fhéadfaí iad a áireamh mar liricí pearsanta, dírbheathaisnéiseacha, ina bhfuil cuntas ar eachtraí agus ar mhothúcháin a bhaineann go dlúth le stair phearsanta an fhile agus a mhic, Séamus. Is fíor, áfach, go gcuireann coinbhinsiúin an tseánra an stair chéanna as a riocht. Is díol suntais é go bhfuil ainmneacha na mban againn sna dánta agus éachtaint éigin ar a gcúlra. Sa sliocht seo a leanas tá trácht ag Mícheál Mac Craith ar an ngné neamhphearsanta sna dánta grá sa traidisiún:

> Formhór na nDánta Grá tá siad thar a bheith neamhphearsanta, agus fiú nuair a luaitear ainm mná iontu, braitear go bhfuil éirim an dáin agus an tagairt don bhean neamhspleách go huile is go hiomlán ar a chéile, nó lena chur ar bhealach eile, go bhféadfaí ainm mná ar bith a úsáid fad is nach gcuirfeadh sé isteach ar an meadaracht. Tagann dhá eisceacht shuaithinseacha chun cuimhne, áfach, an dán a chum Piaras Feiritéar do Mheig Ruiséil, agus an ceann a chum Pádraigín Haicéad

[322] Ó Rathaille, Tomás ed., *Dánta Grádh* - with an introduction by Robin Flower (Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1926); Robin Flower, 'Love's Bitter Sweet', in *The Irish Tradition* (Oxford: Oxford University Press, 1947) lgh 142-173; Seán Ó Tuama, *An Grá in Amhráin na nDaoine* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1960, 2001), Cathal Ó Háinle 'Na Dánta Grá', in *Promhadh Pinn* (Má Nuad: An Sagart, 1978) lgh 10-37. Seán Ó Tuama, *An Grá i bhFilíocht na nUaisle* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1988); Mícheál Mac Craith, *Lorg na hIasachta ar na Dánta Grá* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1989); Máirín Nic Eoin, 'Scéal ar an ngrá…' in Pádraigín Riggs, Breandán Ó Conchúir,Seán Ó Coileáin eag., *Saoi na hÉigse: Aistí in Ómós do Sheán Ó Tuama* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 2000) lgh 233-260.

> do Mháire Tóibín. Is fiú a mheabhrú freisin gur chum an bheirt fhilí seo dánta fíorphearsanta dá gcairde fir. Cuireann na dánta seo béim faoi leith ar thábhacht an duine aonair, sainléargas de chuid na hAthbheochana. Ba de shliocht Gallda don bheirt seo, chum siad filíocht i mBéarla chomh maith leis an nGaeilge más fíor do na foinsí comhaimseartha, agus dealraíonn sé dá bharr sin gur trí mheán an Bhéarla a d'éirigh leo tuiscintí na hAthbheochana a nascadh le saíocht na Gaeilge.[323]

Tá pointí áirithe sa mhéid sin thuas a bhainfeadh leis an gCoimíneach. Mar a dúradh, tá mná faoi leith faoi chaibidil ag an gCoimíneach; tá béim an-mhór ina chuid dánta ar an duine aonair agus ar an tsaoirse phearsanta; agus ba de shliocht gallda é agus tá gach cuma ar an scéal go raibh cur amach maith aige ar litríocht an Bhéarla. Sa dán 'A Ainnir Mhiochair Bhláith' tá liric phearsanta againn ina bhfógraíonn an file fíor-ghrá dá leannán 'is grá é *gan* bhaois *gan* bhréaga/ is grádh é gan drúis, gan eathlang / is grádh é a raghaidh *go* dlúth i gcré liom'. Ní spéirbhean í seo a thagann chuige mar aisling agus níl aon rian den osnádúr a bhaineann leis an haislingí grá ar an téacs. Sa dara agus sa tríú rann tá trácht aige ar ghalar an ghrá agus an díshláinte atá dá chrá: '*mo* leigheas níl *ar* mhuir nó *ar* thrá / mo leigheas níl ag luibh nó leagha,/ mo leigheas níl *acht* ag bláth na hóige / ní aithním lon tar chuach, ní aithním teas t*ar* fhua*cht*/ is ní aithním m'fhuath óm chomhaltaibh, ní aithním an oidhche seoch a' lá/ cia *go* n-aithneodh mo chroí *mo* ghrá/dá dtigfeadh sí i dtráth d*om* fhóirint. Tá na línte sin go mór de réir an traidisiúin mar a thugann an dán 'Uch, far-ríor! Ní aithním uisge seoch fion' le fios:

> Uch, fa-rior!
> ní aithnm uisge seoch fíon,
> ní aithnm oidhche seoch lá;
> mairg dan galar an grádh síor.
>
> Uch fá naoi,
> ní aithnim míleadh seoch mnaoi,
> ní aithnim reultainn seoch ré,
> nochanaithnim gréin seoch gaoith.[324]

Ag trácht ar an ngné seo de litríocht an ghrá scríobh Cathal Ó Háinle:

---

[323] Mac Craith, *Lorg na hIasachta ar na Dánta Grá*, lch. 9.
[324] *Dánta Grádh*, lch. 92.

> Tá cur síos ar ghalar an ghrá sa tseanlitríocht Ghaeilge, mar a dúirt mé cheana, ach ba ghalar osnádúrtha é ansin. Sa traidisiún iasachta, dá dhiamhraí é mar ghalar, níl sé osnádúrtha, agus is iad na comharthaí sóirt atá ag baint leis na cinn a ndearna Bearnard Gorduin cur síos orthu: ní féidir leis an bhfile ithe ná ól ná codladh; tá sé i bpéin, ag fáil bháis; tá a chiall mearaithe sa chaoi nach féidir leis an lá a aithint ón oíche, an dubh ón ngeal, an teas ón bhfuacht.[325]

Níl an fuadach luaite sa dán seo ach tugtar le fios gur grá é seo nach bhfuil ceadaithe, 'is grádh é gan chur, gan chlaon, gan chairde' agus deir an file go bhfuil fonn air éalú leis an mbean: '*mo* chumha, *mo* chreach is *mo* léan/ *gan* tusa is mise in Árainn shoir, i gcéin ód chairde'. Tá an cur síos ar áilleacht fhisiciúil go hiomlán de réir an traidisiúin maidir le moladh mná: 'Is geal a píb is a bráid, 's is geal a clí *gan* cháim /s is geal a croí *gan* tlás *gan* amhgar/ is deas a braoithe breátha, 's a mala chaol *gan* cháim,/ sa leacan mhín *ma*r bhláth a' tsamhraidh.' Is é an dara dán atá againn ar a Harriot Stacpoole ná 'Sealad da rabhas a' taisteal chois abhann' D'fhéadfaí an dán seo a rangú mar aisling ina dtagann an bhean chuige agus é leagtha 'i dtrom néalta.' Dán saibhir go maith é a bhfuil eilimintí éagsúla ón traidisiún le sonrú go láidir ann. Ag trácht ar an aisling sa traidisiún scríobh Cathal Ó Háinle:

> An aisling ghrá freisin, is rud í sin a bhí le fáil sa tseanlitríocht, ach gur bean ón tír tairngire nó ón tsíbhrú a bhíodh i gceist ansin. Dhá chineál aislinge a bhí sa traidisiún iasachta: an aisling oíche ina bhfeiceadh an file a leannán toisc é a bheith i ngrá léi; agus an *reverdie*, aisling na súl oscailte, a bhfuil iarracht éigin den osnádúr ag baint leis.[326]

Sa chéad véarsa agus isteach sa dara ceann tá an t-osnádúr le brath nuair a sheasann '*gur* dhearcas an mhodhamhail bhéasac/'sa casfholt 'na deabha ó bhathas *go* bonn / tug solas *don* domhan braonach.' D'fhiafraigh sé di 'a hainm nó cia tír as a dtáinig', agus faightear amach ansin nach bean de chuid an tsaoil eile í in aon chor nuair a fhreagraíonn sí é leis na focail: 'is mé *Harriot* ghasta an ghrinn ó Bhaile-Mul-Chaisil chaoin / seachain is ná mill mé, a bhráth*air*.' Sa mhéid sin, leis, tá gnéithe den *Phastourelle* nó d'fhéadfaí a rá go bhfuil an dán múnlaithe ar phátrún scaoilte den *Phastourelle* liteartha. Dúirt Seán Ó Tuama

[325] Ó Háinle,'Na Dánta Grá', lch. 21.
[326] *Ibid.*,

‘go raibh ceistiúchán áirithe ag baint le traidisiún na n-amhrán grá ó na meánaoiseanna anuas.’ Sa *Phastourelle* is minic éigniú mná i gceist nó tugtha le fios: ‘cuireann an file a dhúthracht in iúl, déanann iarracht gharbh uaireanta ar ghrá a bhrú uirthi, leagann a lámh ar a bráid, ar a gúna’.[327] Níl sé i gceist sa dán seo ach amháin nuair a impíonn an bhean air gan í a mhilleadh.

Sa dán seo, leis, baineann an file leas as an léann Laidineach sa chur síos aige ar áilleacht na mná. Scríobh Ó Tuama ‘gur tháinig mórán ón Laidin isteach i litríocht na Gaeilge i rith na meánaoiseanna’.[328] Tá tionchar na litríochta seo le sonrú i measc filí áirithe de chuid an ochtú haois déag: ‘Daoine móra le Laidin ab ea Seán Clárach agus Eoghan an Mhéirín.’ Deir Ó Tuama go bhfuil na hainmneacha Laidine seo a leanas ag Eoghan an Mhéirín in aon amhrán amháin: ‘Juno, Venus, Pallas, Thetis, Ceres, Polixena, Minérbha, agus ag Seán Clárach in aon aisling amháin tá: Pallas, Minerbha, Iúno, Hélen etc.’[329] Tá an Laidineachas seo ag an gCoimíneach sa véarsa seo a leanas:

> Ba léir domsa í an phéarl*a gan* phoimp,
> i scéimh i ngnaoi, is i ndeallradh
> le Helen mhilis chaoin, *do* rinne scrios na Traoi,
> an uair d’aontaigh an rígh grá dhi
> nó le Medea an ghrinn, do mhéadaigh le dlaoithe
> is gréithre ar chroidhe *Jason.*
> nó *Venus* do scinn seoid léi ón dTraoi,
> an ghléir-bhean le dlighe *Pharis.*

Tá trácht sa dán, leis, ar an seanscéal Gréagach Narcissus, scéal a chuaigh i bhfeidhm go mór ar chultúr an iarthair tar éis do Ovid leagan a chur ar fáil sa Laidin:

> Is aithchim ortsa tráth a Hariot mhilis áig,
> is finne ghile breátha scéimh is cruth,
> ná hamharc *go* bráth i ngloine ar bith *do* scáil,
> is seachainse na bán-linnte,
> nó titfidh tusa i ngrá led phearsa chirt *gan* cháim,
> mar *Narcissus* tar sáil *do* shíolradh;
> is tiocfaidh ó *do* bhás a chuid ‘s a mhíle grá,
> is *go* mbiaidh muidne *gan* aird dod chaoine.

---

[327] Seán Ó Tuama, *An Grá in Amhráin na nDaoine*, lch. 17.
[328] *Ibid.*, lch. 190.
[329] *Ibid.*,

Tá dán grá amháin i dtraidisiún na Gaeilge, go bhfios dom, ina bhfuil an file ag scríobh agus é go mór faoi anáil scéal Narcissus agus is é sin 'Féach orm, A Inghean Eoghain', dán a cumadh sa seachtú haois déag. Do chuir Charlotte Brooke an dán i gcló i *Reliques of Irish Poetry.*[330] Fuair sí a cóip féin ó Theophilus O'Flanagan, fear a bhaineann le Contae an Chláir agus mar a léirigh Lesa Ní Mhunghaile: 'Her published text corresponds closely to a copy in RIA 23 H 39 transcribed by Peadar Ó Conaill for his *caraid ionmhainm* O'Flanagan.'[331] Is cosúil, mar sin, go raibh an dán á sheachadadh i gContae an Chláir agus tá ar a laghad seans ann go bhfaca an Coimíneach é am éigin sarar chum sé 'Sealad dá rabhas a' taisteal chois abhann.' Is fiú ar dtúis an chuid den dán a bhaineann le hábhar a thabhairt:

Mar sin fós, is cian ro clos,
sgéal neamhghnáth ar Narcissus,
an fear ba sgiamhaighe sgéimh,
fiadhaidhe na bhfeadh bhfoiltréidh.

Ar ngabháil dó (dia do bhail)
lá éigin le taobh tobair,
do dhearc san tsruth nár shearbh sreabh
a chruth, a dhealbh, 's a dhéineamh.

Tug sé grádh fíochmhar folaigh
go baothchroidheach banamhail
dá ghnúis fhinnmhíola féin,
gur chúis dimbríogha doiséin.

A sgáth féin do mhill an mac;
do bhí bhos agá iomlat,
go dtug bás dó, mar deirthear;
gá mó cás dá gcuimhnightear?

Na mealltar sibhse mar sin, -
ort féin go fírghlic foiligh,
a fhionnfholtach is séimh socht,
do sgéimh iongantach éadrocht

[330]Lesa Ní Mhunghaile, ed., Charlotte Brooke, *Reliques of Irish Poetry* (Dublin: Irish Manuscripts Commission, 2009)
[331] *Ibid.*, lch. 85.

Do dhá chích comhbhán re laogh,
foiligh iad, a bhás bharrchaol,
‘s an dearc úr mharbhrosgach mhall,
‘s an cúl gaibhleasgach géagcham.

Foiligh fós an béal mar shuibh,
‘s an dá ghruaidh mar ghréin tsamhraidh,
barr na gcraobh bhfíthe bhfeactha,
‘s an taobh síthe soineanta.

Choidhche arís ná féach orra,
glaca míne méarchorra,
troigh ghealmhalla is trácht buinn,
sál is seangmhálla séaghainn.[332]

Sa mhionanailís a rinne Mícheál Mac Craith ar an dtéacs seo déanann sé suntas den ghné sin den dán ‘nuair a iarrann an file ar an mbean gan breathnú ar a háilleacht féin sa scáthán ar a eagla a millte.’[333] Tá samplaí den deismireacht chainte sin aitheanta ag Mac Craith i dtraidisiún na Gaeilge ach i gcás: ‘Féach orm, a inghean Eoghain’ ‘tagann sé aniar aduaidh orainn nach mór nuair a impíonn an file ar an mbean a háilleacht a fholach uirthi féin agus ní ar an leannán fir, rud a mbeimis ag súil leis.’[334] Is spéisiúil an rud é go bhfuil an rud céanna ag Coimín (ní raibh cur amach ag Mac Craith ar aiste an Choimínigh). Tá seans ann, gan amhras, go raibh an Coimíneach ag cumadh díreach faoi anáil scéal Narcissus. Tugann Mac Craith faoi deara i gcás ‘Féach orm, a inghean Eóghain,’ ‘nach bhfuil béim ar bith anseo ar uabhar Narcissus, gné a bhíonn go mór chun tosaigh sa ghnáthúsáid a bhaintear as an miotas seo, cé go bhféadfaí a mhaíomh gur Narcissus baineann í an bhean uaibhreach ó thús deireadh an dáin sa mhéid nach fiú léi aird ar bith a thabhairt ar impí a leannáin.’[335] Is féidir an rud céanna a rá faoi véarsa Choimín. Sa réamhrá a scríobh Robin Flower do *Dánta Grádha* tugann sé léiriú dúinn ar an tslí go bhfaightear leanúnachas ó thaibh téamaí agus cur chuige de i litríocht an ghrá:

---

[332] *Dánta Grádh*
[333] Mícheál Mac Craith, *Lorg na hIasachta ar na Dánta Grá*, lch. 153.
[334] *Ibid*, lch. 155.
[335] *Ibid.*, lch. 159

And when we read Pierce Ferriter's

> Foiligh orm do rosg rín,
> má théid ar mharbhais dínn leat;
> ar ghrádh th'anam dun do bhéal,
> na feiceadh aon do dhéad gheal,

our own lips begin to move involuntarily and to murmur:

> Take, oh, take those lips away,
> That so sweetly were forsworn;
> And those eyes, the break of day,
> Lights that do mislead the morn.

Ó Géaráin bids his mistress put away her mirror, lest looking in it, she herself be lost for love of that irresistible beauty and pine away self-slain like Narcissus. So the Shropshire Lad, in our own day, warns his love:

> Look not in my eyes, for I fear
> They mirror true the sight I see;

and for fear that she also will dote upon he image, like Narcissus who now wavers in the wind 'a jonquil, not a Grecian lad'. We might go on matching thought with thought, image with image, pain with pain, out of the age long Book of Love, whos pages return always upon themselves, so that the poets of the Greek Anthology, the Romans Ovid and Propertius, the men of Provence, their pupils of Italy, the Elizabethans, the Jacobeans, the Carolines, write in again and again the same things with every variety of script and idiom.[336]

Sa rann deireanach téann an dán i dtreo na lirice pearsanta agus cás an fhile féin go mór chun tosaigh. Tráchtann sé arís ar an éalú agus go mbeadh an bheirt acu 'inár seabhac faoi bharr*adh* craobh, nó in uaigneas i dtír Bhinn Éadair;

Tugann sé le fios gur grá é seo nach bhfuil ceadaithe ach caitheann siad cúl a thabhairt lena muintir. Deir an file nach spré atá uaidh ón gcaidreamh seo: 'dá *mba* crua dhúinn dul t*ar* toinn ó uabh*ar ár* ngaol,

/ nó *ar* cu*air*t seal *go* críoch na *Égypt*;/ d'éalóinn leis an mnaoi, d*ar* Duach do bhris *mo* chroí /'s ní mór *go* mbiadh suim i spré agam.'

[336] *Dánta Grádh*, lch. xxvii/i

Sna dánta a chum sé dá mhac, Séamus, dánta a chum sé suas le daichead bliain níos déanaí, ní fheictear mórán forbartha ó thaobh téamaí ná stíle. Sa dán 'Araic gan chrith ar Bhrighid go Boireann ó Chinn Léime' is í áilleacht na mná atá ina bunábhar, ach arís, is léir gur bean shaolta í: 'sí ainnir na ndlaoi-fholt p*éa*rlach, sa tríú rann scríobh sé: 'Is fada fionn fós *go* barr*a* dubh a bróg / a carnfholt 'na hór dlaoithe /' 'na leacan úr, óg ar dhath an drú*cht* reo / is lasadh na rós tríomhtha. Tá, arís, saighead an ghrá tar éis an fhile a dhéanamh breoite: 'Caithf*eadh* mé luighe *ar* leaba *go* tinn' agus ní fada é ó bheith 'm*ar*bh insa gcill sínte'. Tá maoin an tsaoil mar ábhar sa dán seo arís agus an file á rá: 's i saibhr*ea*s mór ní chuirfinn speois/ S*ea*ch titim *go* deo i lionndubh.'

Sa chéad dán eile 'Bhí bruinneall tséimh is mé i ngrádh' is dán grá é seo a cheiliúrann arís áilleacht Bhríghid, 'sa pearsa geal-bhreá mar bhláth na n-úll / mar eala ar an dtráigh tá a ban-chnis úr' agus arís faightear cur síos beacht ar dhólás an fhile agus é 'fann lag tnáite.' Tá, áfach, insint ar scéal na beirte agus léargas ar an bhfáth go bhfuil siad scartha óna chéile. Faighimid amach go bhfuil an bhean ar ais sa bhaile: 'I mbaile Chuinn atá mo ghrá go fionn'. Is léir go raibh muintir an chailín glan in aghaidh an chaidrimh seo, 'mise agus Bríghid bhí suite i ngrá' ach 'mar bhraitheadar fann gan tréad mé,' agus is léir go gcuireann siad saibhreas an tsaoil roimh an bhfíorghrá: 'b'fhearra leo caoire, laoigh nó gabhar/ le somach gan bhrí, gan chaint, gan mheabhair,' ach dar leis féin tá éagóir á dhéanamh air: 'Geallaimse ó chroí nach fíor sin dóibh/'s gur faraire grinn mé ar tháinte'. Sa dán, cé go bhfuil an saol ag teacht eatarthu, tá Muire agus Críost ar a son: 'A Mhuire 'sa Chríost nách cloíte an cás /Mise agus Bríghid bhí suite i ngrádh' agus na línte seo a leanas: 'mar bhí mé lom le croí nár ghann /'s go dtiocfadh ó Chríost chugainn réim 's cabhair/le cion agus le greann dá chéile'. Deir Cathal Ó Háinle: 'Is cuid den traidisiún Eorpach go bhfuil Dia agus Muire fabhrach do na leannáin'.[337]

[337] Ó Háinle, 'Na Dánta Grá', lch/

Nuair a chum sé an dán seo do Cathy bhí an Coimíneach ag dul san aos agus í fós ina bhean óg. Níl aon fhianaise, lasmuigh den dán, a chaithfeadh solas ar nádúr an chaidrimh a bhí eatarthu. Is aisling oíche í ina dtagann an spéirbhean chuige: 'Aréir tríom néalta is tríom aisling bhréagach/do dhearc mé an spéirbhean do chealg sinn'. Sa rann ina luann sé an an t-ainm 'Cathy' samhlaíonn sé í mar spéirbhean i dtírdhreach álainn diamhair:

> Is cra*nn* Cedar í i ngarraí féarmh*ar*,
> sruthaibh tréana uaidh meal*a* is fíon;
> is *gur* shíolr*aigh* an spéirbhean ó gheal Bhinn Éad*air*,
> don*a* curaibh tréana Ní Mhaoil-Mhíchíl;
> mo shearcsa í in Éirinn mo chailín gléigheal,
> 'sí *Catty* léirghoin ar fad *mo* chroidhe;
> is *muna* dtagaig taobh liom le staraío*cht* éigin
> is lag-bhríoch tréith-lag mé a' dul *don* chill.

Úsáideann sé an focal 'gailtean' leis sa chur síos, focal a chuirfeadh leis an léiriú uirthi mar bhean osnádúrtha: 'Ba ar maidin drú*chta* casadh liom í / an ghailtean mhúinte ar thaobh cnoic sléibhe'. Chomh maith leis sin: 's a samhailt súd ní feasach dúinne / acht pearsa *Juno* i ngnaoi 's i scéimh.'

### 7.2 An File Polaitiúil

Tá a fhios againn, bunaithe ar dhán amháin, go raibh baint ag Mícheál Coimín le Filí na Máighe. Ní fios ar chum sé dánta eile mar bhall den chiorcal liteartha agus níl aon chomhfhreagras liteartha eile tagtha anuas chugainn a chaithfeadh solas níos mó ar a sheasamh i measc na bhfilí seo. Is dócha, áfach, go raibh aithne mhaith aige ar lucht na héigse seo i gCromadh. Tá dán an Choimínigh, 'Mo dheacair, mo chás, a sháir-fhir cheannasaigh shuairc', mar cheann amháin i sraith aistí ar bhás Phreabaire, capall an Ath. Niocláis Uí Dhónaill:

> Tá gach aon dealramh ar an scéal gur sa bhliain 1744 a fuair capall an Ath Niocláis Uí Dhónaill bás. Bhí an Froinsiasach úd curtha i bhfeighil sheansealúchas a Oird in Áth Dara an uair sin, le súil go dtiocfadh arm Shéarlais Stíobhairt anall gan mhoill

chun na Sasanaigh a ruagairt…Chum an tAth Nioclás dán ag caoineadh an chapaill agus d'fhreagair roinnt d'fhilí na háite é.[338]

Is é an Coimíneach a sholáthraigh an dara dán sa tsraith. Osclaíonn sé an dán agus comhbhrón á dhéanamh aige leis an sagart ar bhás an chapaill:

Mo dheacair, mo chás, a sháir-fhir cheannasaigh shuairc.
Go dealbh mar táir gan fáil ar chapall ná a luach:
Preabaire ar lár san ár gan tapa san uaigh
'S mo shagart breá sámh gan láir ag taisteal na gcuan.

Más é bás an chapaill an bunábhar ní fada go dtéann aiste an Choimínigh i dtreo na polaitíochta agus ba chur chuige coinbhinsiúnta go maith a bhí aige, agus léiríonn sé go raibh sé faoi anáil dhioscúrsa an tseacaibíteachas a bhí chomh coitianta sin ag an am. Déanann Anna Heusaff plé ar ghné na polaitíochta sa dán:

Agus file eile, Mícheál Cuimín, ní hamháin gur bhain sé úsáid as an nath polaitiúil, ach d'éirigh leis Séarlas Stiobhairt agus 'Clíodna an tsuilt' a chur in aithne dá chéile! Ag tagairt don bhean sí, ar seisean:

Más í a chuir tú ded' chois ghaobhair díoghail
Ó Stíobhart Luirc tá ar muir ag tíocht i gcéin gan mhoill

Agus chuaigh sé thar fóir ina dhiaidh sin, leis na huaillmhianta a cheap sé dá chara an bráthair léannta, sa chás go dtiocfadh an Prionsa:

I gcéin ag tarraingt go calma chugainn tar cuan
Go tréan-mhear armach lánmhar lonnmhar luath
Gheobhair réim i gCaiseal bheith id easpag gan smúit gan bhuairt
In éiric Phreabaire 's is malairt dar liúm nach fuar.

Is maith an sampla an rann deiridh ag an gCuimíneach de na 'clichés' polaitiúla a chastar orainn ar gach re leathanach d'iarrachtaí filíochta na linne:

Leoghan meanmnach ceannasach lúfar óg
De mhórfhuil Alban, Bhreatan is Dhún an Óir
Is cróga calma chasfaidh 'na chúirt i gcoróin.
Is Seoirse ceangailte i nglasa is gach búr dá shórt. [339]

[338] Máire Comer Bruen, eag., (réamhrá, nótaí agus cóiriú le Dáithí Ó hÓgáin) *An Mangaire Súgach (Aindrias Mac Craith) –Beatha agus Saothar* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1996) lch. 191
[339] Anna Heusaff, *Filí agus Cléir san Ochtú hAois Déag* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1992) lgh 98/9.

Sa phlé ar pholaitíocht an Choimínigh sa chéad chaibidil dúradh gur sheachain sé an tráchtaireacht pholaitiúil den chuid is mó. Is dócha gur bhraith sé níos mó ar a shuaimhneas i gcomhthéacs éigse na Máighe chun a chuid tuairimí a nochtadh go poiblí. Bhí sé as baile agus is i Luimneach, den chuid is mó, a deineadh an dán a sheachadadh sna blianta dar lean. Is é an dara dán polaitiúil a luamar cheana ná 'Cá bhfuil siúd an t-ughdar glic'. Sa bhliain 1735 do chum Aindrias Mac Cruitín dán inar rinne sé tairngreacht mar gheall ar shaoradh na nGael sa bhliain 1745.[340] Sa seanchas a ghabhann leis an dán seo creidtear go bhfuil an tairngreacht bunaithe ar eolas a fuair sé i 'Leabhar Ruadháin Lothra'. Bhí an leabhar seo á choimeád i dteach mhuintir Chinnéide i Lothra i gContae Thiobraid Árainn. Tá cuntas ar an seanchas seo ag Breandán Ó Buachalla: ' Bhí forógra scríofa ar chumhdach an leabhair cháiliúil gan é a oscailt 'nó go n-osclódh uaidh féin' agus nuair a tharla sin, cuireadh fios ar Aindrias chun an leabhar a léamh mar 'do chlis ar aon duine eile a léamh' go dtí sin. Is dán é seo a chaitheann solas ar ról na dtairngreachtaí i ndioscúrsa polaitiúil na linne:

> Sampla annamh go maith is ea an dán sin ní hamháin de thairngreacht á lua le file aitheantúil, ach de bhliain chruinn (1745) a bheith á lua le fíoradh na fáistine. Ach is léir freisin go raibh tairngreacht Mhic Cruitín bunaithe ar dhóchas a linne: go dtiocfadh 'srullach suilt' ('an fear so an fháin ar a dtugtar an Pretender') agus 'fir na mbláthbhoinéad' ('Albanaigh') anall 'le mbrúfar coirp, cloigne, cnámha is cléibh'. 'Faraoir ná táinig chum críche', mar a dúirt scríobhaí amháin, díomá a spreag dán gearánach ceistitheach ag Clairíneach eile, Mícheál Ó Coimín.[341]

[340] Breandán Ó Buachall, Aisling Ghéar, lch. 574.
[341] *Ibid.*,

Caoineann Coimín cruachás na nGael agus iad gan an chabhair a bhí le teacht ó na Spáinnigh agus na Francaigh. Ní fios go díreach ar chum sé an dán sa bhliain 1745 nó sa bhliain 1755. Tá éiginnteacht seo bunaithe ar an dara líne sa dán 'thug geallamh dúinne ag cúig roimh luis" (1745) nó mar atá sé i roinnt cóipeanna 'cúig tar luis'(1755). Sna leaganacha de dhán Aindréis tá an dá dháta ar fáil. Mar a mhíníonn Ó Buachalla:

> Bhí an mheicníocht ar fáil chun déileáil leis an díomá. I bhformhór na gcóipeanna de dhán Aindréis a tháinig anuas chugainn, tá an chéad líne mar a thug an t-údar féin é, i gcóip a cheaptar a scríobh sé féin (Go cúig roimh luis dá dtugadh grásaibh Dé, TCD H.2.5: 242), tá sin athraithe go cúig tar luis...nó go cúig iar luis ...; is é sin le rá, an bhliain 1755.[342]

Ní féidir bheith cinnte cad a bhí ag an gCoimíneach féin ach san eagrán seo roghnaím 'roimh luis'. Rinne an an scríobhaí Micheál Ó Raghallaigh dhá chóip den dán; sa lámhscríbhinn R69 tá 'tar luis' ach i G1131 tá 'roimh luis'.

[342] *Ibid* lch. 575.

## Modh Eagarthóireachta

Mar a mhíníos sa chuntas ar thraidisiún na lámhscríbhinní, tá údarás agus seasamh éigin ag na leaganacha a chuir Mícheal Ó Raghallaigh ar fáil dúinn agus is Ó Raghallaigh a bheidh mar bhunfhoinse i gcás na ndánta seo a leanas: 'A Ainnir Mhiochair Bhláith'; 'Sealad dá rabhas a' taisteal chois abhann'; 'Dob aisling dom tríom néalta go bhfaca mise spéirbhean'; 'Araic gan chrith tugas ar Bhrighid go Boireann ó Chinn Léime'; 'Aréir tríom néalta is tríom aisling bhréagach'; **'**Cá bhfuil siúd an t-údar glic'; **'**Mo chumha is mo chreachsa fear na seanaoise' Ní mór dom a admháil, áfach, nach bhfuilim ró-chinnte conas a chuaigh foráis sa teanga scríofa agus labhartha i bhfeidhm ar bhunleaganacha an Choimínigh. Tá na dánta 'Idir Sráid Inse agus Cluain Ineach' agus 'Bhí bruinneall tséimh is mé i ngrádh' bunaithe ar leaganacha Bhriain Uí Luanaigh, mar a fuarthas iad i RIA 24 B 11. Tá achar an-fhada idir na leaganacha atá ar marthain agus bunleaganacha an Choimínigh. Ní raibh an dá cheann sin ag Ó Raghallaigh ná ag aon scríobhaí eile. San eagrán seo, cé go ndéanaim iarracht bheith dílis don chanúint agus don mheadaracht, ní thugaim cuntas cuimsitheach orthu ag an bpointe seo.

Is é seo a leanas cuntas ar an modh eagarthóireachta a cuireadh i bhfeidhm ar an téacs:

Cloím leis an gCaighdeán Oifigiúil, mar a léirítear é i *Foclóir Gaeilge-Béarla,* le Niall Ó Dónaill (1977), ach bainim úsáid as litriú na lámhscríbhinní de ghrá na meadarachta, agus na canúna, nuair is gá. Is minic litriú na lámhscríbhinní ag teacht leis na foirmeacha malartacha atá ag Ó Dónaill: *grádh* (grá), *croidhe* (croí) *oidhche* (oíche), *seoch* (seachas), *sompla* (sampla)

D'fhágas foirmeacha agus deilbhíocht an bhriathair mar a bhí sé sna lamhscríbhinní, mar go gcuirfí an mheadaracht as a riocht dá gcuirfí caighdeán an lae inniu i bhfeidhm orthu.

Bhíos ábalta, áfach, roinnt leasuithe a dhéanamh gan cur as do fhoirmeacha na lamhscríbhinní:

*do chaithfig > do chaithfidh*
*rachfuinse > go rachainnse*
*radhaig > raghaidh*
*ní aithnighim > ní aithním*
*go n-aithneoch > go n-aithneodh.*
*thuitiodar> thiteadar*

- Tá aon fhocal nó blúire d'fhocal a bhí mar nod sa LS
  .
- Cinnlitreacha a sholáthar agus córas poncaíochta a chur i bhfeidhm ar an téacs
- Consain dhúbalta i dtosach focal a leasú: *cc > gc* (*a ccomhgur > i gcomhar, i cclódh > gcló*) Is minic '*tt*' i lámhscríbhinní de chuid na hochtú agus an naoú haois déag ach tá '*dt*' ag Ó Raghallaigh. (*a dtráth > i dtráth*)
- Foirmeacha na réamhfhocal simplí a leasú go ciúin: *a>i, aig>ag, air>ar.*
- Foirmeacha áirithe na bhforainmneacha réamhfhoclacha a leasú: *chugad> chugat*. Ní leasaítear aon fhoirm dá mba rud é go gcuirfeadh an t-athrú an mheadaracht as a riocht: *léithe, uirthe*
- Déantar na leasuithe seo a leanas i siollaí áirithre: *io* agus *iu>ea, taistiol > taisteal, u>a* e.g. *amhgur > amhgar, béusach > béasach,*
- Focail leis an –dh agus –gh neamhorgánach a scríobh de réir nóis an lae inniu e.g. *leabadh > leaba, go bhfacadh > go bhfaca, deogh > deo, truagh > trua.*
- Sa tuiseal tabhartach uimhir iolra faightear –*ibh*: *le saighidibh, do chrannaibh.*

Tá *ba* agam mar fhoirm den chopail san aimsir chaite ach cloím le córas séimhithe na lámhscríbhinní: *ba seasamhach,*

# (1)

## ‘A Ainnir Mhiochair Bhláith’

**Foinsí: MN R 97 (R) RIA 24 B 11(B) UCC Torna 51 (T)**

**Ceannscríbhinn: MN R 97.**

I

A ainnir mhiochair bhláith, ‘na dtug *mo* chroí dhuit grá,
is grá é *gan* bhaois *gan* bhréaga,
grádh *gan* tnúth le tr*éad*, grádh *gan* súil le c*éad*;
4 is grádh é gan drúis, gan eathlang,
is grádh é a raghaidh *go* dlúth i gcré liom;
a chumainn ghil *mo* láir,
ná diúltaigh-sa *mo* pháirt,
8 ‘s gurb annamh é le fáil ag aon bhean.

II

Aon bhean ní *bhfuil* le fáil, a *bhfuil* fios nó fáth *mo* sceoil,
*acht* an t-aon bhean ós í *do* bhreoigh mé;
*mo* leigheas níl *ar* mhuir nó *ar* thrá, mo leigheas níl ag luibh nó leagha,
12 mo leigheas níl *acht* ag bláth na hóige;
ní aithním lon tar chuach, ní aithním teas t*ar* fhua*cht*,
is ní aithním m’fhuath óm chomhaltaibh, ní aithním an oidhche seoch a’ lá
cia *go* n-aithneodh mo chroí *mo* ghrá,
16 dá dtigfeadh sí i dtráth d*om* fhóirint.

III

Fóir a chumainn chléibh, póg mhilis ód bhéal,
‘s tógsa chugat *féin* ón mbás mé.
ó ordaigh leaba caol i gcomhrann cluthair *Deal*
20 i gcomhg*ar* an diabhail ‘sa ch*air*de.
í beo *mo* bheo t*ar* t’éis, ní glór m*o* ghlór *acht* gaoth,
níl snó orm, saol nó sláinte,
acht *go* deorach, brón*a*ch, faon, *gan* ceol, *gan* spóirt, *gan* réim,
24 le mórbhroid i bpéin le grá dhuit.

IV

Grá *do* thugas féin, is grá *do* chuir mé i bpéin,
is grá é *gan* chur, *gan* chlaon, *gan* chairde.
*do* bháib is gile méin, ‘sí is breátha cruth is scéimh,
28 t*ar* mhnáibh na cruinne an bhé is áille.
*mo* chumha, *mo* chreach is *mo* léan
*gan* tusa is mise in Árainn shoir, i gcéin ód chairde.
is *go* grámhar cluthair séimh, le p*áir*t *do* dhruidfinn léi,
32 faoi bharr an daille craobh *go* lá geal.

V

Is geal a píb is a bráid, ‘s is geal a clí *gan* cháim,
‘s is geal a croí *gan* tlás *gan* amhgar;
is deas a braoithe breátha, ‘s a mala chaol *gan* cháim,
36 ‘sa leacan mhín *ma*r bhláth a’ tsamhraidh;
amharc a raon-rosc tsámh, cuir dortadh saigh*ead*sa im lár,
is *do* shlad *mo* chroí *go* brách le greann dhi;
‘sí an bhean is milse cáil nó ‘n bhean *gan* rainnt *mo* ghrá,
40 nó ‘n bhean *do* leigheasfadh i dtráth *mo* chantlamh.

**Malairtí agus Léamhanna**

**4** éathlainn R eilneadh B eallin T **9** mo sgéil B **10** acht an aoilean B **27** breadhcha B **37** righin-rosc B **37** saoighead am thaobh B **40** liaghasfach R

**(2)**

## ‘Sealad dá rabhas a’ taisteal chois abhann’

**Foinsí: MN R 69 (R), RIA 24 B 11 (B), LNÉ G1,312 (G), LNÉ G 1,131(E), Harvard Ir.Ms 28 (I) Cambridge add. 6532 (A)**

**Ceannscríbhinn MN R 69**

I

Sealad dá rabhas a’ taisteal chois abhann,
do leagadh mé i dtrom néalta.
rith m’aisling *ar* fheabhas ar Bhanba labhair,
*gur* dhearcas an mhodhamhail bhéasach;
*ba* seasmhach a com cailce nár lom,
*do* tharraing chum ábhar léin me.
‘sa casfholt ‘na deabha ó bhathas *go* bonn,
tug solas *don* domhan braonach.

II

Do chaith mé rosc *mo* chinn ag amharc *ar* a gnaoi,
is mé ar lasadh le fíor-ghrádh dhi;
d’fhiafra mé don mhnaoi *do* mheall ‘s *do* shlad *mo* chroí,
a hainm nó cia tír as a dtáinig;
*do* labh*air* sise linn *do* bharra béas a pinn,
gan easp*a* nó fuíoll ráite:
is mé *Harriot* ghasta an ghrinn ó Bhaile-Mul-Chaisil chaoin,
seachain is ná mill mé, a bhráth*air*.

III

Is aithchim ortsa tráth a Hariot mhilis áig,
is finne ghile breátha scéimh is cruth,
ná hamharc *go* bráth i ngloine ar bith *do* scáil,
is seachainse na bán-linnte,
nó titfidh tusa i ngrá led phearsa chirt *gan* cháim,
mar *Narcissus* tar sáil *do* shíolradh;
is tiocfaidh ó *do* bhás a chuid ‘s a mhíle grá,
is *go* mbiaidh muidne *gan* aird dod chaoine.

IV

Ba léir domsa í an phéarl*a gan* phoimp,
i scéimh i ngnaoi, is i ndeallradh
le Helen mhilis chaoin, *do* rinne scrios na Traoi,
28 an uair d'aontaigh an rígh grá dhi
nó le Medea an ghrinn, do mhéadaigh le dlaoithe
is gréithre ar chroidhe *Jason.*
nó *Venus* do scinn seoid léi ón dTraoi,
32 an ghléir-bhean le dlighe *Pharis.*

V

A Dhia *gur* mé *agus* í inár seabhac faoi bharr*adh* craobh,
nó in uaigneas i dtír Bhinn Éadair;
suan nó codl*adh* draío*chta*, *mar* bhuaigh *ar* Chonall Taoisc,
36 ní bhuailfeadh orm taoibh lem réaltann,
dá *mba* crua dhúinn dul t*ar* toinn ó uabh*ar ár* ngaol,
nó *ar* cu*air*t seal *go* críoch na *Égypt*;
d'éalóinn leis an mnaoi, d*ar* Duach do bhris *mo* chroí
40 's ní mór *go* mbiadh suim i spré agam.

## Malairtí agus Léamhanna

**2** neul me B néalltaibh H **4** modhmhail H an mhodhamhuil mhaorgadh B **5** cóm HB **6** léun RHB **7** 'na diaghaig R diabhaig H diaigh B **9** ar an mnaoi R (i G leis an Raghallach tá 'ar an mnaoi' ach 'ar a gnaoi' os a chionn 11 **16** do mhill H do mheill B **21** tuitfe RB tuitfeadh H **24** go mbiad muidne R **28** tan B **30** gráthradh B griathra H **36** raedheiltin B raelthin H **37** cruaigh R **39** dealofhuinn d'eallofhain H do leodhan is do lot mo chroidhe B **40** go mbiadhach RH go mbeadhach B

## (3)

## ‘Idir Sráid Inse is Cluain Ineach’

**Foinse: RIA 24 B 11**

I

Idir Sráid Inse is Cluain Íneach,
do chuala míle cas-liú lom
ag cuach na craoibhe, ‘s is buartha bhí sí,
4 i ndeisceart tíre cois luibh abhann;
ba grua-fhliuch í, ‘sa gruaig léi scaoilte,
go huaigneach íotmhar fá chumhach lobhair;
an uair dubhairt sí ‘s is é bhuair m’intinn,
8 slua pilibíní ag marú an tseabhaic.

II

An seabhac d’fhuil ríghe nó ciar díobh é,
lena mbíonn tú ag sileadh deor
id lobhar dá chaoineadh do ló is d’oidhche,
12 nó an é do mhill do mhilis phóg;
is ró-mhór m’iontas an floc ‘n ar díobh tú,
nach leo do luíonn tú isteach san ól,
‘s a Chuach na Craoibhe, cidh gur binn tú,
16 créad do ghaolsa le seabhac an spóirt.

III

Le seabhac an spóirt seo níl mo chomhgas
ó chríoch an óir é tar muir anall,
mo chuid ‘s mo stór i gCríoch Fódla é
20 ‘s go raghainn ag ól leis insa ngleann;
an floc a mba cóir dhom dul ar bord leo,
ar a dtórramh go rabhamar ann,
is nár bheire an fómhar ná ‘n bheatha nua,
24 ar na Crón-Tuirc do rinne an feall.

IV

Ní feall go dtí so ar dhein do mhuintir
‘ná do shinsear sleachta romhat,
a chab gan brí is tú mhairbh m’intinn,
28 is b’fhéidir fá chuibhreach um theacht an fhómhair;
aithris chruinn dúinn fá bhrí an Bhíobla,
conas bhí nó tharla an gleo,
nó cia mhéid míle pilibín míogach,
32 do bhí san oidhche a’ leagadh an leoin.

**(4)**

## ‘Dob aisling dom tríom néalta go bhfaca mise spéirbhean’

**Foinsí: MN R 69 (R), RIA 24 B 11(B), NUIG Hyde 14 (H), LNÉ G 1,312 (G) UCC Torna 54 (T)**

**Ceannscríbhinn: MN R 69**

I

1 Dob aisling dom tríom néalta, *go* bhfaca mise spéirbhean,
i gciumhais na coille craobh-ghlaise, a’ déanamh dobróin,
a dlaoithe a’ feacadh fiar léi, *go* cíortha casta craobhach
4 soilseach troillseach céibheach, *mar Phoebus* ar neoin;
do geit *mo* chroí le géar-shearc, don mhaighre bhráid-gheal bhéasach
cuir saighead i bhfeidhm im chréa*cht*a, nach leigheasf*ar go* deo,
*acht* amháin *mar* a bhfaighinn óm ch*éad*-shearc, c*ead* luighe ‘na cóm le haon-toil,
8 is *gur* le meidhir do mheallfainn c*éad* óna béal balsam póg.

II

Nach trua sin fear dom thréithe ‘na mbiadh uaisle, maise is méin a*nn*,
is Cúpid t*ar* éis *mo* thraochadh le saighidibh an ghrádh,
is *mo* mhalairtse má dhéan*air*, ‘sí an uair *do* chaithfidh réi*dh* liom,
12 is nach leigheasfadh liaibh na hÉireann *mo* chréa*cht*a *acht* amháin
dá mbeinnse seal ag éistea*cht* le *rhyme* do mhilis-bhéilín,
cuir saighead i bhfeidhm im thaobhsa nach leigheasf*ar go* bráth,
saidhbhreas is meidhir an tsaoil seo ní dheighlfeadh sinn ó chéile,
16 is *go* raghainnse‘na déidh trí Loch Éirne *do* shnámh.

III

Is búclach crothach péarlach, srathach dlúthach dréimreach,
a cúl buí casta craobhach, *go* féar *ar* dhath an óir;
tá cuir is cleas ‘na h*éa*dan, do dhlúthaigh searc na gc*éad*ta,
20 is drú*cht* na meal*a* a’ téa*cht* tríd a béal *mar* an rós;
a much ‘s a mal*a* chaol-dheas, a gnúis ‘s a leacan aol-dhath
do rug clú *agus* maise ó *Venus* i scéimh agus i gcló;
is nárbh fhada linn dár saol sea*cht* mí bheith sínte léithe,
24 fó choillte daraí géagach, is *gan* aon neach ‘nár gcomhair.

IV

Tá a hainm ag lu*cht* éigse Chláir Banbha le chéile
*gur* sháraigh sí na réalta is *gach* Dé-bhean i gcló;
is má thráchtaim *ar* a tréithe *go* rug barr ó mhná na hÉirea*nn*,
28 *go* mbainfeadh greanta ar éadach *gach* sompl*a* dá shóirt:
fia mór beannach, péacach, coillte is crainn na Gréige,
broigheall is cadhan is liath-bhroic go soiléir *don* tsló,
conairt sionnaigh méith-phoic, marcaigh cath faoi éide,
32 go mbainfeadh sí go gléasta, iad ar thaobh brata sróil.

V

Le bliadhain mhór fhada atáimse as *do* radharcsa a mhaighre mhánla
ag luighe insna saghdaibh grá so *do* chráigh mé ar fad beo
codl*adh* ceart ní fhaighimse, *mo* leaba cian ní sámh liom
36 mar meastar liom *do* scáile gach lá a' tea*cht* romham
a shiúr na rún, a cháidhbhean, a phlúr na Mumhan mban álainn
ná diúltaigh id chlúid *mo* ph*áir*tse, is ná básaigh mé a stóir;
a réaltain chaoin, táim cráite ó bheith sileadh na súl id dhéaidhse,
40 is gurb ea léim san údar *Cato* go mb'fhearr 'na fear óg.

VI

A leabh*ar*-ghas *don* tSédar 'na dtugas searc *mo* chléibh dhuit,
*do* mhal*air*tse *do* chéile ní dhéanfad dom dheoin,
is *gur* dalta tú d'oil dé-bhean 's a seabhac Laighneach léannta,
44 ba gasta blasta Béarla, is gach tréithe eile dá shóirt;
tá *mo* shúil leis an úr-mhac naomhtha *go* mbím *go* súgach séanmhar,
a rúin i gclúid a chéile t*ar* éis so *gan* brón;
is dá bhrí sin cuirim c*éad* is dhá mhíle beanna*cht* séimh chugat
48 ó iarth*ar* Chláir Luirc Éibhir pé 'n Éirinn tú a stóir.

**4** trisileach G a ciabhadh B a ceibhe G **6** i bhfaghaim R **9** 'na mbeadh B 'na mbíoch H **13** dá mbiadhainnse RT fuínn B **15** ní dheillfioch R ní dheaghailfeach T **16** an do dhiaigh B **19** as **21** much R múch B Cúpid cleas na h-éadan B **24** 'nár gcóir **30** don tsluagh R don tslógh T **34** siogheaduibh RT **37** ban ádhluinn B **39** ad dheoigse R ad dheaíg-sí T **40** is gur b'é leightear

**(5)**

## ‘Araic gan chrith tugas ar Bhrighid go Boireann ó Chinn Léime’/Caithfe mé luí ar leaba go tinn’

**Foinsí: Leagan A: MN R 69 (R), LNÉ G 1,312 (G)**
**Leagan B: RIA 24 B 11 (B), UCC Torna 54 (T), RIA 23 K 10 (T), NUIG Hyde 14 (H).**

Tá dhá leagan den dán seo sna lámhscríbhinní agus is deacair a rá cé acu is údarásaí. Tugaim leagan A agus B ar an dá leagan. Mícheál Ó Raghallaigh a ghraf R agus G, agus do thuig sé gurbh é Mícheál Coimin do chum an dán seo dá mhac. Sna lámhscríbhinní eile tá Séamus Coimín luaite mar údar. Tá ord eile ar na véarsaí agus tá véarsaí ann nach raibh ag Ó Raghallaigh.

I

Araic *gan* chrith tugas *ar* Bhrighid,
*go* Boireann ó Chinn Léime,
cia *go* dtugasa dhíbh tor*adh mo* chlaímh,
4 ‘sí ainnir na ndlaoi-fholt p*éa*rlach;
ní fh*ead*ar san saoghal do thalamh na ríogh*achta*
cá ngabhann tú a naí mhaorga
aithris nó scríobh le barra dubh do phinn
8 a nglacf*air* ó chroidhe Shéamuis.

II

Caithf*eadh* mé luighe *ar* leaba *go* tinn,
*do* thairbhe an ghreim scírde
is tré freasaibh dá saighead rachfad ó leigheas
12 m*ar*bh insa gcill sínte;
mara dtagadh sí d’féo*dh* sealad fám choim,
is go mairfinn ‘na bhfeighil choidhche,
‘sa bhfacasa *do* chloinn bhacaigh is dhoill,
16 ní bhainfidís *do* mheidhir dhíomsa.

III

Is fada fionn fós *go* barr*a* dubh a bróg
a carnfholt ‘na hór dlaoithe
‘na leacan úr, óg ar dhath an drú*cht* reo
20 is lasadh na rós tríomhtha
maith na gcúig n-ógh i bhfoch*air* dún óir
is flaitheas na glóire aoibhinn
*do* mhothfainn siúd dóibh, a shearc ‘sa rúin
24 ar bhlaiseadh do bheoil oidhche.

IV

Má chreideann tú a Sheoin deireadh *mo* sceoil
D’fheilfeadh siúd scór puint dom
‘s i saibhr*ea*s mór ní chuirfinn speois
28 S*ea*ch titim *go* deo i lionndubh
An fhinne-bh*ea*n óg *ba* dheise ar bith cló
‘sí theilg i mbrón dubhach mé
Is thairis sin fós *go* mbeire mé beo
32 Ar chasadh uirthi i gcomhair chúitimh.

---

I

Caithfe mé luí ar leabain go tinn,
do thoradh an ghreim scírde,
is gairid gan mhoill go rachfad ó leigheas
4 marbh i gcéill sínte.
Muna dtigeadh in mo radharc sealad gan mhoill,
‘s go mairfinn ‘na feighil choíche.
A bhfaca mé do chloinn bhacaigh is doill
8 ní bhainfeadh do mheidhir díomsa

II

Is fada fionn fós go barra dubh a bróg
a carn-fholt ‘na hór dlaoithe
‘sa leacain úr óg ar dhath an drúcht-reo
12 is lasadh na rós tríd sin.
Maith na gcúig n-ógh i bhfochair dún óir
is flaitheas na glóire aoibhinn.

do mhothfainn siúd dóíbh  a shearc ‘sa rúin ó
16 ar bhlasadh do bheoil oidhche.

III

Sin agatsa a Sheoin deireadh mo sceoil,
cidh go ndeilfeadh sin scór puint dom.
In do shaibhreas mór níor chuireas riamh speois
20 lena dtitfinn go deo i lionn dubh;
acht an fhinne-bhean óg d’fheicsint im chóir,
‘sí theilg i mbrón dubhach mé.
Is tairis sin fós go mbeire mé beo,
24 bheith aici sin i gcomhair súgradh.

IV

Níl aisti bearta baois do bhaineas le mnaoi,
do mhealladh nach fíor-léir dhom.
Cidh bhaineadar dhíom toradh mo chlaímh,
28 ‘sí ainnir na ndlaoithe-fholt péarlach.
Ní fheadar san tsaol feasta faraoir,
Cá ngabhann tú a Bhrighid mhaorga;
acht aithris nó scríobh le barra do phinn
32 a nglacair le do chroidhe, Séamus

V

Mo chreach is mo dhíth gan mise agus Bríghid
sealad fá bhinn an tsléibhe,
nó tamall fá dhíon barra na gcraobh,
36 nó in achrann na gcoillte in ár n-aonar.
Dar beatha na naomh ba deacair arís,
sinn do chasadh san tslí chéadna.
Is admhaím dhíbh fad mhairfinn san tsaol,
40 nach scarfadh an ríoghacht léi mé.

VI

A charad mo chroidhe an aithnidh sin díbh
mo shamhail i gcríoch Éireann
m’anam ar shlí gur chailleas le mnaoi
44 do cheangail mé i bhfíor-ghéibheann
le taitneamh don ríogh-ainnir dhil ghrinn
is caime mo ghnaoi ar fhéachaint

is gur airic gan chrith do thugas ar Bhríghid
48 Ó Bhoireann go Ceann Léime.

**(6)**

## ‘Bhí bruinneall tséimh is mé i ngrádh’

**Foinse: RIA 24 B 11**

I

Bhí bruinneall tséimh is mé i ngrá,
ba gile scéimh ná géis ar thrá,
ba binne béal ‘na téad ar chlár
‘s ná cruitire ceoil ar chlársach;
do scaoil sí mé gan cheil ar fán,
le taitneamh dá méin ‘s dá slaod-chrathán,
nach anacrach an scéal má thréig mo pháirt,
‘s gan é le fáil ag aon ghein mná,
dar rugadh ‘san tsaoghal dá aoirde cáil,
siúd mise lem ré gan sláinte.

II

I mbaile Chuinn atá mo ghrá go fionn,
‘sa pearsa geal-bhreá mar bhláth na n-úll,
mar eala ar an dtráigh tá a ban-chnis úr,
‘s do mharbh sí mé le grádh dhi;
is feasach dom ghrá mo chás gur tinn,
‘s is mairg di d’fhág mé chrá mar taoim,
‘s gur cealg nimhe ‘tá tré lár mo chroí,
ag dólás fo shnaidhm dá fháscadh ag Bríghid,
‘sna feicim a scáil in aon áit mar chinn,
is nách mise tá fann lag tnáite.

III

A Mhuire ‘sa Chríost nách cloíte an cás,
mise agus Bríghid bhí suite i ngrá,
gur scaradh ár gcroíthe bhí i snaidhm ghlas bháis’
mar bhraitheadar fann gan tréad mé;
b’fhearra leo caoire, laoigh nó gabhar,
le somach gan bhrí, gan chaint, gan mheabhair,
ná faraire grinn a mba caoi do labhairt,
mar bhí mé lom le croí nár ghann,
‘s go dtiocfadh ó Chríost chugainn réim ‘s cabhair,
le cion agus le greann dá chéile.

IV

Níl somach san tír ná smíste claon,
32 do bhainfeadh liom maoin gan a fíor-thoil féin,
ná brisfinn a chroí i gclí a chléibh,
le mire ‘s le cruas mo ghéaga;
a chumainn mo chroí ‘sa mhíle stór,
36 ná cuireadh do mhuintir laoigh id chomhair
nár mheas is nár chuí dhuit choíche gabhail
le stúinse im shórt gan bhrí, gan treoir,
geallaimse ó chroí nách fior sin dóibh,
40 ‘s gur faraire grinn mé ar tháinte.

V

Ar leabain liom féin aréir do bhíos,
a’ taidhreamh tríom néalta ar mo chéad shearc grinn,
carad mo chléibhse an réilteann chaoin,
44 ‘sí Bríghdín Dhonnchadh Cháite í;
ní chreidfinn o’n saol, dá mhéid ag caint,
go bhfuil deireadh agam fhéin lem chéad-shearc grinn,
mar d’aithris sí féin óna béal go binn,
48 nár bhaol dar slí le réim ó Chríost,
go mbiadh rath agus séan agus tréitheacht linn
‘s a chumann más fior sin réidh mé.

**Léamhanna**

**10** liom rae **37** chaoi **49** go mbiadhach

**(7)**

## ‘Aréir tríom néalta is tríom aisling bhréagach’

**Foinsí: MN R 69 (R), MN C 7 (C), RIA 24 B 11 (B), UCC Torna 54 (T), NUIG Hyde 14(H),**

**Ceannscríbhinn: MN R 69**

I

Aréir tríom néalta is tríom aisling bhréag*a*ch,
do dhe*ar*c mé an spéirbhean *do* chealg sinn,
is í *ba* léire dá bhfaca d’aon-shúil,
is a fionnadh caomh-dheas *go* barr*a* a troighe;
tráth shíleas téarnamh a’ blaiseadh a caor-ghob,
is í sínte taobh liom *ar* leab*a* ‘na luí,
níor shia uaim réalta na maidne ar spéir ghlais,
ná ’n ghailtean mhaorg*a* *do* shlad *mo* chroí.

II

Atá *mo* chroí in *mo* chlí dá réabadh,
le díograis dea-shearc *don* ainnir mhodhamhail
Is ise a’ rince *go* haoibhinn aerach,
is mise tréith-lag ó chaitheamh saigh*ead*;
tá’n bás dá bhrí súd a’ tighea*cht* dom fhéachaint,
’s a río*cht* ní leigheasfadh *mo* chn*ead*aibh coím
Muna dtagaig sí súd do sceimhle dom fhéachaint,
is sín*eadh* taobh liom fá dhuilliúr crai*nn*.

III

Is cra*nn* Cedar í i ngarraí féarmh*ar*,
sruthaibh tréana uaidh meal*a* is fíon;
is *gur* shíolr*aigh* an spéirbhean ó gheal Bhinn Éad*air*,
don*a* curaibh tréana Ní Mhaoil-Mhíchíl;
mo shearcsa í in Éirinn mo chailín gléigheal,
‘sí *Catty* léirghoin ar fad *mo* chroidhe;
is *muna* dtagaig taobh liom le staraío*cht* éigin
is lag-bhríoch tréith-lag mé a’ dul *don* chill.

IV

Don chill a stórach, ná léigse an t-óigfhear,
*go* dubh*a*ch dobhrónach *gan* greann ná páirt,
*gan* cúpla póigín ód bhéilín ró-dheas,
28 do thabh*air*t domhsa, is *go* mbiaidh mé slán;
tá'n saigh*ead* so dom ró-ghoin is mo leigheas ní heol dom,
gan síneadh móiméad led mhín-chnis bhán,
dá bhfaighinn *mar* chomha*cht*a ó Rí na glóire é,
32 thar tríuch go seolfainn t*ar* n-ais an bás.

V

Ba ar maidin drú*chta* casadh liom í,
an ghailtean mhúinte ar thaobh cnoic sléibhe;
is dob fhada fionn fite crathach, cúplach
36 casta, búclach a ciabh a' tiagha*cht*
a dearca geamharghlasa, mear*a*, múscailte,
cleasach lúthbheartach mar choinnle a' téacht,
's a samhailt súd ní feasach dúinne,
40 acht pearsa *Juno* i ngnaoi 's i scéimh.

VI

Chum greann *do* dhéanamh *ba* chall dom t*éa*rnamh
i ndiaidh na naoi mban don tsruth filío*cht*
Is lem lann gan faobhar is lem cheann gan éifea*ch*t,
44 *mo* pheann do léir-thumadh i dtobar fúm;
gheabhainn meabh*air* ar véarsa is ar rannaibh Gaodhailge,
is ar fheabhas na hÉireann *do* mholfainn í,
's a modamhail-bhean mhaorg*a gan* mheang, *gan* chlaon-fhuil,
48 is tú mheall na c*éad*ta le ceatha draío*chta*.

VII

Draío*cht* is smúit is saigh*ead* ó Chupid
an fhill san amhg*air do* chealg sinn.
Is radharc ar chúl-fhionnadh 'na slaod-fholt, dlúth, druidte,
52 troillseach, búclach *go* barra troighe,
is cadhan i n-úir mé, cia fánach m'iomp*air*,
ón maighre súl-ghlais sin is áille gnaoi;
is a mhaighdin mhúinte, mhaighreach, mhúch, mhilis,
56 mo threighid! nach liom tú t*ar* mhnáibh an tsaoil.

VIII

Tar mhnáibh an tsaoil is críche Fódl*a*,
is tú *mo* stórach is *mo* Vailintin;
a bhláthnaid mhín-tais chomh binn le smólach,
60 nó le ceol na mban leasa sí;
do tharraig sí an ríoghain mhómhrach,
an t-úll órga bhí fo chion san Traoi;
is má's blárnais baoise do mhaím im ghlórtha,
64 sníomhtar corda is cro*cht*ar si*nn*.

**Malairtí agus Léamhanna**

**4** troith C troíth BH **5** shílos R shilllus C shíleas B shaoileas H shilios T **7** níor shiaigh RC raelte RCH raédhealta B rhedhlte T**8** an ghailthionn RC 9 raobadh RC **10** geir-shearc B mothamhuil RC **11** raince RC rainnce BT ríngce H **12** treaghlag ó cathag C **15** sgíbhle CBT sgeibhle R sgéimhle H **16** fá dhuilliobhur RC fá dhuilleamhur B **18** sroithibh BT **19** gur shiolra RC **20** na cuiridibh B na curaidibh H **21** gleágal RC 28 go mbeidhin-se B go mbed mé T **33/4** Is bás 'sis smúit 'sis saighiod ó Cupid/ an ainghir mhúinte mhillis chaomh B **37** a dearca geabhar-ghlaise C **40** pearsa Juno i n-greann 'sa sgéimh BT **42** filligheachta RC **44** fóinn C **50** an fhaighil C an fheill B an feidhil T 53 as Coidhean B **54** áidhle RC **61** do sháraig sí an righ-bhean mhomhrach BT **55** mhúch R **62** 'na n-abhal CB an t-abhal RH

**(8)**

## ‘Cá bhfuil siúd an t-údar glic’

**Foinsí: MN R 69 (R) JRUL 86 (J), Cambridge add. 6532 (C) Harvard Ir. Ms. 28 (H) RIA 24 B 11 (B) NUIG Hyde 14 (Hy) UCC Torna 51 (T) (ceithre véarsa), LNÉ G 1,131(G1) LNÉ G 1,312 UCD C 13.**

**Ceannscríbhinn: MN R 69 (R)**

I

Cá bhfuil siúd an t-údar glic,
tug geallamh dhúinne ag cúig roimh lúis,
do bheith ag siubhal go glúine i bhfuil,
4 i gcorpaibh gallda tréanphuic.

Curfá:
Bí t*eacht*, bí t*eacht*, a ghrádh bán,
bí t*eacht*, bí t*eacht*, más áin leat;
ag seo an bhliadhin *ar* gheall tú triall
8 nó fanúint si*ar go* lá an bhrátha

II

Mo chumha, *mo* dhíth, *mo* chroidhse i ngabhann,
dá scinnfeadh chugainn tar toinn anall;
ní chaithfeam stríocadh faoi dhlighe na nGall,
12 is ní mhoithfeam bonn sa tréas dóibh.

Curfá:
Bí t*eacht*, bí t*eacht*, a ghrádh bán,
bí t*eacht*, bí t*eacht*, más áin leat;
siod í an bhliadhain inar gheall tú triall
16 nó fanúint siar *go* lá an bhrátha.

III

Is fada trá*cht* an Spáinneach búidhe,
nó an Francach gránna t*eacht* t*ar* toi*nn;*
m*ea*th *gan* spás ar ádh don dís,
20 nach truagh leo Cl*ann* Milesius.

Curfá:
Bí t*eacht*, bí t*eacht*, a ghrádh bán,
bí t*eacht*, bí t*eacht*, más áin leat;
siod í seo an bhliadhain inar gheall tú triall,
24 nó fanúint siar *go* lá an bhráthach.

IV

Mo chumhadh, mo dhíth, mo chroidhe ‘tá i bpian,
mar Oisín tréithlag tar éis na bhFiann;
bás leam éadan ag féachaint siar
28 is nach léir dom rígh nó prionsa

Curfá:
Bí teacht, bí teacht, a ghrádh bán,
bí teacht anois más áin leat;
a shiúr na rún is glaise súil,
32 éalaigh liom agus máirseáil.

V

Is iomdha gamhain maith méith ar shliabh,
is mart maith ramhar fon Mumhain lasthiar
is daimh ag búthraigh ag búir gan riaghail
36 is ba mithid triall dá bhféachaint.

Curfá:
Bí t*eacht*, bí t*each*t, a ghrádh bán,
bí t*eacht* anois más áin leat;
a shiúr na rún is glaise súil,
40 éalaigh chúinn agus máirseáil.

VI

Ní bhfaighid siad siúd in áit aráin,
acht giúnach giúch *agus* bás tlát;
ní bhfaighid acht meidhg in áit an mheidhir,
44 is nach tláth an roinnt é a ghrádh bán.

Curfá:
Bí t*eacht*, bí t*eacht*, a ghrádh bán,
bí t*eacht*, bí t*eacht* más áin leat;
a shiúr na rún is glaise súil,
48 éalaigh chúinn *agus* máirseáil.

**Malairtí agus Léamhanna.**

**2** gealladh C tair RBT do (ar lár) C **4** tréanphoc C **5** bháin C **6** áil HC am B **7** sid í HC **8** bhrátha C **9** Mo chumha arís mo dhíth mo chrádh B **10** má sginid siúd B **15** seo í **18** francach dána **B 19** ágha CBT **20** ‘s truagh C **26** treaghlag RH treádh-lág B **27** rem éadan C **34** least shiar R **41** nídh bhfaghaim uadh siúd B **44** raidhin B

**(9)**

## ‘Mo chumha is mo chreachsa fear na seanaoise’

**Foinsí: MN R 69 (R); MN C 7 (C) RIA 24 B 11 (B), JRUL 75 (J)**

**Ceannscríbhinní: MN R 69, MN C 7**

I

1 Mo chumhadh is mo chr*ea*chsa fear na seanaoise,
sínte caite i bhfail a bhainbhín dubh,
dá *mba* liomsa t*eacht* ist*ea*ch na Paraíse,
4 d*ar* mo chúis, níl maith ó mheath *mo* phr*ea*b*air*e aoibhinn

curfá

Is abair uilinn ailean och a chon,
6 abair uilinn ailean och a chon,
abair uilinn och a chon,
8 ‘san chrann so meath, is tú shlad *mo* chroidhe im chliabh

II

Níl bróga agam *acht* riocaird ró-ghránn*a*,
10 i gcomh*ar*san sin atá briste buanréabtha,
om chóta d’imigh an bruth is dom nua-chába ,
12 is é sin *do* chuir mé as cruth na n-ógánach.

curfá

IV

Beoir dá nd*éa*nfainn *do* bharr an fhraoigh ghlais,
14 nó *don* mhuir dá ndéanfainn d*ear*g-fhíona dhi,
sról dá gcuirfinn ar leab*a* shíoda,
16 níl gnó leis sin ó mh*ea*th no phreab*air*e aoibhinn.

curfá

V

Long dá nd*éa*nfainn *do* chrannaibh críonna,
18 is a ch*ur* ar mu*ir* go tripleach, goile, bríomhar,
ór na cruinne a chur mar last innti,
20 níl gnó leis sin ó mh*ea*th mo phreab*air*e aoibhinn.

curfá

VI

Ó d'fheoigh *mo* chruth is go *bhfuil* mé caite críonna,
22 is nach bhfónaimse chum phise, lascadh timchioll,
is modh leo *féin* istigh'ina ruibhe d'ath*air* nimhe mé,
24 is mé im ghrontach dhubh ó mh*ea*th mo phreab*air*e aoibhinn.

curfá

VII

Faire *go* deo cia phósfadh fear *don* tslí úd.
26 *acht* preab*air*e d'óigfh*ea*r mhómhrach, mhaiseach, bhríomh*ar*;
*do* rachadh *don* Róimh faoi dhó f*eadh* seal don oidhche,
28 is do scaipf*ea*dh an brón go deo lena phreab*air*e aoibhinn.

curfá

VIII

Sin t*ea*stas go deo agaibh ar sheoid an Choimínigh,
30 ag meall*adh gach* óigbhean *do* phósfadh scuilínig,
nuair bhlaisid an bheoir is dóigh nach codl*adh* síoth dóibh,
32 gach scraiste dobhrón*a*ch, deorach, doilíos*a*ch.

curfá

**Malairtí agus Léamhanna**

**2** an bhainbhín ba dubh C an bhain bhuínn dubh RB **8** 'sa crann so meath C **10** buanraobaighthe RCB **12** is é siúd do chuir mé C 17 do chrannaibh díreach (nó críonadh) **18** go tripeach, galladh, bríghmhear C **27** feadh gach seal C.

# Foinsí

## Catalóga Foilsithe

*Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum* (S.H. O'Grady/Robin Flower). London. 1926, 1953.

*Catalogue of Irish Manuscripts in Cambridge Libraries* ( P. de Brún and M. Herbert) Cambridge. 1986.

*Catalogue of Irish Manuscripts in the Franciscan library,* Killiney (P. de Brún et. al.). Dublin. 1969.

*Catalogue of Irish Manuscripts in Kings Inns* library (P. de Brún). Dublin. 1972.

*Catalogue of Irish Manuscripts in Maynooth College library* (P. Walsh). Maigh Nuad. 1943.

*Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy* (T.F. O'Rahilly, et.al). Dublin. 1926-58, 1970.

*Catalogue of the Irish manuscripts in the library of Trinity College, Dublin* (T.K. Abbott and E.J. Gwynn). Dublin. 1921.

*Clár lámscríbhinní Gaeilge Choláiste Ollscoile Chorcaí: Cnuasach Thorna* (P. de Brún). Baile Átha Cliath. 1967; *Cnuasach Uí Mhurchú* (B. Ó Conchúir). Baile Átha Cliath. 1991.

*Clár lámscríbhinní Gaeilge: leabharlanna na cléire agus mionchnuasaigh* (P. Ó Fiannachta). Baile Átha Cliath 1978-80.

*Clár na lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlann Phoiblí Bhéál Feirste* (B. Ó Buachalla). Baile Átha Cliath. 1962.

*Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig, Má Nuad* (P. Ó Fiannachta). Maigh Nuad. 1965-73.

*Lámhscríbhinní Gaeilge: Treoirliosta* (P. de Brún). Baile Átha Cliath. 1988.

## Catalóga Neamhfhoilsithe

De Búrca, Áine., 'MSS in Dr. Hyde's possession, catalogued by Áine de Búrca, 1926-7' (15 imleabhar lámhscríofa, leabharlann Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.)

Ní Dhonnchadha, M.E., 'Clár na lámhscríbhinní insan leabharlann i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh' (tráchtas Ph.D., Coláiste Ollscoile Chorcaí, 1943).

**Foclóirí**

*English-Irish Dictionary* (T. de Bhaldraithe). Baile Átha Cliath. 1959.

*Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (P.S. Dineen). Dublin (Irish Texts Society). 1927.

*Foclóir Gaeilge-Béarla* (N. Ó Dónaill). Baile Átha Cliath. 1977.

www.focal.ie

www.acmhainn.ie

www.logainm.ie

## Lámhscríbhinní.

**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

G 193, G 207, G 663, G 793, G 426, G 185, G 161, G 93, G 95, G 1,007, G 504, G 653, G 211, G 659, G 505, G 989, G 1,132, G 1,224, G 1,312, G 1,029, G 1,131, G 854

**Acadamh Ríoga na hÉireann**

24 B 25, 23 C 24, 23 L 39, 23 L 11, 23 L 28, 24 L 8, 23 L 31, 23 G 21, 23 O 52, 23 K 35, 23 Q 18, 24 A 7, E vi 3, 24 D 31, 23 A 27, 24 L 32, 23 L 6, 24 L 22, 24 A 29, 24 C 8, 24 A 6, 23 E 11, 25 M 25, 24 B 14, 24 B 11, 23 K 10, 23 M 2, 24 C 20, 23 L 21, 23 B 35, 23 K 8.

**Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**

M 4, C 44, Torna 51/54, LS. 62

**Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

Hyde 16, 14

**Coláiste Phádraig, Maigh Nuad**

C 72, M 111, M 22, R 97, R 69, SF 1, SF 2, C 7, C 93(a), C 38

**Cambridge**

Cambridge add. 6532, Cambridge add. 6568.

**Oxford**

Ms. Ir.e.3

**Harvard**

Harvard Ir.Ms. 28

**Coláiste na nGael, An Róimh.**

CG 1

**Leabharlann John Rylands, Manchain.**

JRUL 19, JRUL 36, JRUL 45, JRUL 46, JRUL 80, JRUL 86, JRUL 75, JRUL 58

**Luimneach (Tigh an Easpaig)**

**L 1**

**Leabharlann na Breataine**

BL add. 18,945

## Leabharliosta


An Seabhac (eag.) *Laoithe na Féinne* (Baile Átha Cliath: Clólucht an Talbhóidigh, 1941).

Barnard, Toby, *The Abduction of a Limerick Heiress: Social and Political Relations in Mid-Eighteenth-Century Ireland* ( Dublin: Irish Academic Press, 1998).

Bosman, William, *A New and Accurate Description of the Coast of Guinea, Divided into the Gold, the Slave and the Ivory Coast* (London: James Knapton & Dan Midwinter, 1705).

Breathnach, Diarmuid, Ní Mhurchú, Máire, *Beathaisnéis 1560-1781* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 2001).

Breathnach, R.A., 'The End of a Tradition: A Survey of Eighteenth-Century Gaelic Literature', *Studia Hibernica 1* (1960) 128-150.

Breatnach, Caoimhín, 'On the Transmission, Text and Authorship of the Poem 'Mac an Cheannaí', *Éigse XXXVI* (2008) 113-131.

_____, *Patronage, Politics and Prose* (Má Nuad: An Sagart, 1996).
Bromwich, R. 'The Continuity of the Gaelic Tradition in Eighteenth-Century Ireland' *Yorkshire Celtic Studies 4*: 2-28. 1947

Bruen, Máire Comer, (eag.) *An Mangaire Súgach (Aindrias Mac Craith) – Beatha agus Saothar* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1996).

Bruford, Alan, *Gaelic Folk-Tales and Medieval Romances* (Dublin: The Folklore of Ireland Society, 1969).

Buttimer, Neil, 'Literature in Irish 1690-1800: from the Williamite Wars to the Act of Union', in Kelleher, Margaret & O'Leary, Philip (eds.) *The Cambridge History of Irish Literature Volume I: To 1890* (Cambridge: Cambridge University Press, 2006) 320-371.

_____, 'Postclassical Modern Irish' in *Scoil an Léinn Cheiltigh: Tuarascáil Leathchéad Blian/School of Celtic Studies: Fiftieth Anniversary Report 1940-1990* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1990) 119-25

Christiansen, Reidar Th., The Vikings and the Viking Wars in Irish and Gaelic Tradition (Oslo: I. Kommisjon Hos & J. Dybwad, 1931).

Corkery, Daniel, The *Hidden Ireland: A Study of Gaelic Munster in the Eighteenth Century* (Dublin: Gill and MacMillan, 1996).

Cullen, Louis M., 'Filíocht, Cultúr, agus Polaitíocht, in Máirín Ní Dhonnchadha (eag.) *Nua-Léamha: Gnéithe de Chultúr, Stair agus Polaitíocht na hÉireann c.1600-c.1900* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1996). 170-199.

_____ ., 'The Hidden Ireland: Re-Assessment of a Concept', *Studia Hibernica 9* (1969). 7-47.

de Brún, Pádraig, 'Gan Teannta Buird Ná Binse': Scríobhaithe Gaeilge c.1650-1850' *Comhar*, Samhain 1972. 15-20.

_____, 'Lámhscríbhinní Gaeilge i Luimneach', *Éigse 12/2* (1967) 91-108

de hÓir, Siobhán, 'The Mount Callan Ogham Stone and its Context, in *North Munster Antiquarian Journal XXV* (1983) 45-37

Duffy, Seán, *Nioclás Ó Cearnaigh: Beatha agus Saothar* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1989).

Dunne, T.J., 'The Gaelic Response to Conquest and Colonisation: the evidence of the poetry', *Studia Hibernica 20* 7-30.

Ferguson, Samuel, 'On the Alleged Literary Forgery respecting Sun-Worship on Mount Callan', in *Proceedings of the Royal Irish Academy 15* (1879) 315-322

_____, 'On the Evidence of Sun-Worship at Mount Callan, County Clare' in *Proceedings of the Royal Irish Academy 15* (1879) 265-272

Flower, Robin, 'Love's Bitter Sweet', in *The Irish Tradition* (Oxford: Oxford University Press, 1947)

*Foras Feasa ar Éirinn: The History of Ireland by Geoffrey Keating D.D.* (London: Irish Texts Society 4, 8, 9, 15, 1902-14).

John T. Gilbert (ed.) *A Jacobite Narrative of the War in Ireland 1688-169*1 (Shannon: Irish University Press, 1971)

Heusaff, Anna, *Filí agus Cléir san Ochtú hAois* Déag (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1992).

Hollo, Kaarina, 'The literature of later medieval Ireland 1200-1600: From the Normans to the Tudors', in Kelleher, M., & O'Leary, P., *The Cambridge History of Irish Literature Volume I: To 1890* (Cambridge: Cambridge University Press, 2006) 110-139.

Holmer, Nils M., *The Dialects of Co. Clare Part II* (Dublin: Royal Irish Academy, 1965).

Hyde, Douglas (ed.) Giolla an Fhiugha/Eachtra Cloinne Rígh na hIoruaidhe (with a new introduction by Máire Ní Mhaonaigh) (London: Irish Texts Society, 1899/1998).

Kelly, James, 'The Abduction of women of fortune in eighteenth-century Ireland', *Eighteenth-Century Ireland 9* (1994) 7-43.

Kinsella, Thomas (trans.) *The Táin: From the Irish epic Táin Bó Cuailgne* (Oxford: Oxford University Press, 2002).

Lewis, Samuel, *County Clare: A History and Topography* (Ennis: Clasp Press, 1995).

Lloyd, John, *A Short Tour of County Clare* (Ennis: Clasp Press, 2004).

Lysaght, Patricia, 'Documenting the Tradition: The Work of the Folklore Commission and some of its Collectors in Co. Clare', in Lynch, M. & Nugent, P. (eds.) *Clare: History and Society* (Dublin: Geography Publications, 2008) 541-588

Mac Cana, Proinsias, 'Placenames and Mythology in Irish Tradition: Places, Pilgrimages and Things in MacLennan, W. (ed.) *Proceedings of the First American Congress of Celtic Studies* (Ottwa, 1982) 319-41.

Mac Craith, Mícheál., 'Filíocht Sheacaibíteach na Gaeilge: Ionar gan Uaim?' *Eighteenth-Century Ireland 9* 57-74

_____, *Lorg na hIasachta ar na Dánta Grá* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1989).

Mac Mathúna, Seosamh, *Kilfarboy: A West Clare Parish* (Miltown Malbay: Mac Mathúna, 1991).

Mac Peaircín, Liam 'William Smith O'Brien: an Scoláire Gaeilge', *North Munster Antiquarian Journal 42* (2002) 149-50

_____, *Donnchadh Ó Ceallaigh: Fear Freastail Lucht Léinn* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2008)

Macalister, R.A.S., (ed.) *Lebor Gabála Érenn: The Book of the Taking of Ireland, Part 1, 2, 3, 4, 5 (*London: Irish Texts Society, 1938, 1939, 1940, 1941, 1956).

MacNeill, Máire, *The Festival of Lughnasa: A Study of the Survival of the Celtic Festival of the Beginning of Harvest* (Oxford: Oxford University Press, 1962).

Mahon, William, (ed.) *The History Of Éamonn O'Clery/Stair Éamoinn Uí Chléire* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2000).

Morley, Vincent, 'Mícheál Coimín', in *Dictionary of Irish Biography* (Cambridge/Dublin: Cambridge University Press/Royal Irish Academy, 2009).

_____, *An Crann Os Coill: Aodh Buí Mac Cruitín* c.1680-1755 (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1995).

Murphy, Gerard, 'Irish Storytelling after the coming of the Normans', in Brian Ó Cuív (ed.) *Seven Centuries of Irish Learning* (Cork: Mercier, 1971).

_____ *The Ossianic Lore and Romantic Tales of Medieval Ireland* (Dublin: Three Candles, 1955).

Ní Dheá, Eilís, ‘Ár nOidhreacht Lámhscríbhinní ó Dhún Átha Tiar agus ón gCeantar Máguaird’ in Ó Fiannachta (eag.) *Ómós do Eoghan Ó Comhraí* (An Daingean, 1995).

_____, ‘Lucht Scríofa Lámhscríbhinní i gContae an Chláir’ in *Dál gCais 10*, 1991.

_____, ‘Mícheál Ó hAnnracháin agus a Chomhacríobhaithe i gCill Ruis’, *The Other Clare 17* (1993) 45-7.

_____, ‘Pátrúin agus Pátrúnacht i gContae an Chláir san 18ú hAois’, in Ó hUiginn(eag.) *Oidhreacht na Lámhscríbhinní XXXIV*

_____, ‘Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir 1700-1900’ in Lynch, M. & Nugent, P. (eds.) *Clare: History and Society* (Dublin: Geography Publications, 2008).

Ní Mhuiríos, Máirín ‘An tOllamh Brian Ó Luanaigh MRIA FRHS (1828-1901)’ *Feasta*, Márta 1969 13-17

Ní Shé, Neasa (eag.) *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* (Baile Átha Cliath: Longman, Brún agus Ó Nualláin, 1971).

_____, ‘Gairmeacha Beatha Roinnt Scríobhaithe ón 18ú agus ón 19ú céad’, *Celtica 21* (1990) 567-75.

Ní Úrdail, Meidhbhín, (ed.) *Cath Cluana Tarbh/The Battle of Clontarf* (London: Irish Texts Society, 2011).

_____, ‘Seachadadh agus Seachadóirí Téacsaí san Ochtú agus sa Naoú Céad Déag’, *Studia Hibernica 32* (2002-2003) 75-98.

_____, ‘The Literary legacy of Keating’s *Foras Feasa ar Éirinn’*, in Pádraig Ó Riain (ed.) *Geoffrey Keating’s Foras Feasa ar Éirinn: Reassessments* (London: Irish Texts Society, 200) 52-67.

_____, *The Scribe in Eighteenth- and Nineteenth-Century Ireland: Motivations and Milieu* (Münster: Nodus Publkationen, 2000).

Nic Craith, Máiréad, *Malartú Teanga: An Ghaeilge i gCorcaigh sa Naoú hAois Déag* (Bremen: Cumann Eorpach Léann na hÉireann, 1993).

Nic Philibín, Maighréad (eag.) *Na Caisidigh agus a gCuid Filidheachta* ( Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938).

Ó Briain, Máirtín, ‘Mícheál Coimín agus Oisín i dTír na nÓg’, in *Macalla* (Gaillimh, 1984)

_____, ‘Some Material on Oisín in the Land of Youth’, in Breatnach, L., McCone, K., Ó Corráin, D. (eds.) *Sages, Saints and Storytellers: Celtic Studies in Honour of Professor James Carney* (Maynooth: An Sagart, 1989).

Ó Briain, Padraig, (eag.) *Bláithfhleasg de Mhílseánaibh na Gaoidheilge* (Baile Átha Cliath: Pádraig Ó Briain, 1893).

Ó Buachalla, Breandán, *Aisling Ghéar: Na Stíobhartaigh agus An tAos* Léinn (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1996).
_____, 'Canóin na Creille: An File ar Leaba an Bháis' in Máirín Ní Dhonnchadha (eag.), *Nua-Léamha: Gnéithe de Chultúr, Stair agus Polaitíocht na hÉireann c. 1600-c.1900* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1996) 149-169.

Ó Cadhla, Stiofán, *Civilizing Ireland, Ordnance Survey 1824-1842: Ethnography, Cartography, Translation* (Dublin: Irish Academic Press, 2007).

Ó Catháin, Muiris, *Ar Muir is ar Tír* (Maigh Nuad: An Sagart, 1991).

Ó Ciardha, Éamon, *Ireland an the Jacobite Cause 1685-1786* (Dublin: Four Courts Press, 2002).

Ó Coileáin, Seán, 'Place and Placename in Fianaigheacht', *Studia Hibernica 27* (1993) 45-60.

Ó Conchúir, Breandán, (eag.) *Corraghliocas na mBan* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1991).

_____, 'Faighreadh File san 18ú hAois', in Ó hUiginn (eag.) *Oidhreacht na Lámhscríbhinní XXXIV.*

_____ 'Na Cúirteanna Éigse i gCúige Mumhan', in Ó Coileáin, S., Ó Conchúir, B., Riggs, P. (eag.) *Saoi na hÉigse: Aistí in Ómós do Sheán Ó Tuama* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2000).

_____ 'The Manuscript Tradition of Ó Bruadair's Poetry', in Riggs, Pádraigín (eag.) *Dáibhí Ó Bruadair: His Historical and Literary Context* (London: Irish Texts Society, 2001) 45-55

_____ *Scríobhaithe Chorcaí 1700-1850* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1982).

Ó Cuív, Brian, (eag.) *Párliament na mBan* (Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn, 1970).

_____Rialacha do Chúirt Éigse i gCúige Mumhan', *Éigse 11* (1965-6) 216-18.
Ó Dálaigh, Brian, 'Mícheál Coimín: Jacobite, Protestant and Gaelic Poet', *Studia Hibernica 34* (2008) 123-152.

_____ 'Tomás Ó Míocháin and the Ennis School of Poetry c.1730-1804', *Dál gCais XI (*1993) 55-73.

Ó Doibhlin, Breandán, *Manuail de Litríocht na Gaeilge Faisicil IV 1641-1704: Díshealbhú* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2008).

_____ *Manuail de Litríocht na Gaeilge Faisicil V 1704-1750: An Dubhaois* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2009).

Ó Duilearga, Séamus (eag.) *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire* (Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, 1981).

Ó Fiannachta, Pádraig 'Séamus Mac Cruitín', *Feasta*, Meán Fómhair 1974.

_____ 'Glac de Dhánta Shéamais Mhic Cruitín', in de Brún, P.,Ó Coileáin, S., Ó Riain, P. (eds.) *Folia Gadelica* (Cork: Cork University Press, 1983).

_____ 'Lamhscríbhinní Gaeilge Choláiste na nGael sa Rómh', Studia Celtica 3 (1968) 53-65.

_____ 'Litríocht an Chláir san Ochtú hAois Déag', in *Léas Eile ar ár Litríocht* (Maigh Nuad: An Sagart, 1982).

_____ 'The Irish Tradition of Clare', in Fr. Martin McNamara (ed.) *Mount Saint Joseph: Ennistymon* (Ennistymon: Mount St. Joseph, 1974).

Ó Flannghaile, Tomás (eag.) *Laoi Oisín ar Thír na n-Óg/Oisín in the Land of Youth* (Dublin: M.H. Gill and Son, 1910).

Ó Foghludha, Risteárd (eag.) *Cúirt an Mheadhón Oidhche* (Dublin: Hodges & Figgis, 1912).

_____ (eag.) *Duanaire don Ard-Teastas 1943-4* (Baile Átha Cliath: Brún & Ó Nualláin Teo., 1942).

_____ *Éigse na Máighe* (Baile Átha Cliath: 1952).

Ó Háinle, Cathal, 'An tÚrscéal Nár Tháinig', in *Promhadh Pinn* (Má Nuad: An Sagart, 1978) 74-98.
_____, 'Na Dánta Grá', in *Promhadh Pinn* (Má Nuad: An Sagart, 1978). 10-36.

Ó hAnluain, Eoghan, 'Mícheál Coimín: Stracfhéachaint ar Ghnéithe dá Shaol', *Comhar*, Meán Fómhair 1977. 11-13

_____ *Seon Ó hUaithnín* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1973).

Ó hAodha, Tomás, *Seabhac na Ceathramhan Caoile* (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1906)

Ó hÓgáin, Eamon, 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i gCill Chainnigh 1700-1870', in Nolan, Whelan (eds.) *Kilkenny: History and Society* (Dublin: Geography Publications, 1990).

Ó hUiginn, Ruairí, (eag.) *Oidhreacht na Lámhscríbhinní: Léachtaí Cholm Cille XXXIV*( Maigh Nuad: An Sagart, 2004).

Ó Macháin, Pádraig, 'A Llebraib Imdaib': Cleachtadh agus Pátrúnacht an Léinn, agus Déanamh an Lámhscríbhinní' in *Oidhreacht na Lámhscríbhinní: Léachtaí Cholm Cille XXXIV* (2004) 148-78.

Ó Madagáin, Breandán, *An Ghaeilge i Luimneach: 1700-1900* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1974).

Ó Murchú, L.P. *Merriman: I bhFábhar Béithe* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2005).

_____ 'Dearbhaithe ó Chontae an Chláir', *Éigse 17* (1977-78) 237-64.

_____ 'Contae an Chláir – An Traidisiún Liteartha', Comhar, Meán Fómhair 1977. 6-9

Ó Neachtain, Eoghan (eag.) *Stair Éamuinn Uí Chléire* (Baile Átha Cliath: Mac an Ghuill, 1918).

_____ *Torolbh Mac Stairn* (Baile Átha Cliath: M.H. Gill agus a Mhac Teo., 1922)

Ó Rathile, Tomás (ed.) *Dánta Grádh* (with an introduction by Robin Flower) (Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1926)

Ó Rocháin, Muiris, 'James McCurtain: Last of the Bards', *Dál gCais 2* (1976)

_____ 'Mícheál Coimín: Gaelic Poet of Miltown Malbay c.1688-1760', *Dál gCais 10* (1991). 59-69.

_____,'The Hidden Ireland of West Clare' in *Dál gCais 10*, 1991.

Ó Síocháin P.A., *Ireland – A Journey into Lost Time* (Dubhlinn: Foilsiúcháin Éireann, 1967)

Ó Tuama, Seán, *An Grá i bhFilíocht na nUaisle* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1988)

_____ *An Grá in Amhráin na nDaoine* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1960, 2001).

O'Curry, Eugene and O'Donovan, John *The Antiquities of County Clare* (Ennis: Clasp Press, 2003).

O'Daly, Máirín, (ed.) *Cath Maige Mucrama: The Battle of Mag Mucrama* (London: Irish Texts Society, 1975).

O'Flanagan, Theophilius, 'An Account of an ancient inscription in Ogham character on the sepulchral monument of an Irish chief', *Transactions of the Royal Irish Academy 1* (1787), 3-16.

O'Flynn, Criostóir, *The Maigue Poets: Filí na Máighe* (Dublin: Obelisk Books, 1995).

O'Flynn, Criostóir, *When Dasher Died* (Dublin: Obelisk Books, 1994).

O'Grady, Standish Hayes, (ed.) *Caithréim Thoirdhealbhaigh Vol. I/II* (London: Irish Texts Society, 1929).

O'Looney, Bryan (ed.) 'Tír na n-Óg; the land of youth', *Transactions of the Ossianic Society 4* (1859) 227-279

O'Rahilly, Cecile (ed.) *Táin Bó Cuailgne: Recension I* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Stuidies, 1976)

O'Rahilly, T.F., 'Notes on the Poets of Clare', *An Claidheamh Soluis,* 4 Lúnasa 1917

_____ 'Reviews', *Gadelica* (1912) 190-204.

_____ (ed.) *Dánfhocail: Irish Epigrams in Verse* (Dublin: The Talbot Press, 1921).

Plummer, Charles, 'On the Colophons and marginalia of Irish Scribes', *Proceedings of the British Academy 12* (1926) 11-44

Power, T.P., Whelan, Kevin eds., *Endurance and Emergence: Catholics in Ireland in the Eighteenth Century*, (Dublin: Irish Academic Press, 1990).

Sayers, Peig, *Scéalta Ón mBlascaod* (Baile Átha Cliath: An Cumann le Béaloideas Éireann, 1998).

Ua Duinnín, Pádraig, *Filidhe na Máighe* (Baile Átha Cliath: 1906).

Vallencey, Charles, 'Observations on the Alphabetof the Pagan Irish and of the Age in which Finn and Ossin lived', *Archaeologia 7* (1785) 276-285.

Westropp, Thomas J., *Folklore of Clare: A Survey of County Clare and County Clare Folk-Tales and Myths* (with an introduction by Gearóid Ó Crualaoich) (Ennis: Clasp Press, 2000).

‘